



www.esb.ie

# Buaicphointí Airgeadais

**€339m**

**Brabús oibriúcháin coigeartaithe: €339m**
-3% ar an mbliain roimhe

**52%**

**Giaráil: 52%**
+11% ar an mbliain roimhe

**€12,112m**

**Iomlán na sócmhainní: €12,112m**
+27% ar an mbliain roimhe

**6,911**

**Líon na bhFostaithe: 6,911 ***
-8% ar an mbliain roimhe


**42%**

**Sciar de sholáthar an mhargaidh uile-oileáin: 42%**
-8% ar an mbliain roimhe

**47%**

**Sciar den mhargadh giniúna uile-oileáin: 47%**
+5% ar an mbliain roimhe


## Ioncam de réir deighleoige




ESB Electric Ireland **67%**
ESB Energy International **11%**
ESB Networks **21%**
Deighleoga eile **1%**

* Ní áirítear NIE

## Caiteachas Caipitiúil de réir deighleoige*




ESB Networks **70%**
Athnuaiteáin **18%**
Energy International agus eile **12%**

# CLÁR NA nÁBHAR


| | | |
|---|---|---|
| 1. | **FORBHREATHNÚ GNÓ** | **6** |
| | Ráiteas an Chathaoirligh | **7** |
| | Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | **8** |
| 2. | **ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAIS** | **10** |
| | Straitéis | **12** |
| | Athbhreithniú Airgeadais | **13** |
| | **Codanna na nAonad Gnó:** | |
| | ESB Networks | **20** |
| | ESB Electric Ireland | **26** |
| | ESB Energy International | **32** |
| 3. | **FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH** | **38** |
| | Inbhuanaitheacht agus Freagracht Chorparáideach | **40** |
| 4. | **RIALACHAS CORPARÁIDEACH** | **46** |
| | An Bord | **48** |
| | An Fhoireann Feidhmiúcháin | **50** |
| | Tuarascáil na gComhaltaí Boird | **52** |
| | Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca | **60** |
| 5. | **RÁITIS AIRGEADAIS** | **62** |
| | Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird | **64** |
| | Tuarascáil an Iniúchóra | **65** |
| | Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta | **66** |
| | Ráitis Airgeadais | **72** |
| | Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | **80** |
| | An tAcht um Íoc Pras Cuntas | **138** |
| | Gluais | **139** |

Athdhaingníonn ár bplean ár n-uaillmhian a bheith inár bhfóntais de scoth domhanda, ráth-tráchtála a bheith orainn agus a bheith freagrach don chomhshaol.





# 01
# FORBHREATHNÚ GNÓ

**FORBHREATHNÚ**
D'fheidhmigh ESB go tréan i rith 2010 i dtimpeallacht ghnó a bhí thar a bheith dúshlánach. Déanann an Cathaoirleach Lochlann Quinn agus an Príomhfheidhmeannach Pádraig McManus plé sa chuid seo ar na príomhimeachtaí a chuaigh i gcion ar chúrsaí i rith 2010 agus ar na tosaíochtaí gnó do 2011 agus ina dhiaidh sin.

## Sa chuid seo


RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH 07
ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH 08




# Ráiteas an Chathaoirligh



D'fheidhmigh ESB go tréan i rith 2010 i dtimpeallacht ghnó a bhí thar a bheith dúshlánach.

Léiríonn na ráitis airgeadais go ndearnadh brabús oibriúcháin €339 milliún (2009: €350 milliún) sular cuireadh míreanna eisceachtúla san áireamh. Baineann an mhír eisceachtúil leis an gComhaontú Pinsean a rinneadh leis an bhfoireann chun an easnamh achtúireach €2 bhilliún i scéim pinsean ESB a réiteach. Nuair a chuirtear an mhír eisceachtúil seo san áireamh, bhí brabús oibriúcháin €9 milliún.

Ba mhaith liom an lucht bainistíochta agus an fhoireann a mholadh toisc gur úsáid siad próiseas comhpháirtíochta ESB chun a leithéid de réitigh thairbhigh a bhaint amach ó thaobh pinsean de do gach duine a bhfuil baint acu leis an scéal.

Tá an Bord ag moladh díbhinn 3.89 cent in aghaidh an aonaid stoic nó €77 milliún san iomlán.


Tháinig laghdú ar an éileamh ar leictreachas de bharr an chúlaithe eacnamaíochta. Tá comórtas níos déine i margadh na hÉireann anois toisc go bhfuil fóntais mhóra na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa san iomaíocht ann. Tá 47% de mhargadh ginte an oileáin go léir ag ESB anois. Tá 42% de mhargadh soláthair an oileáin go léir againn anois.

Ba é an freagra a thug ESB ar na dúshláin seo ná tús a chur le clár laghdaithe costas ar fud an Ghrúpa. Tá súil againn laghdú €280 milliún a dhéanamh ar ár gcostais roimh 2015 – lena n-airítear laghdú 20% ar phá.

Leanaimid orainn ag díriú ar fhás. Bhí caiteachas caipitiúil €2 bhilliún againn in 2010 agus caitheadh €1.2 billiún den mhéid sin ar éadáil ghréasán leictreachais Thuaisceart Éireann, NIE. Cuirfidh an infheistíocht straitéiseach seo buntáistí ar fáil don ESB, don NIE agus dár gcustaiméirí i rith na mblianta fada atá amach romhainn, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt chun gréasán cliste leictreachais a bheidh ar aon dul le straitéis ESB a chur ar fáil ar fud an oileáin go léir.

Tá fás tagtha le deich mbliana anuas ar ioncam bliantúil ESB sa chaoi go bhfuil thart ar €3 bhilliún á fháil againn anois, agus tá infheistíochtaí caipitiúla déanta ar fiú €1 bhilliún iad déanta againn in aghaidh na bliana. Lena chois sin tá beagnach €1.2 bhilliún tugtha againn mar dhíbhinní agus mar fhóirdheontais don Státchiste. Cuireann an fás agus an infheistíocht seo ar chumas ESB leanúint ar aghaidh ag cur go suntasach le geilleagar na hÉireann san am achrannach seo.

**Íocaíochtaí díbhinní ó 2002 go 2010**




Le linn 2010 chríochnaigh Georgina Kenny, Bobby Yeates agus John Nugent a dtéarmaí ar an mBord. Chríochnaigh Eoin Fahy a théarma oifige go luath in 2011 tar éis dó deich mbliana a chaitheamh mar chomhalta den Bhord. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as ucht a ndearna siad ar son ESB.

Thug an Príomhfheidhmeannach a bhí againn ó 2002 i leith, Pádraig McManus, le fios go bhfuil sé ar intinn aige dul ar scor nuair a cheapfar duine eile ina áit. D'éirigh thar chionn ar fad le Pádraig mar Phríomhfheidhmeannach agus táim ag súil go mór le bheith ag obair leis i rith 2011 agus go leanfaimid orainn ag tógáil ar a bhfuil curtha i gcrích aige.

Ba mhaith liom moladh faoi leith a thabhairt d'fhoireann ESB a léirigh a ndílseacht agus a dtiomantas agus muid at tabhairt aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le tionscal atá ag athrú sa saol corrach eacnamaíochta seo.

Faoi réir fhorálacha na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go 2004 is amhlaidh a chuireann an Bord an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010 i láthair.

**Lochlann Quinn** Cathaoirleach



# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

**BUAICPHOINTÍ**

- → Chuireamar bailchríoch ar éadáil Northern Ireland Electricity (NIE)
- → Comhaontú fíorshuntasach chun easnamh pinsin €2 bhilliún a réiteach
- → Saoirse tráchtála sa mhargadh cónaithe ó Aibreán 2011 i leith

In ainneoin go raibh cúrsaí eacnamaíochta an-achrannach i rith 2010, d'éirigh go maith le ESB agus infheistíodh €1 bhilliún i mbonneagar fíor-riachtanach, cuireadh bailchríoch ar éadáil Northern Ireland Electricity agus réitíodh an t-easnamh a bhí ann ó thaobh pinsin de.

Is cuideachta fuinnimh Éireannach láidir, nuálach é ESB agus lean sé air ag cur go mór leis an ngeilleagar, ag soláthar seirbhíse leictreachais atá slán, iontaofa agus ag cur na seirbhíse is fearr is féidir ar fáil do chustaiméirí. Chuir an chuideachta thart ar €2.2 bhilliún le geilleagar na hÉireann le ceannacháin ó sholáthraithe na hÉireann, pá, cánacha, rátaí agus díbhinní.

Lean ESB International ar aghaidh ag fás thar lear agus ag leathnú a leasanna sa Tansáin, i mBairéin, sa Rómáin agus i nDeisceart na hAfraice.

## C Cad iad na príomhéachtaí a bhain ESB amach in 2010?

F Cheannaigh ESB Northern Ireland Electricity (NIE) i Nollaig 2010 ar €1.2 billiún, rud a rinne ailíniú straitéiseach ar na córais Tarchurtha agus Dáileacháin ar fud oileán na hÉireann. Is le NIE na gréasáin leictreachais rialaithe i dTuaisceart Éireann agus tá sé freagrach as pleanáil, forbairt, tógáil agus cothabháil an ghréasáin iomláin. Feidhmíonn sé freisin mar oibreoir an ghréasáin Dáileacháin.

Bhí an NIE ag feidhmiú go láidir agus go cobhsaí ó thaobh airgeadais de le fada, agus tá an-acmhainneacht ag an dá ghnólacht ó thaobh fáis de agus ó thaobh sineirgí scileanna agus saineolais. Tacaíonn an éadáil seo le hEangach Cliste a chur ar fáil ar fud an oileáin go léir agus tacófar leis an aidhm sin nuair a thógfar an t-idirnasc atá beartaithe.

Is é dearcadh ESB faoin éadáil seo ná gur leathnú nádúrtha ar ár ngnóthaí lárnacha atá ann, agus táimid tiomanta go hiomlán chun an infheistíocht is gá a dhéanamh le cabhrú chun creat straitéiseach fuinnimh Thuaisceart Éireann a chur ar fáil faoi réir tacaíochta leanúnaí rialála.

Lena chois sin rinne ESB comhaontú fíorshuntasach leis an bhfoireann chun easnamh achtúireach pinsin €2 bhilliún a réiteach. Cuireann an comhaontú ar chumas na cuideachta a dualgas i leith na scéime pinsin a chomhlíonadh ar bhonn inbhuanaithe. Cosnaíonn an scéim ioncam na pinsinéirí agus ag an am céanna dearbhaíonn sé pinsin na foirne reatha amach anseo.

## C Conas a thug ESB freagra ar riachtanais dírialaithe agus ar an tionchar a bhíonn acu ar chustaiméirí?

F Tugann ESB tús áite i gcónaí do chúram a thabhairt do chustaiméirí agus déantar é sin tríd an tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil ar gach leibhéal. Tuigimid go léir cé chomh deacair agus a bhí 2010 do lucht gnó agus do chustaiméirí aonair, agus ar an ábhar sin, thugamar faoi athruithe móra a dhéanamh le dul i ngleic leis na hathruithe sa gheilleagar agus rinneamar seirbhísí a fhorbairt le freastal ar a riachtanais.

D'ullmhaigh ESB le haistriú go réidh ó chóras rialála go saoirse tráchtála ar bhealach a bhí ar aon dul leis na ceanglais rialacháin, chun go d'fhéadfadh an chuideachta dul san iomaíocht sa mhargadh dírialaithe cónaithe. Tharla laghdú go 60% in 2010 ar an sciar den mhargadh atá ag ESB.

Rinne an chuideachta athbhrandáil ar a ghnó soláthair. Tabharfar "ESB Electric Ireland" air ar bhonn eatramhach agus "Electric Ireland" ó 2012 ar aghaidh, agus d'ullmhaigh sí le dul san iomaíocht sa mhargadh gáis in 2011.

Ós rud é go bhfuil sé i gceist go mbeidh iomaíocht iomlán go luath sa mhargadh leictreachais d'fhorbair an chuideachta straitéis iomaíoch trína gcuirfear réimse taraifí speisialta leictreachais agus gáis ar fáil do chustaiméirí.

Ní raibh sé chomh tábhachtach riamh do chustaiméirí a gcuid airgid a spáráil agus chuige sin sheol ESB Electric Ireland roinnt maith tionscnamh chun éifeachtacht fuinnimh a chinntiú, lena n-áirítear clár inslithe ar fud na tíre agus Cláir iarfheistithe HALO.

## C Cad a rinne ESB in 2010 mar chuid dá fhorbairt inbhuanaithe?

F Tá bonneagar leictreachais láidir ag croílár aon gheilleagair agus rinne ESB a ghréasáin a atógáil go héifeachtach ó 2002 i leith le go mbeidh sé ar cheann de na gréasáin is láidre agus is sábháilte ar domhan. Tá sé ag leathnú acmhainn na nGréasán faoi láthair mar bhonn agus mar thaca ag réimse mór forbairtí sa todhchaí, ó acmhainn ghaoithe níos mó a bheith againn go Méadrú Cliste a chur ar fáil chun cumhacht leictreach a sholáthar dár bhflít iompair.

D'infheistigh ESB beagnach €600 milliún in 2010 trí athnuachan leanúnach agus leathnú a dhéanamh ar an ngréasán Tarchurtha agus Dáileacháin agus trí na gineadóirí gaoithe a nascadh leis an nGréasán. Tá níos mó ná 1700 meigeavata (MW) de chumhacht gaoithe nasctha leis an ngréasán anois.

Tá ESB ag obair leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER), agus i gcomparáid le tíortha eile tá sé go maith chun tosaigh maidir le córas cliste méadraithe a chur chun cinn, a d'fhéadfadh an-athrú go deo a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanaimid leictreachas a úsáid nó a spáráil. Cuireadh bailchríoch in 2010, ar an an tionscadal faoi Mhéadrú Cliste agus ar na trialacha faoi iompar custaiméirí. Úsáidfear iad seo chun anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar an gcóras Méadraithe Cliste agus ar ghnéithe teicniúla a bhaineann lena chur ar fáil ar fud na tíre.

Bhí tuilleadh forbairtí ar siúl chomh maith in 2010 le go mbeadh feithiclí leictreacha in úsáid go coitianta in Éirinn laistigh de thréimhse réalaíoch ama. Thosaigh ESB ag suiteáil an chéad 2000 dá phointí luchta baile d'fheithiclí leictreacha (EVanna), chomh maith le 1500 luchtairí ar an tsráid - agus shínigh sé ceithre Mheabhrán Tuisceana leis an Rialtas agus le monaróirí gluaisteán le cabhrú chun feithiclí leictreacha a chur ar fáil ar mhargadh na hÉireann.

I mbeagán focal - bhí straitéis ESB maidir lena nGréasáin Inbhuanaithe dírithe ar an méid seo

Féach ar **Athbhreithniú Airgeadais**
Ich 13 chun tuilleadh sonraí a fháil

## Táimid ag obair i gcónaí le cinntiú go mbeimid inár bhfóntas de scoth domhanda, ó thaobh rath tráchtála agus ó thaobh a bheith freagrach maidir leis an gcomhshaol.

a leanas:

- Bonneagar a chur ar fáil le tacú le forás eacnamaíoch agus chun spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach.
- Ról ceannasach a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm na nGréasán Cliste.
- Méadrú Cliste a chur chun cinn d'fhonn é a chur ar fáil ar fud na tíre faoi dheireadh.
- Tosú ar thógáil an ghréasáin luchtaithe leictreachais.

Ba é ESB a ghin 47% den chumhacht a gineadh i dtuaisceart agus i ndeisceart na hÉireann in 2010 - rud a léiríonn an iomaíocht atá ar siúl ag cuideachtaí fuinnimh eile, idir chuideachtaí na hÉireann agus chuideachtaí na hEorpa.

Leanamar ar aghaidh le nuachóiriú ár stáisiún ginte trí na seanstáisiúin theirmeacha a dhíol nó a dhúnadh, trí bhunghléasra nua lóid a thógáil ag Áth Fhada (Cuireadh i bhfeidhm é ar bhonn tráchtála in Aibreán 2010), agus trí bhailchríoch a chur ar an tionscadal iarfheistithe comhshaoil a bhí ar siúl ag stáisiún Ghob na Muine, i gCo. an Chláir.

Maidir lena modhanna ginte leictreachais traidisiúnta, lean ESB air ag forbairt punainne stáisiún inbhuanaithe den chaighdeán comhshaoil is airde agus ag cur lena chumas ginte gaoithe. Chuireamar 90MW lenár gcumas giniúna in 2010 sa chaoi go bhfuil sé ar ár gcumas 235 MW a ghiniúint anois ó neart na gaoithe. Bhí cumas 96MW breise á thógáil agus bhí 800 MW breise eile ar na bacáin.

Agus muid ag leanúint ar aghaidh leis an straitéis le bheith neodrach ó thaobh carbóin de roimh 2035, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil ESB ag laghdú astaíochtaí $CO_2$ óna stáisiúin chumhachta i gcónaí; thit na leibhéil ó 14.1 milliún tona in 2005 go 9.7 milliún tonna in 2010.

Idir an dá linn, lean ESB agus na húdaráis rialála ar aghaidh lena ndíospóireachtaí faoi ghnó na cuideachta ó thaobh giniúna, trádála agus soláthair a chomhtháthú arís le go mbeimis ar aon dul lenár n-iomaitheoirí.

### C Cad iad príomhthosaíochtaí ESB don todhchaí?

**F** Tréimhse chorraitheach atá anois ann ó thaobh cúrsaí airgeadais de, ach tar éis don ESB agus don Stát beagnach 85 bliain a chaitheamh ag fás in éineacht le chéile, tá ESB fós ag cur go mór leis an ngeilleagar, agus tá príomhról aige i gcónaí maidir le bonneagar agus seirbhís atá fíorthábhachtach a sholáthar.

Is maith is eol dúinn go bhfuil cúrsaí airgeadais ag cur isteach go mór ar an bpobal agus ar ár ngnó féin agus tá iarrachtaí móra á ndéanamh againn chun ár gcostais a laghdú agus le déileáil leis na rudaí atá ag cur as dár gcustaiméirí.

Tá ESB caipitlithe go maith i gcónaí agus líon lucht saothair aige atá an-oilte agus nuálach agus táimid ag tacú go tréan le taighde agus forbairt teicneolaíochtaí a úsáideann fuinneamh inbhuanaithe. Is é ár sainordú seirbhís phoiblí den scoth a chur ar fáil agus a bheith chun tosaigh maidir le hathrú a chun cinn inár n-earnáil féin trí phleanáil fhadtéarmach agus trí chaiteachas stuama.

Baineann ardchaighdeáin chúraim le gach gné dár ngnó agus, ós rud é gur fóntais muid a bhíonn ag déileáil le leictreachas, ní mór dúinn a bheith san airdeall i gcónaí faoi chúrsaí sábháilteachta. Bíonn sé seo mar thosaíocht bhuan againn i gcónaí, agus táimid ag déanamh dul chun cinn gach bliain inár n-iarrachtaí nach dtarlóidh dochar d'aon duine.

Tá mé an-dóchasach faoina a bhfuil i ndán do ESB amach anseo in ainneoin na ndúshlán go léir atá le sárú againn. Tá an chuideachta láidir, tá teacht aniar inti agus tá sí dírithe ar ár spriocanna. Tá straitéis phragmatach aici maidir le forbairt agus fás sna blianta amach romhainn, agus cumas airgeadais na cuideachta a chaomhnú ag an am céanna.

### C Cad iad na pleananna atá agat chun costais a laghdú?


**F** Sheolamar Clár um Fheabhsú Feidhmíochta ar fud na cuideachta. Ceapadh an clár chun laghdú €280 milliún a dhéanamh ar ár mbonn costais roimh 2015. Caithfimid an sprioc sin a bhaint amach má táimid chun aghaidh a thabhairt ar an iomaíocht tréan atá ag fás i gcónaí ar ár margadh baile agus ár gclár uaillmhianach infheistíochta caipitil a choinneáil ar siúl.

Tá spriocanna an chláir seo á mbaint amach againn óir tá coigiltis ar fiú beagnach €100 milliún iad bainte amach againn in 2010 agus táimid ag díriú ar laghdú 20% a dhéanamh ar ár gcostais phárolla.

### C Cén chaoi ar féidir leat a bheith cinnte gur féidir na spriocanna uaillmhianacha seo a bhaint amach?

**F** D'oibríomar i gcomhpháirtíocht lenár bhfoireann le deich mbliana anuas le dul i ngleic le saincheisteanna móra a bhaineann le cúrsaí athruithe. Tá mé cinnte gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag obair le chéile chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Tá foireann tiomanta againn agus d'éirigh leo arís in 2010 toradh an-mhaith a sholáthar do ESB. Ós rud é go bhfuil ár bhfeidhmíocht maidir le sábháilteacht á feabhsú againn i gcónaí, agus go bhfuilimid ag baint amach ár spriocanna i margadh an-iomaíoch, tá deimhin déanta againn gur féidir le ESB leanúint ar aghaidh ag fás agus go mbeidh rath air sa todhchaí.



**Pádraig McManus**
Príomhfheidhmeannach

# 02
# ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAIS

## FORBHREATHNÚ

Is é misean lárnach ESB ná riachtanais fuinnimh agus seirbhísí fuinnimh ár gcustaiméirí a chomhlíonadh, toradh a bhaint amach dár scairshealbhóirí agus láidreacht ó thaobh airgeadais de a chothú. Táimid tiomanta freisin d'ionad oibre sábháilte agus tarraingteach a chruthú dár bhfostaithe. Léiríonn an t-alt seo a leanas ár straitéis chun an misean sin a bhaint amach, cuireann sé athbhreithniú airgeadais mionsonraithe ar fáil maidir le 2010 agus cuimsíonn sé faisnéis feidhmíochta na n-aonad gnó maidir le trí rannán straitéiseach an Ghrúpa, ESB Networks, ESB Electric Ireland agus ESB Energy International.



| Feidhmíocht airgeadais bliain ar bhliain | 2010 (€m) | 2009 (€m) |
|---|---|---|
| Brabús oibriúcháin coigeartaithe* | 339 | 350 |
| Airgead tirim a gnóthaíodh ó oibriúcháin | 858 | 646 |
| Caiteachas caipitiúil | 819 | 921 |
| Éadáil NIE | 1,223 | - |
| Glanfhiachas | (3,944) | (2,231) |
| Iomlán na sócmhainní | 12,112 | 9,567 |

*Ní chuimsíonn brabús oibriúcháin coigeartaithe tionchar tháille pinsin eisceachtúil in 2010 (€330 milliún) ná gnóthachan aonuaire maidir le díol sócmhainní giniúna in 2009 (€265 milliún).

## IONCHAS

Ceaptar go mbeidh dúshláin shuntasacha ann dár ngnó tríd 2011 mar thoradh ar an timpeallacht eacnamaíochta reatha. Ag breathnú chun cinn, beidh na nithe seo a leanas i measc príomhthosaíochtaí an Ghrúpa:

- Leanúint ar aghaidh ag díriú ar mhaoiniú agus ar leachtacht;
- Leanúint le seachadadh rathúil a dhéanamh ar na cláir caiteachais chaipitiúil suntasach go tráthúil, de réir an bhuiséid agus ar ardchaighdeán an Ghrúpa;
- Béim a choinneáil ar an gclár feabhsaithe feidhmíochta chun fás leanúnach sa luach do scairshealbhóirí a bhaint amach, go háirithe i gcomhthéacs an chora chun donais eacnamaíoch agus an méadú san iomaíocht;
- Bainistiú a dhéanamh ar an riosca trádála a eascraíonn as margaí SEM agus GB, agus leanúint ar aghaidh le straitéisí éifeachtacha do sholáthar breosla chun luaineacht sna praghsanna do chustaiméirí a mhaolú;
- A chinntiú go mbeidh ár ngnóthaí Soláthair in ann dul san iomaíocht go rathúil sa mhargadh miondíola leictreachais neamhrialaithe.



## Sa chuid seo


STRAITÉIS ESB 12
ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS ESB 13

FEIDHMÍOCHT AGUS IONCHAS NA NAONAD GNÓ:
ESB NETWORKS 20
ESB ELECTRIC IRELAND 26
ESB ENERGY INTERNATIONAL 32

# ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAIS
# STRAITÉIS

## Straitéis agus Cuspóirí

Is é misean lárnach ESB ná riachtanais fuinnimh ár gcustaiméirí a chomhlíonadh, toradh a bhaint amach dár scairshealbhóirí agus timpeallacht oibre inbhuanaithe agus sábháilte a chinntiú chun sochar ár bhfostaithe, ár soláthraithe, ár gcustaiméirí agus an tsochaí go ginearálta. Aithnímid go bhfuil athrú mór tagtha ar an earnáil leictreachais le blianta beaga anuas, agus go dtiocfaidh athrú níos tapúla uirthi amach anseo. Is í an fhís atá againn mar sin ná ESB a bheith ina fhóntas den scoth, rath tráchtála a bheith orainn, a bheith freagrach don chomhshaol agus a bheith ábalta dul in oiriúint do na margaí athraitheacha ina bhfuilimid ag feidhmiú.

Tá straitéis ESB bunaithe ar fhreagairt do na nithe a fheicimid mar dhúshláin fhadtéarmacha inár margaí. I measc na ndúshlán seo tá:

- Slándáil Fhadtéarmach an tSoláthair
- Dícharbónú agus Inbhuanaitheacht
- Iomaíocht Bhreise – in Éirinn agus trí theacht chun cinn an Mhargaidh Leictreachais Réigiúnaigh ar fud na hÉireann agus na Breataine Móire
- Laghdú ar Chostais – á stiúradh ag an ngá seirbhísí iomaíocha agus éifeachtach ar an gcostas a sheachadadh dár gcustaiméirí.

Ní mór tabhairt faoi na dúshláin seo tráth a bhfuil éiginnteacht agus rioscaí suntasacha ag baint leis an earnáil fuinnimh go ginearálta ar fud na hEorpa. Ag freagairt do na dúshláin seo cothóimid ár láidreacht airgeadais bunúsach trí bhainistíocht stuama phunann láidir, éagsúlaithe de ghnóthais rialaithe agus iomaíocha chomh maith le clár comhardaithe láidir.

## Creat Straitéiseach go dtí 2020

In 2008, cheadaigh an Bord an Creat Straitéiseach go dtí 2020 a thugann dúshlán do ESB a bheith ina fhóntas den scoth, ar a bhfuil rath tráchtála agus atá freagrach maidir leis an gcomhshaol. Tá an Creatlach Straitéiseach go 2020 bunaithe ar chúig phríomhréimse fócais:

1. Scála Gnó Inathnuaite
2. Punann Giniúna Inbhuanaithe Dea-chleachtais
3. Gréasáin Inbhuanaithe Den Chéad Scoth
4. Gnó Soláthair Dírithe ar Chustaiméirí
5. Láithreacht Shuntasach Idirnáisiúnta

Bunaithe ar an gCreat Straitéiseach, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá againn:

- Dícharbónú a dhéanamh ar á nGnóthas Giniúna in Éirinn faoin mbliain 2035.
- Punann Trádála agus Soláthair Giniúna comhtháite a fhorbairt a rachaidh in iomaíocht rathúil agus an margadh iomaíoch in Éirinn ag comhtháthú leis an margadh fuinnimh sa Bhreatain Mhór faoi stiúir thionscnamh Mhargadh Leictreachais Réigiúnach an AE.
- Forbairt Eangach Cliste agus Méadrú Cliste a stiúradh tríd ár nGréasáin Tarchurtha agus Dáileacháin chun dul i bhfód agus comhtháthú chomh láidir agus is féidir a bhaint amach do ghineadh inathnuaite, úsáid ghiniúint dáilte, cur i bhfeidhm chláir bainistíochta éilimh agus leictriú iompair a chumasú.
- Gnóthas Energy Services a fhorbairt, chun dul lenár ngnóthas soláthair, a dhíreoidh ar bhearta éifeachtachta fuinnimh a sheachadadh chun riachtanais chustaiméirí atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh.

Chun an straitéis seo a sheachadadh, díorthaíonn ESB ioncam agus brabús ón méid seo a leanas:

- Gnóthais gréasáin rialaithe a thuilleann toradh ceadaithe ar an mBonn Sócmhainní Rialaithe (RAB) trí mhuirir as Úsáid an Chórais íníoctha ag soláthraithe agus gineadóirí leictreachais;
- Giniúint agus díol leictreachais scartha thar réimse ilchineálach breoslaí agus teicneolaíochtaí;
- Soláthar leictreachais; agus
- Gníomhaíochtaí eile a bhaineann le fuinnimh arna mbrú chun cinn ag éifeachtacht fuinnimh.



# ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAIS

# ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

## Achoimre cúig bliana

| | 2010 (€m) | 2009 (€m) | 2008 (€m) | 2007 (€m) | 2006 (€m) |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam agus ioncam oibriúcháin eile | 2,740 | 3,114 | 3,515 | 3,493 | 3,128 |
| Brabús oibriúcháin coigeartaithe* | 339 | 350 | 340 | 523 | 337 |
| Brabús / (caillteanas) i ndiaidh cánach | (84) | 580 | 273 | 432 | 223 |
| Airgead tirim a gnóthaíodh ó oibriúcháin | 858 | 646 | 872 | 1,005 | 595 |
| Caipiteal caipitiúil** | 819 | 921 | 1,094 | 903 | 831 |
| Glanfhiachas | (3,944) | (2,231) | (2,088) | (1,797) | (1,960) |
| Giaráil (%) | 52% | 41% | 44% | 41% | 47% |
| Iomlán na sócmhainní | 12,112 | 9,567 | 8,645 | 7,707 | 7,295 |

*Ní chuimsíonn brabús oibriúcháin coigeartaithe tionchar tháille pinsin eisceachtúil in 2010 (€330 milliún) ná gnóthachan aonuaire maidir le díol sócmhainní ginte in 2009 (€265 milliún).** Ní áirítear NIE.


## Athbhreithniú Airgeadais 2010

Léiríonn torthaí ESB Group do 2010 an timpeallacht dhúshlánach eacnamaíoch agus mhargaidh atá cur brú leanúnach ar ioncam leictreachais agus ar chorrlaigh bhrabúis. Tá líon suntasach custaiméirí caillte ag ESB mar thoradh ar rialú leanúnach ar phraghsanna ESB do chustaiméirí cónaitheacha i bPoblacht na hÉireann i rith 2010, agus thit sciar an mhargaidh do na custaiméirí seo go dtí díreach os cionn 60% ag deireadh na bliana ó 99% ag tús 2009. Tá sé deimhnithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) go bhfuil deireadh le rialachán taraifí don mhargaidh cónaithe ó Aibreán 2011. Mar sin féin, seachadadh costais oibríochta níos ísle in 2010 mar thoradh ar an gClár um Fheabhsú Feidhmíochta a seoladh in 2009, agus mar sin tá brabús oibríochta roimh mhíreanna eisceachtúla (brabús oibriúcháin coigeartaithe) coinnithe ar aon dul leis an mbliain roimhe sin.

Léiríonn na ráitis airgeadais go ndearnadh brabús oibriúcháin coigeartaithe de €339 milliún (2009: €350 milliún). Baineann an mhír eisceachtúil le Comhaontú Pinsean a rinneadh leis an bhfoireann chun an easnamh achtúireach timpeall €2 bhilliún i Scéim Pinsean príomhúil an ESB a réiteach, agus leis an athrú ar chóireáil cuntasaíochta dá bharr chun é seo a thaispeáint. Nuair a chuirtear an mhír eisceachtúil seo san áireamh, bhí brabús oibriúcháin €9 milliún ann. Tá airgead ó oibríochtaí fós láidir, agus mhéadaigh sé go €858 milliún in 2010 (2009: €646 milliún).

Leanadh leis an gclár caipitiúil suntasach atá mar bhuntaca do straitéis ghnó ESB i rith 2010, le

### Réiteach an bhrabúis oibriúcháin ó 2009 go dtí 2010




caiteachas caiptiúil d'os cionn €2.0 billiún, ar bhain €1.2 billiún de le héadáil an ghnóthais gréasáin leictreachais rialaithe i dTuaisceart Éireann (NIE). Infheistíodh beagnach €570 milliún i mbonneagar Networks i bPoblacht na hÉireann, atá mar chuid de chlár caiteachais chaipitiúil arna aontú leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER). Infheistíodh€151 milliún sa bhreis sa ghnóthas Athnuaiteáin i rith 2010, rud a thugann caiteachas

iomlán os cionn €400 milliún ar thionscadail sna 3 bliana seo a chuaigh thart.
Mhéadaigh an glanfhiachas ag €3.9 billiún de €1.7 billiún ó 2009 mar thoradh ar éadáil NIE agus infheistíocht leanúnach i dtionscadail caipitiúil. Tá an leibhéal giarála méadaithe go 52% in 2010, rud a léiríonn fiach méadaithe chun éadáil NIE a mhaoiniú, ach tá sé cuid mhaith taobh istigh de pharaiméadair inghlactha.

Seo mar a leanas breis sonraí maidir le ráiteas ioncaim agus clár comhardaithe 2010:

## Ráiteas Ioncaim 2010

### Cosaint

Tháinig laghdú  €374 milliún ar ioncam, lena n-áirítear ioncam oibriúcháin eile, ag €2,740 milliún, i gcomparáid le 2009. Is de thoradh ar chostais laghdaithe sa mhargadh soláthair agus ar an líon mór custaiméirí a d'imigh uainn mar thoradh ar mhéadú ar iomaíocht sa mhargadh baile sa bhliain 2010, atá an laghdú seo. Tá fritháireamh á dhéanamh air seo ag aisghabháil in 2010 ar na laghduithe a tugadh do gach custaiméir leictreachais in 2009, sa ghnóthas Networks, mar chuid de thionscnaimh arna n-aontú le CER.

### Costais Oibriúcháin

Ag €2.4 billiún, tá na costais oibriúcháin €363 milliún níos ísle ná mar a bhí in 2009. Tá an laghdú seo mar thoradh ar chostais fuinnimh níos ísle, táillí pinsin níos ísle (gan táille pinsin eisceachtúil san áireamh) agus costais oibríochta laghdaithe eile ag éirí as an gclár um fheabhsú feidhmíochta. Seachadadh coigiltis eile ar chostais oibríochta eile ar bhfiú beagnach €100 milliún iad. Tháinig méid suntasach de seo ó chostais párolla laghdaithe mar thoradh ar laghdú de 669 sa mheánlíon fostaithe ó 2008 i leith. Ba é an meánlíon fostaithe don bhliain 2010 ná 7,201, agus laghdaíodh an líon iarbhír, gan NIE san áireamh, go 6,911 faoi dheireadh na bliana.

Tá an Clár um Fheabhsú Feidhmíochta Corparáideach, a seoladh i rith 2009, deartha chun costais ESB a laghdú de €280 milliún, ar chostas inrialaithe de €1.1 billiún, faoin mbliain 2015, lena n-áirítear laghdú 20% i gcostais párolla. Tá ESB tiomanta go hiomlán an sprioc seo a sheachadadh os rud é go bhfuil sé bunriachtanach do sheachadadh a phleananna straitéiseacha agus i bhfreagairt do bhrú ón iomaíocht.

### Brabús Oibriúcháin

Tá an brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla ag €339 milliún, €11 milliún níos ísle ná leibhéal 2009. Nuair a thógtar tionchar na míre pinsin eisceachtúil in 2010 (€330 milliún) agus an brabús ar dhíol sócmhainní giniúna le Endesa in 2009 (€265 milliún) san áireamh, áfach, taispeántar laghdú suntasach ar bhrabús oibriúcháin i gcomhair 2010 ag €9 milliún ó €615 milliún in 2009.


### Comhfhiontair

Rinneadh fochuideachta iomlán de Synergen Power Limited i Meán Fómhair 2009, agus mar sin cuimsítear a bhrabús i mbrabús oibriúcháin. Cuimsíodh gnóthachain aonuaire ar an éadáil seo i mbrabús oibriúcháin 2009.


### Cánachas

Ba é táille cánach an Ghrúpa i gcomhair 2010 ná creidmheas de €5 milliún (2009: táille de €20 milliún), ag taispeáint an caillteanas roimh cháin a taifeadadh in 2010.

**Laghdú ar Líon na bhFostaithe (Ag eisiamh NIE a éadáladh i mí na Nollag 2010)**



Glanfhiachas agus Giaráil




## Feidhmíocht na nAonad Gnó

Eagraíodh an Grúpa in trí mhír intuairiscithe don chuid is mó den bhliain, is iad sin rannáin straitéiseacha an Ghrúpa, a bhainistítear go leithleach. Tá brabús oibriúcháin €9 milliún an Ghrúpa comhdhéanta de:

- Táille eisceachtúil a bhaineann leis an Dliteanas maidir le hOibleagáid Pinsin €330 milliún a d'éirigh as an gComhaontú Pinsin a cuireadh i gcrích i rith 2010 agus an t-athrú dá bharr ar chóireáil cuntasaíochta (féach an Comhaontú Pinsin ar leathanach 16).

- Laghdaigh brabúis oibriúcháin ESB Energy International,€154 milliún in 2010, ó leibhéal 2009 (€776 milliún) os rud é gur chuimsigh 2009 an brabús ag éirí as diúscairt sócmhainní giniúna (€265 milliún) agus gnóthachain ag éirí as éadáil Synergen. Tháinig laghdú ar an gcorrlach fuinnimh don ghnóthas freisin mar thoradh ar laghdú sa bhearna idir praghsanna díolacháin agus costais, cé go bhfuil fritháireamh á dhéanamh ar chuid de seo ag costais oibriúcháin níos ísle.

- Mhéadaigh brabús ESB Networks faoi €363 milliún ó chaillteanas €25 milliún in 2009 go brabús €338 milliún sa bhliain 2010. Is mar thoradh ar théarnamh ioncaim in 2010 a tarchuireadh an bhliain roimhe sin mar thoradh ar thionscnamh arna aontú le CER in 2009 chun praghsanna leictreachais a laghdú do gach custaiméir. Feabhsaíodh brabúsacht freisin mar thoradh ar chostais oibriúcháin níos ísle, go háirithe laghdú bliain ar bhliain i gcostais cuíchóirithe foirne.

- Taispeánann caillteanais ESB Electric Ireland de €43 milliún in 2010 tionchar phraghsanna níos ísle agus custaiméirí ag imeacht uainn. Rinne an gnóthas coigilteas ar chostais oibriúcháin i rith na bliana, ach bhí fritháireamh á dhéanamh ar chuid de seo ag an bhforáil drochfhiacha, rud a thugann léargas ar na coinníollacha eacnamaíochta reatha.

- I measc na míreanna eile tá an réimse seirbhísí a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil do na príomh-mhíreanna gnó.

## Clár Comhardaithe 2010

### Éadáil NIE

Cuireadh i gcrích éadáil NIE an 21 Nollaig 2010 ag costas STG£1 bhilliún (€1.2 bhilliún). Is le NIE na líonraí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais rialaithe i dTuaisceart Éireann agus tá sé freagrach as pleanáil, forbairt, tógáil agus cothabháil an ghréasáin iomláin, chomh maith le hoibriúchán an ghréasáin dáileacháin. Ba deis uathúil a bhí in éadáil NIE, cuideachta rialaithe a fheidhmíonn go maith, chun scála ESB a mhéadú gan a phróifíl riosca a mhéadú gan chúis. Bhí an gnóthas ag feidhmiú go láidir agus go cobhsaí ó thaobh airgeadais de le fada, agus tá an-acmhainneacht aige ó thaobh fáis de. Tacaíonn an éadáil seo le gréasán cliste a chur ar fáil ar fud an oileáin go léir.

B'fhiú timpeall €178 milliún an cáilmheas ar an idirbheart, arna ríomh de réir Cuallaíochtaí Gnó IFRS 3 (2008). Os rud é gur cuireadh an éadáil i gcrích an 21 Nollaig 2010, bhí tionchar neamhábhartha aige ar Ráiteas Ioncam an Ghrúpa.

## Caiteachas Caipitiúil

Lean an Grúpa lena mhórchlár infheistíochta caipitil in 2010, agus caitheadh níos mó ná €2 bhilliún. Bhain os cionn a leath de sin (€1.2 bhilliún) le héadáil NIE. I dteannta NIE, seo mar a leanas na príomhréimsí caiteachais in 2010:

→ €569 milliún i nGréasáin sa bhonneagar leithdháilte agus traschurtha;

→ €151 milliún infheistithe ag ESB Energy International in athnuaiteáin;

→ I dteannta na méide sin, infheistíodh €79 milliún ó ESB Energy International, go háirithe ar athchóiriú stáisiúin chumhachta, ollchóiriú agus forbairt gnó nua.

**TÁ AIRGEAD Ó OIBRÍOCHTAÍ FÓS LÁIDIR, AGUS MHÉADAIGH SÉ GO**

**€858m**

**IN 2010**

**AG €2.4 BILLIÚN, TÁ NA COSTAIS OIBRIÚCHÁIN**

**€363m**

**NÍOS ÍSLE NÁ MAR A BHÍ IN 2009**

## Glanfhiachas agus Giaráil

Mhéadaigh an glanfhiachas ag €3.9 billiún de €1.7 billiún ó 2009 mar thoradh ar éadáil NIE agus infheistíocht leanúnach i dtionscadail caipitiúil. Tá an leibhéal giarála méadaithe go 52% in 2010, mar thoradh ar éadáil NIE, ach tá sé cuid mhaith taobh istigh de pharaiméadair inghlactha. I rith 2009 agus 2010 d'éirigh leis an nGrúpa beagnach €700 milliún a chur in iasachtaí ráta seasta fadtéarmach, agus rinne siad idirbheartaíocht rathúil in athuair ar Áis do Chreidmheas Imrothlach a méadaíodh go suntasach. (1) Leachtacht chúltaca 4-5 bliana a chur ar fáil agus (2) Airgeadaíocht ghearrthéarmach a chur ar fáil d'éadáil NIE. Ag deireadh na bliana bhí 65% d'iasachtaí an Ghrúpa socraithe go dtí aibíocht nó nasctha le boilsciú, rud a chuireann leibhéal cinnteachta ar fáil tráth a bhfuil luaineacht de bhreis sa mhargadh.

## Comhaontú Pinsean

Cuireadh i gcrích go rathúil na hidirbheartaíochtaí idir an chuideachta agus ionadaithe na bhfostaithe chun tabhairt faoin easnamh achtúireach sa Scéim Aoisliúntais Fostóirí Ginearálta ESB, príomhscéim pinsin an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann. Dúnann an Comhaontú easnamh achtúireach €2 bhilliún i Scéim Aoisliúntais Fostóirí Ginearálta ESB go substaintiúil.

Is gné lárnach den Chomhaontú é an laghdú ar shochar pinsin amach anseo d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an easnamh trí thabhairt isteach Meántuillimh Athluacháilte Ghairm Bheatha (CARE) maidir le seirbhís ó Eanáir 2012, calcadh ar phinsean agus ar phá go dtí 2014 agus 2012 faoi seach, agus uasteorannú aon mhéaduithe ar phinsean amach anseo go 4% in aghaidh na bliana. Beidh gach méadú i bpinsin a íocfar amach anseo ag brath ar stádas sócmhainneachta na Scéime. Cuirfidh ESB €591 milliún (luach reatha achtúireach an 1 Eanáir 2010) thar thréimhse 12 bliana chun an aistriú seo a éascú, chun cur ar chumas na Scéime fáil réidh le riosca trí infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní lena mbaineann riosca níos ísle amach anseo.

Tá an Comhaontú Pinsean tar éis oibleagáidí na Cuideachta maidir leis an Scéim a shoiléiriú, mar shampla, faoi Shochair Fostaíochta IAS19, tugtar cuntas ar an Scéim mar scéim ranníocaíochta sainithe. Tá táille eisceachtúil aonuaire de €330 milliún i gceist sa bhliain reatha mar thoradh ar an athrú i gcóireáil cuntasaíochta. Tarlóidh gach príomh-sreabhadh airgid a bhaineann leis seo thar thréimhse 12 bhliain.

Tá tuilleadh sonraí le fáil i nótaí 21 agus 22 de na Ráitis Airgeadais.

Seoladh Clár um Fheabhsú Feidhmíochta Corparáidí i rith 2009 agus tá sé mar chuid de Chreat Straitéiseach ESB a leagadh amach in 2008.

## Rialúchán

Faoin Margadh Aonair Leictreachais (SEM), is é an margadh a cheapann praghas mórdhíola an leictreachais; agus beagnach an leictreachas go léir a ghintear á dhíol isteach i linn margaidh arna chómhaoirsiú ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) agus Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann. Glacann ESB Energy International páirt sa mhargadh leictreachais ar an mbunús céanna leis na gineadóirí eile.

Socraítear na taraifí rialaithe do ESB Networks agus, go dtí gur tugadh saoirse tráchtála iomlán isteach ó Aibreán 2011 ar aghaidh, do ESB Customer Supply, roimh ré, de ghnáth ar bhonn bliantúil ag an CER, bunaithe ar réamh-mheas ar éileamh ó chustaiméirí agus ar chostais ghaolmhara araon. Bíonn difríocht ann i mbeagnach gach aon réamh-mheas leis an toradh iarmhír don tréimhse i gceist, as a dtagann tearc-aisghabháil nó ró-aisghabháil ioncaim in aon bhliain ar leith. Is gnách go gcuimsíonn CER aon tearc-aisghabháil nó ró-aisghabháil i socrú na gcinntí praghais i gcomhair na dtréimhsí dá éis, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh tarchur iarchurtha go tréimhsí amach anseo. Féadfaidh éagsúlachtaí ábhartha sna brabúis bhliantúla a thuilleann na gnóthais atá i gceist teacht ó dhifríochtaí uainiúcháin den sórt sin, agus féadfaidh siad a bheith ina gcúis le saobhadh san athbhreithniú ar fheidhmíocht bhliantúil na ngnóthas sin.

## Creat Bainistíochta Riosca Airgeadais maidir le hOibriúcháin Cistíochta agus Trádála

Baineann príomhrioscaí airgeadais an Ghrúpa le leachtacht, airgeadraí eachtracha, rátaí úis, gluaiseachtaí praghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla), riosca creidmheasa an chontrapháirtí agus riosca oibriúcháin. Tá Group Treasury freagrach as gnáthbhearta cistíochta an Ghrúpa. Nuashonraítear Coiste Airgeadais an Bhoird ar bhonn leanúnach maidir le heochair-cheisteanna cistíochta agus cuirtear tuarascáil bhliantúil faoi ghníomhaíocht cistíochta faoi bhráid an Choiste lena athbhreithniú.
Bainistíonn na haonaid gnó ábhartha (ESB Energy International agus ESB Electric Ireland) an riosca a bhaineann le praghsanna tráchtearraí agus creidmheas an chontrapháirtí i gcomhthéacs chreat bainistíochta riosca trádála foriomlán an Ghrúpa. Déanann Bainistíocht Riosca Trádála an Ghrúpa comhordú ar na hiarrachtaí seo. Oibríonn sé seo le cinntiú go mbainisteofar rioscaí margaidh, creidmheasa agus oibriúcháin an Ghrúpa ar shlí a thabharfaidh cosaint don chuideachta ó chaillteanas agus lena léireofar meas ar na hoibleagáidí imfhálaithe rialála atá i bhfeidhm idir na haonaid ghnó. Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú rialta ar na gníomhaíochtaí sin.

Úsáidtear díorthaigh chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus déantar iad a fhorghníomhú agus Sonraíocht an Aire Airgeadais a eisíodh faoi choimirce an 'Achta um Bhearta Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Chomhlachtaí Eile 1992' á comhlíonadh. Baintear úsáid as cuntasaíocht fhálaithe de bhun IAS 39 i gcomhair fálú ar dhliteanais airgeadra eachtraigh agus rioscaí ó thaobh rátaí úis ó dhliteanais neamh-reatha den chuid is mó. Cumhdaíonn sé freisin roinnt fáluithe um thráchtearraí agus airgeadraí eachtracha.

**OS CIONN**
**€400m**
**INFHEISTITHE IN ATHNUAITEÁIN THAR NA 3 BLIANA SEO CAITE**

Baineann príomhrioscaí airgeadais an Ghrúpa le leachtacht, airgeadraí eachtracha, rátaí úis, gluaiseachtaí praghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla), riosca creidmheasa an chontrapháirtí agus riosca oibriúcháin.

## Bainistiú Riosca Malartán Eachtrach agus an Ráta Úis

Déantar an chuid is mó de ghnó an Ghrúpa laistigh de limistéar an euro. Ainmnítear an sreabhadh airgid oibriúcháin agus infheistíochta in euro, go príomha. Eascraíonn nochtadh do riosca maidir le hairgeadra eachtrach as breosla agus ábhair nó seirbhísí eile a cheannach, as fiachas in ainmníocht airgeadra eachtraigh agus as gnó a dhéantar lasmuigh de limistéar an euro. Déantar an chuid is mó den nochtadh airgeadra a bhaineann le breosla a bhainistiú ag úsáid díorthaigh airgeadra cosúil le réamhchonarthaí ceannaigh. Is é beartas an Ghrúpa iasachtaí a thógáil atá ainmnithe go díreach in euro nó aon iasacht in airgeadra eachtrach a aistriú go euro trí ionstraimí díorthaigh a úsáid. Bíonn cásanna áirithe ann ina gcuirtear a mhacasamhail de shócmhainn nó de ghlansreabhadh ioncaim in ainmníocht airgeadra eachtraigh in aghaidh fiachais in ainmníocht airgeadra eachtraigh. Dá bhrí sin, tá cuid shuntasach de fhiacha an Ghrúpa i sterling anois tar éis éadáil NIE i mí na Nollag 2010. Bhí 58% d'fhiachas ESB ainmnithe go bunúsach in euro faoi dheireadh na bliana 2010, agus bhí an 42% eile i sterling.

Is é beartas reatha an Ghrúpa maidir le rátaí úis ná 50% den phunann fiachais ar a laghad a choimeád ar rátaí úis seasta (nó nasctha le boilsciú), le sprioc suas le 75% ag rátaí úis seasta (nó nasctha le boilsciú). Ar an 31 Nollaig 2010, bhí 65% d'fhiachas an Ghrúpa socraithe go dtí aibíocht nó nasctha le boilsciú.

## Maoiniú agus Bainistíocht Leachtachta

Díríonn straitéis bainistíochta fiachais an Ghrúpa ar phróifíl phunann fiachais le meascán éagsúil contrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochtaí. Úsáidtear maoiniú struchtúrach neamhiontaofa agus maoiniú iontaofa teoranta nuair is cuí agus an chomhoiriúnacht idir costais mhaoinithe agus maolú riosca á chur san áireamh. Cloíonn gach áis iasachta leis na hAchtanna Leictreachais agus leis na ceanglais reachtúla ábhartha agus coinníonn Group Treasury éagsúlacht i mbonn iasachtóirí ESB d'fhonn riosca a leathadh go straitéiseach.

Chuige seo, liostaigh an ESB Clár Nóta Meán-Tearma Euro de €3 billiún ar Stocmhalartán na hÉireann i bhFeabhra 2010, agus i Márta 2010 d'eisigh ESB Eurobhanna 10 mbliana STG£275 milliún le cúpón seasta de 6.5% faoin gclár seo. Bhí ar ESB rátáil de ghrád infheistíochta a fháil don bhanna sin. I mí Eanáir 2011, fuair ESB rátáil de ghrád infheistíochta ó Standard & Poors, Moodys agus Fitch de BBB+, Baa1 agus BBB+ faoi seach.

Rinneadh athmhaoiniú ar áis creidmheasa imrothlaigh ESB i Meán Fómhair 2010. Cuireadh áis €1.5 billiún i bhfeidhm le tráinsí € ag aibiú in 2014 agus arís in 2015. Ardaíodh áis maoinithe idirlinne bliana STG£810 milliún le síneadh bliana roghnach chun éadáil NIE a mhaoiniú, agus cuireadh an éadáil sin i bhfeidhm i mí na Nollag 2010. Éadáladh Eurobhanna NIE de

**65%**

**D'FHIACHAS AN GHRÚPA SOCRAITHE GO DTÍ AIBÍOCHT NASCTHA LE BOILSCIÚ.**

## Ag deireadh na bliana, bhí beagnach €930 milliún d'áiseanna tiomanta neamhtharraingthe ag an nGrúpa. (Ní thiocfaidh formhór na n-áiseanna sin in aibíocht roimh 2014).

STG£175 milliún mar chuid den éadáil freisin. Tá áiseanna iasachta neamhtharraingthe leordhóthanacha bunaithe ag ESB lena chinntiú go bhféadfar freastal ar éilimh leachtachta de réir mar is gá. Ag deireadh na bliana, bhí beagnach €930 milliún d'áiseanna tiomanta neamhtharraingthe ag an nGrúpa. (Ní thiocfaidh formhór na n-áiseanna sin in aibíocht roimh 2014). Leanann an Grúpa ag déanamh monatóireachta ar mhargaí nuair atá deiseanna ann chun áiseanna maoinithe níos fadtéarmaí a fháil má dhéanann siad straitéis infheistíochta an Ghrúpa, agus riachtanais maidir le hiasachtaí dá thoradh, a chomhlánú.

### Riosca Creidmheasa Contrapháirtí

Bíonn riosca creidmheasa ann don Ghrúpa ó chontrapháirtithe a mbíonn a gcuntais bhainc ina seilbh acu agus a mbíonn idirbheartaíocht ag an nGrúpa leo sna margaí airgeadais agus tráchtearraí. Is é beartas an Ghrúpa teorainn a chur leis an nochtadh do chontrapháirtithe bunaithe ar mheasúnuithe ar an riosca creidmheasa. Bíonn an nochtadh agus na teorainneacha a bhaineann leis faoi athbhreithniú agus faoi mhonatóireacht leanúnach. Déantar gníomhaíochtaí déileála a rialú trí mhandáidí déileála a chur i bhfeidhm le contrapháirtithe.

**Feidhmíocht Mhionsonraithe na nAonad Gnó (ESB Networks) thíos**

Chun ráitis airgeadais mionsonraithe a fheiceáil féach leathanaigh 72 - 79

## Ionchas don Todhchaí

Ceaptar go mbeidh dúshláin shuntasacha ann dár ngnó tríd 2011 mar thoradh ar an timpeallacht eacnamaíochta reatha. Ag breathnú chun cinn, beidh na nithe seo a leanas i measc príomhthosaíochtaí an Ghrúpa:

1. Leanúint ar aghaidh ag díriú ar mhaoiniú agus leachtacht;
2. Leanúint le seachadadh rathúil a dhéanamh ar na cláir caiteachais chaipitiúil suntasach go tráthúil, de réir an bhuiséid agus go caighdeán ard an Ghrúpa;
3. Béim a choinneáil ar an gclár feabhsaithe feidhmíochta chun fás leanúnach sa luach do scairshealbhóirí a bhaint amach, go háirithe i gcomhthéacs an chora chun donais eacnamaíoch agus an méadú san iomaíocht;
4. Bainistiú a dhéanamh ar an riosca trádála a eascraíonn as margaí SEM agus na Breataine Móire, agus leanúint ar aghaidh le straitéisí éifeachtacha maidir le soláthar breosla chun luaineacht sna praghsanna do chustaiméirí a mhaolú;
5. A chinntiú go mbeidh ár ngnóthaí Soláthair in ann dul san iomaíocht go rathúil sa mhargadh miondíola leictreachais neamhrialaithe.

01 FORBHREATHNÚ GNÓ
02 ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAIS
03 FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH
04 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
05 RÁITIS AIRGEADAIS


ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAIS

## NA HAONAID GHNÓ

# ESB NETWORKS

Is í an fhís atá ag ESB Networks ná a bheith ina ghnóthas gréasáin inbhuanaithe den scoth.

## Feidhmíocht ESB Networks i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta




Tugtar caiteachas caipitiúil roimh thionchar Aistrithe Sócmhainní ó chustaiméirí faoi IFRIC 18, a d'athraigh cóireáil ranníocaíochtaí soláthair do chustaiméirí neamh in-aisíoctha a fuarthas tar éis an 1 Iúil 2009. Is é an caiteachas caipitiúil tar éis thionchar IFRIC ná €569 milliún in 2010 (2009: €586 milliún).

## Forbhreathnú

Ba bhliain dhúshlánach a bhí in 2010 do ESB Networks.

Chuir an drochaimsir at tús agus ag deireadh na bliana isteach ar ghnáthoibriúcháin an ghnóthais agus chuir sé brú ar láidreacht na ngréasán dáileacháin agus tarchurtha. Is léiriú ar thiomantas gach duine a oibríonn sa ghnóthas é a laghad cur isteach ar chustaiméirí a tharla mar thoradh ar an aimsir, chomh maith le caighdeán na n-infheistíochtaí sócmhainne a rinneadh le blianta beaga anuas.

Ó thaobh gníomhaíochtaí oibriúcháin de, lean leis an laghdú ar naisc do chustaiméirí, agus mar sin ba ghá don ghnóthas athdhíriú ar a chláir oibre pleanáilte ar fud na tíre iomláine. Léirigh an próiseas athraithe rathúil seo solúbthacht an ghnóthais agus a fhreagrúlacht maidir le hathruithe sa timpeallacht.

Ba í 2010 an bhliain dheiridh den tréimhse Athbhreithnithe maidir le Rialú Praghsanna (PR2) a chuimsíonn 2006 go dtí 2010 agus an bhliain inar aontaíodh na cláir don chéad tréimhse Athbhreithnithe eile maidir le Rialú Praghsanna (2011 go dtí 2015) leis an Rialtóir. Bhí go leor oibre le déanamh ag go leor daoine laistigh den ghnóthas agus laistigh d'oifig an Rialtóra ar an bpróiseas seo, agus cuireadh i gcrích é ar deireadh i bhfómhar 2010.

D'fhan úsáid leictreachais mar an gcéanna bliain ar bhliain, gan aon fhás foriomlán. Bhí sé seo i gcomparáid leis an ardú seasta ar ídiú leictreachais sna blianta suas go dtí 2009, nuair a laghdaigh úsáid os cionn 5%.

> Ba é líon na naisc le nasc nua a críochnaíodh in 2010 ná 19,951, i gcomparáid le 33,719 in 2009. D'fhág an laghdú seo ar obair a bhaineann le lód go bhféadfaí cur leis an athsholáthar a bhí á dhéanamh ar sheanghléasra.

## Timpeallacht oibriúcháin agus toradh airgeadais

Rinne ESB Networks brabús oibriúcháin de €338 milliún in 2010, sin feabhas ar an gcaillteanas €25 milliún a rinneadh in 2009. Mar sin féin, bhí brabús de €8 milliún ann in 2010 tar éis ús agus cáin (2009: caillteanas de €97 milliún tar éis ús agus cáin). Bhí roinnt gnéithe ba chúis leis an athrú dearfach bliain ar bhliain, amhail an tacaíocht shuntasach airgeadais don mhargadh leictreachais in 2009 (lena n-áirítear tarchur ioncaim go dtí 2010) chomh maith le costais aonuaire a bhain le foireann oibre ag fágáil agus pinsin.

Infheistíodh caiteachas caipitiúil de Ü604 milliún sna gréasáin dáileacháin agus tarchurtha, agus caitheadhÜ174 milliún de seo ar an gcóras tarchurtha ardvoltais. Bhí Ü424 milliún i gceist ar athsholáthar nó láidriú sócmhainní córais dáileacháin.

Leanadh leis an obair in 2010 ar na cláir feabhsúcháin costais a chuir an gnó i bhfeidhm sna blianta a chuaigh thart. Lean na tionscnaimh dhírithe seo, a stiúir feabhsúcháin i bpleanáil clár, costais iompair, próisis oibre agus forchostais, ag laghdú bonn costais an ghnóthais i rith na bliana.

## Rialúchán

Tá ESB Networks faoi réir rialacháin eacnamúla trí Athbhreithniú Rialála maidir le Praghas a tharlaíonn gach cúig bliana agus a shocraíonn na hacmhainní nasctha le hinnéacs rialaithe a thuileann an gnóthas trí tháillí a ghearrtar ar úsáideoirí na ngréasán.

Le linn 2010 bhí críoch rathúil ar Athbhreithniú Praghais 5 Bliana ESB Networks (PR3) i gcomhair 2011 go dtí 2015 leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER), a shainíonn scóip agus scála an infheistithe atá beartaithe. Cabhróidh an comhaontú seo chun bonneagar a chruthú atá oiriúnach chun riachtanais na todhchaí in Éirinn a chomhlíonadh.

Déanann an clár PR3 foráil i gcomhair infheistíocht €4.2 billiún sna cúig bliana amach romhainn, ag ráta toraidh (WACC réamhchánach) arna aontú leis an Rialtóir de 5.95%, ar a ndéanfar athbhreithniú i lár an téarma. Tá leibhéal suntasach maoinithe ceadaithe chun an gréasán dáileacháin a fhorbairt tuilleadh agus chun athsholáthar a dhéanamh ar ghléasra nua. Ina theannta sin, tá foráil bhreise ann don tionscadal Méadrú Cliste. Tá méadú suntasach freisin ar an gcaiteachas tarchurtha atá beartaithe ó €470 milliún in PR2 (2006 go dtí 2010) go €1.4 billiún in PR3 ar aon dul leis an Straitéis um Fhorbairt na nEangaí Náisiúnta (Eangach 25) arna fhoilsiú ag EirGrid plc.

Tá go leor dúshláin i gceist do ESB Networks leis an gcomhaontú rialála nua ó thaobh éifeachtúlachtaí costais a oibriú, agus tá an gnóthas tiomanta iad seo a bhaint amach. Tá obair ar bun chun cur leis na cláir éifeachtúlachta chostais a cuireadh i bhfeidhm sna blianta a chuaigh thart, agus chun éifeachtúlachtaí costais breise a bhaint amach sna blianta atá romhainn. Tá roinnt spriocanna feidhmíochta sínteacha sa chomhaontú rialála freisin a bhaineann

**INFHEISTÍODH CAITEACHAS CAIPITIÚIL DE**
**€604m**
**SNA GRÉASÁIN DÁILEACHÁIN AGUS TARCHURTHA**

le leanúnachas an tsoláthair, freagra an Ionaid Teagmhála, léamha méadair, caillteanais línte, giniúint inathnuaite agus seachadadh an chláir caipitiúil.

Tá próiseas Gheata 3 (3,900 MW) – a chuireann ar chumas pháirtithe atá nasctha le dáileachán tairiscintí inchoimhlinte a roghnú faoi lán tseoil, agus tá na chéad tairiscintí inchoimhlinte do chustaiméirí atá nasctha le dáileachán eisithe agus glactha.

## Infheistíocht agus fás

Tugann an €604 milliún a infheistíodh in 2010 an infheistíocht iomlán sa bhonneagar leictreachais náisiúnta, córais tacaíochta TF agus sócmhainní don téarma rialála PR2 san áireamh, go €3 bhilliún. Bhí athnuachan agus leathnú suntasach ar na córais tarchurtha agus dáileacháin i gceist leis an infheistíocht seo, rud a chuir gréasán leictreachais láidir, feabhsaithe ar fáil in Éirinn. D'éascaigh an caiteachas forbairt eacnamaíoch ar fud na tíre, agus chabhraigh sé chun líon agus fad na n-idirscor soláthair cumhachta do chustaiméirí a laghdú go suntasach.

Tháinig laghdú leanúnach ar naisc chustaiméirí nua in 2010. Ba é líon na naisc nua a críochnaíodh in 2010 ná 19,951, i gcomparáid le 33,719 in 2009. D'fhág an laghdú seo ar obair a bhaineann le lód go bhféadfaí cur leis an athsholáthar a bhí á dhéanamh ar sheanghléasra. Bhí méadú suntasach freisin ar infheistíocht sa ghréasán tarchurtha, a mhéadaigh go €174 milliún in 2010 ó €141 milliún in 2009.

## Straitéis agus freagairt d'athrú

Sainíonn Straitéis ESB Networks, "Sustainable Networks Strategy Towards 2020", an fhís atá ag ESB Networks a bheith ina ghnóthas gréasáin inbhuanaithe den scoth. In 2010 chuir ESB Networks an cuspóir seo chun cinn trí ról lárnach a ghlacadh i sainiú gréasáin na todhchaí; foirmliú agus seachadadh tionscnaimh taighde lárnacha agus rannpháirtíocht in ailíniúcháin chomhoibríocha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Lean ESB Networks ag baint amach spriocanna inbhuanaitheachta.

# SÁBHÁILTEACHT

**is rud tábhachtach don ghnóthas í seo i gcónaí, agus is amhlaidh a bheidh amach anseo.**

## Príomhghnóthachtálacha

- → Chuir an Electrical Power Research Institute (EPRI), institiúid taighde bunaithe sa Stáit Aontaithe, tionscadal Eangach Cliste ESB Networks chun cinn do Ghradam Tionscadail um Eangach Cliste na Bliana san iris POWERGRID International sa Chatagóir um Chomhtháthú Athnuaiteáin. Bronnadh an Gradam ar ESB Networks ag an gcomhdháil DistribuTECH 2011 in San Diego.
- → Chomh maith le ballraíocht agus comhoibriú suntasach laistigh EPRI, d'oibrigh ESB Networks go dlúth leis an Ionad Taighde Leictreachais (ERC) in UCD, le EirGrid, le SEAI agus le haonáin gnó acadúil agus idirnáisiúnta eile chun tionscadal taighde dírithe a shainiú Córas Fuinnimh Inbhuanaithe Leictrigh, agus chun maoiniú a fháil ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don ghnóthas domhain ceannasach seo.
- → Faoin Tionscadal Méadair Chliste arna bhunú ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh, cuireadh Trialacha Teicneolaíochta agus Iompair Chustaiméirí i gcrích go rathúil faoi dheireadh 2010. Tá na réamhthorthaí ó na trialacha um iompar custaiméirí dearfach. Tá anailís á dhéanamh faoi láthair ar thorthaí na dtrialacha agus tá siad mar bhunús ag an anailís costais is tairbhe arna dhéanamh ag CER don chur i bhfeidhm iomlán.
- → Faoi dheireadh 2010, bhí os cionn 40,000km de ghréasáin tiontaithe ó oibriú 10kV to 20kV, rud a fhágann coigiltis 75% ar chaillteanais agus 173,000 tona coigiltis $CO_2$ .
- → I dteannta na dtionscadal taighde tábhachtacha arna gcur i bhfeidhm chun giniúint ghaoithe ar an gcóras a bhainistiú, cuireadh treoirthionscadail ar bun chun éirim gréasáin méadaithe a léiriú, rud a bhíonn éifeachtúlacht méadaithe agus briseadh soláthair chustaiméirí níos giorra mar thoradh air, rud atá ag réiteach an tslí do ghréasáin na todhchaí. Tá Gréasán Féin-Chneasaithe curtha i bhfeidhm i gCiarraí i rith 2010 agus cuirfear tús leis na gnéithe eile den tionscadal seo in 2011.
- → I rith 2010 lean ESB Networks leis an bpacáiste tacaíochta chun micrighiniúint a chur chun cinn. Faoi dheireadh 2010, bhí os cionn 400 micrighineadóir nasctha leis an ngréasán, rud a chabhraigh le baint amach spriocanna tosaigh an tionscnaimh.
- → Is gné lárnach de thiomantas ESB Networks don inbhuanaitheacht is ea fócas ar an éifeachtúlacht lena gcuirtear a ghníomhaíochtaí gnó inmheánacha i gcrích. Beidh dhá thrian de sprioc inmheánach ESB Group maidir le laghdú $CO_2$ á sheachadadh ag ESB Networks, rud a éilíonn athrú cultúir do gach duine sa ghnóthas chomh maith le tabhairt isteach theicneolaíochtaí nua. Glacadh céimeanna suntasacha in 2010 chun an tiomantas seo a chomhlíonadh, go háirithe maidir le saincheisteanna a bhain le foirgnimh, cabhlach agus an comhshaol. Cuireadh Córas Bainistíochta Comhshaoil i bhfeidhm go rathúil go caighdeán ISO 14001. Tá laghdú 14% bainte amach i lorg carbóin na nGréasán, i gcoinne bhunlíne 2006 go dtí seo.

## Réiteach don Bhliain Nua



Thit líne i gCeantar an Chabháin Oíche Chinn Bhliana. Bhí briseadh sa soláthar do timpeall 200 custaiméir mar thoradh air seo. Bhí an teocht go maith faoi bhun náid, agus mar sin, bhí lóid níos airde ná mar is gnách ar ár ngréasáin. Triúr dár dteicneoirí atá bunaithe i gCabhán a bhí i mbun athchur an tsoláthair. Bhí an fhoireann oibre a bhí i gceist ag obair ó 7.30pm go dtí 2.00am, in aimsir fhuar, oighreach, go dtí go raibh an soláthar faighte ar ais ag gach custaiméir. Ní roghnódh aon duine tús a chur leis an Athbhliain agus iad ag obair sa dorchadas i dteocht faoina náid, ach tá ár bhfoireann oibre túslíne tiomanta do riachtanais ár gcustaiméirí a chomhlíonadh aon uair a bhíonn gá lenár seirbhísí.

# 40,000km

**Fad an ghréasáin a tiontaíodh ó oibriú 10kV go 20 kV faoi dheireadh 2010**

**Bhí caillteanas 75% i gcoigiltis agus coigilteas 173,000 tona $CO_2$ mar thoradh air seo.**

Chun léargas mionsonraithe a fháil ar fheidhmíocht airgeadais ESB Networks, féach leathanach 81

## Seirbhís do chustaiméirí a sholáthar go héifeachtúil

Chuir an Plean um Sheirbhís do Chustaiméirí a Fheabhsú ag ESB Networks an fócas ar fáil in 2010 chun feabhsúchán de bhreis a bhaint amach i gcaighdeáin seachadta seirbhíse do chustaiméirí. Cuireadh tionscnamh “Tosú ag an Tús” i bhfeidhm i rith 2010, a bhí gach ball foirne ar fud an ghnóthais páirteach ann. Tá feabhas tagtha ar sheachadadh na gclár oibre tógála agus cothabhála mar thoradh ar an tionscnamh seo, agus chabhraigh sé sin le tionchar na hoibre ar leanúnachas soláthair chustaiméirí a laghdú.

Bhí an fheidhmíocht leanúnachais fhoriomlán a baineadh amach in 2010 sásúil arís. Mar sin féin, mar gheall ar an aimsir gharbh i rith mhí na Samhna agus mí na Nollag, bhí an toradh deiridh beagán níos ísle (síos 3.5%) i gcomparáid le toradh na bliana 2009. D'fhonn cuidiú le custaiméirí gnó a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an gcúlú eacnamaíochta orthu, tugadh isteach scéim go luath sa bhliain 2010 a fhreastalaíonn ar chustaiméirí a lorgaíonn laghdú ar leibhéal cumais naisc chonraithe (MIC), rud a laghdaíonn na táillí leanúnacha a ghearrtar orthu.

Thug an suirbhé ar shásamh custaiméirí 2010, a mhéadaíonn gach gné de sheirbhísí ESB Networks, figiúr de bhreis agus 78% (meánleibhéal sásaimh iomlán ar fud gach réimse seirbhísí), an líon is airde riamh a baineadh amach ó cuireadh tús leis an suirbhé. Bhí rátaí freagartha teileafóin do chustaiméirí san Ionad Teagmhála Náisiúnta do Chustaiméirí (NCCC) fós ar chaighdeán den scoth.

## Ár nDaoine

Beidh rathúlacht straitéis ESB Networks ag brath ar gach duine a bheith ag obair le chéile chun na gnéithe éagsúla a sheachadadh.

## Is léiriú ar thiomantas gach duine a oibríonn sa ghnóthas é a laghad cur isteach ar chustaiméirí a tharla mar thoradh ar an aimsir, chomh maith le caighdeán na n-infheistíochtaí sócmhainne a rinneadh le blianta beaga anuas.

Tá straitéis Acmhainní Daonna an ghnóthais comhlínithe leis an straitéis ghnó foriomlán, agus tacaíonn sé leis an ngnóthas feidhmíocht a bhrú chun cinn. Beidh fás agus forbairt fhoireann ESB Networks ina ghné lárnach de chur i bhfeidhm na straitéise seo. Le linn 2010 d'oibrigh an gnóthas go crua chun na hinniúlachtaí agus na scileanna a theastaíonn ón bhfoireann chun oibriú go héifeachtúil a bhaint amach leo.

Tá sprioc ag ESB Networks gan aon ghortuithe a bheith ag tarlú in aon cheann d'oibríochtaí agus de ghníomhaíochtaí an ghnóthais, bunaithe ar an tuairim gur féidir gach gníomh agus teagmhas baolach a sheachaint. Tá clár ceannaireachta sábháilteachta curtha i bhfeidhm ar fud an ghnóthais agus éilíonn sé seo ar an bhfoireann oibre agus ar chomhpháirtithe conartha an leibhéal céanna caighdeáin sábháilteachta a bhaint amach thar gach réimse gníomhaíochta.

**Feidhmíocht Mhionsonraithe na nAonad Gnó (ESB Electric Ireland) thíos-**

# AN FHÍS

**is í an fhís atá ag ESB Networks ná a bheith ina ghnóthas gréasáin inbhuanaithe den scoth.**

## Tosaíochtaí don bhliain 2011

Agus muid ag breathnú chun cinn ar 2011 agus ina dhiaidh sin, seo a leanas cúig cinn de na príomhthosaíochtaí a bheidh againn:


1. **Sábháilteacht**. Is rud tábhachtach don ghnó í seo i gcónaí, agus is amhlaidh a bheidh amach anseo.
2. **Seirbhís do chustaiméirí**. Beidh seirbhís den scoth do chustaiméirí fós mar phríomhchuspóir gnó sna blianta amach romhainn.
3. **Sláinte airgeadais**. Sna coinníollacha eacnamaíochta reatha, tá staid sláintiúil airgeadais ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla atá roimh an ngnóthas. Chuige seo, ní mór na spriocanna rialála i gcomhair na blianta 2011 go dtí 2015, agus na blianta sin san áireamh, a bhaint amach, amhail an chomhaontaithe le CER agus ní mór cultúr éifeachtúil maidir le héifeachtacht costais a chothabháil freisin.
4. **Infheistíocht éifeachtúil**. Is fearr a chosnófar inmharthanacht fadtéarmach agus sláinte airgeadais an ghnóthais trí sheachadadh an chláir infheistíochta caipitil arna aontú leis an Rialtóir. Beidh sé seo ina leas do gach custaiméir leictreachais, chomh maith le sócmhainn fhadtéarmach a sholáthar don tír a theastaíonn le haghaidh téarnamh eacnamaíochta.
5. **Gréasáin inbhuanaithe**. In 2011 leanfaidh ESB Networks ar aghaidh le cur i bhfeidhm réimse leathan cláir, lena n-áirítear an tionscadal don Mhéadrú Cliste, raon tionscnamh don Ghréasán Cliste, clár chun lorg carbóin inmheánach an ghnóthais a laghdú tuilleadh agus nascadh ghineadóirí gaoithe breise leis na gréasáin leictreachais.

# ESB ELECTRIC IRELAND

**Ó Aibreán 2011 ar aghaidh, tá fuinneamh nua ag Éire de thoradh ar sheoladh ESB Electric Ireland, a bhfuil sé ar a chumas anois taraifí iomaíocha, neamhrialaithe a thairiscint do gach úsáideoir leictreachais agus gáis chónaithe i bPoblacht na hÉireann agus gach úsáideoir gnó sa Tuaisceart agus sa Deisceart.**



## Feidhmíocht ESB Electric Ireland i gcoinne phríomhtháscairí feidhmíochta




## Forbhreathnú


Bunaíodh ESB Electric Ireland in 2010 mar an t-aon ghnóthas soláthair amháin atá ag an ESB agus cuimsíonn sé ESB Independent Energy(ESBIE) Customer Supply agus Energy Services. D'ardaigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) srianta imhfhálaithe idir ESBIE agus Customer Supply tar éis dhírialú iomlán ar an margadh gnó i nDeireadh Fómhair 2010. Tá ESB Electric Ireland fós imfhálaithe ó ESB Power Generation agus ó ESB Networks.

Cé go raibh an margadh miondíola leictreachais i bPoblacht na hÉireann oscailte d'iomaíocht ón mbliain 2000 (gnó) agus 2005 (cónaithe) i leith, d'athraigh cúrsaí go mór nuair a tháinig Bord Gáis Energy agus Airtricity isteach sa mhargadh cónaithe in 2009. Rinne os cionn 700,000 custaiméir a soláthraí a athrú faoi dheireadh na bliana 2010. Tá sciar ESB den mhargadh cónaithe imithe faoi 60% anois. Bunaithe air seo agus ar thiomantas ESB athbhrandú a dhéanamh ar a ghnóthas soláthair, tá CER tar éis a dhearbhú nach ndéanfar rialáil ar tharaifí don mhargadh cónaithe ón 4 Aibreán 2011 ar aghaidh. Is cloch mhíle shuntasach í seo do ESB, agus tá ESB Electric Ireland ag súil go mór lena bheith ag oibriú i margadh atá iomaíoch go hiomlán, chun sochair a chustaiméirí fuinnimh go léir.

Bhí athbhrandáil ar ghnóthais soláthair ESB ar cheann de roinnt coinníollacha a bhí i gceist do ESB chun saoirse rialála a fháil chun dul in iomaíocht sa mhargadh cónaithe.

Tagann ESB Electric Ireland i gcomharba ar na brandaí ESB Customer Supply agus ESB Independent Energy. Coinneoidh ESB Group, ESB Networks agus ESB Energy International a n-ainmneacha branda agus a n-aitheantais reatha.

**Sciar ESB Electric Ireland den Mhargadh - Uile-Oileáin**




Léiríonn "Electric Ireland" oidhreacht ESB agus cuireann sé fuinneamh dearfach in iúl a bheidh ag brú ár ngnóthas chun cinn chun ár seasamh mar sholáthraí ceannasach i margaí fuinnimh na hÉireann a choinneáil. Seoladh an branda nua in Aibreán 2011 agus cuirfear i láthair é mar bhranda dúbailte ESB Electric Ireland go dtí mí na Nollag 2011.

Faoin ainm branda nua, leanfaidh ESB Electric Ireland ag seachadadh an caighdeán seirbhíse ar a bhfuil taithí ag custaiméirí ESB. Cuirfidh sé le hoidhreacht ESB mar sholáthraí fuinnimh iontaofa agus gairmiúil agus leanfaidh sé ag cur réitigh fuinnimh nuálacha ar fáil do chustaiméirí, ag cur luach agus rogha den scoth ar fáil dóibh.

## Timpeallacht oibriúcháin agus toradh airgeadais

Bhí caillteanas oibriúcháin iomlán de €43 milliún ag ESB Electric Ireland in 2010, sin laghdú de €15 milliún ar chaillteanas 2009. Ba é an laghdú suntasach ar an sciar den mhargadh ó thús 2009 ar aghaidh, a laghdaigh an ollchorrlach, ba chúis le cuid mhaith de na caillteanais a tharla le dhá bhliain anuas. Bhain caillteanais airgeadais do ESB Electric Ireland ar fhálta a cuireadh i bhfeidhm chun leictreachas mórdhíola a cheannach. Áirítear costais drochfhiacha níos airde ná na blianta roimhe sin agus costais athstruchtúraithe gnó i gcaillteanas 2010 freisin. Tá laghdú costais leanúnach agus feabhsúchán feidhmíochta mar phríomhthosaíocht don ghnó chun filleadh ar bhrabúsacht.

Tá dúshláin suntasacha ann don ghnó mar thoradh ar an gcor chun donais eacnamaíochta, go háirithe maidir leis an méid ama a thógann sé chun fiacha a bhailiú. Agus ESB Electric Ireland ag obair go fíor-onnghníomhach le cinntiú go ndéantar fiacha a bhailiú sa timpeallacht deacair eacnamaíochta seo, chuathas i mbun rannpháirtíochta freisin le roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear Cumann Naomh Uinseann de Pól, an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS) agus gníomhaireachtaí eile chun tacú le custaiméirí a bhfuil deacrachtaí acu maidir le hinacmhainneacht fuinnimh agus leo siúd a bhfuil riachtanais speisialta orthu. Bhí cláir aisíocaíochta fiachais, faisnéis maidir le buiséadú le haghaidh costais leictreachais agus comhairle maidir le conas fuinneamh a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí i gceist anseo.

# Faoin ainm branda nua, leanfaidh ESB Electric Ireland ag seachadadh an caighdeán seirbhíse ar a bhfuil taithí ag custaiméirí ESB.

## Ár straitéis

**1** Is é cuspóir straitéiseach ESB Electric Ireland ná a bheith ar an soláthraí ceannasach i margadh na hÉireann do sheirbhísí fuinnimh agus seirbhísí bainteacha. Bainfimid é seo amach trí tháirgí agus seirbhísí a fhreastalaíonn ar riachtanais na gcustaiméirí agus a chuireann luach ar airgead ar fáil, agus a chuireann seirbhís den scoth ar fáil do chustaiméirí.

**2** Táimid ag súil go mór leis an dúshlán a bheidh i gceist nuair a bheimid in ann dul san iomaíocht sa mhargadh cónaithe leictreachais ar bhonn oscailte cothrom, agus tairbhí a chur ar fáil do chustaiméirí le praghsanna iomaíocha, nuálaíocht ó thaobh táirgí de agus seirbhísí fuinnimh d'ardchaighdeán.

**3** Tháinig ESB Electric Ireland isteach sa mhargadh gáis cónaithe in Aibreán 2011, agus cuirfidh sé réimse taraifí leictreachais agus dúbailte iomaíocha ar fáil. Leanfaimid freisin ag forbairt ár réimse de tháirgí agus seirbhísí éifeachtachta fuinnimh.

## Seirbhís do chustaiméirí agus táirgí atá á dtairiscint

Le linn 2010, lean ESB Electric Ireland ag tabhairt tús áite do sheirbhís chustaiméara den scoth, go háirithe mar gheall ar an mbrú atá ar ár gcustaiméirí mar gheall ar an staid eacnamaíoch in Éirinn.
Caitheadh 2010 ag réiteach an ghnóthais le haghaidh Aibreán 2011 nuair a tugadh cead dúinn dul san iomaíocht sa mhargadh leictreachais cónaithe agus le haghaidh ár dteacht isteach sa mhargadh gáis cónaithe. Is iad gnéithe lárnacha ár straitéis iomaíoch ná seirbhís do chustaiméirí, luach ar an airgead agus feidhmíocht airgeadais.

Ó Dheireadh Fómhair 2010, sheol an ESB Electric Ireland praghasphleananna nua do mhargadh dírialaithe gnó Phoblacht na hÉireann, a bhí dírithe go príomha ar earnáil na ngnóthas beaga. Cuireann ESB Electric Ireland tairiscintí praghais agus comhairle ghairmiúil ar fáil chun freastal ar riachtanais gnó fhiontair bheaga.

Tá ESBEI ag coinneáil suas an seasamh láidir atá aige in earnáil margaí gnó Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann in ainneoin méadú suntasach a bheith tagtha ar leibhéal na hiomaíochta. Is custaiméirí le lódfhactóir ard is mó atá sa chuid seo den mhargadh, agus soláthraíonn an chuideachta seirbhís custaiméirí atá oiriúnaithe dóibh, a fhaigheann tacaíocht ó réimse réitigh maidir le héifeachtacht fuinnimh.

I dteannta le tairiscintí praghais leictreachais iomaíocha, seoladh trí tháirge éifeachtachta fuinnimh nua in 2010:


- Tá ESB Electric Ireland ag tairiscint "ionad ilfhreastail", Seirbhís Suiteála HALO, do theaghlaigh anois. Ní hamháin go gcuirfimid comhairle agus meastachán ar fáil maidir le réimse bearta éifeachtachta fuinnimh agus bearta micri-inathnuaite, ach is féidir linn an raon iomlán suiteálacha a chlúdaíonn na bearta go léir a fhaigheann cúnamh deontais ar nós insliú tí, uasghrádú coire gáis, caidéil teasa agus painéil ghréine, a dhéanamh.

- Sheol ESB Electric Ireland gléas iniúchta éifeachtachta fuinnimh nua ar líne don bhaile, an Draoi Fuinnimh. Cuireann an Draoi Fuinnimh sraith cheisteanna agus nuair a fhreagraítear iad sin forbraíonn sé moltaí faoi leith do gach teach. Cuireann na moltaí seo costais, deontais atá ar fáil agus coigiltis in iúl. Tá an Draoi Fuinnimh aitheanta go forleathan mar uirlis nuálach atá furasta le húsáid, agus bhain sé amach gradam cré-umha i nGradam Digiteach 2011 don "Taithí Úsáideora is Fearr".

- Cuireann ár siopa nua ar líne (www.esbstore.ie) réimse de tháirgí éifeachtacht fuinnimh ar fáil. D'oibríomar le déantúsóirí agus soláthraithe ceannasacha
chun réimse táirgí praiticiúla a shábhálann fuinneamh a chur ar fáil dár gcustaiméirí. I measc na dtáirgí tá Baile Teolaí, Sábháilteacht sa Bhaile, Soilsiú a Spárálann Fuinneamh, Táirgí don Ghairdín
agus Allamuigh, Insliú agus Táirgí Ionadúla agus Faiseanta.

Tá sé fós ar an tosaíocht is mó do ESB Electric Ireland seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar. Sháraigh an tIonad Teagmhála Náisiúnta do Chustaiméirí a spriocanna seirbhíse arís eile agus d'éirigh leis a chreidiúnú a choinneáil faoi Chaighdeán Leasaithe Domhanda Chumann na nIonad Teagmhála Custaiméirí. Chomh maith leis sin, leanamar ag soláthar leibhéil seirbhíse ar aon dul

**An Lárionad Náisiúnta Teagmhála Custaiméirí ag sárú spriocanna**




lenar gCairt Chustaiméirí agus lenar gCóid Cleachtais maidir le Seirbhís do Chustaiméirí.

## Tacaíocht sa phobal

Tá ESB Electric Ireland páirteach i roinnt urraíochtaí a thacaíonn leis an bpobal agus a chuireann gníomhaíochtaí tábhachtacha cosúil le ceol agus spórt chun cinn. Áiríodh le buaicphointí na bliana 2010 Craobh Mionúr Peile/ Iomána CLG ESB, Feis Ceoil, Electric Picnic, Deireadh na Seachtaine Cuir Aithne ar do Chomharsa Macra na Feirme, Sraith Bhaile Fhoireann Rugbaí na hÉireann faoi 20 bliain, Hacaí na mBan agus na gCailíní.

Bíonn ESB Electric Ireland ag obair go dlúth leis an gcarthanacht Age Action freisin agus tá sé ina urraí ar Sheachtain an Aosaithe Dhearfaí.

## Tionscnaimh Inbhuanaitheachta

Tá ESB Customer Supply ag obair le custaiméirí le blianta fada le cabhrú leo a n-úsáid leictreachais a laghdú agus luach níos fearr a fháil óna n-ídiú leictreachais. Leanadh ar aghaidh leis seo i rith 2010, agus chabhraigh ESB Electric Ireland le custaiméirí níos mó ná 150 GWh leictreachais a spáráil. Is ionann é seo agus laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ de 80,000 tona. Baineadh an méid seo amach trí tháirgí

# 150GWh

**an méid leictreachais a chabhraigh ESB Electric Ireland le custaiméirí a spáráil. Is ionann é seo agus laghdú 80,000 tona in astaíochtaí CO2.**

Dia dhuit a Dolores,
Go raibh míle maith agat as ucht do fhreagra. Gabhaim leithscéal ó chroí as ucht na moilleanna i m'íocaíochtaí agus tá mé fíor-bhuíoch as an tuiscint agus solúbthacht a léirigh tú. Maidir le Mhárta, níl sé faighte agam go fóill. Tá mé tar éis clárú le esb.ie chun go mbeidh sé níos furasta súil a choinneáil ar mo bhillí agus chomh luath is a bheidh gach íocaíocht glanta agam eagróidh mé dochar díreach chun billí a íoc go huathoibríoch amach anseo.
Is é an léamh méadair maidir inniu ná 23,949.0 agus níl mé cinnte cén mhéid de bhreis atá dlite daoibh féin.
Mar a dúirt mé, íocfar mé an 12 Aibreán agus is féidir liom ráthaíocht a thabhairt gur féidir liom an méid thar téarma de €108 agus cibé táillí a ghearrtar i mbille Mhárta a ghlanadh.
Arís, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat as do thairiscint plean íocaíochta a leagan amach dom, ach os rud é go n-íoctar mé go míosúil, ní mór plean íocaíochta a bheith ar bhun míosúil, agus an chéad lá eile a íocfar mé (12 Aibreán) glanfaidh mé m'fhiacha agus níos chóir go mbeadh plean íocaíochta ag teastáil uaim.
Dála an scéil, bheinn buíoch tá bhféadfá an méid sin a chur ar shúile do mhaoirseora nó do bhainisteora. Bhí mé an-tógtha leis an leibhéal cúraim do chustaiméirí agus leis an éifeachtacht a léiríodh agus mo chás á láimhseáil. Is ró-mhaith a thuigim na deacrachtaí a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí agus mothaím nach mbíonn daoine leath chomh tapa aird a a tharraingt ar dhea-thaithí is a bhíonn siad nuair is droch-thaithí atá i gceist. Bhí mise, amhail leath na tíre, ag smaoineamh ar mo sholáthraí leictreachais a athrú d'fhonn ráta níos saoire a fháil, ach tar éis na méide seo ní hamháin go mbeidh mé ag fanacht le ESB, ach beidh mé ag moladh na seirbhíse freisin.

Le buíochas,
Joanne, Luimneach

**Litir ó chustaiméir ag glacadh buíochais le Dolores Horan, Lárionad Náisiúnta Teagmhála Custaiméirí**

atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn agus le feachtais feasachta maidir le húsáid leictreachais. I measc na bhfeachtas seo cuireadh soilsiú chun cinn, tugadh comhairle maidir le héifeachtacht fuinnimh agus cuireadh uirlisí gréasáin ar fáil lena n-áirítear "Áireamh Fearas" agus uirlis iniúchta baile nua, an "Draoi Fuinnimh.

Is urraitheoir é ESB ar Cúl Green, clár inbhuanaitheachta do Pháirc an Chrócaigh. An staidiam a bheith neodrach ó thaobh an charbóin de faoin mbliain 2014 is ea an sprioc. Bronnadh teastas ar an staidiam faoi ISO 14001 sa bhliain 2009 ó thoradh an chláir fheabhsaithe comhshaoil i leith fuinnimh, dramhaíola agus uisce. In 2010, bhí Páirc an Chrócaigh ar an gcéad staidiam sa domhan a bhain amach deimhniúchán BS8901. Bhuaigh Páirc an Chrócaigh an duais don tionscnamh inbhuanaitheachta Cúl Green ag Gradaim Gnó na Staidiam i Meitheamh 2010 - "mar gheall ar a ról ceannasach maidir le bainistíocht comhshaoil staidiamaí ar fud an domhain."

Tá sé beartaithe Méadrú Cliste a thabhairt isteach, agus cuirfidh sé seo ar chumas úsáideoirí leictreachais an úsáid a bhaineann siad as leictreachas a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Beidh leas ann i dtéarmaí costais agus don chomhshaol trí chéile. Tá ról ceannasach ag ESB Electric Ireland maidir leis an teicneolaíocht seo a mheasúnú agus a rolladh amach, chun an leas is mó a bhaint amach dár gcustaiméirí. I rith 2010, cuireadh trialacha iompair maidir le Méadrú Cliste i gcrích ina raibh os cionn 4,000 custaiméir ag glacadh páirte. Tástáladh iompar na gcustaiméirí le réimse taraifí bunaithe ar am na húsáide. Sholáthair sé seo eolas níos fearr agus níos minice ar úsáid agus ar chostais leictreachais, le roinnt custaiméirí ag fáil scáileán taispeána sa bhaile. Déanfaidh CER anailís agus breithniú ar na torthaí anois.

## Athbhreithniú sábháilteachta

Leanann ESB Electric Ireland ag tabhairt tosaíochta do shábháilteacht agus do shláinte chun ár sprioc maidir le háit oibre saor ó dhíobháil a bhaint amach. Ní raibh aon Ghortuithe ar Cailleadh Am Leo (LTI) sa ghnó in 2009, tar éis trí cinn a bheith ann in 2009.

Cuireadh clár suntasach um Shláinte agus Shábháilteacht a Fheabhsú i bhfeidhm i rith 2010, lena n-áirítear measúnuithe foirmiúla sa tSraith Measúnuithe Sláinte agus Sábháilteachta Gairme, clár cuimsitheach iniúchta agus athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht. Leagadh béim níos mó ar shláinte agus leas na mball foirne i rith 2010.

**Feidhmíocht Mhionsonraithe na nAonad Gnó**
**(ESB Energy International) thíos**

Chun léargas mionsonraithe a fháil ar fheidhmíocht airgeadais ESB Electric Ireland, féach leathanach 81

## Súil chun cinn

Tá ESB Electric Ireland ag tabhairt aghaidh ar thodhchaí spreagthach agus dúshlánach, ina mbeidh margaí fuinnimh iomaíoch go hiomlán. Táimid ag súil go mór lena bheith ábalta dul in iomaíocht go hiomlán i margaí cónaithe ó Aibreán 2011 ar aghaidh, ag cur luach agus rogha níos fearr ar fáil do chustaiméirí. Aithnímid ár ról lárnach freisin maidir le réiteach a fháil do na dúshláin atá in Éirinn de thoradh athrú aeráide.

Is iad seo a leanas seacht phríomhthosaíocht ESB Electric Ireland:


1. Freagra éifeachtach a thabhairt ar dhírialú an mhargaidh cónaithe agus gnó.
2. Leanúint ag cur seirbhís den scoth ar fáil do chustaiméirí agus táirgí nua a thairiscint lena n-áirítear gás, chun riachtanais ár gcustaiméirí a chomhlíonadh.
3. Branda ESB Electric Ireland a chur chun cinn mar bhranda soláthair fuinnimh ceannasach in Éirinn.
4. Leanúint ag díriú ar á mbonn costas, chun a chinntiú go bhfuil bonn costas iomaíocht ag ESB Electric Ireland i bhfianaise an laghdaithe shuntasaigh ar ár sciar den mhargadh.
5. Leanúint ar aghaidh ag obair le custaiméirí chun aisíoc fiacha a bhainistiú sa timpeallacht eacnamaíochta reatha.
6. Féachaint ar bhealaí nua le cur le spriocanna na hÉireann maidir le héifeachtacht fuinnimh, a chabhróidh le daoine a dtithe agus a ngnóthaí a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh.
7. Oibriú i dtreo baint na srianta imfhálaithe reatha le go mbeidh ESB in ann oibriú ar an mbealach céanna lena chuid iomaitheoirí.

# ESB ENERGY INTERNATIONAL

Tá misean ag ESB Energy International punann láidir sócmhainní fuinnimh a fhorbairt don todhchaí, agus déanann sé iarracht cruth a chur ar thimpeallachtaí margaidh, rialála agus iomaíocha, arna dtacú ag an innealtóireacht is fearr san aicme, bainistíocht tionscadail, sábháilteacht agus cumas bainistíochta riosca teicniúil.



## Feidhmíocht ESB Energy International i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta




## Forbhreathnú

Mar chuid d'atheagrú foriomlán, chomhcheangal ESB an trí ghnóthas a bhaineann le giniúint (ESB Power Generation, ESB International agus ESB Renewables) in aonad gnó amháin, ar a dtugtar ESB Energy International (ESBEI). Cuimsíonn an rannán seo gnóthais Generation agus Engineering Services ESB anois.

Déanann an gnóthas Generation infheistíocht in, agus bainistíonn agus oibríonn sé punann giniúna cumhachta ESB. Tá 5.6GW giniúna ag ESB faoi láthair atá scaipthe thar réimse leathan breoslaí agus teicneolaíochtaí dá bhfuil 4.5GW sa Mhargadh Aonair Leictreachais (SEM). Tá thart ar 76% den phunann SEM rialaithe agus tá gá le bainistiú ar leithligh a dhéanamh air seo ón ngnóthas neamhrialaithe (ESB Independent Generation).

Is é ESB International Engineering Solutions (an chuid de ESBEI a sholáthraíonn seirbhísí innealtóireachta) a sholáthraíonn seirbhísí innealtóireachta, comhairliúcháin agus bainistíochta sócmhainní do ESB Group agus do chliaint eile, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

## Timpeallacht oibriúcháin agus toradh airgeadais

**Giniúint - Oibriúcháin**

Bhí feidhmíocht oibriúcháin ESBIE in 2010 i gcomhthéacs thimpeallacht oibriúcháin dúshlánach, ós rud é go raibh cúlú eacnamaíochta in Éirinn agus thar lear. Tá laghdú tagtha ar an éileamh ar leictreachas ar fud an SEM, mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta. Tá an laghdú seo, chomh maith le praghsanna tráchtearraí laga agus cumas giniúna méadaithe agus iomaíocht sa mhargadh giniúna, tar éis corrlach brabúis a laghdú.

In ainneoin na timpeallachta oibriúcháin deacair, lean punann giniúna ESBEI ag trádáil go héifeachtúil. San iomlán - ag tógáil punanna rialaithe agus neamhrialaithe san áireamh - bhí 47% den mhargadh giniúna ag ESB in 2010.

## I measc na n-imeachtaí lárnacha in 2010, bhí:

### Punann Rialaithe

- Críochnaíodh Tionscadal Iarfheistithe Comhshaoil Ghob na Muine. Beidh laghdú suntasach ar astuithe Ocsaíd de Nítrigin (NOx), Dé-ocsaíd Sulfair (SOx) agus dusta ón ngléasra de bharr an tionscadail seo.
- Chuaigh an gléasra Giniúna Comh-Thimthriallach san Áth Fhada i gCorcaigh i mbun ghníomhaíochtaí tráchtála in Aibreán na bliana 2010.
- Scoireadh an ghiniúint i ngléasra Teirmeach 510MW an Phoill Bhig tar éis beagnach daichead bliain oibríochta.
- Dhíol an Punann Rialaithe 1.4TWh de Chonarthaí le haghaidh Difríochtaí (CfD) le soláthraithe incháilithe sa mhargadh mórdhíola faoi mar a threoraigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER).
- I bpróisis ar leithligh, cuireadh 3.3 TWh breise de CFDanna neamh-threoraithe ar ceant agus díoladh 2.7 TWh de chonarthaí a thug tacaíocht d'Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí freisin.
- Ba é an tionchar a bhí líon iomlán na CFDanna a díoladh ná líon suntasach cumhachta ar phraghas seasta a thairiscint do na cuideachtaí eile ar an margadh.

### Punann Neamhrialaithe

- Fuair an Punann Neamhrialaithe sochar ó infheistíochtaí a rinneadh le blianta beaga anuas chomh maith le cumas gaoithe nua de 90 MW in 2010, rud a thugann an punann gaoithe iomlán san Eoraip go 235MW.
- Ba í 2010 an chéad bhliain oibriúcháin iomlán a bhí ag Marchwood Power, gléasra Gástuirbín Comh-Thimthriallach (CCGT) 842MW atá lonnaithe i Southampton, sa Ríocht Aontaithe. Tá conradh iomlán ag an ngléasra do sholáthair gáis agus do cheannach cumhachta faoi chomhaontú tollta chomhpháirtí comhfhiontair ESB, Scottish & Southern Energy. Bhí bliain den scoth ag an ngléasra, agus bhain sé amach meánleibhéal infhaighteachta de 95%. Bhí bliain rathúil freisin ag sócmhainní tollta eile ESBEI (Amorebieta, sa Spáinn agus Corby Shasana).
- Lean ESB ag forbairt a chumas trádála agus bainistíochta riosca trí dhul i mbun gnó trádála gáis agus leictreachais chun tacú le dul isteach i margadh giniúna leictreachais na Breataine, mar atá beartaithe.

**ESB International Engineering Solutions – Oibriúcháin**

In ainneoin droch-thimpeallacht eacnamaíochta leanúnach go náisiúnta agus ar fud an domhain, bhí feidhmíocht Engineering Solutions an-láidir in 2010.

Leanadh leis an tacaíocht innealtóireachta agus an tacaíocht bainistíochta tionscadal le haghaidh straitéis forbartha gaoithe ESB, agus tosaíodh ar an tógáil ar cheithre fheirm ghaoithe nua i rith na bliana. Chuir an gnóthas tacaíocht ríthábhachtach ar fáil freisin do thionscadail chaipitil giniúna in Áth Fhada agus i nGob na Muine, cumasú oibreacha suímh agus réiteach conartha don ghléasra nua 860MW CCGT atá molta ag Carrington in aice le Manchain, An Ríocht Aontaithe, agus do ollchóiriú mórghléasraí éagsúla. Cuireadh tacaíocht

**ESBI Engineering Solutions - Oibriúcháin Dhomhanda ón mbliain 2000 i leith**



ar fáil freisin maidir leis an réimse leathan de thionscadail tarchurtha agus dáilte a chomhlánaíonn clár infheistíochta gléasra 2006-2010, lena n-áirítear an dara céim de scéim treisithe tarchurtha chuan Chorcaí.

Cuimsíonn an gnóthas comhairliúcháin sheachtraigh cliaint sa bhaile agus thar lear. Cé go bhfuil an timpeallacht gnó níos dúshlánaí anois, tá tionscadail suntasacha thar sáile ar siúl faoi láthair sa Bhairéin, sa Tansáin, i Vítneam agus sa Rómáin.

Bhí bliain an-rathúil eile ag Rannán Oibríochtaí agus Cothabhála ESB International Engineering Solutions le hinfhaighteacht agus éifeachtúlacht láidir fós ag gléasraí aonair. Bhí os cionn 5,700MW cumais faoi bhainistíocht ag an ngnóthas ar fud an domhain in 2010.

## Ár straitéis

Is é an Misean atá ag ESBEI ná Réitigh Fuinnimh a chur ar fáil le haghaidh Domhain Inbhuanaithe. Tá sé d’aidhm againn a bheith inár n-imreoir tosaigh sna margaí fuinnimh iomaíocha ina n-oibrímid agus luach a chur ar fáil dár scairshealbhóirí agus dár gcustaiméirí. Is í an straitéis atá againn chun an aidhm seo a sheachadadh ná:

**1** Feidhmíocht oibriúcháin a bhrú chun cinn trí thoradh agus feidhmíocht ár bpunann sócmhainní agus tuilleadh éifeachtúlachtaí a ghiniúint sa chaoi ina reáchtálaimid ár ngnóthas.

**2** Leanúint ag fás agus ag infheistiú inár bpunann, go háirithe trí fhorbairt a dhéanamh ar ár ngnóthas in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

**3** Punann giniúna ísealcharbóin cothromaithe a sheachadadh. Is í an aidhm atá againn ná ár ngnóthas fuinnimh inathnuaite a fhorbairt ionas go gcuimseoidh sé 33% d’ár bpunann giniúna agus go gcabhróidh sé le ESB laghdú 50% a sheachadadh in astaíochtaí carbóin san SEM faoin mbliain 2020.

**4** Seirbhísí agus Réitigh Innealtóireachta d’ardchaighdeán, atá éifeachtach ar an gcostas a sheachadadh do chliaint inmheánacha agus seachtracha.

## Infheistíocht agus Fás

### Athnuaiteáin

Tá ESBEI tiomanta do phunann giniúna cothromaithe ísealcharbóin a sheachadadh agus tá sé ag infheistiú go suntasacht i dteicneolaíochtaí inathnuaite le roinnt blianta anuas. Chuireamar 90MW de chumas oibriúcháin nua lenár bpunann giniúna gaoithe in 2010, mar thoradh ar choimisiúnú Garvagh Glebe (26MW), Tullynahaw (22MW), Crockagarren (15MW) agus Hunters Hill (20MW), agus fáil fheirm ghaoithe Mount Eagle (7MW). Tá punann gaoithe infheidhme de 235MW ag ESBEI anois.

Bhí cumas gaoithe breise de 96MW i mbun tógála ag deireadh na bliana. Fuair ESBEI na cearta don tionscadal forbartha Mynydd y Betws, in Carmarthenshire, Deisceart na Breataine Bige (44MW) agus leanann sé ag cur roinnt tionscadal nach bhfuil ach ina dtús chun cinn.

San earnáil fuinnimh aigéin, tá foireann Fuinneamh Aigéin ESB Energy International ag obair chun láithreáin a d’fhéadfadh a bheith go maith ó thaobh fuinneamh aigéin de a aimsiú ar fud oileán na hÉireann, leis an aidhm úsáid a bhaint astu seo chomh luath is a bhíonn teicneolaíocht na dtonn inmharthana. Tá sé i mbun comhpháirtíochta freisin le roinnt cuideachtaí éagsúla chun maoiniú NER300 a lorg chun teicneolaíochtaí aigéan a chur chun cinn.

### Idirnáisiúnta

Tar éis sheachadadh rathúil an tionscadail Marchwood CCGT ag Southampton sa Ríocht Aontaithe in 2009, tá ESBEI ag leanúint ag díriú ar dheiseanna sa Ríocht Aontaithe. Tá gach príomhchead agus príomhcheadúnas faighte ag an bhforbairt 860MW CCGT in Carrington in aice le Manchester, agus tá tairiscintí á ndéanamh faoi láthair maidir le gnéithe lárnacha den tógáil.

Rinne ESBEI comhaontú freisin in 2010 dul i mbun comhshocraíochta comhfhiontair le Energa, fóntas stát Polannach, chun gléasra CCGT tollta 860MW a fhorbairt. Tá an tionscadal sna luathchéimeanna forbartha agus táthar ag súil go mbeidh sé ag dul i mbun oibríochta tráchtála in 2016.

Rinne ESBEI Carbon Solutions a chéad infheistíocht chothromais in 2010 le críoch rathúil na caibidlíochta chun tionscadal hidreafhuinnimh 11.5MW a fhorbairt sa Mhalaeisia. Chomh luath agus a bheidh sé seo i mbun oibríochta, beidh ESBEI i dteideal sciar suntasach de na Laghduithe Deimhnithe Astuithe (CERanna) a thagann ón tionscadal.

## Bhí an-bhród ar ESBEI catagóir na gcuideachtaí móra a bhuachan ag Gradaim Cuideachta na Bliana CDP Engineers Ireland 2010.

### Noel Lafferty


Innealtóir Sibhialta, Dearadh Sreanga Lastuas, ESBI Engineering agus rannpháirtí sa Chlár Oiliúna do Chéimithe in 2010.



"Chuir an Clár Oiliúna do Chéimithe ardán den scoth ar fáil dom chun slí bheatha rathúil a thosú le ESB Energy International. Ba thabhairt isteach struchtúrtha a bhí ann, a chuidigh le céimithe tuiscint a fhorbairt ar na ranna agus na próisis oibre go léir atá laistigh den chuideachta, agus a thug an deis dóibh cairde a dhéanamh chomh maith. Tá an t-eolas a fhaightear úsáideach in obair laethúil, ó bhainistíocht ama agus tionscadail, go cloí le caighdeáin cáilíochta."

Tá sé d'aidhm ag ESB Energy International buanna na n-óg a lorg agus a spreagadh. Cuirimid forbairt na foirne chun cinn trí an gClár Oiliúna do Chéimithe. Tugann an cúrsa tosaigh seo léargas do fhostaithe nua ar an gcuideachta, ar na hearnálacha ina n-oibrímid, ar ár bpríomhchliaint, ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus ar na teicneolaíochtaí a úsáidimid. Is saineolaithe inmheánacha is mó a chuireann ar fáil é agus seachadtar é trí úsáid a bhaint as meascán idir foghlaim sa seomra ranga agus cuairteanna ar shuíomhanna.

**Píblíne agus Punann Giniúna na Breataine Móire agus SEM**




## Freagairt d'athrú

Tá athrú suntasach tagtha ar an timpeallacht ina bhfuil ESBEI ag feidhmiú le deich mbliana anuas, trí oscailt an mhargaidh, teacht SEM agus riochtaí iomaíocha agus eacnamaíocha athraithe.

Tá ESBIE tar éis freagairt do na hathruithe seo trí:

**Gníomhartha**

- → Infheistíocht a dhéanamh inár bpunann giniúna chun tacú lenár múnla gnó agus an chuideachta a réiteach do thimpeallacht níos iomaíche;
- → Aistriú go héifeachtach isteach san SEM;
- → Infheistíocht i nginiúint inathnuaite a mhéadú ar aon dul le treochtaí fadtéarmacha an mhargaidh agus ár straitéis laghdaithe carbóin;
- → Díriú ar éifeachtúlachtaí sa tslí ina reáchtálaimid ár ngnó a mhéadú, trí atheagrú agus struchtúir an ghnó a shimpliú; agus
- → Ár ngnóthas sa Ríocht Aontaithe, atá i mbun fáis, a mhéadú ar aon dul lenár n-uaillmhianta straitéiseacha.

Chun léargas mionsonraithe a fháil ar fheidhmíocht airgeadais ESB Energy International, féach leathanach 81

## Ár ndaoine

Tá ESBEI tiomanta do leas agus sábháilteacht ar bhfoireann oibre, ár gcustaiméirí agus an phobal níos leithne.

**Sábháilteacht**

Tá sábháilteacht ina luach lárnach ag ESBEI agus déanaimid ár ndícheall ár bhfoireann agus an pobal a choinneáil sábháilte i ngach rud a dhéanaimid. Tugadh faoi thionscnaimh sábháilteachta shonracha i rith na bliana a bhain feabhas suntasach amach inár bhfeidhmíocht sábháilteachta, le ESBEI ag tabhú 16 Ghortú ar Cailleadh Am Leo (2009: 39), 7 gcinn acu sin ag baint le foireann ESBEI agus 9 gcinn ag baint le conraitheoirí. Is í an sprioc atá againn ná é seo a laghdú a thuilleadh in 2011.

**Daoine**

Creideann ESBEI go bhfuil a fhoireann oibre lárnach do rathúlacht na cuideachta amach anseo. Faoi dheireadh 2010 bhí 2,100 ball foirne againn.

Spreagaimid athrú agus nuálaíocht agus déanfaimid iarracht ghníomhach dul i ngleic lenár bhfostaithe. Tá iarracht shuntasach déanta againn in 2010 maidir le forbairt na foirne chun freagra a thabhairt ar na hathruithe atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar mhéadú ar iomaíocht agus an timpeallacht eacnamaíochta dheacair. Táimid tiomanta do chumarsáid rialta, beartas cuimsitheachta agus spreagadh na héagsúlachta. In 2010 bhí ár gcéad seachtain Comhionannais agus Éagsúlachta ar siúl againn, agus beidh sí ina hócáid bhliantúil uaidh seo amach.

Tá sé d'aidhm againn buanna na n-óg a lorg agus a spreagadh agus reáchtálaimid cláir oiliúna san innealtóireacht agus sa chuntasaíocht. In 2010, d'fhostaíomar 23 ball foirne ar na cláir seo. Cuirimid socrúcháin d'obair samhraidh ar fáil freisin do scoláirí idirbhliana agus coláiste.

Bhí an-bhród ar ESBEI catagóir na gcuideachtaí móra a bhuachan ag Gradaim Cuideachta na Bliana CDP Engineers Ireland 2010.

## Ionchas i gcomhair 2011

Tá ESB Energy International ag súil le dúshláin leanúnacha i rith 2011, i margadh na hÉireann agus sna margaí thar lear araon. Sa chomhthéacs sin, seo a leanas príomhchuspóirí an ghnó in 2011:

1. Béim a choinneáil ar fheabhsuithe maidir le sábháilteacht, a bhfuil sé mar aidhm leo láthair oibre fholláin saor ó dhíobháil a chruthú agus a choinneáil.
2. Tuilleadh feabhsúcháin a sholáthar ar ár bhfeidhmíocht comhshaoil agus tabhairt faoi thionscnaimh inbhuanaitheachta eile lena n-áirítear deiseanna a aithint chun teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a fhorbairt.
3. Ár spriocanna rialála a bhaint amach maidir le sciar an mhargaidh.
4. Laghduithe costais suntasacha a sheachadadh tríd an gClár um Fheabhsú Feidhmíochta Corparáideach.
5. Leibhéil arda feidhmíochta gléasra a chothú trí oibríochtaí dea-chleachtais agus cothabháil agus trí chur i gcrích tráthúil forchóirithe ar ár ngléasra ag Poll Beag agus Cnoc Thurlaigh.
6. Leanúint ag déanamh infheistíochta inár bpunanna SEM agus GB, le béim ar ár bpunann giniúna inathnuaite a mhéadú tuilleadh, i dtreo sprioc fadtéarmach ESB, neodracht charbóin ghlan a bhaint amach.
7. Cur lenár gcumas trádála margaidh sa Ríocht Aontaithe.
8. Leanúint ag cur seirbhísí iomaíocha agus saineolais innealtóireachta ar fáil do ESB Group agus do chliaint sheachtracha agus ár gcuid sócmhainní thar lear a oibriú chun na caighdeáin is airde a bhaint amach.

# 03

# FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH

**FORBHREATHNÚ**

Tacaíonn ESB le forbairt inbhuanaithe sa tsochaí tríd an gcothromaíocht idir soláthar fuinnimh daingean agus na hiarmhairtí comhshaoil agus sóisialta a bhaineann leis a bhainistiú ar bhealach freagrach. Is é an prionsabal treorach nach ndéanfaí cumas na nglún le teacht a riachtanais féin a chomhlíonadh a chur in amhras mar gheall ar chomhlíonadh riachtanais na glúine seo. Léirítear úsáid fuinnimh don Ghrúpa in 2010 leis an rannán a leanas, chomh maith leis na tionscnaimh a ghlac an Grúpa chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus ár dtiomantas ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú in 2011.

**30%**

TÁ GEALLTANAS DÉANTA AG ESB NA NITHE A LEANAS A DHÉANAMH: ASTUITHE Ó GHINIÚINT A LAGHDÚ FAOI 30% FAOI 2012, FAOI 50% FAOI 2020 AGUS GO BONN NEODRACH Ó THAOBH CARBÓIN DE FAOI 2035

AG DEIREADH 2010 BHÍ ASTUITHE Ó GHINIÚINT LAGHDAITHE GO RATHÚIL AGAINN FAOI 30%

**30%**

IS É AN LAGHDÚ SPRICE SNA HASTUITHE CARBÓIN ÓNÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ GNÓ INMHEÁNACHA 30% FAOI 2012

AG DEIREADH 2010 BHÍ LORG CARBÓIN INMHEÁNACH ESB LAGHDAITHE FAOI 19%, I GCOINNE BUNLÍNE 2006. MAR GHEALL AIR SEO TÁIMID AR CHÚRSA AN SPRIOC 2012 A BHAINT AMACH.

## IONCHAS

Tá ESB ag déanamh a dhíchill le bheith ina chuid den réiteach maidir leis na dúshláin inbhuainaitheachta atá ós ár gcomhair inniu. Tá na hastuithe carbóin ónár ngníomhaíochtaí giniúna á laghdú againn chun ár spriocanna eatramhacha a chomhlíonadh in 2012 agus 2020, agus chun ár sprioc fadtéarma de ghiniúint neodrach ó thaobh carbóin de a chomhlíonadh. Tríd an teicneolaíocht is déanaí a úsáid agus táirgí agus seirbhísí atá tíosach ar fhuinneamh a thairiscint dár gcustaiméirí, tá an comhshaol á chosaint againn, tá iontaofacht á feabhsú againn agus táimid ag cuidiú lenár gcustaiméirí fuinneamh agus airgead a choigilt.



## Sa chuid seo


SPRIOCANNA ÁR N-IARRACHTAÍ INBHUANAITHEACHTA 40
ÁR GCAIRT INBHUANAITHEACHTA 41
ÚSÁID FUINNIMH IN 2010 42
GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH IN 2010 42
FEITHICLÍ LEICTREACHA 43
INBHUANAITHEACHT AGUS AN POBAL 43
ÁR NDAOINE 44




# INBHUANAITHEACHT AGUS FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH

## Réamhrá

Cuireann ESB le forbairt inbhuanaithe sa tsochaí tríd an gcothromaíocht idir slándáil fuinnimh agus na hiarmhairtí comhshaoil agus sóisialta a bhaineann le trasfhoimiú, soláthar agus úsáid fuinnimh ar bhealach freagrach. Is é an prionsabal treorach nach ndéanfaí cumas na nglún le teacht a riachtanais féin a chomhlíonadh a chur in amhras mar gheall ar chomhlíonadh riachtanais na glúine seo.

Tá ár straitéis agus ár ngníomhaíochtaí bunaithe ar rath gnó fadtéarmach a fhorbairt trínár bhforbairt tráchtála a chomhtháthú le léargais custaiméirí, srianta an chomhshaoil agus caidrimh le páirtithe leasmhara.

## Inbhuanaitheacht


### Spriocanna

- → Le cinntiú go ndéanaimid úsáid as acmhainní fisiceacha ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir agus gan damáiste do shláinte dhaonna ná don chomhshaol;
- → Cultúr inbhuanaitheachta láidir a fhorbairt laistigh den eagraíocht chun ár straitéisí, infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí oibríochtúla a threorú agus a chruthú;
- → Brabúsacht fhadtéarmach an ghnó a thacú;
- → Ár ngníomhartha a thuairisciú ar bhealach follasach oscailte agus freagairt ar aiseolas a fhaightear.

In 2009, d'fhoilsigh ESB a chéad Tuarascáil Inbhuanaitheachta agus tá sé de rún againn leanúint lenár bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta a thuairisciú go poiblí ar bhonn bliantúil. Déanfar an Tuarascáil Bhliantúil seo a chomhlánú le Tuarascáil Inbhuanaitheachta 2010 agus soláthrófar cuntas mionsonraithe leis ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne ár spriocanna inbhuanaitheachta in 2010. Is féidir teacht ar ár dtuarascálacha ar www.esb.ie.

Déan Tuarascáil Inbhuanaitheachta 2009 a íoslódáil ó www.esb.ie

**Todhchaí Inbhuanaithe a Chruthú do na Glúine atá le Teacht**




> Tá ESB ag déanamh a dhíchill le bheith ina chuid den réiteach maidir leis na dúshláin atá ós ár gcomhair inniu agus tá ESB tiomanta do dhúshláin um fhuinneamh agus um an gcomhshaol a chomhlíonadh, trí chomhcheangal de chláir éifeachtachta fuinnimh agus teicnící nua.

## Cairt Inbhuanaitheachta

Tá ESB tiomanta do dhúshláin um fhuinneamh agus um an gcomhshaol a chomhlíonadh, trí chomhcheangal de chláir éifeachtachta fuinnimh agus teicnící nua a chur i bhfeidhm. Ligtear dúinn le teicnící nua leictreachas a ghiniúint agus seirbhísí fuinnimh a sholáthar ar bhealach níos inbhuanaithe, agus tugtar cumas do chustaiméirí leis na teicneolaíochtaí atá á bhforbairt againn a n-úsáid fuinnimh a bhainistiú agus a rialú ar bhealach inbhuanaithe. Tá ár seirbhísí fuinnimh á bhfairsingiú againn chun cláir éifeachtachta fuinnimh a sholáthar do chustaiméirí lena soláthrófar roghanna breise agus bainistíocht níos fearr ar a gcostas fuinnimh.

Tá ESB ag déanamh a dhíchill le bheith ina chuid den réiteach maidir leis na dúshláin atá ós ár gcomhair inniu. Tá na hastaíochtaí carbóin ónár ngníomhaíochtaí giniúna á laghdú againn chun ár spriocanna eatramhacha a chomhlíonadh in 2012 agus 2020 agus chun ár sprioc fadtéarma de ghiniúint neodrach ó thaobh carbóin de a chomhlíonadh. Táimid ag obair chun suiteáil Méadar Cliste a chéimniú isteach lena gcuideofar le custaiméirí a n-úsáid leictreachais a rianú agus a bhainistiú. Tá ár bhflít á bhunathrú againn chun é a chur in oiriúint do theicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus táimid ag obair chun eangach cliste a fhorbairt lena ndéanfar iontaofacht a fheabhsú. Tríd an teicneolaíocht is déanaí a úsáid agus roghanna atá tíosach ar fhuinneamh a thairiscint dár gcustaiméirí, tá an comhshaol á chosaint againn, tá iontaofacht a fheabhsú againn agus táimid ag cuidiú lenár gcustaiméirí fuinneamh agus airgead a choigilt.

## Cairt Inbhuanaitheachta

| Gealltanais na cairte | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Astaíochtaí ó ghiniúint a laghdú faoi 30% faoi 2012; 50% faoi 2020 agus a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2035. | Faoi dheireadh 2010, bhí astaíochtaí ó ghiniúint laghdaithe faoi 30% againn. |
| Sprioc de 30% a ghlacadh mar laghdú in astaíochtaí carbóin ónár ngníomhaíochtaí gnó inmheánacha faoi 2012, sa bhreis ar ár spriocanna maidir le feidhmíocht sócmhainní Líonra agus Giniúna. | Ag deireadh 2010 bhí lorg carbóin inmheánach ESB laghdaithe faoi 19% i gcoinne bhunlíne 2009. Mar gheall air seo táimid ar chúrsa an sprioc 2012 a bhaint amach. |
| Tiomantas a dhéanamh do Cheannasaíocht maidir le hinbhuanaitheacht trí chomhpháirtíocht ar gach leibhéal na heagraíochta. | Bhí grúpaí comhpháirtíochta lárnacha agus áitiúla páirteach go gníomhach inár n-iarrachtaí. Tá níos mó ná 180 curadh inbhuanaitheachta áitiúla againn freisin ar fud na cuideachta, lena n-áirítear ár láithreacha thar lear san RA, sa Spáinn agus sa Chianoirthear. |
| Ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú go híosmhéid praiticiúil trí thruailliú a chosc, dramhaíl a laghdú agus úsáid éifeachtach fuinnimh, uisce agus acmhainní eile. | Tá Córais Bainistíochta Comhshaoil foirmiúla suas le ISO 14001 i bhfeidhm inár stáisiúin chumhachta le go leor blianta anois. I Mí na Nollag 2010, bhain ESB Networks deimhniú ISO 14001 amach, garsprioc shuntasach d'eagraíocht atá scaipthe go geografach. Socraíodh spriocanna maidir le laghdú dramhaíola agus éifeachtacht fuinnimh le haghaidh gach aonad gnó do 2011. |
| Dea-chleachtas in Inbhuanaitheacht a shainaithint agus a scaipeadh ar fud ESB, lena n-áirítear ár n-oibríochtaí idirnáisiúnta. | Cuireadh uirlisí bainistíochta agus comhair um eolas in úsáid ar fud na cuideachta bunaithe ar Microsoft Sharepoint. Anuraidh, rinneamar Scéim Duaiseanna um Inbhuanaitheacht a thionscnamh, scéim a tharraing 200 iontráil ó chodanna éagsúla na cuideachta. |
| Cúrsaí inbhuanaitheachta a chomhtháthú lenár ngníomhaíochtaí soláthair, agus lenár gcinntí infheistíochta agus caiteachais freisin. | De réir bheartas soláthair ESB ba cheart go dtabharfar dea-chleachtas agus caighdeáin an chomhshaoil/inbhuanaitheachta san áireamh le sonraíochtaí soláthair. |
| Cumarsáid ghníomhach agus éifeachtach a dhéanamh le foireann agus le conraitheoirí agus iad a dhéanamh rannpháirteach maidir le feabhsuithe ar fheidhmíocht a shainaithint agus a fheidhmiú. | Cuireadh próiseas nua le haghaidh Pleananna Feabhsaithe Feidhmíochta i bhfeidhm i ngach láthair ESB in Éirinn. Rinneadh seo a shíneadh dár láithreacha thar lear in 2010. |
| Struchtúir bainistíochta iomchuí, córais bainistíochta agus spriocanna a ghlacadh. | Déantar inbhuanaitheacht a mhaoirsiú ag Stiúrthóir Feidhmiúcháin, in éineacht le clár lárnach agus grúpa stiúrtha traschuideachta. Socraítear spriocanna inbhuanaitheachta do stiúrthóirí uile agus do na haonaid ghnó uile ESB. |
| Tionchar ár n-oibríochtaí ar bhithéagsúlacht a mheasúnú agus deiseanna feabhsaithe a fheidhmiú. | Cuireadh athbhreithniú mór um bithéagsúlacht i gcrích i Mí na Nollag 2010. |
| Tuairisciú oscailte a dhéanamh maidir lenár bhfeidhmíocht um an gcomhshaol ar bhealach infhíoraithe. | Déantar astaíochtaí uile ó stáisiúin ESB a thuairisciú agus a fhíorú don GCC faoi Scéim Trádála Astaíochtaí (STA) an AE. Tháirg ESB a chéad Thuarascáil Inbhuanaitheachta in 2010. Tá sé beartaithe againn an tuarascáil seo a eisiúint go bliantúil. |

# Cuirfidh ESB treoirscéim an bhonneagair i bhfeidhm a bheidh deartha chun tacú le feithiclí leictreacha a thabhairt isteach in Éirinn ó 2011.

## Úsáid Fuinnimh 2010

In oiriúint le I.R. 542/2009, tá úsáid fuinnimh don Ghrúpa in 2010 á léiriú ag ESB leis an rannán a leanas, chomh maith leis na tionscnaimh a ghlac an Grúpa chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus ár dtiomantas ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú in 2011. Níl giniúint leictreachais, agus is ionann sin agus 99% d'úsáid fuinnimh ESB, laistigh de scóip an riachtanais tuairiscithe seo.

Is ionann ár bhflít agus an chuid is mó dár n-úsáid fuinnimh inmheánach tar éis spás a théamh. Tá ESB eolasach faoin riachtanas faoi Threoir um Sheirbhísí Fuinnimh an AE agus Rialacháin Náisiúnta go mbíonn an earnáil phoiblí ina heiseamláir i dtéarmaí éifeachtacht fuinnimh.

Is cuspóir straitéiseach foriomlán ESB astaíochtaí ó Gháis Cheaptha Teasa (astaíochtaí $CO_2$ go príomha ó úsáid fuinnimh) a laghdú. Sa chomhthéacs seo, bhaineamar úsáid as ár lorg carbóin mar an méadrach chun sprioc um ár n-éifeachtacht fuinnimh a thomhas agus 2006 á ghlacadh mar an bhonnbhliain.

Coinníodh le raon leathan de ghníomhartha agus de thionscnaimh in 2009 agus in 2010 chun na coigiltí seo a bhaint amach.

## Úsáid Fuinnimh a Fhorbairt

→ Cuireadh iniúchtaí fuinnimh i gcrích ag gach láthair ESB chun coigiltí ionchasacha a dhearbhú. Tá na bearta a sainaithníodh á bhfeidhmiú diaidh ar ndiaidh bunaithe ar éifeachtacht chostais.

Cuimsítear na nithe a leanas leis na bearta a cuireadh i gcrích:

- → Insliú, coire, córais téimh agus uasghráduithe ar rialú téimh;
- → Córais soilsithe ísealfhuinnimh agus ardrialuithe soilsithe; agus
- → Feachtais feasachta um úsáid fuinnimh;

→ Glacadh le caighdeán maidir le dearadh agus tógáil foirgneamh nua ar bhonn atá inbhuanaithe agus tíosach ar fhuinneamh.

| FOINSE FUINNIMH | 2010 GWh | 2006 GWh | Athrú GWh |
|---|---|---|---|
| Leictreachas | 32.3 | 32.3 | - |
| **Leictreachas (PEE*)** | **80.8** | **95.6** | **(14.8)** |
| | | | |
| **Breoslaí Iontaise** | | | |
| - Gás Nádúrtha | 1.4 | 1.0 | 0.4 |
| - Ola Téimh | - | - | - |
| - Díosal | 55.0 | 58.6 | (3.6) |
| **Fuinneamh In-athnuaite** | **0.4** | **-** | **0.4** |
| **IOMLÁN (PEE)** | **137.6** | **155.2** | **(17.6)** |

* Is é PEE Coibhéis an Fhuinnimh Phríomhúil

→ Forbraíodh treoirlíne maidir le haisfheistiú foirgneamh atá ann cheana féin.

## Flít Iompair

→ Laghdú i líon na bhfeithiclí inár bhflít;

→ Líon teoranta feithiclí leictreacha a thabhairt isteach;

→ Córas feabhsaithe um obair a phleanáil; agus

→ Clár taighde (i gcomhar le hOllscoil Luimnigh) maidir le húsáid bithdhíosail ar mheascáin 5%, 30% agus 100%.

Déanfaimid na bearta seo a dhianú in 2011 chun a chinntiú go mbainfimid amach ár sprioc chun ár lorg carbóin a laghdú faoi 30% faoi 2012 i gcomparáid le 2006.

Maidir le gléasraí giniúna ESB, tá siad seo faoi réir ag córas ceadúnaithe um rialú comhtháthaithe ar thruailliú de chuid an GCC lena mbaineann riachtanas chun éifeachtacht fuinnimh a optamú. Cuirtear éifeachtacht giniúna chun cinn freisin mar thoradh ar an riachtanas liúntais astaíochtaí a cheannach faoi scéim trádála astaíochtaí an AE agus tríd an Tobhach um Ioncam Carbóin a chur i bhfeidhm.

## Feithiclí Leictreacha

I mí Feabhra 2010, rinne feithiclí leictreacha ESB comhaontú deifnídeach le Renault-Nissan agus leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN). Faoi théarmaí an chomhaontaithe seo, cuirfidh na cuideachtaí gluaisteáin feithiclí leictreacha ar fáil le díol in Éireann roimh thíortha eile. Tacóidh RCFAN le ESB chun bonneagar a bhunú agus a cothabháil ar fud na tíre agus soláthrófar tacaíocht airgeadais trí dheontas€5,000 agus ráta VRT nialasach a thabhairt do thiománaithe feithiclí leictreacha. Cuirfidh ESB treoirscéim an bhonneagair i bhfeidhm a bheidh deartha chun tacú le feithiclí leictreacha a thabhairt isteach in Éirinn ó 2011. Mar chuid den chomhaontú seo, tá ESB tiomanta do phointí luchtaithe a shuiteáil ar a mbeidh rochtain phoiblí, pointí luchtaithe tí a shuiteáil a bheidh comhionann le líon na bhFeithiclí Leictreacha (EVanna) atá ann chomh maith le 29 pointe mearluchtaithe a shuiteáil. Suiteáladh na céad pointí luchtaithe tráchtála agus tí ar shráideanna cheana féin.

## Inbhuanaitheacht agus an Pobal

Tá punann urraíochta shuntasach á hoibriú ag ESB lena dtugtar tacaíocht do ghníomhaíocht spóirt, pobail agus chultúrtha ar fud na tíre.

### ESB ElectricAID Ireland

Thar na cúig bliana seo a chuaigh thart, chaith ESB ElectricAID Ireland €5 mhilliún ar 'thuras dóchais' ar fud oileán na hÉireann. Mar a roghnaíodh i vótáil na foirne, rinneadh na hacmhainní seo a thiomnú don chomhrac i gcoinne dhá fhadhb shóisialta – easpa dídine agus féinmharú

### Laethanta níos glaise le teacht mar gheall ar an méid seo a leanas

### Clár HALO ESB i gcomhair Scoileanna

Tá slí foghlama níos glaise á leanúint ag ocht scoil ar fud na tíre anois mar thoradh ar oibreacha a cuireadh i gcrích trí Chlár HALO ESB i gcomhair Scoileanna.

Rinneadh suirbhé fuinnimh saor a éascú le Clár HALO ESB i gcomhair Scoileanna do na hocht scoil uile, arna leanúint leis na hoibreacha feabhais a bhí molta, agus le 30% de chostais an tionscadail arna thacú ag Chiste um Éifeachtacht Fuinnimh de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Rinne Foireann Inbhuanaitheachta ESB DVD oiliúna a fhorbairt agus a sholáthar do bhunscoileanna ar féidir é a úsáid mar uirlis acmhainne chun mic léinn a mhealladh a bheith páirteach i saincheisteanna a bhaineann le hathrú aeráide agus le fuinneamh in-athnuaite.




Feithicil leictreach agus pointe luchtaithe ESB sa Ghailearaí Eolaíochta mar chuid den taispeántas um Meaisíní Glasa i gColáiste na Tríonóide.



Baineann daltaí ó Scoil Naíonán Mhícíl Naofa timpeallacht foghlama níos teolaí, buíochas le Clár HALO ESB i gcomhair Scoileanna.



Borradh fuinnimh dhearfaigh ag Lainseáil Chraobhchomórtais Mionúir 2010 CLG ESB.

Tá cóipeanna den DVD oiliúna ar fáil trí ríomhphost a chur chuig www.schoolssustainability@esb.ie

**Craobhchomórtais Peile agus Iománaíochta Mionúir CLG ESB**

Cuireadh tús le hurraíocht ESB Electric Ireland de Chraobhchomórtais Peile agus Iománaíochta Mionúir 2010 an CLG an 19 Aibreán i bPáirc an Chrócaigh agus 'Fuinneamh Dearfach' mar an príomhthéama. Dearadh an clár, arna leanúint de trí Chraobhchomórtas Mionúir 2010 ESB, chun eispéireas na n-imreoirí de pháirt a ghlacadh sa chraobhchomórtas a fheabhsú agus tacaíocht a sholáthar dóibh. Tugadh tacaíocht dó seo trí láithreán gréasáin neamhspleách, 'ESB Exam Pass' a bhí ina uirlis tacaíocht d'imreoirí óga a raibh staidéar á dhéanamh acu agus páirt á glacadh acu i sceideal traenála dian san am céanna.

**Macra Na Feirme – Faigh Aithne ar do Chomharsa**

Eagraíonn Macra na Feirme an Deireadh Seachtaine um Aithne a Fháil ar do Chomharsa agus tá bród ar ESB urraíocht a thabhairt don imeacht. Is tionscnamh náisiúnta é, atá dírithe ar dhaoine a spreagadh imeacht nó gníomhaíocht a dhéantar a thionól go háitiúil a eagrú nó páirt a ghlacadh iontu d'fhonn aithne a fháil ar dhaoine ina gcomharsanacht.

**Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh Age Action**

Tá bród ar ESB tacaíocht a thabhairt do Age Action don séú bliain chun Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh a cheiliúradh. Sa bhreis ar níos mó ná 850 imeacht aonair a bhí ar siúl in 2010 ar fud na hÉireann, reáchtáil cúig bhaile déag a bhí páirteach i Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh sraith imeachtaí i rith na seachtaine.

**Madraí Treorach do na Daill in Éirinn**

Tá Madraí Treorach do na Daill in Éirinn tiomanta do chuidiú le daoine dalla nó leis an lucht lagamhairc saolta neamhspleácha a mhaireachtáil. In 2005, thug siad an Clár um Chúnamh Madra isteach chun cuidiú le teaghlaigh ina bhfuil leanaí ag a bhfuil uathachas. Seo an chéad scéim den chineál seo san Eoraip agus tá ESB an-bhródúil tacaíocht a sholáthar don obair fhíorluachmhar a dhéanann an eagraíocht seo.

**Tionscadal ElectricAid i nGána**

Cuireadh tús leis an tionscadal seo in 2007 mar chomóradh ar 80 bliain de ESB agus tugtar tacaíocht leis le scoileanna a thógáil agus a athchóiriú i nGána. I Meán Fómhair 2010, thaisteal 32 saorálaithe chuig Caneshie in Accra, príomhchathair Ghána, le haghaidh dhá sheachtain chun cuidiú le scoileanna poiblí a thógáil do 700 leanaí.

## Ár nDaoine

**Sábháilteacht agus Sláinte in ESB i rith 2010**

Tá cúrsaí sábháilteachta thar a bheith tábhachtach do ESB agus tá oibríochtaí sábháilte ag croílár ár gcultúir. Dírímid ar bhonn leanúnach ar ghníomhaíochtaí lena ndéantar dea-chleachtas a chur chun cinn i measc ár bhfostaithe agus ár gconraitheoirí.

Is é ár sprioc gortuithe nialasacha agus tá dul chun cinn nach beag déanta againn maidir leis seo. Táimid tiomanta do OHSAS 18001 a chur i bhfeidhm, córas cáilíochta a bhfuil creidiúnú seachtrach faighte aige chun tacú le bainistiú sábháilteachta sa chuideachta. In 2010 d'oibrigh níos mó ná 40% d'fhoireann ESB laistigh de réimsí gnó ag a raibh clárú OHSAS bainte amach, agus is é ár n-aidhm go mbeidh na gníomhaíochtaí uile faoi chuimsiú an chórais seo faoi dheireadh 2011.

Ba bhliain go measartha suntasach 2010 maidir le feabhsuithe ar shábháilteacht agus sláinte don fhoireann ag an obair.
Tharla 28 Gortú um Am Caillte (LTIanna) don fhoireann i gcomparáid le sprioc de 30. Thuairiscigh ár gconraitheoirí 15 LTI i gcomparáid le sprioc de 28 in aghaidh na bliana. Rinneadh an fheidhmíocht eisceachtúil seo a mhaothú, áfach, ag bás conraitheora um bearradh crann i mí na Bealtaine a bhí ag obair thar ceann ESB Networks. Ba é seo an chéad bhás conraitheora ó 2005.

Maidir le sábháilteacht phoiblí, fuair duine amháin den phobal bás i dteagmhas a bhain le baint mhídhleathach copair ó fhostáisiún ESB. Maraíodh beirt den phobal freisin nuair a rinne siad teagmháil le leictreachas.

> Tá gortuithe am caillte foriomlána na foirne agus na gconraitheoirí thíos faoi 45% i gcomparáid le 2009 agus faoi 26% de réir na sprice.

"Rinneamar 100 printíseach leictreach nua a earcú in aghaidh na bliana in 2009 agus in 2010, 50 duine níos mó ná ár líon riachtanach."

**Foghlaim agus Forbairt**
Leantar de phríomhscileanna a sholáthar le cláir Foghlama agus Forbartha, lena n-áirítear oiliúint theicniúil agus sábháilteachta éigeantach, forbairt phearsanta agus inniúlacht i réimsí atá ag teacht chun cinn. Leanaimid den fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chur chun cinn agus oibrímid le comhlachtaí creidiúnaithe gairmiúla amhail Innealtóirí Éireann chun tacú leis seo.

Leanann ESB le háiteanna breise a mhaoiniú in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, chun leictreoirí cáilithe breise á éascú le dul isteach i gclár céime Innealtóireachta Leibhéal 7.

Rinneamar 100 printíseach leictreach nua a earcú in aghaidh na bliana in 2009 agus in 2010, 50 duine níos mó ná an líon is gá dúinn a ghlacadh isteach. Díreofar na 50 duine breise ar chláir céime innealtóireachta tríú leibhéal maoinithe a dhéanamh.

**Comhionannas agus Éagsúlacht**
Díríonn Oifig um Chomhionannas agus Éagsúlacht ESB ar chúig phríomhréimse a chur chun cinn ar fud an Ghrúpa ESB - Comhionannas, Éagsúlacht, Meas agus Dínit, Míchumas agus an Cothromaíocht Oibre agus Saoil. In 2010, d'eagraigh an Oifig Seachtain um Chomhionannas agus Éagsúlacht an-rathúil chun feasacht daoine a ardú maidir leis na saincheisteanna seo.

**Feidhmiú fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) ag ESB**
Rinne ESB scéim teanga a chomhaontú i mí an Mhárta 2008,
faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é ceann d'fheidhmeanna an Choimisinéara Teanga faoi Alt 21 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag comhlíonadh forálacha an Achta. Mar chuid den sainchúram sin tugadh faoi athbhreithniú/iniúchadh ar chur i bhfeidhm na scéime, agus fuarthas amach go raibh dul chun cinn suntasach déanta ag ESB maidir leis an scéim a chur i bhfeidhm. Tá painéal cainteoirí Gaeilge ar fáil laistigh de ESB Electric Ireland le plé le custaiméirí atá ag lorg seirbhísí as Gaeilge.




'Beartas Éagsúlachta Cultúrtha ESB' nua á lainseáil. Brid Horan, Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Sheirbhísí agus Electric Ireland, Joyce Farrell, Bainisteoir, Comhionannas agus Éagsúlacht agus Meena Purushothaman.

# 04

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

**FORBHREATHNÚ**

Déanann ESB an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh. Leagtar amach prionsabail maidir le rialachas corparáideach sa Chód agus iarrtar ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit déanamh dá réir. Déanann an Grúpa dualgais a chomhlíonadh freisin maidir le rialachas corparáideach agus réimsí eile faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. Tagann ESB, a oiread agus is féidir agus ar bhonn deonach, le Cód do Rialachas Corparáideach na RA. Tá riosca ina ghné ghníomhach den timpeallacht ina bhfeidhmíonn ESB agus tá ESB tiomanta nochtadh an Ghrúpa do riosca a bhainistiú go rathúil agus an tionchar atá aige ar ghnóthachtálacha gnó a laghdú. Cuirtear Bord ESB i láthair sa chuid seo agus léirítear a dtuarascáil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 inti. Áirítear leis freisin Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca ina ndéantar cur síos ar oibriú an phróisis chun rioscaí a aithint, ag leagan béime ar na príomhrioscaí agus na príomhstraitéisí maolaithe a chuirtear i bhfeidhm.






## Sa chuid seo


| | |
|---|---|
| NA COMHALTAÍ BOIRD | 48 |
| AN FHOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN | 50 |
| TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BOIRD (LENA N-ÁIRÍTEAR LUACH SAOTHAIR) | 52 |
| TUARASCÁIL AR BHAINISTÍOCHT RIOSCA | 60 |

# COMHALTAÍ BOIRD



Ceapadh **Lochlann Quinn** ina Chathaoirleach agus ina chomhalta ar Bhord ESB i mí Eanáir 2008. Is Cuntasóir Cairte é an tUasal Quinn a bhí ina chomhpháirtí le Arthur Andersen & Co. agus is Iar-Chathaoirleach é ar Bhainc-Aontas Éireann cpt agus ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Bhí sé ina Leas-Chathaoirleach ar Glen Dimplex. Is comhalta é an tUasal Quinn ar Bhord Scoil Chéimithe Smurfit i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. In 2010 bhí an tUasal Quinn ina Chathaoirleach freisin ar an gCoiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta agus ar an gCoiste Airgeadais.



Ceapadh **Padraig McManus** ina Phríomhfheidhmeannach agus ina chomhalta den Bhord i mí Iúil 2002. Tar éis cead a fháil ón mBord agus ón Aire i rith 2008, cuireadh síneadh le téarma an Uasail McManus mar Phríomhfheidhmeannach ar feadh trí bliana eile chomh fada le 2012. Chuaigh sé isteach in ESB in 1973 agus chaith sé cúig bliana déag le gnóthaí idirnáisiúnta na Cuideachta. Ina dhiaidh sin, bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB International agus ina Stiúrthóir Tráchtála le ESB. Is Comhalta boird d'Fhoras Bainistíochta na hÉireann é agus tá sé ina Iontaobhaí de Bhord Comhdhála na Stát Aontaithe. Bhí an tUasal McManus ina chomhalta den Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil agus den Choiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta le linn 2010.

Ceapadh **Brendan Byrne** ar an mBord i mí Mheán Fómhair 2004. Tá an tUasal Byrne ina stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí i dtionscal na heitlíochta, a shainfheidhmíonn ar réimse an Iompair Aerlasta agus réimse na Teicneolaíochta Faisnéise. Tá sé ina Chomhpháirtí Bainistíochta freisin ar Clear Vision Consulting lena dtugtar seirbhísí airgeadais agus pleanála straitéisí do réimse cliant in earnáil na heitlíochta. Bhí roinnt post bainistíochta sinsearaí ag an Uasal Byrne roimhe seo in Aer Lingus agus d'oibrigh sé go forleathan i réimse bhainistíocht an athraithe. Is Cuntasóir Cairte é. Bhí an tUasal Byrne ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus ina chomhalta den Choiste Airgeadais le linn 2010.





Ceapadh **John Nugent** ar an mBord i mí Eanáir 2007 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977. Thosaigh sé ag obair le ESB mar Oifigeach Feidhmiúcháin in 1967. Bhí sé ina chomhalta de Chomhchomhairle Tionscail ESB ó 1991 go 2003. Bhí sé ina Uachtarán ar Chumann Oifigeach Bhord Soláthair an Leictreachais (ESBOA) ó 2002 go 2006 agus tá sé ina chomhalta Boird ar ESB ESOP Trustee Limited faoi láthair. In 2010 bhí an tUasal Nugent ina Chathaoirleach ar an gCoiste Rialála agus ina chomhalta den Choiste Airgeadais. Tháinig deireadh lena théarma oifige ar an mBord an 31 Nollaig 2010.



Ceapadh **John Coleman** ar an mBord i mí Eanáir 2007 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977. Thosaigh sé ag obair le ESB in 1979 ina Oibrí Lae ag Stáisiún Giniúna an Fhéir Bháin. Tá sé ina rúnaí ar Chumann Oibrithe Lae ATGWU. Tá sé ina chathaoirleach faoi láthair ar Chraobh ESB an ATGWU. In 2010 bhí an tUasal Coleman ina chomhalta den Choiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta agus den Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil.



Ceapadh **Seán Conlan** ar an mBord i mí Dheireadh Fómhair 2007. Is Innealtóir Leictreachais é, agus d'oibrigh sé i roinnt ról éagsúil innealtóireachta san Afraic, in Éirinn agus i roinnt tíortha san Eoraip. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Feabhas Éireann (an cumann cáilíochta neamhspleách náisiúnta) ó 1994 go 2003. Bhí sé ina Uachtarán freisin ar an European Organisation for Quality (EOQ). I measc na ról eile a bhí aige, bhí sé ina Iontaobhaí den Irish National Hygiene Partnership, ina iar-chomhalta de Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, agus ina chomhalta de Chomhairle Chomhairleach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Tá sé ina léachtóir san Institiúid Teicneolaíochta i Sligeach faoi láthair. In 2010 bhí an tUasal Conlan ina chomhalta den Choiste Iniúchta agus den Choiste Margaí agus Custaiméirí. Ceapadh an tUasal Conlan mar Chomhalta Boird Sinsearach Neamhspleách i mí Dheireadh Fómhair 2010.



Ceapadh **Eoin Fahy** ar an mBord i mí Eanáir 2001 agus athcheapadh é i mí Feabhra 2006. Tá sé ina Phríomheacnamaí ag Kleinwort Benson Investors agus ceapadh é mar chomhalta den Choimisiún um Chánachas in 2008. In 2010 bhí an tUasal Fahy ina chomhalta den Choiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, den Choiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta agus den Choiste Iniúchta. Chríochnaigh an tUasal Fahy a théarma mar Chomhalta Boird i mí Feabhra 2011.



Ceapadh **Georgina Kenny** ar an mBord i mí Aibreáin 2000 agus athcheapadh í i mí Bealtaine 2005. Is aturnae í an tUasal Kenny agus tá sí ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Shannon Dry Cleaners. Bhí an tUasal Kenny ina Cathaoirleach ar an gCoiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta agus ina comhalta den Choiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta suas go dtí dáta éaga a téarma oifige ar an mBord i mí na Bealtaine 2010. Bhí sí ina comhalta Sinsearach Neamhspleách den Bhord freisin.



Ceapadh **Ellvena Graham** ar Bhord ESB an 5 Deireadh Fómhair 2010. Tá an tUasal Graham ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Sheirbhísí Gnó i mBanc Uladh. Bhí poist shinsearacha eile aici ag an mBanc lena n-áirítear Príomhoifigeach Oibriúcháin - an Banc Corparáideach, Ceann Oibriúcháin agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Oibriúcháin Ghrúpa an EMEA. Tá sí ina comhalta ar Bhord Comhairleach Ghréasán Feidhmiúcháin na mBan in Éireann agus tá sí ar fónamh ar Bhord Barretstown a thacaíonn le leanaí a bhfuil tinneas tromchúiseach ag dul dóibh.

Ceapadh **Garry Keegan** ar an mBord i mí an Mheithimh 2007. Is Stiúrthóir é ar Acumen, cuideachta a shainfheidhmíonn i soláthar seirbhísí comhairliúcháin phoiblí do thionscadail deartha uirbigh agus bonneagair. D'oibrigh an tUasal Keegan ina chomhalta ar Bhoird roinnt eagraíochtaí, ina measc: Temple Bar Properties, Bord Fiontar Chathrach Bhaile Átha Cliath, Dánlann Hugh Lane agus ospidéil San Séamas, Sráid Hume agus Sráid Holles. D'oibrigh sé chomh maith mar Chomhalta den Chomhairle ar Údarás Forbartha Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath. I mí na Bealtaine 2007 cheap an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta é mar chomhalta den Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí. In 2010 bhí an tUasal Keegan ina Chathaoirleach ar an gCoiste Margaí agus Custaiméirí agus ina chomhalta den Choiste Rialála.





Ceapadh **Seamus Mallon** ar an mBord i mí Feabhra 2006. Toghadh é ar Chomhairle Cheantar Ard Mhacha in 1973, ar Chomhthionól Thuaisceart Éireann mar a bhí (1973-74) agus ar Choinbhinsiún Thuaisceart Éireann (1975-76). Bhí sé ina chomhalta de Sheanad Éireann in 1981. Ó 1986 go 2005 bhí sé mar Theachta Parlaiminte don Iúir agus Ard Mhacha i Westminster. Bhí sé ina Leas-Cheannaire ar an SDLP tráth, agus tar éis síniú Chomhaontú Aoine an Chéasta i mí Aibreáin 1998, ba Leas-Chéad-Aire i dTuaisceart Éireann é. Bhí an tUasal Mallon ina chomhalta den Choiste Sláinte, Sábháilteachta & Comhshaoil agus den Choiste Rialála le linn 2010.



Ceapadh **Tony Merriman** ar an mBord i mí Eanáir 2007 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977. Thosaigh sé ag obair le ESB i 1979 mar Theicneoir Gréasáin. Chaith sé tréimhse mar oifigeach ar Ghrúpa Ceardchumann ESB. Bhí an tUasal Merriman ina chathaoirleach ar an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil agus ina chomhalta den Choiste Rialála. Bhí sé ina chomhalta Boird ar ESB ESOP Trustee Limited le linn 2010.



Ceapadh **Bobby Yeates** ar an mBord i mí Eanáir 2007 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977. Thosaigh sé ag obair le ESB in 1967 agus d'oibrigh sé ar réimse gníomhaíochtaí de chuid ESB, ag tosú i nDeisiúchán Seirbhíse agus mar Theicneoir Gréasáin. Bhí sé ina Iontaobhaí Chomhalta Feidhmiúcháin den TEEU agus ina chomhalta de Choiste Aoisliúntais ESB chomh maith le linn 2010. Bhí an tUasal Yeates ina chomhalta den Choiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta agus den Choiste Margaí agus Custaiméirí in 2010. Tháinig deireadh lena théarma oifige ar an mBord an 31 Nollaig 2010.

Chun tuarascáil na **gComhaltaí Boird** a léamh féach ar Lch 52

# AN FHOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN

**Padraig McManus** Príomhfheidhmeannach

**John Shine** Leas-Phríomhfheidhmeannach

- **John Campion**
  Inbhuanaitheacht
- **Jerry O'Sullivan**
  ESB Networks
- **Donal Flynn**
  Stiúrthóir Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa
- **John Redmond**
  Rúnaí na Cuideachta
- **Bríd Horan**
  Seirbhísí agus Electric Ireland
- **Stiúrthóir Acmhainní Daonna**
- **Pat O'Doherty**
  ESB Energy International



Ceapadh **JOHN SHINE** ina Leas-Phríomhfheidhmeannach i mí na Samhna 2009. Thosaigh sé ag obair le ESB in 1978 agus bhí roinnt post sinsearach aige sna réimsí Gréasán, Margaíochta agus Forbartha Gnó. D'éirigh sé as a phost in 1998 chun gnó seirbhísí idirnáisiúnta rathúil a fhorbairt a thuilleadh. Tháinig sé ar ais go ESB arís i mí na Samhna 2002 tráth ar ceapadh é mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB Networks. Ceapadh é mar Chathaoirleach agus mar Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks Ltd. i mí na Samhna 2008. Tá céim san innealtóireacht shibhialta aige agus MBA ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.



Ceapadh **JOHN CAMPION** ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Inbhuanaitheacht i mí an Mhárta 2008. Roimhe sin bhí post aige ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corparáideacha ó mhí na Samhna 2002 i leith. Is Innealtóir Sibhialta gairmiúil é, agus thosaigh sé ag obair le ESB in 1978 agus d'oibrigh sé i róil éagsúla a bhain le caidreamh tionsclaíoch agus bainistíocht pearsanra, lena n-áirítear Bainisteoir Acmhainní Daonna in Power Generation. D'oibrigh sé freisin mar bhainisteoir réigiúnach i Sligeach agus i mBaile Átha Cliath. Sular ceapadh é ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Stiúrthóir, bhí sé ina Cheannaire ar Thionscadail Gréasáin.



Ceapadh **DONAL FLYNN** mar Stiúrthóir Airgeadais agus Tráchtála i mí Lúnasa 2010. Sular thosaigh sé ag obair in ESB d'oibrigh sé in Airtricity ar feadh seacht mbliana agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais ó Fheabhra 2008 nuair a thóg SSE Airtricity ar láimh. D'oibrigh sé i roinnt róil airgeadais le General Electric ó 1998 go dtí 2003. Cháiligh sé mar chuntasóir cairte le Arthur Andersen agus d'oibrigh sé i gcleachtais an chomhlachta i Londain agus i mBaile Átha Cliath idir 1995 agus 1998. Tá Baitsiléir Tráchtála aige agus Máistreacht i gcéimeanna Cuntasaíochta ó Choláiste na hOllscoile Gaillimh agus ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath faoi seach.

Ceapadh **BRID HORAN** ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Sheirbhísí agus Electric Ireland in 2010. Roimhe sin, bhí post aici mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB, agus ar Energy Solutions ó mhí na Samhna 2009 agus ESB Customer Supply agus Seirbhísí Grúpa ó mhí na Nollag 2006 i leith. Thosaigh sí ag obair le ESB in 1997 mar Bhainisteoir Pinsean an Ghrúpa. Bhí sí ina Coimisinéir ar Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ón uair a bunaíodh é in 2001 go dtí 2009 agus bhí sí ina Comhalta Boird den Údarás Forbartha Tionscail ó 1996 go 2006. Sular thosaigh sí ag obair le ESB bhí sí i gceannas ar Chomhairliúchán Pinsean & Achtúireach KPMG.





Ceapadh **PAT O'DOHERTY** ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB Energy International i mí Feabhra 2010. Roimhe sin, bhí post aige mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ESB Networks ó mhí na Samhna 2009 agus bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin le ESB Power Generation ó mhí Iúil 2005 i leith. Thosaigh sé ag obair le ESB in 1981 agus d'oibrigh sé i róil éagsúla i seirbhísí do chustaiméirí, i mbainistíocht tionscadal agus i mbainistíocht ghinearálta. Sular ceapadh é ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Power Generation, bhí sé ina Bhainisteoir Ginearálta ar Synergen. Bhí poist shinsearacha aige in ESB Networks freisin.



Ceapadh **JERRY O'SULLIVAN** ina Stiúrthóir Bainistíochta le ESB Networks sa bhliain 2010. Thosaigh sé ag obair le ESB sa bhliain 1981 agus bhí roinnt post aige i dTógáil Stáisiún Cumhachta, Margaíocht, Seirbhís do Chustaiméirí, Leithdháileadh agus Tarchur. Ceapadh é ina Cheannaire Seirbhísí Gréasáin sa bhliain 2002 agus ina Cheannaire Inbhuanaitheachta agus córas Gréasáin sa bhliain 2008. Tá céim san Innealtóireacht Shibhialta aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.



Ceapadh **JOHN REDMOND** ina Rúnaí ar an gCuideachta in 2002. Bhí sé mar rúnaí cuideachta ar an ngrúpa agus mar leas-uachtarán sinsearach ar ghnóthaí corparáideacha ar GPA Group plc agus ina dhiaidh sin mar rúnaí cuideachta ar debis AirFinance BV (comhlacht comhlachaithe ar Daimler/Chrysler) agus ar Airplanes Limited atá cláraithe ag SEC. D'oibrigh sé sna seirbhísí taidhleoireachta agus sa Roinn Airgeadais idir 1980 agus 1988. Is céimí de chuid OÉ Má Nuad agus Ollscoil Napier i nDún Éideann é. Is Comhalta é d'Institiúid na Rúnaithe Cairte.



Fuair **LUKE SHINNORS**, Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Acmhainní Daonna bás an 4 Márta 2011 agus ba chúis mhór bróin é do gach duine in ESB. Sular ceapadh é bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Acmhainní Daonna i Márta 2008, bhí sé ina Bhainisteoir Grúpa ar Power Generation. Bhí poist bhainistíochta sinsearaí eile aige ar fud ESB lena n-áirítear Bainisteoir, Athrú Corparáideach agus Acmhainní Daonna, Bainisteoir Gréasán. Thosaigh sé ag obair le ESB in 1973 agus bhain sé céim amach in Innealtóireacht Leictreach ó COBÁC agus MBS i Straitéisí AD ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

# TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BOIRD

Cuireann na Comhaltaí Boird an tuarascáil i láthair mar aon le ráitis airgeadais iniúchta na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

### Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí ESB Group ná giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus ó mhí na Nollag 2010, déantar tarchur agus dáileadh ar leictreachas i dTuaisceart Éireann. Oibríonn an Grúpa go hidirnáisiúnta chomh maith i ngníomhaíochtaí gaolmhara, sa Ríocht Aontaithe, i mór-roinn na hEorpa agus ar roinnt tionscadal san Áise.

### Athbhreithniú ar an ngnó

Tugtar tráchtaireacht maidir leis an gcaoi ar cruthaíodh i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010, lena n-áirítear faisnéis ar imeachtaí le tamall anuas agus ar nithe atáthar á dtuar, i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh. Léirítear feidhmíocht an ghnó agus an riocht airgeadais ina bhfuil sé mar aon leis na príomhrioscaí atá ann don Ghrúpa san Athbhreithniú Airgeadais chomh maith leis na hathbhreithnithe ar gach réimse gnó ollmhór sa Ghrúpa.

### Torthaí don bhliain

Léiríonn torthaí airgeadais an Ghrúpa caillteanas don bhliain airgeadais, de €84 milliún i gcomparáid le €580 milliún sa bhliain 2009.

Molann na Comhaltaí Boird go n-íocfaí díbhinn deiridh de 3.89 cent in aghaidh an aonaid de stoc caipitil. Is ionann é sin agus €77 milliún in iomlán le híoc in 2011, i ndáil le 2010. Molann na Comhaltaí Boird go n-íocfaí díbhinn deiridh de 4.77 cent in aghaidh an aonaid de stoc caipitil. Is ionann é sin agus €94.4 milliún in iomlán a íocadh in 2010, i ndáil le 2009. Leagtar amach breis sonraí maidir le toradh na bliana agus toradh na bliana roimhe sin i ráiteas ioncaim an Ghrúpa agus sna nótaí atá ag gabháil leis.

### Rialachas corparáideach

Déanann ESB an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh. Leagtar amach prionsabail maidir le rialachas corparáideach sa Chód agus iarrtar ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit déanamh dá réir. Déanann ESB dualgais a chomhlíonadh freisin maidir le rialachas corparáideach agus réimsí eile faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Tagann ESB, a oiread agus is féidir agus ar bhonn deonach, le Cód do Rialachas Corparáideach na RA (an "Cód um Rialachas Corparáideach"). Tá ceangal ar chuideachtaí atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann, mar chuid de na rialacha liostaithe, tuairisc a thabhairt ar an gcaoi ina gcuirtear prionsabail an Chóid um Rialachas Corparáideach i bhfeidhm agus a dheimhniú go sásaítear forálacha an Chóid nó míniúchán a thabhairt i gcás neamhghéilliúntais. Is comhlacht reachtúil é ESB arna bhunú faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 arna leasú agus, dá bharr sin, níl cheanglaítear air an Cód um Rialachas Corparáideach a chomhlíonadh. Ina dhiaidh sin féin, tacaíonn ESB le prionsabail agus le forálacha an Chóid um Rialachas Corparáideach agus déantar é a chomhlíonadh faoi réir ag na heisceachtaí seo a leanas:

(i) Is gnó de chuid an Rialtais é ceapacháin a dhéanamh ar an mBord agus, dá réir sin, níl coiste ainmniúcháin ag ESB.

(ii) Ceaptar na Comhaltaí Boird ar feadh téarmaí suas le ceithre nó cúig bliana agus níl siad, dá bharr sin, faoi réir ag atoghadh ar an mBord tar éis tréimhsí nach faide iad ná trí bliana.

(iii) Bíonn beartais agus nochtadh ESB maidir le luach saothair na gComhaltaí Boird Feidhmiúcháin (.i. an

Príomhfheidhmeannach) i gcomhréir leis na Treoirlínte atá infheidhmithe do Chomhlachtaí Stáit arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais. Ní áirítear suimeanna a íocadh leis an gceathrar Comhaltaí Boird Oibrí mar fhostaithe ESB sna sonraí faoi luach saothair na gComhaltaí Boird ar leathanach 58, ach áirítear suimeanna a íocadh leo i bhfoirm táillí.

(iv) Ní dhéanann próiseas luachála an Bhoird luacháil ar fheidhmíocht na gComhaltaí Boird aonair.

(v) Tá Cathaoirleach an Bhoird ina Chathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta freisin.

(vi) I rith 2010 bhí Comhalta Boird neamhspleách amháin ina f(h)ostaí de chuideachta a sholáthraíonn seirbhísí creidmheasa agus seirbhísí airgeadais eile do ESB iad féin, nó trí chuideachta Grúpa, ach ní mheastar gur ionann é sin agus a bheith ag comhghéilleadh neamhspleáchas an Chomhalta Boird lena mbaineann. Bhí beirt Chomhaltaí Boird neamhspleácha, an tUasal Kenny agus an tUasal Fahy deich mbliana in oifig le linn na bliana. Is é an Rialtas a cheap na Comhaltaí Boird seo ar an mBord ar feadh dhá théarma nach mó cúig bliana an ceann. Ní mheasann an Bord go gcuireann an bhliain bhreise seirbhíse os cionn agus thar an teorainn naoi mbliana a mholtar sa Chód um Rialachas Corparáideach maidir le neamhspleáchas na gComhaltaí Boird, isteach ar neamhspleáchas an bheirt Chomhaltaí Boird seo. Chuaigh téarma an Uasail Kenny in éag i mí na Bealtaine 2010. Chuaigh téarma an Uasail Fahy in éag i mí Feabhra 2011. Tar éis breithniú a dhéanamh ar gach gné ábhartha eile a bhaineann le neamhspleáchas na gComhaltaí Boird mar a léirítear sa Chód um Rialachas Corparáideach, tá an Bord sásta go bhfuil na Comhaltaí Boird lena mbaineann neamhspleách fós i rith 2010.

## Prionsabail an dea-rialachais

### Freastal ar Chruinnithe in 2010

Bhí 11 Chruinniú Ginearálta den Bhord ann agus Cruinniú Speisialta Boird i rith 2010. Léiríonn an uimhir os comhair gach ainm thíos an tinreamh a bhí ag gach Comhalta Boird ag Cruinnithe Ginearálta Boird agus ag an gCruinniú Speisialta Boird, i rith na bliana.

| Na Comhaltaí Boird 2010 | Cruinnithe ar a Freastalaíodh |
|---|---|
| Lochlann Quinn | 10, 1 |
| Brendan Byrne* | 10, 1 |
| John Coleman | 11, 1 |
| Seán Conlan* | 11, 1 |
| Ellvena Graham*^ | 3, 0 |
| Eoin Fahy* | 9, 1 |
| Garry Keegan* | 10, 1 |
| Georgina Kenny*^ | 4, 1 |
| Seamus Mallon* | 11, 0 |
| Padraig McManus | 11, 1 |
| Tony Merriman | 11, 1 |
| John Nugent^ | 11, 1 |
| Bobby Yeates^ | 11, 1 |

* Comhaltaí Boird Neamhspleácha
^ Ellvena Graham – ceapadh ar an mBord í an 5 Deireadh Fómhair 2010
^ Georgina Kenny – téarma in éag an 17 Bealtaine 2010
^ John Nugent – téarma in éag an 31 Nollaig 2010

### An Bord

Cé go dtarmligtear freagracht ó lá go lá ó thaobh ceannaireachta agus rialú na cuideachta chuig an bPríomhfheidhmeannach agus a Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí laistigh de theorainneacha údaráis réamhshainithe tá an Bord freagrach sa deireadh thiar as feidhmíocht na cuideachta. Tá ochtar Comhaltaí Boird ceaptha ag an Rialtas ar feadh tréimhsí suas go dtí cúig bliana agus ceapann an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ceathrar Comhaltaí Boird Oibrí ar feadh téarma ceithre bliana de bhun na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit). Tá an Príomhfheidhmeannach ceaptha mar Chomhalta Boird ar feadh tréimhse nach faide ná a thréimhse mar Phríomhfheidhmeannach.

Tá sé socraithe ag an mBord go raibh na Comhaltaí Boird thuas neamhspleách i rith 2010. Is fostaithe iad an ceathrar Comhaltaí Boird Oibrí agus an Príomhfheidhmeannach de chuid ESB.

Ceapadh an tUasal Lochlann Quinn mar Chathaoirleach ar an mBord in Eanáir 2008. I measc na bhfreagrachtaí atá ar an gCathaoirleach stiúrfaidh sé an Bord, leagfaidh sé amach an clár oibre, ag cinntiú éifeachtacht an Bhoird agus lánrannpháirtíocht gach comhalta Boird a éascú. Tá an Cathaoirleach freagrach freisin as a chinntiú go mbíonn cumarsáid éifeachtach le húinéirí agus le geallsealbhóirí an Ghrúpa; an tAire Airgeadais agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus a chuid oifigeach agus le ESB ESOP Trustee Limited – an Plean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe ESB. Tá ról an Chathaoirligh, a fheidhmíonn go páirtaimseartha, agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh glan ar a chéile.

Is é Seán Conlan an Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách Sinsearach.

Tagann an Bord le chéile go míosúil (seachas i mí Lúnasa) gach bliain agus tagann sé le chéile ar ócáidí eile chomh maith de réir mar is gá. Tá sceideal foirmiúil ábhar ann a choimeádtar go sonrach don Bhord d'fhonn cinneadh a dhéanamh maidir leo. Áirítear ar na príomhnithe a fhorchoimeádtar don Bhord:

- Straitéis, buiséid bhliantúla agus cuntais bhliantúla agus idirthréimhseacha an Ghrúpa a fhaomhadh;
- Athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais;
- Mórchaiteachas caipitiúil a fhaomhadh;
- Athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha agus ar bhainistíocht riosca an Ghrúpa;
- Athbhreithniú foriomlán ar fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta an Ghrúpa; agus
- Ceapadh an Phríomhfheidhmeannaigh, agus ceapadh an luchta Bainistíochta Shinsearaigh agus Rúnaí na Cuideachta.

Tá údarás tarmligthe ag an mBord ar an mbainistíocht chun gnáthchinntí gnó a dhéanamh faoi réir ag teorainneacha agus ag tairseacha sonraithe.

Is féidir leis na Comhaltaí Boird, agus iad ag cur lena gcuid dualgas, comhairle neamhspleách a fháil ó lucht gairme de réir mar is gá, agus is é ESB a íocfaidh as an gcomhairle sin. Tá gach Comhalta den Bhord in ann leas a bhaint as comhairle agus as seirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Tá clúdach árachais ann chun cosaint a thabhairt do Chomhaltaí Boird agus d'Oifigigh in aghaidh dliteanais de bharr caingne dlí ina n-aghaidh le linn dóibh a bheith ag cur a gcuid dualgas i gcrích. Tá clár ionduchtúcháin ann chun cleachtadh a thabhairt do Chomhaltaí Boird nua ar oibriúcháin an Ghrúpa. Faigheann na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais mhíosúla maidir leis an nGrúpa agus seoltar Cáipéisíocht iomlán an Bhoird chuig gach comhalta go tráthúil roimh chruinnithe an Bhoird. Bíonn miontuairiscí Chruinnithe Coiste an Bhoird i measc Cháipéisíocht an Bhoird.

Ba é an Cathaoirleach a rinne an measúnú feidhmíochta ar an mBord agus ar a Choistí. Rinneadh an measúnú sin chun teacht chomh mór agus ab fhéidir leis an gCód um Rialachas Corparáideach. Bhain an measúnú leis an gcaoi ar fheidhmigh an Bord ina iomláine agus ní le feidhmíocht Chomhaltaí ar leith an Bhoird.

## COISTÍ DE CHUID AN BHOIRD SA BHLIAIN 2010

Bunaítear coistí d'fhonn cuidiú leis an mBord a chuid dualgas a chomhlíonadh. Is mar seo a leanas atá na coistí:

**An Coiste Iniúchta**

Is coiste, arna bhunú go foirmiúil, de chuid an Bhoird é an Coiste Iniúchta a leagtar a chuid téarmaí tagartha amach i scríbhinn. Is é cuspóir an Choiste Iniúchta ná maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais agus ar chóras rialaithe inmheánaigh ESB. Feidhmíonn Rúnaí na Cuideachta mar Rúnaí ar an gCoiste. I mí Eanáir 2011 athainmníodh an Coiste seo agus tugadh an Coiste Iniúchta agus Riosca air.

I rith 2010, rinne an Coiste athbhreithniú orthu seo a leanas:

- Plean riosca 2010 agus tuarascálacha riosca rialta;
- An plean iniúchta inmheánaigh agus tuarascálacha forfheidhmithe rialta;
- Éifeachtacht fheidhm an iniúchta inmheánaigh;
- An plean iniúchta seachtraigh, scóip an iniúchta mar a leagtar síos é sa litir fostaíochta agus éifeachtacht an iniúchta sheachtraigh;
- Éifeachtacht chórais bainistíochta riosca agus chórais rialaithe inmheánaigh na cuideachta;
- Na ráitis airgeadais eatramhacha agus bliantúla;
- Mar atáthar ag cloí le Rialachas Corparáideach;
- Tuarascáil ón iniúchóir seachtrach maidir lena iniúchadh ar na ráitis airgeadais agus na moltaí a rinne an t-iniúchóir ina litir bainistíochta agus freagairt na bainistíochta; agus
- Téarmaí tagartha an Choiste féin chun a chinntiú go raibh siad fós ábhartha agus suas chun dáta.

Tá beartas forbartha ag an gCoiste maidir le seirbhísí nach seirbhísí iniúchóireachta iad a bheith á gcur ar fáil ag na hiniúchóirí seachtracha, ionas nach mbainfidh seirbhísí dá leithéid le haon ní seachas comhairle maidir le cuntasaíocht, cánachas agus ceisteanna maidir le comhlíonadh, ach amháin de réir mar a chuirtear in iúl don Choiste. Níor chóir go sáródh na táillí atá le híoc maidir le seirbhísí neamhiniúchóireachta i mbliain airgeadais ar bith na táillí iniúchóireachta don bhliain sin. Tá rochtain neamhshrianta ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchta. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste toradh a chruinnithe go léir don Bhord. Tá an Bord sásta go raibh taithí airgeadais chuí le tamall beag anuas ag comhalta amháin ar a laghad de chuid an Choiste ó thús deireadh na bliana. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste le linn 2010. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a freastalaíodh leagtha amach thíos:

| Comhaltaí | Cruinnithe ar a Freastalaíodh |
|---|---|
| Brendan Byrne, Cathaoirleach | 5 |
| Seán Conlan | 4 |
| Eoin Fahy | 5 |

**An Coiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta**
Is é cuspóir an Choiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta ná athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí maidir le hinfheistíocht, trína bhféachtar lena chinntiú go bhfuil ESB ullamh le dul chun cinn san am atá ag teacht ar bhonn na straitéise atá aontaithe ag an mBord. I mí Eanáir 2011 tugadh an Coiste Infheistíochta ar an gCoiste seo. Bhí deich gcruinniú ag an gCoiste le linn 2010. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a freastalaíodh leagtha amach thíos:

| Comhaltaí | Cruinnithe ar a Freastalaíodh |
|---|---|
| Georgina Kenny^, Cathaoirleach (cuid den bhliain) | 3 |
| Eoin Fahy, Cathaoirleach (cuid den bhliain) | 8 |
| John Coleman | 10 |
| Padraig McManus | 9 |
| Bobby Yeates | 9 |

^ Téarma in éag Bealtaine 2010

**An Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil**
Is é cuspóir an Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil ná comhairle a chur ar an mBord maidir le cúrsaí sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste le linn 2010. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a freastalaíodh leagtha amach thíos:

| Comhaltaí | Cruinnithe ar a Freastalaíodh |
|---|---|
| Tony Merriman, Cathaoirleach | 3 |
| John Coleman | 4 |
| Seamus Mallon | 4 |
| Padraig McManus | 2 |

**An Coiste Airgeadais**
Is é cuspóir an Choiste Airgeadais ná maoirseacht a dhéanamh ar an straitéis agus ar an mbeartas maidir le cúrsaí airgeadais agus comhairle a chur ar an mBord mar is cuí. I mí Eanáir 2011 tugadh an Coiste Airgeadais agus Feabhsúcháin Feidhmíochta ar an gCoiste seo. Bhí ocht gcruinniú ag an gCoiste le linn 2010. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a freastalaíodh leagtha amach thíos:

| Comhaltaí | Cruinnithe ar a Freastalaíodh |
|---|---|
| Lochlann Quinn, Cathaoirleach | 7 |
| Brendan Byrne | 7 |
| John Nugent | 5 |

**An Coiste Rialála**
Is é cuspóir an Choiste seo ná monatóireacht a dhéanamh ar reachtaíocht atá ag athrú agus ar chúrsaí rialála agus maoirseacht a dhéanamh ar mar atáthar ag comhlíonadh riachtanas rialála. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste le linn 2010. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a freastalaíodh leagtha amach thíos:

| Comhaltaí | Cruinnithe ar a Freastalaíodh |
|---|---|
| John Nugent, Cathaoirleach | 5 |
| Garry Keegan | 5 |
| Seamus Mallon | 5 |
| Tony Merriman | 4 |


**An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta**
Is é cuspóir an Choiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta ná comhairle a chur ar an mBord faoi gach gné de luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, aon athruithe ar luach saothair Chomhaltaí Boird Oibrí a cheadú, luach saothair an ghrúpa bainistíochta feidhmiúcháin a shocrú tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach agus monatóireacht a dhéanamh ar cheannairí ESB na linne seo agus ar cheannairí ESB amach anseo. I rith na bliana 2010, rinne an Coiste machnamh ar luach saothair agus ar spriocanna an Phríomhfheidhmeannaigh agus fheidhmeannaigh shinsearacha chomh maith le riachtanais forbartha Bhainisteoirí Sinsearacha an Ghrúpa. Dhá chruinniú a bhí ag an gCoiste i rith na bliana 2010 agus rinne na Baill Coiste uile freastal orthu. Tá na sonraí leagtha amach thíos:

| Comhaltaí | Cruinnithe ar a Freastalaíodh |
|---|---|
| Lochlann Quinn, Cathaoirleach | 2 |
| Eoin Fahy | 2 |
| Georgina Kenny | 2 |

**An Coiste Margaí agus Custaiméirí**
Tá an Coiste Margaí agus Custaiméirí ann chun comhairle a chur ar an mBord faoi gach gné den tseirbhís do chustaiméirí. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste le linn 2010. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a freastalaíodh leagtha amach thíos:

| Comhaltaí | Cruinnithe ar a Freastalaíodh |
|---|---|
| Garry Keegan, Cathaoirleach | 3 |
| Seán Conlan | 3 |
| Bobby Yeates | 3 |

**Córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa**

| COSO An Creat | Creat um Rialú Inmheánach ESB 2010 | Athbhreithniú ar éifeachtacht |
|---|---|---|
|  | ‣ Clár um thástáil príomhrialuithe<br>‣ Athbhreithnithe maidir le Riosca Fiontraíochta<br>‣ Clár Iniúchta Inmheánaigh agus Seachtraigh | Grúpa Bliantúil Plean Iniúchta Inmheánaigh Athbhreithniú ar an Iniúchadh Seachtrach |
| | ‣ Róil agus Freagrachtaí<br>‣ Tuairisciú Suas | Ráitis um Rialú Airgeadais |
| | ‣ Beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha<br>‣ Pleanáil gnó agus próiseas buiséadaithe<br>‣ Córas cuimsitheach tuairiscithe míosúil | |
| | ‣ Bainistíocht Riosca Fiontraíochta<br>‣ Bainistíocht Riosca Trádála<br>‣ Measúnú maidir le Riosca Calaoise | Measúnuithe leath-bhliantúla/bliantúla:<br>- Riosca Fiontraíochta<br>- Rialú Riosca Trádála |
| | ‣ Cód Eitice d'Fhostaithe ESB<br>‣ Struchtúr eagrúcháin atá sainithe go soiléir, leibhéil údaraithe agus deighilt dualgas<br>‣ Comhlíonadh treoirlínte um Rialachas Corparáideach | Dearbhú leasa bliantúil Ráitis Rialachais Bhliantúla |



Ghlac an Grúpa leis an gcreat rialaithe inmheánaigh comhtháite arna fhorbairt ag Coiste na nEagraíochtaí Urraíochta ar Choimisiún Treadway (COSO) mar bhunús do rialuithe inmheánacha.

## RIALUITHE INMHEÁNACHA

Tá freagracht iomlán maidir le córas an rialachais inmheánaigh sa Ghrúpa agus maidir le monatóireacht ar a éifeachtúla is atá sé ar an mBord. Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach d'fhonn cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt nach dtarlóidh míráiteas ná caillteanas ábhartha. D'fhonn an dualgas sin a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go gcomhlíontar an reachtaíocht agus na rialacháin, tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an mBord a bhfuil nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, roinnt dualgas agus údarás tarmligthe ag baint leis.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta chomh maith le córais bainistíochta riosca. Tá creat daingean rialaithe inmheánaigh in úsáid ag ESB ina gcuimsítear iad seo a leanas:

- Tá an córas bunaithe ar chód eitice a éilíonn go gcloíodh gach Comhalta Boird agus fostaí leis na caighdeáin eitice is airde agus iad i mbun gnó;
- Struchtúr eagrúcháin a leagtar amach go soiléir, trína sainítear teorainneacha le húdarás agus deismireachtaí tuairiscithe le leibhéil bhainistíocht níos airde agus leis an mBord a chuidíonn le timpeallacht thréan rialachais a choinneáil;
- Creat rialachais chorparáide lena n-áirítear anailís ar riosca, athbhreithniú ar rialú airgeadais agus ráitis bhliantúla fhoirmiúla maidir le rialachas ón mbainistíocht sna réimsí éagsúla gnó agus ar leibhéal an Ghrúpa. Déanann roinn Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa, atá freagrach don Choiste Iniúchta, monatóireacht leanúnach air sin;
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta maidir le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear caiteachas caipitiúil. Ní mór aontú an Bhoird a fháil le haghaidh mórthograí

caipitil, agus déanann Coiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta an Bhoird monatóireacht ghéar orthu sin ar bhonn leanúnach. Bíonn siad faoi réir iniúchtaí freisin tar éis iad a chur i gcrích;

- Córais bhuiséid chuimsitheacha le buiséad bliantúil arna fhaomhadh ag an mBord;
- Córas cuimsitheach maidir le tuairisciú airgeadais. Tuairiscítear torthaí iarbhír carnacha míosúla in aghaidh an bhuiséid atá ann agus déanann an Bord iad a mheas ar bhonn míosúil. Fiosraíonn an Bord aon athruithe suntasacha nó aon athraitheas codarsnach, agus déantar gníomh chun a leithéid a réiteach más cuí sin; agus
- Ceisteanna oibriúcháin agus airgeadais a bheith á mbreithniú ag Coistí speisialta de chuid an Bhoird mar a leagtar amach ar leathanaigh 53 go 55.

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú ar bhonn córasach ar na rialuithe sin. Cuirtear béim sna hathbhreithnithe sin ar na réimsí is mó a mbaineann baol níos airde leo de réir mar a shonraítear trí anailís riosca. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, le cúnamh ón gCoiste Iniúchta, ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Tá na gnéithe seo a leanas ag baint leis an bpróiseas a úsáideann an Bord agus an Coiste Iniúchta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh:

- Feidhm bainistíochta riosca ar leith a bhunú in ESB;
- Athbhreithniú agus machnamh ar phróiseas athbhreithnithe riosca leathbhliantúil agus tuairiscí nua rialta a thabhairt maidir le bainistíocht riosca;
- Comhairle neamhspleách a fháil maidir le leordhóthanacht an phróisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm ag ESB i láthair na huaire;
- Athbhreithniú agus machnamh ar dheimhniúcháin ón mbainistíocht maidir le hoibriú sásúil, éifeachtach na gcóras rialaithe inmheánaigh, idir chórais airgeadais agus oibriúcháin;
- Athbhreithniú ar chlár Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa agus meastóireacht ar a gcuid torthaí agus tuairiscí;
- Tugann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa tuairisc go rialta maidir le stádas na gceisteanna a tarraingíodh anuas cheana de bharr a gcuid tuairiscí féin nó thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach; agus
- Athbhreithniú ar thuarascálacha an iniúchóra sheachtraigh, KPMG, ina luaitear sonraí maidir le haon cheist rialaithe shuntasach a aithnítear le linn a chuid oibre mar iniúchóir.

## PRÓISEAS BAINISTÍOCHTA RIOSCA FIONTRAÍOCHTA AN BHOIRD (ERM)

Is cuid lárnach de gach gníomhaíocht ghnó é bainistíocht riosca agus déantar é a bhainistiú ar bhealach comhsheasmhach ar fud na n-aonad gnó. Tá cur chuige ar fud gach fiontar glactha ag ESB maidir le bainistíocht riosca ó 2005 i leith chun é seo a bhaint amach.

Tá feidhm le creat comhsheasmhach chun riosca a aithint, a mheas, a bhainistiú agus a thuairisciú ar fud ESB Group.

Déanann Bainisteoir Riosca an Ghrúpa cothabháil agus nuashonrú ar an gcreat bainistíochta riosca sin, faoi mhaoirsiú an Bhoird agus ag Coiste Iniúchta an Bhoird, agus cuireann an bhainistíocht i bhfeidhm é ag gach leibhéal den Ghrúpa.

Áirítear leis an gcreat bainistíochta riosca Coiste Riosca ar leibhéal feidhmiúcháin ar a bhfuil bainisteoirí sinsearacha ón nGrúpa ar fad, ar a bhfuil Stiúrthóir Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa ina chathaoirleach. Déanann an Coiste seo maoirsiú agus stiúrann sé an cleachtas agus an beartas riosca, measann sé measúnuithe riosca a dhéantar ag leibhéal Grúpa agus an Aonaid Ghnó, agus déanann sé athbhreithniú ar threochtaí riosca foriomlána don Ghrúpa. Tugann an Coiste tuairisc rialta d'Fhoireann an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, don Choiste Iniúchta agus don Bhord iomlán.

Tá Iniúchóir Inmheánach an Ghrúpa neamhspleách ar an bpróiseas bainistíochta riosca agus tá ráthaíocht neamhspleách curtha ar fáil aige don Choiste Iniúchta maidir le leordhóthanacht na socruithe bainistíochta riosca sa Ghrúpa.

Tá sonraí maidir le rioscaí coinnithe agus nuashonraithe sa Chlár Riosca Corparáidigh. Tá rioscaí rangaithe de réir dóchúlachta agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith orthu. Cinntear conas a láimhseáiltear gach riosca ar bhunús an chineál riosca atá i gceist.

Tugann an cur chuige fiontraíochta measúnú leanúnach ar an seasamh riosca comhdhlúite atá ag an nGrúpa. Déantar athbhreithniú ar chomhphleananna riosca gach Aonaid Ghnó chun treochtaí a léiriú agus chun rioscaí coitianta nó idirspleácha ar fud an Ghrúpa a aithint. Tugann Coiste Riosca an Ghrúpa ionchur lárnach don mheasúnú agus do rangú riosca ó thaobh an Ghrúpa de.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an gcreat bainistíochta riosca bunaithe, lena n-áirítear cuid de rioscaí is suntasaí an Ghrúpa, féach an Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca ar leathanaigh 60 agus 61.

## LUACH SAOTHAIR na gCOMHALTAÍ BOIRD 2010

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| Cathaoirleach | € | € |
| Lochlann Quinn | | |
| Táillí | 78,750 | 70,309 |

| Príomhfheidhmeannach | | |
|---|---|---|
| Padraig McManus | | |
| Tuarastal | 420,993 | 432,689 |
| Pá a bhaineann le feidhmíocht: | | |
| - Bónas bliantúil | - | 105,410 |
| - Dreasacht fadtéarmach | - | 103,906 |
| Sochair inchánacha | 23,100 | 23,342 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 69,043 | 70,961 |
| Táillí | 15,750 | 16,260 |
| | 528,886 | 752,568 |

| Comhaltaí Boird Neamhfheidhmiúcháin | | |
|---|---|---|
| Brendan Byrne | 15,750 | 15,919 |
| John Coleman * | 15,750 | 16,260 |
| Seán Conlan | 15,750 | 16,260 |
| Ellvena Graham^ | 3,797 | - |
| Garry Keegan | 15,750 | 16,260 |
| Eoin Fahy | 15,750 | 16,260 |
| Seamus Mallon | 15,750 | 16,260 |
| Georgina Kenny^ | 5,911 | 16,260 |
| Tony Merriman * | 15,750 | 16,260 |
| John Nugent * | 15,750 | 16,260 |
| Bobby Yeates * | 15,750 | 16,260 |
| | 151,458 | 162,255 |

^ Ellvena Graham – ceapadh ar an mBord í an 5 Deireadh Fómhair 2010
^ Georgina Kenny – téarma in éag an 17 Bealtaine 2010

Tháinig laghdú 10% ar na táillí Boird in 2009 * Chomh maith leis na táillí Boird a íoctar leo, tá an ceathrar Comhaltaí Boird Oibrí ina bhfostaithe arna n-íoc ag ESB. Ghlac an Príomhfheidhmeannach le laghdú deonach 10% ina thuarastal le héifeacht ó 1 Aibreán 2009.

## LUACH SAOTHAIR NA gCOMHALTAÍ BOIRD FEIDHMIÚCHÁIN

Is é an Príomhfheidhmeannach, an tUasal Padraig McManus, an t-aon Chomhalta Boird feidhmiúcháin. Socraítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh taobh istigh de réimse a shocraíonn an tAire Airgeadais agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Socraíonn an Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, ar a bhfuil triúr Comhaltaí Boird Neamhfheidhmiúcháin, an luach saothair in aghaidh na bliana, taobh istigh den réimse a luaitear thuas, agus ceadaíonn an Bord é.

Cuimsíonn luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh buntuarastal, carr cuideachta agus scéim bhónais atá ceangailte le feidhmíocht suas go dtí 35% den tuarastal bliantúil, ar an gcoinníoll go gcuirfí ar a laghad 10% den tuarastal i bhfeidhm i leith scéim bhónais trí bliana a bhaineann le cuspóirí ilbhliantúla, faoi réir uasmhéid foriomlán de 35% de thuarastal in aghaidh na bliana thar an tréimhse. Ina ról mar Chomhalta Boird, faigheann an Príomhfheidhmeannach táille arna socrú ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chomh maith.

## LUACH SAOTHAIR NA gCOMHALTAÍ BOIRD NEAMHFHEIDHMIÚCHÁIN

Tugtar luach saothair do Chomhaltaí Boird a cheaptar faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 mar fhostaithe de ESB. Bíonn siad páirteach i scéim aoisliúntais ESB. Is é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a shocraíonn luach saothair na gComhaltaí Boird Neamhfheidhmiúcháin (lena n-áirítear an Cathaoirleach) agus ní fhaigheann siadsan pinsin.

## COSTAIS NA gCOMHALTAÍ BOIRD

Chun cloí le Cód Cleachtais leasaithe do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, ní mór na costais a íoctar leis na Comhaltaí Boird a nochtadh, agus iad briste síos de réir catagóire. I rith 2010, aisíocadh na méideanna seo a leanas le Comhaltaí Boird nó íocadh thar a gceann iad: €1,524 i gcomhair costais teileafóin, €66,907 i gcomhair costais taistil, €36,983 i gcomhair cóiríochta, €6,741 i gcomhair siamsaíochta, €13,292 i gcomhair comhdhálacha agus €3,675 i gcomhair suibscríbhinní.

Áirítear ar na costais thuas costais an Phríomhfheidhmeannaigh, ina ról mar Phríomhfheidhmeannach agus mar Chomhalta Boird.

### GNÓTHAS LEANTACH

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn ghnóthais leantaigh ós deimhin leis an mBord, tar éis dó na fiosrúcháin chuí a dhéanamh, go bhfuil dóthain acmhainní ag BSL chun leanúint ar aghaidh i mbun oibre san am atá le teacht.

### TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Is é tuairim na gComhaltaí Boird go bhfuil foireann chuntasaíochta leis an saineolas cuí fostaithe acu agus gur cuireadh acmhainní imleora ar fáil don fheidhmeannas airgeadais lena chinntiú go gcomhlíontar dualgas ESB leabhair chuntais chuí a choimeád. Coimeádtar leabhair chuntais ESB ag 27 Sráid Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

### AN tACHT TOGHCHÁIN, 1997

Ní dhearna an Bord aon síntiús polaitiúil i rith na bliana.


### FOCAL SCOIR

Cheadaigh an Bord an tuarascáil seo an 23 Márta 2011 le cur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Thar ceann an Bhoird



**Lochlann Quinn** Cathaoirleach



**Padraig McManus** Príomhfheidhmeannach

23 Márta 2011

# TUARASCÁIL AR BHAINISTÍOCHT RIOSCA

### Cur chuige Fiontraíochta

Tá an mhaoirseacht riosca a rinne an Bord le fáil i dTuarascáil na gComhaltaí Boird. Tá cur síos sa tábla thíos ar oibriú an phróisis chun rioscaí a aithint, ag leagan béime ar na príomhrioscaí agus na príomhstraitéisí maolaithe a chuirtear i bhfeidhm.

Tá riosca ina ghné ghníomhach den timpeallacht ina bhfeidhmíonn ESB. Tá ESB tiomanta nochtadh an Ghrúpa do riosca a bhainistiú go rathúil agus an tionchar atá aige ar ghnóthachtálacha gnó a laghdú.

### Creat Bainistíochta Riosca

Tá creat bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag ESB ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas:

- Próisis chun rioscaí an Ghrúpa a aithint agus a chur in ord tosaíochta le cur faoi bhráid na Bainistíochta agus an Bhoird;
- Monatóireacht a dhéanamh ar mheicníochtaí le cinntiú go gcuirtear pleananna agus straitéisí maolaithe i bhfeidhm i gceart;
- Measúnachtaí leanúnacha chun aird a tharraingt ar threochtaí agus réimsí riosca nua agus cinn atá ag teacht chun cinn a aithint; agus
- Dearcadh an Ghrúpa maidir le riosca a chothú trí na tuairimí éagsúla maidir le riosca a chomhdhlúthú agus a ailíniú ar fud an Ghrúpa.

Tá an creat bainistíochta riosca a leagtar síos thuas bunaithe ar mhúnla Bainistíochta Riosca Fiontraíochta an Bhoird, a ghlac ESB in 2005. Cuireann an Bhainistíocht Riosca Fiontraíochta cur chuige comhtháite ar fáil maidir le riosca agus is cleachtas bunaithe atá ann in ESB chun éiginnteacht a bhainistiú agus bagairtí a laghdú.

## Príomhrioscaí agus Straitéisí Maolaithe

| Rioscaí | Cur síos ar na Rioscaí | Straitéisí Maolaithe |
|---|---|---|
| **RIOSCAÍ SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL** | | |
| Gortaithe don fhoireann, do na conraitheoirí agus don phobal go ginearálta | Mar fhóntas ollmhór fuinnimh, tá ESB tiomanta do na caighdeáin sábháilteachta is airde mar chosaint i gcoinne an riosca gortaithe don fhoireann, do na conraitheoirí agus don phobal go ginearálta. | Forfheidhmíonn ESB a bheartais agus a chaighdeáin sábháilteachta go tréan chun a sprioc gan aon ghortuithe a bheith ann a bhaint amach.<br>Tá clár ceannaireachta sábháilteachta forleathan i bhfeidhm ar fud ESB, a dtugann an Bord agus an bhainistíocht go hiomlán tacaíocht dó, chun aghaidh a thabhairt ar phríomhshaincheisteanna sábháilteachta. Tá baint ag an bhFoireann agus ag an mBainistíocht ag gach leibhéal le tabhairt faoi athbhreithnithe agus iniúchtaí sábháilteachta.<br>Maidir le sábháilteacht an phobail, reáchtáiltear feachtais margaíochta dhíreacha agus meáin leanúnacha chun feasacht an phobail a mhéadú maidir leis na rioscaí agus na contúirtí. Tá comhpháirtíocht straitéiseach ag ESB leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun sábháilteacht leictreachais a fheabhsú sna hearnálacha tógála agus talmhaíochta. |
| An Comhshaol agus Athrú Aeráide | Tá sé de chumas ag go leor gníomhaíochtaí ESB tionchar comhshaoil suntasach a bheith acu agus déantar iad a rialú le dlíthe náisiúnta agus dlíthe ábhartha de chuid an AE. | Tá iniúchadh ar chomhlíonadh rialta agus rialuithe láidir mar ghné de chórais cosanta comhshaoil ESB. Tugann an Grúpa acmhainní suntasacha i dtreo is go gcomhlíonfar dlíthe/rialacháin comhshaoil agus pleanála ábhartha agus oibríonn sé i gcomhar leis na húdaráis ábhartha go léir.<br>D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide, tá ESB ag tabhairt faoi straitéis laghdaithe carbóin uaillmhianach agus ag infheistiú go láidir i dteicneolaíocht atá cairdiúil don timpeallacht agus i bhfuinneamh in-athnuaite. |
| **RIOSCAÍ TRÁCHTÁLA AGUS MARGAIDH** | | |
| Gníomh ó Iomaitheoirí | Tá iomaíocht láidir ag an nGrúpa ina chuid margaí go léir. Tháinig bunathrú ar an margadh baile le linn 2010 mar thoradh ar an leibhéal gníomhaíochta a bhí ag iomaitheoirí san earnáil soláthair baile. | Tá ESB fós ag dul in oiriúint d'iomaíocht mhéadaithe, d'iontrálaithe nua ionsaitheacha agus scair shuntasach den mhargadh a chailliúint. Bhí ESB rannpháirteach i bpróiseas comhairliúcháin CER ionas go dtarlóidh breis dírialaithe i bhfianaise iomaíocht mhéadaithe/sciar mhargaidh laghdaithe ESB. I rith 2010, d'éirigh le ESB athrú chuig struchtúr eagraíochta nua chun a iomaíochas agus a bhonn costais a fheabhsú a thuilleadh. Ar aon dul le ceaduithe CER, tá ESB ag ullmhú tairiscintí nua praghsála agus seirbhísí don uair a bheidh cead aige dul san iomaíocht sa mhargadh soláthair baile. |
| Tionchar an Chor Chun Donais Eacnamaíoch | Cruthaíonn an cor chun donais eacnamaíoch atá ann faoi láthair, an laghdú ginearálta ar ghníomhaíocht ghnó agus an laghdú dá bharr ar éileamh ar fhuinneamh rioscaí agus dúshláin do leibhéil brabúsachta an Ghrúpa agus b'fhéidir do sheachadadh spriocanna fáis agus infheistíochta an Ghrúpa. | Tá ESB ag tabhairt aghaidh ar na rioscaí éagsúla agus an éiginnteacht a bhaineann leis an timpeallacht eacnamaíoch reatha. Tá ár bpróiseas bainistíochta riosca tar éis cabhrú linn na rioscaí airgeadais mhéadaithe a aithint agus a bhainistiú. Aithnítear rioscaí feidhmíochta a bhaineann go sonrach le gach gnó i bpleananna riosca aonair, áit a ndéantar pleanáil ar shainghníomhartha maolaithe agus a ndéantar iad a shannadh. Mar chuid den phróiseas sin, bunaíodh struchtúir eagraíochta nua chun straitéis an Ghrúpa a sheachadadh, dul in oiriúint do struchtúir nua costais agus chun freastal ar na dúshláin a bhaineann leis an timpeallacht eacnamaíoch reatha. |

| Rioscaí | Cur síos ar na Rioscaí | Straitéisí Maolaithe |
|---|---|---|
| Riosca Trádála an Mhargaidh Aonair Leictreachais (SEM) | Tá luaineacht shuntasach feicthe i bpraghsanna cumhachta in SEM, agus sna praghsanna breosla a d'íoc an Grúpa maidir lena ghníomhaíochtaí ginte leictreachais. D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag athruithe ar phraghsanna cumhachta, breosla agus $CO_2$ agus ag gluaiseachtaí coibhneasta idir praghsanna cineálacha éagsúla breosla ar bhrabúis ESB. | Tá straitéis imfhálaithe agus trádála cuí glactha ag ESB chun éiginnteacht agus luaineacht praghais fhéideartha a bhainistiú. Glactar le conarthaí airgeadais agus cinntí trádála ar aon dul leis an straitéis seo. Tá a bhfeidhmeanna trádála fuinnimh traidisiúnta treisithe ag Aonaid Ghnó chun a chinntiú go dtuigtear agus go ndéantar bainistiú go hiomlán ar sheasaimh trádála leanúnacha SEM ina n-iomláine.<br>Ar aon dul le riachtanais imfhálaithe rialacháin, chothaigh Aonaid Ghnó ESB a bhí rannpháirteach sa mhargadh SEM na córais, na struchtúir agus an cumas trádála cuí chun riosca in SEM a bhainistiú go héifeachtach. Tá na rialuithe agus bainistíocht riosca leabaithe a chlúdaíonn gníomhaíochtaí trádála a bhaineann leis na hAonaid Ghnó ábhartha faoi réir réimeas tuarascála agus rialachais dian, lena n-áirítear Iniúchadh Inmheánach Grúpa. |
| **RIOSCAÍ AIRGEADAIS** | | |
| Rioscaí Cistíochta | I measc na bpríomhréimsí riosca airgeadais atá ag an nGrúpa tá an nochtadh do ghluaiseachtaí praghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla), malartán eachtrach, rátaí úis, contrapháirtithe airgeadais agus tráchtearraí, riosca leachtachta, agus iontaofacht ar rialuithe airgeadais agus oibriúcháin gaolmhara. | Tá Group Treasury freagrach as gnáthbhearta cistíochta an Ghrúpa ó lá go lá, lena n-áirítear trádáil ionstraimí díorthacha ar leith chun na rioscaí seo a mhaolú. Athbhreithníonn, leasaíonn agus ceadaíonn an Bord beartais agus nósanna imeachta go rialta a thugann cosaint don Ghrúpa ó na rioscaí cistíochta/ airgeadais.<br>Maidir le hinfhaighteacht agus costas an mhaoinithe a bhaineann le hinfheistíochtaí lárnacha, cothaíonn ESB straitéis maoinithe fhoriomlán ina dtugtar aird ar choinníollacha an mhargaidh agus atá feiliúnach do spriocanna agus do phlean straitéiseach ESB. Tá próiseas fadbhunaithe ann ina ndéantar monatóireacht agus tuairisciú leanúnach, agus anailís íogaireachta sna réimsí sin. |
| Riosca Pinsin | Bhí an t-easnamh achtúireach de thart ar €2 bhilliún a tháinig chun cinn i bpríomhscéim pinsin ESB, a chlúdaíonn formhór a chuid fostaithe, faoi chaibidil i gcainteanna a bhí ar bun idir an Bhainistíocht agus na Ceardchumainn le linn 2010. | Aontaíodh sraith chuimsitheach moltaí idir Bainistíocht agus ionadaithe foirne ESB in 2010 chun aghaidh a thabhairt ar staid airgeadais na scéime. Dheimhnigh achtúire na scéime do na hIontaobhaithe go dtugann na moltaí aghaidh ar an easnamh. Tabharfaidh moltaí dí-rioscála éagsúla, (lena n-áirítear Meántuillimh Athluacháilte Ghairm Bheatha - CARE), deis do na hIontaobhaithe go háirithe riosca infheistíochta a laghdú sa phunann thar roinnt blianta. |
| **RIOSCAÍ RIALÁLA** | | |
| Comhlíonadh agus Athruithe sa Mhargadh | Tagann na príomhrioscaí rialála atá os comhair an Ghrúpa ó chomhlíonadh ceadúnais, riachtanais imfhálaithe, tionchar atá ag athbhreithnithe rialaithe praghsanna, agus creat rialacháin an AE atá ag athrú. | Déanann ESB bainistiú ar na rioscaí sin trí fhoireann tiomanta Gnóthaí Rialála a thugann ionchur leanúnach chun córais rialála, trádála agus praghsála a fhorbairt agus déanann sí monatóireacht freisin ar chomhlíonadh riachtanais rialacháin agus ceadúnais an Ghrúpa. Bíonn cur chuige struchtúrtha forghníomhach ag ESB maidir lena chomhairliúcháin leis na húdaráis rialála maidir le forbairtí an mhargaidh. |
| **RIOSCAÍ OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Riosca Feidhmíochta Gléasraí | Teip maidir leis an sprioc-fheidhmíocht agus infhaighteacht gléasra ginte atá ann cheana a bhaint amach trí dhamáiste do ghléasra ESB, teagmhais agus cliseadh. | Laghdaítear rioscaí den sórt sin don ghléasra trí chórais chothabhála agus sábháilteachta gléasra, nósanna imeachta feidhmíochta agus teicniúla agus oiliúint foirne fadbhunaithe ESB. Tá conarthaí árachais cuí i bhfeidhm freisin ag an nGrúpa chun é féin a chosaint i gcoinne caillteanas airgeadais ó bhriseadh soláthair a tharlaíonn mar thoradh ar dhamáiste don ghléasra. |
| Eolas agus Scileanna | Tá ESB ag brath go láidir ar inniúlacht theicniúil agus inchreidteacht na bainistíochta agus na foirne. Ní mór don Ghrúpa go speisialta ardchaighdeáin inniúlachta a chothú i réimsí nua agus réimse atá i mbun forbartha sa ghnó. | Tá ESB tiomanta an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a theastaíonn i gcomhair leibhéil arda iomaíochais a chothú i margadh na hÉireann agus thar lear. Chuige seo, leanann ESB ag déanamh infheistíochta i bhforbairt agus oiliúint foirne agus i bhfeabhsú feidhmíochta go leanúnach, go háirithe i gcomhthéacs teicneolaíochtaí nua amhail Méadrú Cliste, Fuinneamh In-athnuaite, Feithiclí Leictreacha, agus Eangaigh Cliste. |
| Próisis Ghnó agus Córais TF | Sainmhínítear próisis Riosca Fiontraíochta ESB agus tugann siad aghaidh ar rioscaí oibriúcháin atá in ann damáiste a dhéanamh do chlú nó caillteanais a thabhú mar thoradh ar earráidí nó easnaimh i bpróisis ghnó agus córais TF an Ghrúpa. | Tá gach aonad gnó freagrach as riosca oibriúcháin a theorannú agus a bhainistiú taobh istigh dá réimse freagrachta trína chinntiú go bhfuil nósanna imeachta dea-thaifeadta, córais TF iontaofa agus rialuithe inmheánacha sásúla i bhfeidhm. Tá an creat rialaithe inmheánaigh faoi réir iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh. Tugann pleanáil chlár iniúchta inmheánaigh an Ghrúpa aird ar na rioscaí oibriúcháin féideartha a aithnítear sa chreat bainistíochta riosca. |



# 05
# RÁITIS AIRGEADAIS

## BUAICPHOINTÍ

→ Chuireamar bailchríoch ar éadáil Northern Ireland Electricity (NIE)

→ Comhaontú fíorshuntasach chun easnamh pinsin €2 bhilliún a réiteach

**€339m**

**Brabús oibriúcháin coigeartaithe: €339m**

-3% ar an mbliain roimhe



# RÁITIS AIRGEADAIS - CLÁR NA NÁBHAR


**Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird** 64

**Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB)** 65

**Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta** 66

**Ráitis Airgeadais:** 72

Ráiteas ar Ioncam an Ghrúpa 72
Ráiteas an Ghrúpa maidir le hIoncam Cuimsitheach 73
Clár Comhardaithe an Ghrúpa 74
Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta 75
Ráiteas an Ghrúpa maidir le hAthruithe ar Chothromas 76
Ráiteas na Máthairchuideachta ar Athruithe ar Chothromas 77
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa 78
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid na Máthairchuideachta 79

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais:** 80

**1.** Tuairisciú Deighleoige 80
**2.** Faisnéis Gheografach 82
**3.** Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Giniúna 82
**4.** Ioncam Oibriúcháin Eile 82
**5.** Costais Oibriúcháin 83
**6.** Glanchostais Airgeadais agus Muirir Airgeadais Eile 83
**7.** Fostaithe 84
**8.** (Creidmheas) /Costas Cháin Ioncaim 86
**9.** (Caillteanas) / Brabús don Bhliain Airgeadais 87
**10.** Maoin, Gléasra agus Trealamh 88
**11.** Sócmhainní Neamhinláimhsithe 90
**12.** Infheistíochtaí Sócmhainní Airgeadais 92
**13.** Fardail 95
**14.** Sócmhainní agus Dliteanais Reatha Cánach 95
**15.** Infháltais Trádála agus Eile 96
**16.** Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim 96
**17.** Athruithe ar Chothromas 96
**18.** Iasachtaí agus Fiachas Eile 97
**19.** Ionstraimí Airgeadais Díorthaigh agus Bainistíocht Riosca Airgeadais 100
**20.** Sócmhainní agus Dliteanais Chánach Iarchurtha 118
**21.** Dliteanais Phinsin 121
**22.** Dliteanais a bhaineann le Fostaithe agus Dliteanas maidir le hOibleagáid Pinsean 127
**23.** Nithe Iníoctha Trádála agus Eile 128
**24.** Ioncam Iarchurtha agus Deontais Rialtais 129
**25.** Soláthairtí 130
**26.** Ceangaltais agus Teagmhais 132
**27.** Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara 133
**28.** Meastacháin agus Breithiúnais 134
**29.** ESB ESOP Trustee Limited 134
**30.** Faomhadh na Ráiteas Airgeadais 134
**31.** Gnóthais Fhochuideachta, Chomhfhiontair & Chomhlaigh 135

# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA GCOMHALTAÍ BOIRD

## Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta a ullmhú.

Ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird faoi na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go 2004 ráitis airgeadais a ullmhú don Ghrúpa agus don Mháthairchuideachta do gach bliain airgeadais. Faoi rialacháin rialaithe ESB (na "Rialacháin"), ar glacadh leo de bhun na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004, ní mór don Bhord tuarascálacha agus ráitis airgeadais a réiteach de réir mar is gá, agus de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009 ("Achtanna na gCuideachtaí") ar an gcaoi chéanna le cuideachta arna bhunú faoi Achtanna na gCuideachtaí. Ina theannta sin, tá cinneadh déanta ag na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa a réiteach de réir Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) arna ghlacadh ag an AE, agus arna chur i bhfeidhm de réir Achtanna na gCuideachtaí.
Ní mór faoin dlí go dtabharfadh ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas fírinneach cóir de staid ghnóthaí na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa ag deireadh na bliana airgeadais, agus de bhrabús agus/nó caillteanas na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa don bhliain airgeadais. De bhun IFRS, arna ghlacadh ag an AE, ní mór do na ráitis airgeadais seasamh agus feidhmíocht airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta a chur i láthair go cóir.

Agus gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta araon ar leathanaigh 72 go 138 á n-ullmhú acu éilítear ar Chomhaltaí an Bhoird:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Dearbhú go sásaíonn ráitis airgeadais na Máthairchuideachta IFRS arna nglacadh ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Grúpa agus an Mháthairchuideachta i mbun gnó.

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as leabhair chuntais chearta a choinneáil a thaifeadann agus a mhíníonn idirbhearta an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta go cruinn, a nochtann seasamh airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta le cruinneas réasúnta ag aon tráth, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcloínn na ráitis airgeadais le hAchtanna na gCuideachtaí agus a fhágann gur féidir cuntais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta a iniúchadh go furasta agus go cóir. Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as na céimeanna cóir a ghlacadh atá oscailte go réasúnach dóibh chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a aithint.

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as Tuarascáil na gComhaltaí Boird a réiteach a chomhlíonann ceanglais Achtanna na gCuideachtaí.

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as an bhfaisnéis airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa a choinneáil slán. D'fhéadfadh difir a bheith idir an reachtaíocht a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh na ráiteas airgeadais i bPoblacht na hÉireann ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird



**Lochlann Quinn**
Cathaoirleach



**Pádraig McManus**
Príomhfheidhmeannach

23 Márta 2011

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOC-SHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB)

Mar iniúchóir ceaptha ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le toiliú an Aire Airgeadais, faoi Alt 7 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Ghrúpa agus Mháthairchuideachta Bhord Soláthair an Leictreachais (na "ráitis airgeadais") don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 lena n-áirítear ráiteas ioncaim an Ghrúpa, ráiteas cuimsitheach ioncaim an Ghrúpa, cláir chomhardaithe an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, ráitis um athruithe cothromais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, ráitis faoi shreabhadh airgid an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, ráiteas maidir le beartais cuntasaíochta agus na nótaí a bhaineann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta a leagtar amach iontu.

Is le stocshealbhóirí ESB amháin, mar chomhlacht, a dhéantar an tuarascáil seo de réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990, agus feidhm leis i gcás ESB de bhua na Rialachán atá glactha aige mar a chuid rialachán rialaithe faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, arna leasú ag an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2004. Rinneadh an obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchóireachta a lua le stocshealbhóirí ESB agus chun na críche sin amháin. Chomh fada is a cheadaítear go hiomlán faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht i leith aon duine eile ach amháin ESB agus a chuid stocshealbhóirí, mar chomhlacht, as an obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo againn nó as na tuairimí ar thángthas orthu.

## Freagrachtaí na gComhaltaí Boird agus an Iniúchóra faoi seach

Leagtar amach freagrachtaí na gComhaltaí Boird maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009, mar a chuirtear i bhfeidhm iad leis na hAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927 go dtí 2009 agus leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) arna nglacadh ag an AE sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird.

Táimid freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas dlí agus rialála ábhartha agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscímid daoibh cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas léargas fírinneach cóir de réir IFRS arna nglacadh ag an AE nó nach dtugann, agus i gcás na Máthairchuideachta, cibé ar cuireadh i bhfeidhm iad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009 arna gcur i bhfeidhm ag na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004, agus cibé ar ullmhaíodh iad de réir fhorálacha na nAchtanna sin nó nár ullmhaíodh. Tugaimid tuairisc daoibh freisin an é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an Mháthairchuideachta; agus cibé an bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil na gComhaltaí Boird ag teacht leis na ráitis airgeadais nó nach bhfuil. Ina theannta sin, insímid cibé ar cuireadh an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá de dhíth chun críche na hiniúchóireachta ar fáil dúinn, agus cibé an bhfuil clár comhardaithe na Máthairchuideachta ag teacht leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Déanaimid athbhreithniú, ar iarratas ó Chomhaltaí an Bhoird, (1) ar léiriú an ráiteas deonach ar leathanaigh 52 go dtí 59 ar chomhlíonadh an Bhoird maidir le naoi bhforáil an Chóid na Ríochta Aontaithe um Rialachas Corparáideach atá sonraithe d'fhonn a n-athbhreithniú ag iniúchóirí agus (2) ar léiriú an ráiteas ar an gcóras rialuithe inmheánaigh ar leathanaigh 56 agus 57 ar chomhlíonadh an Bhoird maidir le forálacha an Chóid Sárchleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit atá sonraithe d'fhonn a n-athbhreithniú ag iniúchóirí agus tuairiscímid murar léiriú ar an dá ní sin na ráitis. Ní cheanglaítear orainn a bhreithniú cibé an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn ráitis an Bhoird ar chlúdach rialaithe inmheánaigh na rioscaí agus na rialuithe ar fad, nó tuairim a thabhairt ar éifeachtacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an Ghrúpa nó a nósanna imeachta rioscaí agus rialaithe.

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas faoi rialachas corparáideach, agus déanaimid machnamh ar chomh maith agus a thagann sin leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhíráiteas dhealraitheacha nó aon neamhréireachtaí ábhartha atá ann. Ní shíneann ár gcuid freagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

## Bunús na tuairime iniúchta

Chuathas i mbun na hiniúchóireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear in iniúchadh, scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na Comhaltaí Boird agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, cibé an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus an nochtar i gceart iad.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasamar a bheith riachtanach d'fhonn fianaise leordhóthanach a thabhairt dúinn chun deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó mírialtachta nó earráide eile. Agus muid ag teacht ar ár dtuairim mheasamar freisin leordhóthanacht foriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é ár dtuairim:

- Go dtugann ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas fírinneach cóir, de réir na IFRS arna nglacadh leo ag an AE, ar riocht chúrsaí an Ghrúpa mar a bhí an 31 Nollaig 2010 agus ar chaillteanas an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an dáta céanna;
- Go dtugann ráitis airgeadais na Máthairchuideachta léargas fírinneach cóir de réir IFRS arna nglacadh ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009 arna gcur i bhfeidhm de réir na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004, ar riocht chúrsaí na Máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2010; agus
- Gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009 arna gcur i bhfeidhm ag na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid ba ghá chun críche na hiniúchóireachta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an Mháthairchuideachta. Tá clár comhardaithe na Máthairchuideachta ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil na gComhaltaí Boird ag teacht leis na ráitis airgeadais.

KPMG

23 Márta 2011

**Cuntasóirí Cairte Iniúchóirí Cláraithe**

1 Plás Stokes, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

# RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

## 1. BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Is corparáid reachtúil é ESB a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite ESB amhail an 31 Nollaig 2010 agus don bhliain sin dar críoch cuntais na Máthairchuideachta agus a fochuideachtaí (a dtagraítear dóibh le chéile mar "ESB" nó "an Grúpa") agus leasanna an Ghrúpa i gcomhlaigh agus in aonáin a ndéantar iad a chomhrialú.

Ullmhaítear ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite faoi IFRS (Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta) arna nglacadh ag an AE (IFRS an AE) agus i gcás na Máthairchuideachta arna bhfeidhmiú de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009. Tá foráil in Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009, chun díolúine a thabhairt do Mháthairchuideachta, a chuireann a ráitis airgeadais aonair i láthair i dteannta lena ráitis airgeadais chomhdhlúite, as ráiteas ioncaim na Máthairchuideachta a fhoilsiú, mar aon le ráiteas ioncaim cuimsithigh atá ina chuid de ráitis airgeadais na Máthairchuideachta a ullmhaítear agus a cheadaítear de réir na nAchtanna. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán IFRS sin agus léirmhínithe IFRIC arna n-eisiúint agus le héifeacht do thréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 31 Nollaig 2010 nó roimhe.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na máthairchuideachta agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite ar bhonn an chostais stairiúil, ach amháin ionstraimí airgeadais díorthaigh agus infheistíochtaí sócmhainní airgeadais áirithe a thomhaistear ag luach cóir.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in euro mura bhfógraítear a mhalairt. Tá gach faisnéis airgeadais a chuirtear i láthair san euro tugtha go dtí an míle is gaire.

Éilítear ar an mbainistíocht agus ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir IFRS an AE breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus glacadh le toimhdí a théann i gcion ar chur i bhfeidhm na mbeartas agus ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dliteanais, ioncam agus costais. Bíonn meastacháin agus toimhdí bainteacha bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca éagsúla a meastar réasún a bheith leo de réir chúinsí an cháis.

Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar na meastacháin agus ar na toimhdí is bonn leo sin. Pléitear breithiúnais a dhéanann an bhainistíocht agus IFRS an AE á chur i bhfeidhm a mbíonn éifeacht shuntasach acu ar na ráitis airgeadais agus ar na meastacháin a bhfuil baol suntasach ag rith leo go mbeadh coigeartú ábhartha á dhéanamh maidir leo sa bhliain dar gcionn i Nóta 28 leis na ráitis airgeadais.

Cuireadh na beartais a leagtar amach thíos i bhfeidhm go comhleanúnach ar na blianta go léir a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus chuir aonáin an Ghrúpa i bhfeidhm go comhleanúnach iad - seachas maidir le (i) glacadh le caighdeáin nua faoi mar atá leagtha amach thíos agus (ii) ranníocaíochtaí soláthair neamh-aisíoctha (féach cuid 12 thíos).

## 2. CAIGHDEÁIN NUA AGUS LÉIRMHÍNITHE

**Deighleoga feidhmiúcháin**

Sheol an Grúpa clár fiachais mhórdhíola Eurobannaí €3 bhilliún i gcaitheamh na bliana, atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann. Dá thoradh sin bhí feidhm ag riachtanais nochta IFRS 8 Deighleoga Feidhmiúcháin ar an nGrúpa den chéad uair riamh. Sonraíonn IFRS 8 conas ar cheart d'eintiteas faisnéis a nochtadh faoina dheighleoga trí "chur chuige bainistíochta" a ghlacadh faoina gcuirtear faisnéis deighleoige i láthair faoi mar a dhéantar i gcomhair tuairiscithe inmheánaigh. Ar an ábhar sin tá faisnéis airgeadais curtha i láthair againn faoi na deighleoga sin a ndéanann an Príomhchinnteoir Oibriúcháin ('CODM') athbhreithniú rialta ar a ngníomhaíochtaí d'fhonn cinntí a dhéanamh faoi leithdháileadh acmhainní agus measúnú feidhmíochta. Féach Nóta 1 leis na ráitis airgeadais chun tuilleadh eolais a fháil.

**Cuntas a thabhairt ar theaglaim ghnólachtaí**

Ó 1 Eanáir 2010 i leith tá an Grúpa tar éis IFRS 3 Teaglaim Ghnó (2008) a chur i bhfeidhm chun cuntas a thabhairt ar theaglaim ghnólachtaí. Tá an t-athrú sa bheartas cuntasaíochta curtha i bhfeidhm go hionchasach agus ní raibh aon tionchar ábhartha aige ar na thuillimh a tuairiscíodh. Tugtar cuntas ar theaglaim ghnólachtaí ag baint leas as modh na héadála faoi mar a bhí ar dháta na héadála. Is é sin an dáta ar ar aistríodh an cumas rialaithe chuig an nGrúpa. Is ionann cumas rialaithe agus an cumhacht beartais airgeadais agus oibriúcháin aonáin a stiúradh chun leas a bhaint as a ghníomhaíochtaí. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ag an gGrúpa ar chumas rialaithe cuireann siad san áireamh na cearta vótála féideartha ar féidir leas a bhaint astu faoi láthair.

Éadálacha idir 1 Eanáir 2004 agus 1 Eanáir 2010

I gcás éadálacha a rinneadh idir 1 Eanáir 2004 agus 1 Eanáir 2010 is ionann cáilmheas agus farasbarr comaoine a d'íocfaí ar ghnó a éadáil (a mheastar ar luach cóir de gnáth) i gcomparáid le luach sócmhainní, dliteanas agus dliteanas teagmhasach inaitheanta na sprioc-chuideachta. Nuair a bhí farasbarr diúltach ann, aithníodh gnóthachan margadh ceannaigh láithreach i mbrabús nó i gcaillteanas. Rinneadh costais na n-idirbheart, seachas iad sin a bhain le heisiúint urrús fiachais nó cothromais, a thabhaigh an Grúpa maidir le teaglaim ghnólachtaí a chaipitliú mar chuid de chostas na héadála.

Éadálacha ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2010

Maidir le héadálacha a rinneadh ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2010, déanann an Grúpa an cáilmheas a ríomh ar dháta na héadála mar:

- luach cóir na comaoine a aistríodh; móide
- méid aitheanta leasanna neamhrialaithe na sprioc-chuideachta; móide, más rud é go mbaintear amach an teaglaim ghnólachtaí ina céimeanna, luach cóir leas na ngnáthscaireanna sa sprioc-chuideachta atá faighte cheana féin; lúide
- glanmhéid aitheanta (arb ionann é agus an luach cóir de gnáth) na sócmhainní agus na ndliteanas inaitheanta ar glacadh leo.

Nuair a bhíonn farasbarr diúltach ann, déantar gnóthachan margadh ceannaigh a aithint láithreach i mbrabús nó i gcaillteanas.

Ní áirítear leis an gcomaoin a aistríodh suimeanna a bhaineann le réiteach gaolmhaireachtaí a bhí ann roimhe sin. Déantar a leithéid de shuimeanna a aithint de gnáth i mbrabús nó i gcaillteanas. Maidir le costais a bhaineann leis an éadáil agus a thabhaíonn an Grúpa maidir le teaglaim ghnólachtaí, seachas iad sin a bhaineann le heisiúint urrús fiachais nó cothromais, íoctar astu de réir mar a tharlaíonn siad. Déantar aon chomaoin theagmhasach iníoctha a aithint ar luach cóir ar dháta na éadála.

Éadálacha roimh 1 Eanáir 2004 (Dáta aistrithe chuig IFRS)

Bheartaigh an Grúpa mar chuid dá trasdul chuig IFRS an AE, gan ach na teaglaim ghnólachtaí sin a rinneadh i ndiaidh 1 Eanáir 2003 a athshonrú. Maidir le héadálacha a rinneadh roimh 1 Eanáir 2003, is ionann an cáilmheas agus an méid a aithnítear faoi chreat cuntasaíochta GAAP na Ríochta Aontaithe a bhíodh ag an nGrúpa roimhe sin.

**Caighdeáin Nua agus Léirmhínithe Nua nár Glacadh leo go fóill**

Nuair a glacadh le caighdeáin nua eile (a bhfuil cur síos orthu i dTuarascáil Bhliantúil 2009) ar tugadh feidhm dóibh i gcomhair ráiteas airgeadais an Ghrúpa don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010, ní raibh aon tionchar suntasach acu ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

# RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá roinnt caighdeán nua agus leasaithe agus léirmhínithe ar chaighdeáin nár tugadh éifeacht fós dóibh don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010, agus níor cuireadh i bhfeidhm iad sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo. Ní meastar go mbeidh aon tionchar ábhartha ag na caighdeán, na leasaithe ná na léirmhínithe seo ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite nuair a chuirfear i bhfeidhm iad, sin nó tá measúnú fós á dhéanamh ar na hathruithe sin.

- Leasaithe ar IFRS 3 – Teaglaim Ghnólachtaí (1 Iúil 2010)
- Leasaithe ar IFRS 7 – Ionstraimí Airgeadais: Nochtadh (1 Eanáir 2011 agus 1 Iúil 2011)
- IFRS 9 – Ionstraimí Airgeadais: Aicmiú agus Tomhas (1 Eanáir 2013)
- Leasú ar IAS 1 – Cur i láthair na Ráiteas Airgeadais (1 Eanáir 2011)
- Leasú ar IAS 24 – Nochtadh maidir le Páirtí Gaolmhar (1 Eanáir 2011)
- Leasú ar IAS 27 – Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus ar Leithligh (1 Iúil 2010)
- Leasú ar IAS 32 – Ionstraimí Airgeadais: Tíolacadh (1 Feabhra 2010)
- Leasú ar IAS 34 – Tuairisciú Airgeadais Eatramhach (1 Eanáir 2011)
- Léirmhíniú IFRIC 14 – Leasaithe ar IAS 19 – Teorainn le Sócmhainn Sochair Shainithe, Riachtanais Íosta Maoinithe agus an idirghníomhaíocht eatarthu (1 Eanáir 2011)
- Léirmhíniú IFRIC 19 - Dliteanais Airgeadais a chur ar ceal le hIonstraimí Cothromais (1 Iúil 2010)

### 3. BONN COMHDHLÚITE

Déanann ráitis airgeadais an Ghrúpa comhdhlúthú ar ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus gach gnóthas fochuideachta a rinneadh suas go 31 Nollaig 2010. Cuirtear torthaí na ngnóthas fochuideachta a ndéantar éadáil nó diúscairt orthu le linn na bliana san áireamh i ráiteas ioncaim an Ghrúpa ó dháta na héadála nó go dtí dáta na diúscartha.

**Fochuideachtaí**

Is aonáin faoi rialú ESB iad na fochuideachtaí. Bíonn aonán faoi rialú an Ghrúpa nuair atá sé de chumhacht ag an nGrúpa beartais airgeadais agus oibriúcháin an aonáin a rialú, go díreach nó go hindíreach, d'fhonn buntáistí a fháil óna ghníomhaíochtaí. Cuirtear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta a dtosaíonn an rialú go dtí an dáta a dtagann deireadh leis an rialú.

**Comhfhiontair**

Gnóthais chomhfhiontair (comhfhiontair) iad na gnóthais sin a bhfuil smacht conartha ag ESB orthu i gcomhpháirt le páirtí eile.

Déantar an chuntasaíocht maidir le comhfhiontair trí mhodh cuntasaíochta an chothromais. Cuirtear sciar an Ghrúpa de bhrabús iarchánachais na gcomhfhiontar san áireamh sa ráiteas ioncaim comhdhlúite tar éis ús agus muirir airgeadais a bheith tógtha san áireamh. Léirítear sciar an Ghrúpa de mhíreanna d'ioncam cuimsitheach eile sa ráiteas ioncaim cuimsitheach. Cuirtear leas an Ghrúpa maidir lena chuid glansócmhainní nó lena chuid dliteanas san áireamh mar infheistíochtaí i gcomhfhiontair ar an gclár comhardaithe comhdhlúite ag suim a léiríonn sciar an Ghrúpa de luachanna córa na nglansócmhainní, lúide aon dochar, ar a n-éadáil móide cáilmheas agus sciar an Ghrúpa den ioncam agus de na costais coinnithe iar-réadála.

Ríomhtar na suimeanna sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i leith thorthaí iar-réadála comhfhiontar ó na ráitis airgeadais iniúchta is deireanaí dá gcuid arna dtabhairt i leith go dáta chlár comhardaithe an Ghrúpa.

**Comhlaigh**

Maidir le haonáin seachas comhfhiontair agus fochuideachtaí a bhfuil leas rannpháirteach ag an nGrúpa iontu, agus a bhfuil sé ar chumas an Ghrúpa tionchar suntasach a imirt ar a mbeartais oibriúcháin agus airgeadais, baintear leas as modh an chothromais le cuntas a thabhairt orthu mar chomhlaigh agus áirítear iad sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta sin óna mheastar gur eascair an tionchar suntasach sin go dtí an dáta ar tháinig deireadh leis an tionchar sin.

### 4. AIRGEADRA EACHTRACH

Ullmhaítear na ráitis airgeadais seo in euro, arb ionann é agus airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta. Déantar idirbheartaíochtaí in airgeadra eachtrach a thaifeadadh ag an ráta a bhíonn i réim ar na dátaí sin a ndéantar na hidirbheartaíochtaí. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais dá thoradh sin de réir an ráta atá i réim ar dháta an chláir chomhardaithe agus déileáiltear leis na difríochtaí malartaithe sa ráiteas ioncaim. Luaitear sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadais ar a gcostas stairiúil agus ní dhéantar ath-aistriú ina dhiaidh sin orthu.

Déanann gach aonán sa Ghrúpa cinneadh maidir lena airgeadra feidhmeach féin agus tomhaistear míreanna a chuimsítear i ráitis airgeadais gach aonán dá réir. Aistrítear glaninfheistíochtaí an Ghrúpa i ngnóthais fochuideachta, comhfhiontair, comhlaigh thar lear agus an cáilmheas a théann leo de réir an ráta atá i réim ar dháta an chláir chomhardaithe. Sa chás go bhfuil iasacht idirghrúpa déanta don fhadtéarma agus nach bhfuil a aisíoc pleanáilte agus nach bhfuiltear ag súil leis, déantar cuntasaíocht air mar chuid den ghlaninfheistíocht in oibriúchán eachtrach. Aistrítear brabúis, caillteanais agus sreabhadh airgid ghnóthais fochuideachta, chomhfhiontair agus chomhlaigh thar lear ag na meánrátaí don tréimhse.

Déileáiltear le difríochtaí malartaithe de thoradh athaistrithe ar chláir chomhardaithe tosaigh na ngnóthas fochuideachta, comhfhiontar agus comhlaigh thar lear de réir na rátaí deiridh chomh maith leis na difríochtaí ar aistriú na ráiteas ioncaim trí ghné ar leith den chothromas (cúlchiste aistrithe) agus léirítear sin i ráiteas an Ghrúpa maidir le hioncam cuimsitheach. Scaoiltear difríochtaí aistrithe a choinnítear sa chúlchiste sin go dtí an ráiteas ioncaim ar dhiúscairt an aonáin ábhartha.

Sa chás go bhfuil iasachtaí in airgeadas eachtrach sannta mar fhálú na glaninfheistíochta in oibriúchán eachtrach, cuirtear difríochtaí malartaithe ar iasachtaí den chineál seo sa chúlchiste aistrithe céanna ionas gur fálú éifeachtúil atá iontu.

### 5. SÓCMHAINNÍ NEAMHINLÁIMHSITHE

**(a) Lamháltais Astaíochtaí**

De réir fhorálacha scéim trádála astaíochtaí CO2 na hEorpa, bronnann an Ghníomhaireacht Rialtais chuí lamháltais astaíochtaí a chlúdaíonn céatadán de na hastaíochtaí tuartha i rith na bliana don ESB ag tús na bliana.

Déantar lamháltais astaíochtaí a eisítear chuig ESB a thaifeadadh mar shócmhainní neamhinláimhsithe ag luach an mhargaidh ar dháta na heisiúna. Ag an dáta sin, déantar na lamháltais a thaifeadadh mar dheontas rialtais san ioncam iarchurtha, ar luach céanna an mhargaidh agus na sócmhainní neamhinláimhsithe agus déantar iad a amúchadh chuig an ráiteas ioncaim ar bhonn na n-astaíochtaí iarbhír i rith na bliana.

De réir mar a tharlaíonn astaíochtaí, déantar soláthar sa ráiteas

ioncaim a thaifeadadh mar léiriú ar an tsuim is gá chun an dliteanas don Údarás a shásamh. Tugtar san áireamh leis an bhforáil sin luach tugtha anonn na lamháltas astaíochtaí chomh maith le luach reatha an mhargaidh ar aon lamháltais bhreise a bhí ag teastáil chun an dualgas a chomhlíonadh. Cuirtear na lamháltais sin, mar aon le haon lamháltais bhreise a cheannaítear i rith na bliana, ar ais chuig an Údarás cuí atá i mbun na scéime taobh istigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire ionas go sásaítear an dliteanas maidir le hastaíochtaí CO2 iarbhír i rith na bliana. Ní dhéantar lamháltais astaíochtaí arna sealbhú ina sócmhainní neamhinláimhsithe a amúchadh óir is do réiteach an dliteanais astaíochta sa bhliain dar gcionn a choinnítear iad.

Sa mhéid is go bhfuil luach na lamháltas astaíochtaí a dheonaítear do thréimhse níos mó ná luach na lamháltas astaíochta atá ag teastáil don tréimhse sin, cuirtear an barrachas a thagann dá bharr sin i gcoinne lamháltais astaíochtaí a éilítear do thréimhsí níos faide anonn.

**(b) Costais Bogearraí agus Sócmhainní Neamhinláimhsithe Eile**

Déantar caipitliú ar cheadúnais bogearraí ríomhaireachta agus ar shócmhainní neamhinláimhsithe eile lena n-áirítear naisc leis an eangach agus cearta faighte eile, ar bhonn na gcostas a thabhaítear chun an tsócmhainn faoi leith a fháil agus a chur ag obair. Amúchtar na costais sin ar feadh a saolré fónaimh ar bhonn dronlíne.

Aithnítear costais a bhaineann go díreach le táirgí bogearra so-aitheanta ar leith a tháirgtear faoi rialú an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta agus ar dócha go mbeidh buntáistí eacnamaíochta leo a bheidh níos mó ná na costais tráth is faide anonn ná bliain amháin ina sócmhainní neamhinláimhsithe. Áirítear ar na costais dhíreacha costas an bhogearra a fhorbairt, fostaithe agus sciar oiriúnach de na barrchostais ábhartha. Amúchtar na costais sin ar feadh a saolré fónaimh (idir trí bliana agus cúig bliana) ar bhonn dronlíne.

## 6. MAOIN, GLÉASRA, TREALAMH AGUS DÍMHEAS

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar a chostas lúide dímheas fabhraithe agus forálacha do lagú ar an luach, ach amháin i gcás talún a luaitear ar a luach lúide lagú. Tugtar san áireamh le maoin, gléasra agus trealamh costais fostaithe, úis agus eile arna gcaipitliú, atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne.

Ríomhtar an muirear dímheasa d'fhonn díscríobh a dhéanamh ar chostas maoine, gléasra agus trealaimh go dtí an costas iarmharach measta i rith an saolré fónaimh mheasta trí mhodhanna cuí i bhfianaise an chineáil ghnó atá ar bun ag an nGrúpa agus cineál agus réimse na maoine, an ghléasra agus an trealaimh. Seo a leanas na mór-aicmí sócmhainne agus an saolré atá acu:

| | |
|---|---|
| Struchtúir stáisiúin theirmeacha agus gléasraí giniúna | 20 bliain |
| Sócmhainní ginte feirm ghaoithe | 20/25 bliain |
| Struchtúir agus gléasraí dáileacháin | 25/30 bliain |
| Struchtúir agus gléasraí tarchurtha | 30 bliain |
| Foirgnimh ghinearálta agus hidrea-stáisiúin | 50 bliain |

Soláthraítear dímheas:

- de réir mhodh dronlíne i gcás sócmhainní tarchurtha, dáileacháin agus ginearálta;
- ar bhonn na húsáide thuartha a mheastar i gcás aonad giniúna; agus
- ón dáta coimisiúnaithe i gcás na sócmhainní ar fad.

Déantar athbhreithniú go bliantúil ar rátaí dímheasa agus ar luachanna iarmharacha. Ní thugtar aon dímheas ar thalamh ruílse ná ar shócmhainní le linn tógála.

Tugtar caiteachas dá éis sin ar mhaoin, innealra agus trealamh san áireamh le suim tugtha anonn na sócmhainne nó aithnítear ina sócmhainn ar leith é, mar is cuí, sa chás amháin gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn i ndán don Ghrúpa agus don Chuideachta agus gur féidir tomhas iontaofa a dhéanamh ar chostas na sócmhainne. Cuirtear gach deisiú agus cothabháil eile de mhuirear in aghaidh an ráitis ioncaim i rith na tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad.

Áirítear páirteanna breise straitéiseacha don ghnóthas ginte leictreachais i maoin, gléasra agus trealamh. Tá stoc caipitil i ngnó ESB Networks san áireamh le sócmhainní atá á dtógáil ar feitheamh coimisiúnaithe.

## 7. COSTAIS IASACHTAÍ

Cuirtear costais iasachtaí is féidir a chur i leith na tógála ar shócmhainní móra, a mbíonn tréimhse fhada i gceist lena n-ullmhú don úsáid a cheaptar dóibh, le costas na sócmhainní sin de réir mheánchostas ualaithe na n-iasachtaí go dtí an tráth a mbíonn na sócmhainní ullamh a bheag nó a mhór chun na húsáide a ceapadh dóibh. Aithnítear gach costas iasachta eile sa ráiteas ioncaim i rith na tréimhse inar tabhaíodh iad. Bíonn an ráta caipitlithe a chuirtear i bhfeidhm cothrom le meánchostas fhiach gan íoc ESB.

## 8. LAGÚ SÓCMHAINNÍ

Ní thagann sócmhainní nach deimhin an saolré fónaimh atá acu faoi réir ag amúchadh agus déantar tástáil bhliantúil orthu maidir le lagú. Déantar tástáil maidir le lagú i gcás sócmhainní a mbíonn dímheas agus amúchadh i gceist leo aon uair a fhágann imeachtaí nó athruithe le tuiscint nach mbeadh an tsuim tugtha anonn in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe mar an tsuim faoina sáraíonn luach tugtha anonn sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is í an tsuim in-aisghabhála an luach is airde ar an tsócmhainn idir luach cóir lúide costais díolacháin agus an luach le linn fónaimh. D'fhonn measúnú a dhéanamh ar lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle ar léir sreabhadh airgid ar leith maidir leo (aonaid saothraithe airgid).

## 9. SÓCMHAINNÍ AR LÉAS

Is léasanna airgeadais iad na léasanna faoina nglacann an Grúpa a bheag nó a mhór le gach riosca agus buntáiste úinéireachta, agus is léasanna oibriúcháin iad na léasanna ina bhfanann rioscaí agus buntáistí na húinéireachta leis an léasóir.

Cuirtear sócmhainní neamh-reatha a fhaightear faoi léasanna airgeadais san áireamh sa chlár comhardaithe ag a luach coibhéiseach caipitil agus déantar dímheas orthu thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa agus an saolré fónaimh a cheaptar leo. Déantar na dliteanais chomhfhreagracha a thaifeadadh dá réir mar léas airgeadais iníoctha agus cuirtear gné an úis de na híocaíochtaí léasa airgeadais de mhuirear ar an ráiteas ioncaim ar bhonn blianachta. Cuirtear léaschíosanna oibriúcháin de mhuirear ar an ráiteas ioncaim ar bhonn dronlíne thar théarma an léasa.

## 10. FARDAIL

Luaitear fardail ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Cuimsíonn costas an praghas ceannaithe agus na costais dhíreacha go léir a tabhaíodh chun na fardail a thabhairt chuig a suíomh reatha agus a riocht reatha. Tá an glanluach inréadaithe bunaithe ar an ngnáthphraghas díolacháin lúide costais bhreise a meastar a thabhófar roimh dhiúscairt.

Déantar foráil ar leith do mhíreanna damáistithe, meathlaithe, as feidhm agus nach féidir a úsáid mar is cuí.

# RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

## 11. DLITEANAIS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

**(a) Dliteanais agus Sócmhainní Airgeadais nach féidir a Dhíorthú**

**Infháltais trádála agus eile**

Aithnítear infháltais trádála agus eile i dtús báire ag luach cóir, arb ionann é de ghnáth agus an tsuim bhunaidh a bhí ar sonrasc agus luaitear ina dhiaidh sin iad ag a gcostas amúchta trí leas a bhaint as modh an ráta úis éifeachtúil lúide soláthar a dhéantar maidir le hinfháltais amhrasacha.

Déantar forálacha go sonrach i gcás a mbíonn fianaise oibiachtúil ann maidir le díospóid nó éagumas íocaíocht a dhéanamh. Déantar foráil bhreise ar bhunús punainne chun caillteanais bhreise a thabhaítear a chlúdach bunaithe ar anailís a dhéanamh ar chaillteanais roimhe seo.

**Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim**

Chun críche an ráitis faoi shreabhadh airgid, áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead ar láimh, taiscí in-aisíoctha ar a n-iarraidh agus infheistíochtaí sárleachtacha gearrthéarmacha eile le haibíocht bhunaidh trí mhí nó níos giorra, lúide rótharraingtí atá le híoc ar a iarraidh.

**Nithe Iníoctha Trádála agus Eile**

Taifeadtar infháltais trádála agus íocaíochtaí eile i dtús báire ag a luach cóir, arb ionann é de ghnáth ar an tsuim bhunaidh a bhí ar sonrasc agus luaitear ina dhiaidh sin iad ag a gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ráta úis éifeachtúil. Cuimsítear rótharraingtí gearrthéarmacha áirithe faoin teideal seo sa chlár comhardaithe.

**Iasachtaí chuig Cuideachtaí Grúpa agus Infháltais uathu**

Is sócmhainní airgeadais neamhdhíorthaigh iad iasachtaí chuig agus nithe infhaighte ó chuideachtaí Grúpa nach luaitear i margadh gníomhach. Cuirtear san áireamh iad i sócmhainní reatha ar an gclár comhardaithe, seachas iad sin a bhfuil aibíocht níos faide ná dhá mhí dhéag tar éis dáta an chláir chomhardaithe i gceist leo, a chuirtear san áireamh i sócmhainní neamh-reatha. Cuirtear iasachtaí agus infháltais san áireamh laistigh d'infháltais trádála agus eile i gclár comhardaithe na máthairchuideachta agus luaitear ag luach cóir i dtús báire iad agus ag costas amúchta ina dhiaidh sin.

**Sócmhainní nó Dliteanais Airgeadais ag Luach Cóir trí Bhrabús nó Caillteanas**

Is ionstraimí airgeadais a choinnítear i gcomhair trádála nó a chatagóiríodh mar sin ó thús, iad ionstraimí a rangaítear mar shócmhainní nó dhliteanais ag luach cóir tríd an mbrabús nó tríd an gcaillteanas.

Aithnítear sócmhainní airgeadais a shannann an Grúpa nuair a aithnítear i dtosach iad ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, ag luach cóir, le costais na n-idirbheart arna n-aithint i mbrabús nó caillteanas, agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ag luach cóir. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar shócmhainní airgeadais a shanntar ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas sa ráiteas ioncaim de réir mar a thagann siad chun cinn.

Is éard is ionstraimí a choinnítear chun trádála ná iad siúd a fhaightear go príomha chun cuspóirí díolacháin sa ngearrthéarma, atá mar chuid de phunann infheistíochtaí a bhainistítear le chéile agus go dtógtar brabús ghearrthéarmach dá mbarr, nó gur ionstraimí airgeadais díorthacha atá iontu, seachas iad siúd atá i gcaidreamh fálaithe éifeachtúil.

**(b) Ionstraimí Airgeadais Díorthaigh**

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthaigh chun fálú a dhéanamh ar an nochtadh atá ann dó ó rioscaí an mhalartáin eachtraigh, rátaí úis agus praghas tráchtearraí de bharr gníomhaíochtaí oibriúcháin, airgeadais agus infheistíochta. I measc na bpríomh-dhíorthachtaí a úsáidtear tá babhtálacha rátaí úis, babhtálacha rátaí úis nasctha le boilsciú, babhtálacha airgeadra, conarthaí airgeadra eachtrach chun tosaigh agus conarthaí babhtála innéacsaithe a bhaineann le breosla a cheannach.

Taobh istigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann an Grúpa go rialta le conarthaí díorthachta maidir le díol agus ceannach tráchtearraí, lena n-áirítear gás agus leictreachas. Sa chás gur glacadh leis an gconradh agus go bhfuil sé fós i bhfeidhm chun cuspóirí admhála nó seachadta de réir riachtanais ionchais díolacháin, ceannacháin nó úsáidte an Ghrúpa, sanntar na conarthaí mar chonarthaí 'úsáide féin' agus tomhaistear ag costas iad. Níl na conarthaí seo faoi réim feidhme IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas.

Déantar cuntasaíocht ar chonarthaí tráchtearraí díorthacha nach sanntar mar chonarthaí 'úsáide féin' mar dhíorthaigh trádála agus aithnítear iad sa chlár comhardaithe ag luach cóir. Sa chás go sanntar caidreamh cuntasaíochta fálaithe agus go gcruthaítear go bhfuil sé éifeachtach, aithneofar na hathruithe i luach cóir de réir IAS 39 mar fhálú 'sreabhadh airgid' nó fálú 'luacha chóir'.

Úsáideann an Grúpa ionstraimí díorthaigh airgeadais chun neamhchosaint airgeadra agus ráta úis a fhálú. Aithnítear gach díorthach den sórt sin ag luach cóir agus déantar ath-thomhas orthu go luach cóir ag gach tréimhse tuairiscithe. Sanntar formhór na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh mar chinn atá á gcoinneáil chun cuspóirí fálaithe. Bunaítear sannadh an choibhnis fhálaithe ag tús an chonartha agus cuirtear nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an díorthach an-éifeachtach ag baint amach a chuspóra agus gur féidir brath ar éifeachtacht an fhálaithe. Tá an chaoi a láimhseáiltear gnóthachain agus caillteanais ar ath-thomhais ag brath ar aicmiú an fhálaithe agus cibé an bhfuil an caidreamh fálaithe sannta mar fhálú 'luacha chóir' nó mar 'shreabhadh airgid'.

Taifeadtar díorthaigh nach cuid de chaidrimh fálaithe éifeachtacha iad amhail is gur coinníodh chun cuspóirí trádála iad, le gach gluaiseacht luacha chóir á thaifead tríd an ráiteas ioncaim.

**(i) Fálú sreabhadh airgid** Sa chás go sanntar ionstraim airgeadais díorthaigh mar fhálú den athraitheas i sreabhadh airgid dliteanais aitheanta, tiomantais dhaingin nó idirbheartaíocht thuartha rí-dhóichí, aithnítear an chuid éifeachtach d'aon ghnóthachan nó caillteanas ar an ionstraim airgeadais díorthaigh go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Sa chás go dtarlaíonn aithint sócmhainne nó dliteanais mar thoradh ar an tiomantas daingean nó ar an idirbheartaíocht thuartha, baintear an gnóthachan nó an caillteanas fabhraithe as an ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear san áireamh é sa mheastóireacht tosaigh ar an tsócmhainn nó ar an dliteanas. Taobh amuigh den chás sin, baintear an gnóthachan nó an caillteanas fabhraithe as an ioncam cuimsitheach eile agus luaitear sa Ráiteas Ioncaim é ag an am céanna leis an mbeart a ndearnadh fálú air. Aithnítear an chuid d'aon ghnóthachan nó caillteanas nach bhfuil éifeachtach sa Ráiteas Ioncaim láithreach. Nuair a dhéantar foirceannadh ar ionstraim fálaithe nó ar chaidreamh fálaithe ach go meastar fós féin go dtarlóidh an idirbheartaíocht a ndearnadh an fálú uirthi, fanann an gnóthachan nó an caillteanas fabhraithe ag an am sin in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é de réir an bheartais thuas nuair a tharlaíonn an idirbheartaíocht. Sa chás nach dócha feasta go dtarlóidh an idirbheartaíocht a ndearnadh fálú uirthi, aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas neamhréadaithe

carnach in ioncam cuimsitheach eile sa ráiteas ioncaim láithreach.

**(ii) Fálú ar ghlaninfheistíocht in aonán eachtrach** Sa chás go bhfuil dliteanas airgeadra eachtraigh ag déanamh fálú ar ghlaninfheistíocht i ngnóthas thar lear, aithnítear difríochtaí an mhalartáin eachtraigh a eascraíonn ó aistriú an dliteanais go díreach in ioncam cuimsitheach eile, agus cuirtear chuig an gcúlchiste aistrithe iad, agus déantar aon chuid neamhéifeachtach a aithint láithreach sa ráiteas ioncaim.

**(c) Iasachtaí úsmhara**
Is ag an luach cóir lúide costais idirbheartaíochta inchurtha ina leith a aithnítear iasachtaí úsmhara den chéad uair. Tar éis iad a aithint den chéad uair, luaitear na hiasachtaí sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáide as modh an ráta úis éifeachtúil.

**(d) Conarthaí árachais**
I rith gnáthchúrsaí gnó, tugann an Mháthairchuideachta ráthaíochtaí agus bannaí do fochuideachtaí na Máthairchuideachta. Rangaítear na ráthaíochtaí agus na bannaí seo mar chonarthaí árachais faoi IFRS 4 Conarthaí Árachais. Sa chás go meastar nach ndéanfar aon éileamh ar na conarthaí sin, ní dhéantar aon fhoráil dó sna ráitis airgeadais.

## 12. RANNÍOCAÍOCHTAÍ SOLÁTHAIR NEAMH-INAISÍOCTHA AGUS DEONTAIS CHAIPITIL
Taifeadtaí ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha agus deontais chaipitil a fuarthas roimh 1 Iúil 2009 mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad ar bhunús atá comhsheasmhach le beartas dímheasa na sócmhainní iomchuí.

Tar éis chur i bhfeidhm IFRIC 18 Aistriú Sócmhainní ó Chustaiméirí, tá ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha a fuarthas tar éis 1 Iúil 2009 (dáta feidhme an léirmhínithe) inaitheanta go hiomlán, ar chríoch na seirbhísí soláthraithe, sa Ráiteas Ioncaim mar ioncam de réir IAS 18, Ioncam.

## 13. STOC CHAIPITIL
Déantar aonaid stoc caipitil a luacháil ag an bpraghas ar eisíodh iad don Roinn Airgeadais, don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus d'ESB ESOP Trustee Limited.

## 14. CÁIN IONCAIM
Tá cáin reatha agus cáin iarchurtha san áireamh sa cháin ioncaim ar bhrabús nó caillteanas na bliana. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, ach amháin chomh fada agus a bhaineann sé le míreanna arna n-aithint go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Déantar foráil do cháin reatha ag na rátaí reatha arna ríomh ar bhonn thorthaí na tréimhse agus an faoiseamh déantúsaíochta á chur san áireamh nuair is cuí. Ní áirítear cánachas ar sciar an Ghrúpa de bhrabúis ghnóthais comhfhiontair leis an gcostas cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim de bhrí go bhfuil sé sin san áireamh sa líne ar leithligh ar chlár an ráitis ioncaim maidir le brabúis ó chomhfhiontair.

Déantar foráil do cháin iarchurtha le modh an dliteanais sa chlár comhardaithe, ag déanamh soláthair maidir le difríochtaí sealadacha idir suimeanna tugtha anonn na sócmhainní agus na ndliteanas chun críche tuairiscithe airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críche cánachais.

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach chomh fada agus a mheasann an Bord gur dóichí ná a mhalairt go dtarlóidh brabúis chuí inchánachais ar féidir iompú na ndifríochtaí sealadacha is bun leo droim ar ais san am atá le teacht a asbhaint.

Tomhaistear cáin iarchurtha de réir na rátaí cánach a mheastar a bheidh i réim an tráth a dtagann difríochtaí sealadacha ar ais, bunaithe ar rátaí cánach agus dlíthe atá achtaithe nó rite a bheag nó a mhór ar dháta an chláir chomhardaithe. Cuirtear cáin iarchurtha chun dochair nó chun sochair an ráitis ioncaim, seachas sa chás go mbaineann sé le míreanna a chuirtear chun dochair nó chun sochair go díreach ar ioncam cuimsitheach eile, ina láimhseáiltear an cháin iarchurtha in ioncam cuimsitheach eile.

## 15. FORÁLACHA MAIDIR LE DÚNADH STÁISIÚN GINIÚNA
Léiríonn an fhoráil maidir le dúnadh stáisiún giniúna luach reatha an mheastacháin reatha maidir leis na costais a bhaineann le stáisiúin a dhúnadh ag deireadh a saolré fónaimh.

Aithnítear na costais mheasta a bhaineann le stáisiún a dhúnadh ina n-iomlán ag tús saolré na sócmhainne, ach déantar lascainiú orthu go luachanna láithreacha ag baint úsáide as ráta saor ó rioscaí. Déantar caipitliú ar chostais i maoin, gléasra agus trealamh agus déantar dímheas ina leith ar feadh saolré fónaimh eacnamaíochta na stáisiún lena mbaineann siad. Déantar athbhreithniú ar na costais gach bliain agus leasaítear iad mar is cuí. Déantar leasuithe ar na costais lascainithe mheasta a chaipitliú isteach sna sócmhainní ábhartha agus déantar dímheas orthu thar shaolré na sócmhainní ábhartha. Toisc go ndéantar caipitliú ar na costais agus go ndéantar foráil dóibh ar bhonn lascainithe ar dtús, cuirtear leis an bhforáil le muirear airgeadais i ngach tréimhse, arna ríomh de réir iarmhéid na forála agus ráta lascaine arna chur i bhfeidhm ag an dáta tomhaiste deiridh agus arna chur san áireamh sa ráiteas ioncaim mar mhuirear airgeadais. Ar an tslí sin, beidh an fhoráil cothrom le costais mheasta an dúnta ag deireadh shaol eacnamaíoch úsáideach na stáisiún. Cuirtear an caiteachas iarbhír in aghaidh na forála de réir mar a dhúntar na stáisiúin.

Cuirtear an fhoráil do chostais dúnta stáisiún ginte san áireamh leis na forálacha reatha agus na forálacha neamh-reatha ar an gclár comhardaithe de réir mar is cuí.

## 16. COSAINT
**(a) Ioncam Leictreachais**
Cuimsíonn ioncam an luach díolacháin atá díorthaithe ó ghineadh, dáileachán agus díolachán leictreachais, chomh maith le hearraí agus seirbhísí eile le custaiméirí lasmuigh den Ghrúpa agus ní bhíonn cáin bhreisluacha san áireamh leis. Cuimsítear luach na n-aonad a chuirtear ar fáil do chustaiméirí idir an dáta deireanach ar a léadh an méadar agus deireadh na tréimhse leis an ioncam leictreachais agus cuirtear an meastachán sin faoi infháltais trádála agus infháltais eile sa chlár comhardaithe mar ídiú nár gearradh bille ina leith. Aithnítear ioncam leictreachais ar ídiú leictreachais.

**(b) Ioncam ó Chonarthaí**
Aithnítear ioncam ó chonarthaí ar bhonn cionranna ama trí thagairt don chéim a gcuirfear an conradh i gcrích ag dáta an chláir chomhardaithe.

## 17. IONCAM OIBRIÚCHÁIN EILE
Cuimsíonn ioncam oibriúcháin eile ioncam a fhabhraítear don Ghrúpa taobh amuigh de ghnáth-ghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa.

## 18. COSTAIS
**(a) Costais Fuinnimh**
Is éard is costais fuinnimh ann ná breosla díreach (gual agus gás den chuid is mó), leictreachas ceannaithe, muirir as Úsáid an Chórais ("costais eile a bhaineann le leictreachas") agus glanchostais astaíochtaí. Aithnítear costais a bhaineann le breosla agus le leictreachas ceannaithe de réir mar a úsáidtear iad. Tá an Grúpa tar éis roinnt comhaontuithe ceannacháin chumhachta fadtéarmacha a dhéanamh i gcomhair méideanna socraithe. Tá méideanna atá iníoctha faoi na conarthaí atá os cionn nó faoi rátaí an mhargaidh

# RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

inaisíoctha don Ghrúpa nó inaisíoctha don mhargadh faoi thobhach Oibleagáide na Seirbhíse Poiblí ('PSO').

**(b) Costais Oibriúcháin agus Costais Chothabhála Eile**
Baineann costais oibriúcháin agus costais chothabhála eile go príomha le costais forchóirithe & tionscadail, costais conraitheoirí agus costais bhunaithe. Aithnítear na costais sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad.

## 19. DUALGAIS PHINSIN

Tá scéimeanna pinsin éagsúla á bhfeidhmiú ag an nGrúpa i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, a mhaoinítear trí íocaíochtaí chuig cistí arna riar ag iontaobhaithe. Is scéim pinsin í scéim ranníocaíochta sainithe faoina n-íocann an Grúpa ranníocaíochtaí socraithe isteach i gciste ar leith, ach nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ar an nGrúpa ranníocaíochtaí breise a íoc más rud é nach bhfuil dóthain sócmhainní sa chiste chun na sochair a bhaineann le seirbhís na bhfostaí sna tréimhsí reatha agus chaite a íoc le gach ball den scéim. Is éard is scéim shochair shainithe ann ná scéim pinsean nach scéim ranníocaíochta sainithe í.

**Scéimeanna Pinsean i bPoblacht na hÉireann**
Riarann an Grúpa dhá scéim pinsean, ar a dtugtar Scéim Aoisliúntais Fostóirí Ginearálta ESB agus Scéim Pinsean Ranníocaíochtaí Sainithe ESB (a dtugtaí Scéim Pinsean Fochuideachtaí ESB uirthi).

Tháinig athrú ar an gcaoi a gcaitear le Scéim Aoisliúntais Fostóirí Ginearálta ESB i rith na bliana. Bhí cuntas á thabhairt ar an scéim seo mar scéim sochair sainithe chun críche tuairiscithe faoi IAS 19 Sochair Fostaithe suas go dtí Deireadh Fómhair 2010. Deimhnítear sochair iníoctha trí thagairt a dhéanamh don tuarastal deiridh agus tá an Scéim cláraithe mar scéim sainithe sochair leis an mBord Pinsean. Nuair a bhí comhaontú chuimsitheach déanta leis an bhfoireann oibre ('an Comhaontú') chun an t-easnamh achtúireach a bhí ann de thoradh na scéime seo a réiteach, rinneadh soiléiriú ar oibleagáidí an fhostóra agus na mball i leith na scéime. Dá réir sin, ó Dheireadh Fómhair 2010 ar aghaidh, tugtar cuntas ar an scéim mar scéim ranníocaíochta sainithe.

I gcás tréimhsí suas go dtí Deireadh Fómhair 2010 ríomh achtúirí neamhspleácha an dualgas sochair shainithe leis an modh creidmheasa aonaid teilgthe. Aithníodh, agus aithnítear, an costas seirbhíse reatha, an costas úis agus an toradh ionchais ar shócmhainní an phlean go dtí Deireadh Fómhair 2010, mar chuid de chostas shochair na bhfostaithe sa ráiteas ioncaim sa bhliain ina dtarlaíonn siad. Aithníodh costais seirbhíse roimhe seo agus costais chiorrúcháin sa ráiteas ioncaim láithreach. I gcás costais seirbhíse roimhe seo, sa chás go raibh sé de choinníoll leis na hathruithe sa scéim pinsean go bhfanfadh na fostaithe ag fónamh go ceann tréimhse áirithe (an tréimhse dílsithe) rinneadh amúchadh orthu ar bhonn líne dírí thar an tréimhse dílsithe. Leithdháiltear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha charntha a eascraíonn ó choigeartuithe ceannaithe agus athruithe ar thoimhdí an achtúire is mó ná an tsuim is mó idir 10% de luach shócmhainní an phlean nó 10% den oibleagáid le sochar sainithe ar an ráiteas ioncaim thar an saol oibre a mheastar ar an meán a bheith fágtha ag fostaithe.

Is ionann an dliteanas a aithnítear sa chlár comhardaithe maidir leis an scéim agus luach reatha an dualgais shochair shainithe ar dháta an chláir chomhardaithe lúide luach cóir shócmhainní an phlean, chomh maith le coigeartuithe maidir le gnóthachain agus caillteanais achtúireacha neamhshonraithe. Ríomhtar luach reatha an dualgais shochair shainithe trí lascainiú a dhéanamh ar eis-sreabhadh airgid measta don am atá ag teacht ag úsáid rátaí úis bhannaí corparáide ardchaighdeáin arna n-ainmniú san airgeadra ina n-íocfar na sochair agus a bhfuil téarma go ceann aibíochta ag baint leo a thagann a bheag nó a mhór le téarmaí an dliteanais phinsin atá i gceist leis.

Ag éirí as ceadú an Chomhaontaithe dá dtagraítear thuas, tharraing an Grúpa siar aitheantas don oibleagáid sochair sainithe carnach dá ndéantar foráil go dtí agus amhail Deireadh Fómhair 2010. Ina áit, tá oibleagáid maidir le pinsean aitheanta ag an nGrúpa i leith (a) ranníocaíocht aonuaire a íocfar, de bhun an Chomhaontaithe, sna blianta amach romhainn, agus (b) gealltanais mhaoinithe a bhí ann cheana a bhaineann le seirbhís roimhe seo ( i. luach reatha na ranníocaíochtaí aontaithe a bhaineann le seirbhís roimh Dheireadh Fómhair 2010).

Is scéim ranníocaíochta shainithe í Scéim Ranníocaíochta Shainithe ESB (Scéim Pinsean Fochuideachtaí ESB mar a bhí) agus tugtar cuntas ar ranníocaíochtaí chuig an scéim ar bhonn ranníocaíochta sainithe le ranníocaíocht na bhfostóirí arna muirearú ar ioncam sa tréimhse ina bhfuil na ranníocaíochtaí iníoctha.

**Scéim Phinsin i dTuaisceart Éireann**
Oibríonn an gnóthas Northern Ireland Electricity Limited (NIE), atá ina fhochuideachta faoi úinéireacht iomlán an Ghrúpa, scéim sochair shainithe i leith gach fostaí incháilithe. Ríomhann achtúirí neamhspleácha an dualgas sochair shainithe a bhaineann le NIE uair sa bhliain leis an modh creidmheasa aonaid teilgthe. Tugtar lascaine trí thagairt do ráta reatha toraidh bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin airgeadra comhionann agus téarma na ndliteanas. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin ag baint úsáide as luach cóir. Faightear luachálacha iomlána achtúireacha gach trí bliana ar a laghad, agus déantar nuashonrú orthu go bliantúil ina dhiaidh sin. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha go hiomlán sa tréimhse ina dtarlaíonn siad agus aithnítear iad in ioncam cuimsitheach eile.

Gearrtar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar faoin scéim sochair shainithe ar an ráiteas ioncam thar na tréimhsí ina bhfaightear seirbhís ó na fostaithe. Aithnítear costais seirbhíse roimhe seo láithreach sa mhéid is go bhfuil na sochair dílsithe cheana féin. Aithnítear caillteanais chiorrúcháin sa ráiteas ioncaim i rith na tréimhse ina dtarlaíonn siad. Cuimsítear an toradh ionchais ar shócmhainní scéime pinsin agus an ús ar dhliteanais scéime pinsin laistigh de ghlanchostas maoinithe.

## 20. DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE

**Athstruchtúrú ar Dhliteanais - Poblacht na hÉireann**
Bíonn sochair scoir dheonaigh le híoc faoi chomhaontú trípháirtí idir Bord BSL, Grúpa na gCeardchumann agus an Rialtas nuair a ghlacann fostaí le hiomarcaíocht dheonach mar mhalairt ar na sochair seo. Aithníonn an Grúpa sochair scoir nuair atá sé tiomanta go soiléir maidir le sochair scoir a chur ar fáil de bharr tairiscint ar iomarcaíocht dheonach a rinneadh leis na fostaithe agus ar ghlac na fostaithe sin leis. Déantar lascainiú go dtí an luach reatha ar shochair nach mbeidh dlite go dtí tráth is faide ná 12 mhí ó dháta an chláir chomhardaithe.

**Dliteanais Ghearrthéarmacha Eile a Bhaineann le Fostaithe**
Aithnítear costais shaoire agus bónais a thabhaítear nuair a thugann na fostaithe an tseirbhís a mhéadaíonn a dteidlíocht do neamhláithreachtaí cúitithe sa todhchaí.

# RÁITEAS IONCAIM AN GHRÚPA

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

| | Nótaí | 2010<br>€ '000 | 2009<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 1/2 | **2,706,654** | 3,014,985 |
| Ioncam oibriúcháin eile | 4 | **32,864** | 99,054 |
| Costais oibriúcháin gan muirear eisceachtúil pinsin san áireamh | 5 | **(2,400,808)** | (2,763,935) |
| Brabús Oibriúcháin roimh Muirear eisceachtúil pinsin | | **338,710** | 350,104 |
| Muirear eisceachtúil pinsin | 7 | **(329,518)** | - |
| Brabús Oibriúcháin tar éis mhuirear eisceachtúil pinsin | | **9,192** | 350,104 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní giniúna | 3 | **-** | 265,004 |
| Brabús oibriúcháin roimh ghlanchostas airgeadais | | **9,192** | 615,108 |
| Costas airgeadais | 6 | **(114,432)** | (79,738) |
| Ioncam airgeadais | 6 | **1,449** | 2,680 |
| Glanchostas airgeadais | | **(112,983)** | (77,058) |
| Sciar de bhrabús na gcomhfhiontar | 12 | **14,576** | 61,729 |
| (Caillteanas) / Brabús roimh cháin | | **(89,215)** | 599,779 |
| Cáin Ioncaim creidmheas/(costas) | 8 | **5,099** | (19,761) |
| (Caillteanas) / Brabús iarchánach | | **(84,116)** | 580,018 |
| **Inchurtha i leith:** | | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | | **(84,103)** | 579,898 |
| Leas neamhrialaithe | | **(13)** | 120 |
| (Caillteanas) / Brabús don bhliain airgeadais | | **(84,116)** | 580,018 |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 go dtí 31.

**Lochlann Quinn** Cathaoirleach

**Pádraig McManus**
Príomhfheidhmeannach

**Donal Flynn**
Stiúrthóir Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa

**23 Márta 2011**

# RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

| | 2010<br>€ '000 | 2009<br>€ '000 |
|---|---|---|
| (Caillteanas) / Brabús don bhliain airgeadais | **(84,116)** | 580,018 |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile ('OCI')** | | |
| Fál éifeachtach de ghlan-infheistíocht i bhfochuideachta coigríche | **(727)** | (1,242) |
| Difríochtaí aistriúcháin ar chomhdhlúthú fochuideachtaí coigríche | **(3,349)** | (176) |
| Difríochtaí aistriúcháin ar chomhdhlúthú chomhfhiontair | **3,417** | 1,984 |
| Gnóthachain luacha chóir ar fhálú sreabhadh airgid | **96,658** | 492,891 |
| Gnóthachain (caillteanais)/ luacha chóir ar fhálú sreabhadh airgid i gcomhfhiontair | **(4,849)** | 1,571 |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach (OCI) | **(3,424)** | (62,157) |
| Aistrithe chuig an Ráiteas Ioncaim ar fhálú sreabhadh airgid | **(77,318)** | (15,535) |
| Cáin ar mhíreanna a tógadh díreach go/a aistríodh ó OCI do chomhfhiontair | **1,358** | (285) |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh ó OCI | **9,790** | 2,743 |
| Cúlchistí athluachála ar éadáil | **-** | 73,199 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán eile** | **21,556** | 492,993 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **(62,560)** | 1,073,011 |
| Inchurtha i leith: | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | **(62,357)** | 1,072,891 |
| Leas neamhrialaithe | **(203)** | 120 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **(62,560)** | 1,073,011 |

**Lochlann Quinn** Cathaoirleach

**Pádraig McManus**
Príomhfheidhmeannach

**Donal Flynn**
Stiúrthóir Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa

**23 Márta 2011**

# CLÁR COMHARDAITHE AN GHRÚPA

Amhail an 31 Nollaig 2010

| | Nótaí | 2010 € '000 | 2009 € '000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 10 | **9,837,926** | 7,628,787 |
| Sócmhainní neamhinláimhsithe agus cáilmheas | 11 | **525,608** | 330,152 |
| Infheistíochtaí i gcomhfhiontair | 12 | **55,117** | 18,650 |
| Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais | 12 | **20,184** | 7,775 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 19 (g) | **497,666** | 548,049 |
| Sócmhainn phinsin shochair shainithe | 21 (c) | **12,698** | - |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 20 | **152,883** | 112,567 |
| **Iomlán na sócmhainní neamh-reatha** | | **11,102,082** | 8,645,980 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 13 | **103,934** | 145,739 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 19 (g) | **79,769** | 90,628 |
| Sócmhainn reatha cánach | 14 | **6,983** | 441 |
| Infháltais trádála agus eile | 15 | **619,339** | 684,292 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 16 | **199,585** | - |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,009,610** | 921,100 |
| | | | |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **12,111,692** | 9,567,080 |
| | | | |
| **COTHROMAS** | | | |
| Stoc caipitil | 17 | **1,979,882** | 1,979,882 |
| Cúlchiste aistrithe | | **(18,904)** | (18,245) |
| Fálú sreabhadh airgid, cúlchistí athluachála agus cúlchistí eile | | **468,238** | 451,085 |
| Tuilleamh coinnithe | | **1,445,947** | 1,619,428 |
| **Cothromas inchurtha i leith sealbhóirí na Máthairchuideachta** | | **3,875,163** | 4,032,150 |
| | | | |
| Leas neamhrialaithe | 17 | **1,542** | 1,745 |
| **Cothromas iomlán** | | **3,876,705** | 4,033,895 |
| | | | |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 18 | **3,361,211** | 2,094,900 |
| Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsean | 22 | **808,231** | - |
| Dliteanais phinsin shochair shainithe | 21 | **-** | 515,707 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **81,899** | 87,810 |
| Nithe iníoctha trádála agus eile | 23 | **14,820** | 10,706 |
| Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais | 24 | **666,634** | 692,578 |
| Soláthairtí | 25 | **241,468** | 241,219 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 20 | **843,317** | 458,507 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 19 (g) | **435,940** | 296,965 |
| **Iomlán na ndliteanas neamhreatha** | | **6,453,520** | 4,398,392 |
| | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 18 | **781,989** | 128,928 |
| Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsean | 22 | **88,471** | - |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **75,503** | 109,520 |
| Nithe iníoctha trádála agus eile | 23 | **617,669** | 630,139 |
| Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais | 24 | **39,333** | 38,584 |
| Soláthairtí | 25 | **151,813** | 178,693 |
| Dliteanais Reatha Cánach | 14 | **7,978** | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 19 (g) | **18,711** | 48,929 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,781,467** | 1,134,793 |
| | | | |
| **Iomlán na ndliteanas** | | **8,234,987** | 5,533,185 |
| | | | |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **12,111,692** | 9,567,080 |

**Lochlann Quinn**
Cathaoirleach

**Pádraig McManus**
Príomhfheidhmeannach

**Donal Flynn**
Stiúrthóir Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa

**23 Márta 2011**

# CLÁR COMHARDAITHE NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA

Amhail an 31 Nollaig 2010

| | Nótaí | 2010<br>€ '000 | 2009<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 10 | **6,942,041** | 6,774,261 |
| Sócmhainní neamhinláimhsithe | 11 | **209,435** | 235,274 |
| Infheistíochtaí i ngnóthais fochuideachtaí | 12(b) | **72,832** | 72,832 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 20 | **124,729** | 85,832 |
| **Iomlán na sócmhainní neamh-reatha** | | **7,349,037** | 7,168,199 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 13 | **82,750** | 132,483 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 19 (g) | **13,288** | 997 |
| Sócmhainn reatha cánach | 14 | **6,600** | 2,590 |
| Infháltais trádála agus eile | 15 | **1,944,374** | 1,088,731 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 16 | **140,902** | - |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,187,914** | 1,224,801 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **9,536,951** | 8,393,000 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Stoc caipitil | 17 | **1,979,882** | 1,979,882 |
| Fálú sreabhadh airgid agus cúlchistí eile | | **20,309** | (22,605) |
| Tuilleamh coinnithe | | **998,146** | 1,202,326 |
| **Cothromas inchurtha i leith sealbhóirí na Máthairchuideachta** | | **2,998,337** | 3,159,603 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 18 | **2,731,590** | 1,975,149 |
| Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsean | 22 | **808,231** | - |
| Dliteanais phinsin shochair shainithe | 21 | **-** | 515,707 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **81,899** | 87,810 |
| Nithe iníoctha trádála agus eile | 23 | **7,414** | 9,124 |
| Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais | 24 | **661,465** | 686,130 |
| Soláthairtí | 25 | **228,353** | 238,869 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 20 | **370,624** | 334,788 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 19 (g) | **69,004** | 180,813 |
| **Iomlán na ndliteanas neamhreatha** | | **4,958,580** | 4,028,390 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 18 | **106,326** | 110,172 |
| Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsean | 22 | **88,471** | - |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **67,645** | 100,065 |
| Nithe iníoctha trádála agus eile | 23 | **1,159,538** | 809,224 |
| Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais | 24 | **32,485** | 33,485 |
| Soláthairtí | 25 | **123,021** | 145,652 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 19 (g) | **2,548** | 6,409 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,580,034** | 1,205,007 |
| **Iomlán na ndliteanas** | | **6,538,614** | 5,233,397 |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **9,536,951** | 8,393,000 |

**Lochlann Quinn**
Cathaoirleach

**Pádraig McManus**
Príomhfheidhmeannach

**Donal Flynn**
Stiúrthóir Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa

**23 Márta 2011**

# RÁITEAS AN GHRÚPA AR ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

Amhail an 31 Nollaig 2010

| Réiteach na n-athruithe ar chothromas | Stoc Caipitil € '000 | Cúlchiste Aist-riúcháin € '000 | Fálú Sreabhadh Airgid & Cúlchistí Eile € '000 | Tuilleamh Coinnithe € '000 | Iomlán € '000 | Leas Neamhri-alaithe € '000 | Cothromas iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2009** | **1,979,882** | **(18,811)** | **(41,342)** | **1,306,814** | **3,226,543** | **1,861** | **3,228,404** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | |
| Ioncam don bhliain | - | - | - | 579,898 | 579,898 | 120 | 580,018 |
| Díbhinní ar leas mionlaigh | - | - | - | - | - | (236) | (236) |
| Cúlchistí athluachála ar éadáil | - | - | 73,199 | - | 73,199 | - | 73,199 |
| Difríochtaí aistriúcháin glan ó fhálú | - | 566 | - | - | 566 | - | 566 |
| Fálú sreabhadh airgid: | | | | | | | |
| Glanghnóthachain luacha chóir | - | - | 492,891 | - | 492,891 | - | 492,891 |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | 6,689 | - | 6,689 | - | 6,689 |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí in aistriúcháin eachtracha) | - | - | (27,840) | - | (27,840) | - | (27,840) |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | 5,616 | - | 5,616 | - | 5,616 |
| Gnóthachain luacha chóir d'fhálú i gcomhfhiontair | - | - | 1,571 | - | 1,571 | - | 1,571 |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach (OCI) | - | - | (62,157) | - | (62,157) | - | (62,157) |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | 2,743 | - | 2,743 | - | 2,743 |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach go OCI do chomhfhiontair | - | - | (285) | - | (285) | - | (285) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | **-** | **566** | **492,427** | **579,898** | **1,072,891** | **(116)** | **1,072,775** |
| **Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | (267,284) | (267,284) | - | (267,284) |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2009** | **1,979,882** | **(18,245)** | **451,085** | **1,619,428** | **4,032,150** | **1,745** | **4,033,895** |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2010** | **1,979,882** | **(18,245)** | **451,085** | **1,619,428** | **4,032,150** | **1,745** | **4,033,895** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | |
| Ioncam don bhliain | - | - | - | (84,103) | (84,103) | (13) | (84,116) |
| Díbhinní ar leas mionlaigh | - | - | - | - | - | (190) | (190) |
| Aistrithe chuig tuilleamh coinnithe | - | - | (5,062) | 5,062 | - | - | - |
| Difríochtaí aistriúcháin glan ó fhálú | - | (659) | - | - | (659) | - | (659) |
| Fálú sreabhadh airgid: | | | | | | | |
| Glanghnóthachain luacha chóir | - | - | 96,658 | - | 96,658 | - | 96,658 |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | 1,044 | - | 1,044 | - | 1,044 |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí in aistriúcháin eachtracha) | - | - | (75,671) | - | (75,671) | - | (75,671) |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | (2,691) | - | (2,691) | - | (2,691) |
| Gnóthachain luacha chóir d'fhálú i gcomhfhiontair | - | - | (4,849) | - | (4,849) | - | (4,849) |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach ('OCI') | | | (3,424) | - | (3,424) | - | (3,424) |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | 9,790 | - | 9,790 | - | 9,790 |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach go OCI do chomhfhiontair | - | - | 1,358 | - | 1,358 | - | 1,358 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | **-** | **(659)** | ***17,153** | **(79,041)** | **(62,547)** | **(203)** | **(62,750)** |
| **Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | | | |
| Breisithe bogearraí | 2,548 | - | 49,746 | **52,294** |
| Dáileadh lamháltais astaíochtaí | - | 122,012 | - | **122,012** |
| Ceannach astaíochtaí | - | 5,435 | - | **5,435** |
| Diúscairtí bogearraí | (189) | - | - | **(189)** |
| Socrú lamháltais astaíochtaí | - | (175,491) | - | **(175,491)** |
| Aistrithe amach as bogearraí atá á bhforbairt | 39,077 | - | (39,077) | **-** |
| Aistrithe eile | 1,191 | - | (239) | **952** |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2009** | 304,287 | 119,147 | 29,638 | **453,072** |
| Breisithe bogearraí | 1,742 | - | 21,550 | **23,292** |
| Dáileadh lamháltais astaíochtaí | - | 100,085 | - | **100,085** |
| Diúscairt astaíochtaí | - | (3,359) | - | **(3,359)** |
| Diúscairtí bogearraí | (2,516) | - | - | **(2,516)** |
| Socrú lamháltais astaíochtaí | - | (114,452) | - | **(114,452)** |
| Aistrithe amach as bogearraí atá á bhforbairt | 34,678 | - | (34,678) | **-** |
| Aistrithe eile | - | - | 634 | **634** |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2010** | 338,191 | 101,421 | 17,144 | **456,756** |
| **Amúchadh** | | | | |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2009** | 168,241 | - | - | **168,241** |
| Muirear don bhliain | 49,366 | - | - | **49,366** |
| Aistrithe eile | 380 | - | - | **380** |
| Scoir/diúscairtí | (189) | - | - | **(189)** |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2009** | 217,798 | - | - | **217,798** |
| Muirear don bhliain | 32,039 | - | - | **32,039** |
| Scoir/diúscairtí | (2,516) | - | - | **(2,516)** |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2010** | 247,321 | - | - | **247,321** |
| **Glanluach leabhar amhail 31 Nollaig 2010** | **90,870** | **101,421** | **17,144** | **209,435** |
| **Glanluach leabhar amhail 31 Nollaig 2009** | 86,489 | 119,147 | 29,638 | **235,274** |
| **Glanluach leabhar amhail 1 Eanáir 2009** | 93,419 | 167,191 | 19,208 | **279,818** |

Áiríonn costais bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go hinmheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach. Is iad na sócmhainní a fhorbraítear go hinmheánach a dhéanann suas cuid mhór de na costais sin, áfach.

Baineann aistrithe eile in 2010 le haistrithe ó mhaoin, gléasra agus trealamh (glanluach leabhar €0.3 milliún) agus aistriú bogearraí á bhforbairt ón Máthairchuideachta go dtí fochuideachta (€0.3 milliún).

Baineann aistrithe eile in 2010 le haistrithe ó mhaoin, gléasra agus trealamh (glanluach leabhar €0.9 milliún) agus aistriú bogearraí á bhforbairt ón Máthairchuideachta go dtí fochuideachta (€0.2 milliún).

Ní dhéantar amúchadh ar lamháltais astaíochta toisc go gcoinnítear iad le socrú.  Fuarthas na lamháltais astaíochta atá áirithe thuas, trí dheontas Rialtais agus tá siad áirithe freisin in ioncam iarchurtha, mar atá léirithe i Nóta 24.

Cuirtear amúchadh na sócmhainní neamhinláimhsithe de mhuirear ar an ráiteas ioncaim mar chuid de chostais oibriúcháin.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**12. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS**

| **(a) AN GRÚPA** | Infheistíochtaí comh-fhiontar €'000 | Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas € '000 | Infheistíochtaí eile €'000 | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2009** | 117,118 | - | 7,030 | **124,148** |
| Breisithe | - | 5,140 | - | **5,140** |
| Aistriú Synergen Power Limited go gnóthas fochuideachta iomlán | (148,754) | - | - | **(148,754)** |
| Aistrithe | - | 2,282 | (2,282) | **-** |
| Sciar den bhrabús | 61,729 | - | - | **61,729** |
| Gluaiseacht luacha chóir ar fhálú sreabhadh airgid | 1,286 | - | - | **1,286** |
| Díbhinní faighte | (14,713) | - | - | **(14,713)** |
| Difríocht aistriúcháin | 1,984 | - | - | **1,984** |
| Gluaiseacht luacha chóir - aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | - | (593) | (3,802) | **(4,395)** |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2009** | 18,650 | 6,829 | 946 | **26,425** |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2010** | 18,650 | 6,829 | 946 | **26,425** |
| Breisithe | - | 10,547 | 372 | **10,919** |
| Comhshó iarmhéid infhaighte ina infheistíocht chothromais | 42,590 | - | - | **42,590** |
| Sciar den bhrabús | 14,576 | - | - | **14,576** |
| Gluaiseacht luacha chóir ar fhálú sreabhadh airgid | (3,491) | - | - | **(3,491)** |
| Díbhinní faighte | (20,625) | - | - | **(20,625)** |
| Difríocht aistriúcháin | 3,417 | - | - | **3,417** |
| Gluaiseacht luacha chóir - aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | - | 1,490 | - | **1,490** |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2010** | **55,117** | **18,866** | **1,318** | **75,301** |

**Infheistíochtaí comhfhiontair** D'eascair aistriú Synergen go gnóthas foschuideachta iomlán (€148.8 milliún) in 2009 ón 30% eile de scaireanna i Synergen Power Limited a cheannach, arbh é an tionchar a bhí aige ná sealúchas comhfhiontair ESB sa chuideachta a aistriú go sealúchas iomlán fochuideachta 100%. Fuarthas an 82% eile de na scaireanna in Garvagh Glebe Power Limited le linn 2010. Ba nialas luach tugtha anonn infheistíocht an Ghrúpa in Garvagh Glebe Power Limited amhail dháta na héadála iomláine. Tugtar mionsonraí faoin éadáil sin i gcuid (c) thíos faoi nochtadh.

Baineann an ghluaiseacht luacha chóir ar fhálú sreabhadh airgid le díorthaigh a choinnítear in Bizkaia Energia SL agus Marchwood Power Limited, atá sainithe i gcoibhnis sreabhadh airgid sna haonáin sin.

Le linn na bliana d'aistríodh iarmhéid infhaighte €42.6 milliún le Marchwood Power Limited ina infheistíocht chothromais de réir chomhaontú na scairsealbhóirí. D'aistríodh méid comhfhreagrach ar infheistíocht chothromais ag comhpháirtí comhfhiontair an Ghrúpa.

Baineann díbhinní a fuarthas ó chomhfhiontair le Marchwood Power Limited €17.6 milliún (2009: nialas) agus Corby Power Limited €3.0 milliún (2009: €2.7 milliún). In 2009 fuarthas díbhinní freisin ó Synergen Power Limited (€1.4 milliún) agus Bizkaia Energia SL (€10.6 milliún).

Baineann difríochtaí aistriúcháin le Corby Power Limited agus Marchwood Power Limited toisc go bhfuil na cuideachtaí sin lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus go dtuairiscítear iad i steirling.

**Leasanna i gcomhfhiontair** Áiríodh na cuideachtaí seo a leanas i gcuntais ESB Group mar chomhfhiontair agus cuntasaíocht chothromais á húsáid:

| Ainm na cuideachta | Tír | **Sealúchas 31 Nollaig 2010 % de scairchaipiteal faoi úinéireacht** | Sealúchas 31 Nollaig 2009 % de scairchaipiteal faoi úinéireacht |
|---|---|---|---|
| Bizkaia Energia SL | An Spáinn | **50%** | 50% |
| Corby Power Limited | An Ríocht Aontaithe | **50%** | 50% |
| Marchwood Power Limited | An Ríocht Aontaithe | **50%** | 50% |
| Garvagh Glebe Power Limited* | Éire | **100%** | 50% |

* Rinneadh fochuideachta faoi úinéireacht iomlán Garvagh Glebe Limited ón 14 Nollaig 2010 agus tá a chuid torthaí go dtí an dáta sin léirithe sa tábla seo a leanas.

## 12. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (ar lean)

| Faisnéis airgeadais achoimre i leith Comhfhiontair | 2010 € '000 | 2009 € '000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní neamhreatha | **448,157** | 466,874 |
| Sócmhainní reatha | **63,819** | 70,045 |
| **Iomlán na sócmhainní** | **511,976** | 536,919 |
| | | |
| Cothromas | **81,990** | 45,617 |
| Cúlchiste um fhálú sreabhadh airgid | **(18,242)** | (14,751) |
| **Cothromas iomlán** | **63,748** | 30,866 |
| | | |
| Dliteanais neamhreatha | **198,605** | 350,238 |
| Dliteanais reatha | **227,735** | 138,659 |
| Dliteanais díorthaigh | **21,888** | 17,156 |
| **Iomlán na ndliteanas** | **448,228** | 506,053 |
| | | |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | **511,976** | 536,919 |
| | | |
| Ioncam | **88,712** | 205,759 |
| Costais | **(48,841)** | (125,713) |
| **Brabús Oibriúcháin** | **39,871** | 80,046 |
| | | |
| **Brabús tar éis úis agus cánach** | **14,576** | 61,729 |

Léirítear leis an sciar€63.7 milliún de chothromas iomlán thuas cláir chomhardaithe aonair na n-infheistíochtaí comhfhiontair. Is é luach na n-infheistíochtaí comhfhiontair i gclár comhardaithe an Ghrúpa ná€55.5 milliún. Tá an difríocht de €8.2 inchurtha go príomha i leith foráil a rinneadh ar leibhéal an ghrúpa i gcoinne iarmhéideanna áirithe a bhaineann le cáin a aithnítear i leith Bizkaia Energia SL.

**Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas** Tá gnó caipiteal fiontair, Novusmodus, faoi úinéireacht an Ghrúpa, trína ndéantar infheistíochtaí síolchaipitil in aonáin teicneolaíochtaí éiritheacha. Déantar na hinfheistíochtaí sin a bhainistiú ar mhaithe le toradh infheistíochta amháin agus mar sin déantar iad a bhreacadh ag luach cóir tríd an ráiteas ioncaim. Níl ceannas ná tionchar suntasach ag ESB ar aon shócmhainní airgeadais arna gcoinneáil ag luach cóir. Baineann aistrithe in 2009 le luach infheistíochtaí a athaicmíodh ó shócmhainní airgeadais ar fáil le díol chuig sócmhainní airgeadais ar luach cóir tríd an mbrabús le linn na bliana. Áirítear le breisithe in 2010 infheistíochtaí i líon cuideachtaí um fhuinneamh glan agus freisin infheistíocht bhreise i gciste um fhuinneamh glan VantagePoint. Rinneadh luacháil chóir ar na hinfheistíochtaí sin ag deireadh na bliana agus aistríodh an ghluaiseacht chuig an ráiteas ioncaim.

Amhail 31 Nollaig 2010 d'fhéadfadh comhpháirtithe an Ghrúpa sa chiste VantagePoint iarraidh air infheistíocht bhreise de € 7.2 milliún a dhéanamh sa chiste (2009:€9.3 milliún). Tá an infheistíocht bhreise fhéideartha sin san áireamh laistigh de Cheangaltais Caipitil i Nóta 26 de na ráitis airgeadais sin. Tá tuilleadh faisnéise faoi na hinfheistíochtaí sin i Nóta 19.

Baineann infháltais eile de €1.3 milliún (2009: €0.9 milliún) go príomha le hinfheistíochtaí stairiúla arna dtabhairt anonn ag costas. Is é tuairim an Bhoird nach bhfuil difríocht shuntasach idir a luach tugtha anonn agus a luach cóir.

### (b) MÁTHAIRCHUIDEACHTA

| | Gnóthais Fochuideachta € '000 |
|---|---|
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2010 agus 31 Nollaig 2010 | 72,832 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 12. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (ar lean)

### (c) ÉADÁLACHA AN GHRÚPA

Le linn na bliana chuir an Grúpa éadáil gnó an ghréasáin leictreachais i dTuaisceart na hÉireann i gcrích ('NIE') ó Viridian Group. Rinne ESB comhaontú coinníollach um cheannach scaireanna chun NIE a fháil an 6 Iúil 2010. Comhlíonadh na réamhchoinníollacha maidir leis an éadáil an 21 Nollaig 2010, tráth a íocadh an chomaoin agus a aistríodh ceannas ar 100% de chearta vótála i leith gnó an NIE go dtí an Grúpa. Mar chuid den éadáil, fuair ESB cuideachtaí comhlachaithe áirithe NIE freisin, lena n-áirítear NIE Powerteam Limited agus Powerteam Electrical Services (UK) Limited, a sholáthraíonn seirbhísí tógála agus cothabhála leictreachais. Breathnaítear ar na haonáin sin uile mar chomhpháirteanna d'éadáil fhoriomlán NIE.

Is deis fáis uathúil í an éadáil sin don ghrúpa, úinéir an ghréasáin tarchurtha rialaithe agus úinéir agus oibreoir an chórais dáileacháin i dTuaisceart na hÉireann a fháil. Déantar scála ESB a mhéadú go suntasach le héadáil monaplacht rialaithe le stair d'fheidhmíocht airgeadais láidir agus cobhsaí, agus lena dtugtar tacaíocht do chuspóir straitéiseach an Ghrúpa gréasán cliste uile-oileáin a sheachadadh.

Aithnítear na sócmhainní a fuarthas agus na dliteanais arna nglacadh ag luach cóir amhail an dáta éadála. Léirítear go príomha le cáilmheas arna eascairt ar éadáil an toradh ionchais don Ghrúpa ó infheistíocht amach anseo sa bhonn sócmhainní a fuarthas. Níl an cáilmheas inasbhainte chun críocha cánach.

Áirítear costais €19.3 milliún a bhaineann leis an éadáil laistigh de na costais oibriúcháin de réir IFRS 3 Teaglaim Ghnó (2008).

Ina theannta sin agus ar leithligh ó idirbheart an NIE, le linn na bliana fuair an Grúpa feirm ghaoithe oibriúcháin amháin agus feirm ghaoithe amháin atá i mbéal a forbartha, agus cuireadh éadáil iomlán Garvagh Glebe Power Limited i gcrích freisin (comhfhiontar 50% roimhe), i ngach cás trí 100% de scairchaipiteal na n-aonán a fháil. Rinne nochtadh orthu siúd uile mar chuid d'éadálacha feirmeacha gaoithe a ndéantar iad a bhainistiú i bpunann scoite. Tugtar sonraí iomlána faoi ghnóthais fochuideachta ESB uile amhail 31 Nollaig 2010 i Nóta 31. Áirítear costais €0.2 milliún a bhaineann leis na héadálacha sin laistigh de chostais oibriúcháin.

| Éadálacha sa bhlian dar críoch 31 Nollaig 2010 - Luachanna aitheanta ar éadáil | NIE<br>€ '000 | Éadálacha Feirmeacha Gaoithe*<br>€ '000 | Iomlán na luachanna aitheanta ar éadálacha<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| Maoin, gléasra agus trealamh | 1,897,069 | 72,957 | **1,970,026** |
| Sócmhainní neamhinláimhsithe | 47,750 | 1,577 | **49,327** |
| Sócmhainn phinsean | 12,854 | - | **12,854** |
| Sócmhainní eile | 67,472 | 6,521 | **73,993** |
| Iasachtaí | (233,934) | (54,432) | **(288,366)** |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | (272,505) | - | **(272,505)** |
| Dliteanais chánach iarchurtha | (359,144) | (447) | **(359,591)** |
| Dliteanais eile | (114,575) | (4,630) | **(119,205)** |
| Glansócmhainní agus glandliteanais inaitheanta | 1,044,987 | 21,545 | **1,066,532** |
| | | | |
| Lúide airgead tirim íoctha as éadálacha | (1,234,405) | (22,154) | **(1,256,559)** |
| Luach cóir comaoin eile arna malartú | 11,878 | 609 | **12,487** |
| Glanchomaoin íoctha | (1,222,527) | (21,545) | **(1,244,072)** |
| | | | |
| Cáilmheas ag eascairt ar éadáil | 177,540 | - | **177,540** |

Baineann luach cóir comaoin eile arna malartú le hiasachtaí a aisíocadh glan ar airgead tirim faighte i dteannta le luach cóir aon infheistíochtaí a bhí ann sna haonáin a fuarthas. Níor bhain comaoin theagmhasach le héadálacha sa bhliain reatha.

Níor bhain aon ardú sa luach cóir leis an scairseilbh 50% a bhí ann nuair a fuarthas Garvagh Glebe.

Eascraíonn cáilmheas ar éadáil NIE ó luach cóir an toraidh ionchais ar infheistíocht amach anseo i mBonn Sócmhainní Rialaithe an ghnó.

Dá dtarlódh na héadálacha a leagtar amach thuas an 1 Eanáir 2010, bheadh na méideanna ioncaim agus brabúis thíos aitheanta i dtorthaí an Ghrúpa i leith na gcuideachtaí a fuarthas:

| | NIE*<br>€ '000 | Éadálacha Feirmeacha Gaoithe**<br>€ '000 | Iomlán Éadálacha<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam iomlán don bhliain | 291,845 | 1,903 | **293,748** |
| Iomlán Brabús / (caillteanas) i ndiaidh cánach don bhliain | 48,092 | (17) | **48,075** |
| Bhí an fheidhmíocht oibriúcháin a leanas ag na cuideachtaí a fuarthas ón dáta éadála i leith: | | | |
| Ioncam Iomlán áirithe sa ráiteas ioncaim comhdhlúite | 6,860 | 1,257 | **8,117** |
| Iomlán Brabús / (caillteanas) áirithe sa ráiteas ioncaim comhdhlúite | (1,624) | (161) | **(1,785)** |

* Faisnéis cuntas bainistíochta neamhiniúchta chun críocha nochta amháin** Lena n-áirítear Garvagh Glebe Power Limited (comhfhiontar roimhe)

## 12. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (ar lean)

**Éadálacha sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 - luachanna aitheanta ar éadálacha**

Le linn 2009, chuir an Ghrúpa éadálacha Synergen Power Limited agus feirm ghaoithe oibriúcháin i gcrích trí 100% de na haonáin a bhí i gceist a fháil. Bhí an tionchar a leanas ag na héadálacha ar shócmhainní agus ar dhliteanais ESB amhail an dáta éadála:

| | Iomlán na luachanna aitheanta ar éadálacha |
|---|---|
| | € '000 |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 262,455 |
| Sócmhainní neamhinláimhsithe | 59,225 |
| Sócmhainní eile | 71,819 |
| Iasachtaí | (116,400) |
| Dliteanais chánach iarchurtha | (42,577) |
| Nithe iníoctha trádála agus eile | (34,888) |
| Glansócmhainní agus glandliteanais inaitheanta | 199,634 |
| | |
| Lúide airgead tirim íoctha as éadálacha | (57,943) |
| Luach cóir comaoin eile arna malartú | 149,117 |
| Glanchomaoin | 91,174 |
| | |
| Lúide méideanna a aithníodh mar chomhfhiontair roimhe sin | (148,754) |
| Cáilmheas diúltach ag eascairt ó éadáil | 142,054 |
| | |
| Aitheanta: | |
| - sa ráiteas ioncaim (Nóta 4) | 68,855 |
| - mar athluacháil ar leas i seilbh roimhe ('OCI') | 73,199 |
| | 142,054 |

## 13. FARDAIL

| | AN GRÚPA | | AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2010** | 2009 | **2010** | 2009 |
| | **€ '000** | € '000 | **€ '000** | € '000 |
| Ábhair | **58,067** | 33,806 | **45,132** | 28,285 |
| Breosla | **45,867** | 111,933 | **37,618** | 104,198 |
| | **103,934** | 145,739 | **82,750** | 132,483 |

Bhí luach iomlán€117.9 milliún (2009: €184.2 milliún) sna fardail a caitheadh le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig. Níor aithin ESB (Grúpa agus Máthairchuideachta) aon laghduithe fardail le linn na bliana (2009: €3.4 milliún).

## 14. SÓCMHAINN AGUS DLITEANAS REATHA CÁNACH

| | AN GRÚPA | | AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2010** | 2009 | **2010** | 2009 |
| | **€ '000** | € '000 | **€ '000** | € '000 |
| Cáin reatha - Sócmhainn | **6,983** | 441 | **6,600** | 2,590 |
| Cáin reatha - Dliteanas | **7,978** | - | **-** | - |

Léiríonn an tsócmhainn agus an dliteanas reatha cánach méid na cánach corparáide a íocadh i leith tréimhsí reatha agus tréimhsí roimhe seo a sháraíonn méideanna iníoctha. Léirítear iarmhéideanna glan i gcás ina bhfuil ceart dlíthiúil fritháirimh.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 15. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS EILE

| | AN GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2010** | 2009 | **2010** | 2009 |
| | **€ '000** | € '000 | **€ '000** | € '000 |
| Infháltais trádála | **211,316** | 205,646 | **114,714** | 140,235 |
| Ídiú neamhbhilleáilte | **295,034** | 271,505 | **187,359** | 187,955 |
| Méideanna le híoc ag gnóthais fochuideachta | **-** | - | **1,582,542** | 628,224 |
| Méideanna atá le híoc ag gnóthais comhfhiontair | **537** | 66,319 | **-** | 23,033 |
| Réamhíocaíochtaí | **16,716** | 27,685 | **9,187** | 27,685 |
| Infháltais eile | **95,736** | 113,137 | **50,572** | 81,599 |
| | **619,339** | 684,292 | **1,944,374** | 1,088,731 |

Tá anailís bhreise ar na hinfháltais sin agus lamháltais um laghdú ina leith i Nóta 19, cuid (c).

## 16. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID

| | AN GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2010** | 2009 | **2010** | 2009 |
| | **€ '000** | € '000 | **€ '000** | € '000 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | **199,585** | - | **140,902** | - |

Tá ús ar an ráta ús taisce reatha iníoctha ar thaiscí bainc.
Bhí glan-rótharraingt bainc ar láimh i leith an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta araon amhail 31 Nollaig 2009 a bhí áirithe faoi Nithe iníoctha trádála agus eile (Nóta 23).

## 17. ATHRUITHE I gCOTHROMAS

### (i) Stoc Caipitil

Tá 1,979,881,855 aonad de stoc caipitil arna n-eisiúint agus luach €1 in aghaidh gach ceann.

| | 2010 |
|---|---|
| **Comhdhéanta mar seo a leanas:** | € '000 |
| Stoc eisithe ó chúlchistí aistrithe | 1,880,888 |
| Stoc eisithe lena suibscríobh ag ESOT | 98,994 |
| | 1,979,882 |

De réir an Achta Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001, aistríodh cothromas ESB do stoc caipitil an 30 Nollaig 2001 agus eisíodh é don Roinn Airgeadais. Ag an am céanna, shuibscríobh ESB ESOP Trustee Limited, a bunaíodh chun gníomhú mar iontaobhaí le haghaidh scéim scairshealbhóra fostaithe ESB, chun 5% den stoc a fháil. I measc na bpríomhchearta a bhí ag gabháil le gach aonad stoic chaipitil bhí ceart vóta a chaitheamh ag cruinnithe bliantúla, teidlíochtaí ar dhíbhinní ó bhrabúis aon uair a dearbhaíodh a leithéid agus cearta ar rannpháirtíocht chomhréireach i mbarrachas ar fhoirceannadh.

Rinne an tAcht Leictreachais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 leasú ar Alt 2 d'Acht 2001 chun foráil go bhfuil 10% de stoc caipitil eisithe in ESB dílsithe san Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, le 85% de stoc caipitil ESB á choimeád ag an Aire Airgeadais agus 5% den stoc á choimeád ag ESOP.

### (ii) Leas neamhrialaithe - an Grúpa

Baineann leasanna neamhrialaithe amhail an 31 Nollaig 2010 leis na scairsheilbh mhionlaigh i Crockahenny Wind Farm Limited, Mountain Lodge Power Limited agus Carrington Power Limited.

### (iii) Cúlchistí fálaithe sreabhadh airgid, athluachála agus cúlchistí eile - an Grúpa agus an Mháthairchuideachta

Léiríonn an cúlchiste fálaithe go príomha luach cóir na ndíorthach atá mar chuid de choibhnis éifeachtacha fálú sreabhadh airgid ag deireadh na bliana. Ós chun críocha fálaithe, de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin in IAS 39 atá seilbh á choinneáil ar na díorthaigh, is in OCI a choinnítear a ngluaiseachtaí ar luach cóir seachas iad a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim le linn na bliana agus déanfar iad a mhuirearú ar ioncam sa tréimhse chéanna mar an idirbheart comhfhreagrach.
Áirítear le cúlchistí eile cúlchistí athluachála de€66.3 milliún(2009: €73.2 milliún) a tháinig chun cinn tar éis an 30% eile de Synergen Power Limited a fháil in 2009. Tá an cúlchiste sin á amúchadh do thuillimh choinnithe thar an tréimhse chéanna leis na sócmhainní gaolmhara a fuarthas.
Áirítear le cúlchistí eile freisin €5.0 mhilliún a cruthaíodh nuair a díoladh scair an Ghrúpa in Ocean Communications Limited in 2001. Ní féidir an cúlchiste sin a dháileadh.

### (iv) Díbhinní - An Grúpa agus an Mháthairchuideachta

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| Díbhinní ar stoc caipitil: | **'000** | € '000 |
| Iomlán díbhinn íoctha 4.77 (2009: 13.50) cent in aghaidh an aonaid de stoc caipitil | **94,440** | 267,284 |

Áiríonn iomlán na ndíbhinní a íocadh i rith 2010 díbhinn dheiridh de €94.4 milliún i leith 2009.

Molann Comhaltaí an Bhoird go n-íocfaí díbhinn deiridh de 3.89 cent in aghaidh an aonaid de stoc caipitil. Is é sin go n-íocfaí €77 milliún san iomlán in 2011, i ndáil le 2010.

## 18. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE

### (a) AN GRÚPA

| | Airgeadas Léasanna € '000 | Iasachtaí Iontaofa € '000 | Iasachtaí Iontaofa € '000 | **2010 Iomlán € '000** | 2009 Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| *** Iasachtaí reatha** | | | | | |
| - Le haisíoc ina ngálaí | 8,941 | 40,909 | 1,796 | **51,646** | 54,920 |
| - Le haisíoc ar mhodh eile seachas ina ngálaí | - | 730,343 | - | **730,343** | 74,008 |
| Iomlán na n-iasachtaí reatha | 8,941 | 771,252 | 1,796 | **781,989** | 128,928 |
| **Iasachtaí neamhreatha** | | | | | |
| - Le haisíoc ina ngálaí | | | | | |
| Laistigh de bhliain agus dhá bhliain | 13,382 | 58,311 | 1,665 | **73,358** | 56,725 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 55,728 | 218,829 | 5,126 | **279,683** | 271,751 |
| Tar éis cúig bliana | - | 393,853 | 21,907 | **415,760** | 338,010 |
| | 69,110 | 670,993 | 28,698 | **768,801** | 666,486 |
| - Le haisíoc ar mhodh eile seachas ina ngálaí | | | | | |
| Laistigh de bhliain agus dhá bhliain | 11,220 | - | - | **11,220** | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | - | 1,407,745 | - | **1,407,745** | 660,393 |
| Tar éis cúig bliana | - | 942,351 | 231,094 | **1,173,445** | 768,021 |
| | 11,220 | 2,350,096 | 231,094 | **2,592,410** | 1,428,414 |
| Iomlán na n-iasachtaí neamh-reatha | 80,330 | 3,021,089 | 259,792 | **3,361,211** | 2,094,900 |
| **Iomlán na n-iasachtaí gan íoc** | **89,271** | **3,792,341** | **261,588** | **4,143,200** | **2,223,828** |

Féach Nóta 19 codanna (d) agus (e) le haghaidh sonraí faoi rátaí ábhartha úis.

* Freisin in 2009 bhí saoráid ghearrtéarmach rótharraingte €6.9 milliún, atá san áireamh i Nithe iníoctha trádála agus eile (Nóta 23) atá mar chuid d'fhiachas iomlán an Ghrúpa.

**Iasachtaí reatha de réir na saoráide**

| | **2010 € '000** | 2009 € '000 |
|---|---|---|
| Gné chaipitil de léasanna airgeadais | **8,941** | 8,140 |
| Iasachtaí láithrithe phríobháidigh | **-** | 34,014 |
| Saoráid idirlinne | **730,343** | - |
| Iasachtaí bainc fadtéarmacha eile | **40,909** | 79,859 |
| Fiachas neamhiontaofa i leith maoiniú tionscadal fadtéarmach | **1,796** | 6,915 |
| | **781,989** | 128,928 |

Tarraingíodh anuas fiachas gearrthéarmach €730.3 milliún faoi shaoráid idirlinne bliana STG£810.0 milliún a aontaíodh i Meán Fómhair 2010. Tá an rogha ag an nGrúpa an tsaoráid sin a shíneadh ar feadh bliana eile.

**Iasachtaí neamh-reatha de réir na saoráide**

| | **2010 € '000** | 2009 € '000 |
|---|---|---|
| Stoc ESB | **10,304** | 10,304 |
| Gné chaipitil de léasanna airgeadais | **80,330** | 89,271 |
| Iasachtaí láithrithe phríobháidigh | **1,108,219** | 1,036,062 |
| Iasachtaí bainc fadtéarmacha eile | **1,587,460** | 906,086 |
| Fiachas neamhiontaofa i leith maoiniú tionscadal fadtéarmach | **28,698** | 53,177 |
| Eorabhanna NIE (faighte Nollaig 2010) | **231,094** | - |
| Eorabhanna ESB (eisithe Márta 2010) | **315,106** | - |
| | **3,361,211** | 2,094,900 |

Fuair an Grúpa Eorabhanna STG£175.0 milliún mar chuid d'idirbheart NIE a aithnítear ag luach cóir amhail an dáta éadála (€231.1 milliún). I mí an Mhárta 2010, d'eisigh ESB Eorabhanna STG£275.0 milliún le cúpón seasta 6.5%. Bhí ar ESB rátáil de ghrád infheistíochta a fháil don bhanna sin. I mí Eanáir 2011, fuair ESB rátáil ó Standard & Poors, Moodys agus Fitch de BBB+, Baa1 agus BBB+ faoi seach.

Tá an Grúpa laistigh de raon feidhme Dheighleoga Feidhmiúcháin IFRS 8 de thoradh fiachas a eisiúint a thrádáiltear go poiblí, agus tá an nochtadh cuí déanta aige sna ráitis airgeadais seo. Féach Nóta 1 le haghaidh tuilleadh faisnéise.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 18. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

Eisíodh na chéad nótaí sinseartha neamhurraithe maidir le láithriú príobháideach ar raon infheisteoirí institiúide, i mí na Nollag 2003. Eisíodh na nótaí ráta seasta sin i ndollar na Stát Aontaithe agus i steirling agus bhí siad comhdhéanta de US$951.5 milliún, a thiocfaidh in aibíocht ar dhátaí idir 2013 agus 2023, agus Stg£20 milliún, a thiocfaidh in aibíocht ar dhátaí idir 2018 agus 2023.

Eisíodh an dara babhta de nótaí sinseartha neamhurraithe maidir le láithriú príobháideach i Meitheamh 2009. Eisíodh na nótaí sin i ndollar na Stát Aontaithe, steirling agus euro agus bhí siad comhdhéanta de US$301 milliún a thiocfaidh in aibíocht ar dhátaí idir 2013 agus 2019, Stg£85 milliún a thiocfaidh in aibíocht ar dhátaí idir 2017 agus 2021 agus €50.0 milliún a thiocfaidh in aibíocht ar dhátaí idir 2014 agus 2019.

Áirítear le hiasachtaí fadtéarmacha bainc (a) áis creidmheasa imrothlaigh, arna athmhaoiniú i Mí Mheán Fómhair 2010, a tarraingíodh anuas go luach €926.8 milliún – is fiachas euro ag ráta comhlúthach é sin atá ar fáil faoin áis €1.5 billiún sin go dtí dátaí in 2014 agus 2015 agus ní gá aon fhiachas a tharraingítear faoin gcéanna a íoc go dtí an dáta sin; agus (b) €416.8 milliún d'fhiachas ag ráta comhlúthach agus €243.9 milliún d'fhiachas ráta sheasta a tarraingíodh anuas ó iasachtóir eile. Is fiachas steirling ag ráta seasta úis é €99.7 milliún den mhéid sin, agus is fiachas euro úis sheasta é an chuid eile.

Tá coinníollacha ag baint leis an bhfiachas láithrithe phríobháidigh agus le háiseanna áirithe eile a cheanglaíonn ar ESB cúnaint sócmhainní agus cumhdach úis a choimeád. Go dtí seo tá ESB i gcomhlíonadh iomlán le riachtanais uile an chúnaint a bhaineann le fiachas láithrithe phríobháidigh agus saoráidí eile.

I measc na n-iasachtaí thuas tá iasachtaí bainc ainmnithe i steirling, a sainíodh mar fhálú d'infheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachta atá ainmnithe i steirling sa Ríocht Aontaithe. Ba é €110.8 milliún (2009: €118.1 milliún) mhéid tugtha anonn na n-iasachtaí amhail Nollaig 2010. Tháinig caillteanas de €3.9 milliún (2009: €8.9 milliún) chun cinn i rith na bliana nuair a aistríodh na hiasachtaí go euro. Tugtar aitheantas ar leithligh sa chúlchiste aistriúcháin do ghnóthachan de €3.2m (2009: €7.6 milliún) ar aistriú iasachta idirghrúpa a bhí ainmnithe in euro chuig an aonán fochuideachta céanna atá ainmnithe i steirling, a sainíodh mar chuid d'infheistíocht an Ghrúpa san fhochuideachta, agus dá réir sin aistríodh é go dtí an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach.

Seachas iasachtaí a bhaineann le léasanna airgeadais agus an fiachas neamhiontaofa maidir le maoiniú tionscadal a bhaineann le sócmhainní feirme gaoithe áirithe, atá urraithe i gcoinne na sócmhainní sonracha sin, níl aon iasachtaí urraithe i gcoinne shócmhainní an Ghrúpa. Rinneadh athmhaoiniú ar iasachtaí maoinithe tionscadail neamhiontaofa €25.6 milliún le hiasachtaí eile le linn na bliana.

Rinne an Grúpa socrú léasa maidir le sócmhainní áirithe atá san áireamh laistigh de mhaoin, gléasra agus trealamh. Comhlíonadh na hoibleagáidí íocaíochta ar an dá thaobh den socrú sin láithreach, mar sin ní bheidh aon ghlanoibleagáid íocaíochta ar an nGrúpa faoi théarmaí an chomhaontaithe amach anseo agus féadann sé fós úsáid neamhshrianta a bhaint as na sócmhainní atá i gceist. Dá réir sin, aithnítear an tsócmhainn fós sna ráitis airgeadais agus níl aon oibleagáid chomhfhreagrach léasa ag baint léi.

**18. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)**

Seo a leanas ceangaltais léasa airgeadais an Ghrúpa agus an Mháthairchuideachta amach anseo:

| | 2010 Íocaíochtaí Léasa Íosta € '000 | 2010 Luach reatha na nÍocaíochtaí Léasa Íosta € '000 | 2009 Íocaíochtaí Léasa Íosta € '000 | 2009 Luach reatha na nÍocaíochtaí Léasa Íosta € '000 |
|---|---|---|---|---|
| Méideanna iníoctha: | | | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **13,823** | **8,941** | 13,469 | 8,140 |
| Laistigh de bhliain agus cúig bliana | **87,704** | **80,330** | 101,527 | 89,271 |
| | **101,527** | **89,271** | 114,996 | 97,411 |
| Lúide muirir léasa amach anseo | **(12,256)** | | (17,585) | |
| Luach reatha na n-oibleagáidí léasa | **89,271** | | 97,411 | |

**(b) MÁTHAIRCHUIDEACHTA**

| | Airgeadas Léasanna € '000 | Iasachtaí Iontaofa € '000 | 2010 Iomlán € '000 | 2009 Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| *** Iasachtaí reatha** | | | | |
| - Le haisíoc ina ngálaí | 8,941 | 29,062 | **38,003** | 36,159 |
| - Le haisíoc ar mhodh eile seachas ina ngálaí | - | 68,323 | **68,323** | 74,013 |
| Iomlán na n-iasachtaí reatha | 8,941 | 97,385 | **106,326** | 110,172 |
| **Iasachtaí neamhreatha** | | | | |
| - Le haisíoc ina ngálaí | | | | |
| Laistigh de bhliain agus dhá bhliain | 13,382 | 46,464 | **59,846** | 37,662 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 55,728 | 183,288 | **239,016** | 220,099 |
| Tar éis cúig bliana | - | 386,519 | **386,519** | 288,979 |
| | 69,110 | 616,271 | **685,381** | 546,740 |
| - Le haisíoc ar mhodh eile seachas ina ngálaí | | | | |
| Laistigh de bhliain agus dhá bhliain | 11,220 | - | **11,220** | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | - | 1,407,745 | **1,407,745** | 660,393 |
| Tar éis cúig bliana | - | 627,244 | **627,244** | 768,016 |
| | 11,220 | 2,034,989 | **2,046,209** | 1,428,409 |
| Iomlán na n-iasachtaí neamh-reatha | 80,330 | 2,651,260 | **2,731,590** | 1,975,149 |
| | | | | |
| **Iomlán na n-iasachtaí gan íoc** | **89,271** | **2,748,645** | **2,837,916** | 2,085,321 |

* Freisin in 2009 bhí saoráid ghearrtéarmach rótharraingte €18.6 milliún, atá san áireamh i Nithe iníoctha trádála agus eile (Nóta 23) atá mar chuid d'fhiachas iomlán an Ghrúpa.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AND BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS

### (a) Forbhreathnú ar Bhainistíocht Riosca Airgeadais

Timpeallacht riosca Baineann príomhrioscaí airgeadais an Ghrúpa le leachtacht, malartán eachtrach, ráta úis, gluaiseachtaí praghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla), agus riosca oibriúcháin. Athbhreithníonn, leasaíonn agus ceadaíonn an Bord beartais go rialta a thugann cosaint don Ghrúpa ó na rioscaí seo agus ó rioscaí eile, amhail riosca creidmheasa mar is cuí. Tá Group Treasury freagrach as gnáthbhearta cistíochta an Ghrúpa. Coinnítear Coiste Airgeadais an Bhoird ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le ceisteanna móra cistíochta agus cuirtear tuarascáil bhliantúil faoi ghníomhaíocht cistíochta faoi bhráid an Choiste chomh maith lena breithniú.

Is iad na feidhmeanna tuloifige agus oifige láir de na haonaid ghnó ábhartha a dhéanann riosca praghsanna tráchtearraí a bhainistiú: ESB Energy International agus ESB Electric Ireland. Déantar é sin i gcomhthéacs chreat bainistíochta riosca foriomlán an Ghrúpa. Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú rialta ar na gníomhaíochtaí sin. Cinntíonn feidhm Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa go bainisteofar rioscaí margaidh, creidmheasa agus oibriúcháin an Ghrúpa ar shlí a thabharfaidh cosaint don Ghrúpa ó chaillteanas agus lena léireofar meas ar na hoibleagáidí imfhálaithe atá i bhfeidhm idir na haonaid ghnó.

Is féidir conarthaí a rinneadh chun fálú a dhéanamh ar nochtadh ag eascairt ó cheannach agus ó dhíol leictreachais a roinnt ina gconarthaí praghas breosla ar aghaidh agus conarthaí malartáin eachtraigh. Déantar ionstraimí airgeadais a dhí-aithint nuair a shocraítear iad nó nuair a dhíoltar iad.

Struchtúr um thuairisciú riosca Tríd an bPríomhfheidhmeannach, rinne an Bord an fhreagracht níos leithne as bainistíocht a dhéanamh ar riosca trádála ESB ar bhealach a réitíonn le lamháltais riosca agus straitéisí gnó an Ghrúpa a tharmligean do Choiste Trádála an Ghrúpa (GTC). Bhunaigh an GTC teorainneacha riosca chun nochtadh riosca trádála a bhainistiú agus a theorannú ar leibhéal Grúpa agus aonaid ghnó. Déantar na teorainneacha sin a thaifeadadh le haghaidh gach ceann de ghnóthaí ESB atá i mbun gníomhaíochtaí trádála mórdhíola. Sa bhreis air sin tá feidhm ag Beartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa maidir le gach ceann de na gnóthaí sin.

Laistigh de gach ceann de na haonaid ghnó sin, bunaíodh Coiste Bainistíochta Riosca Trádála chun feidhmiú mar an príomhmhaoirseoir ar riosca trádála ar leibhéal an aonáin aonair imfhálaithe. Ar an gcoiste sin tá ceann na feidhme tuloifige, an Bainisteoir Riosca Trádála (Oifig Láir), ionadaí ó Bhainistíocht Riosca Trádála an Ghrúpa, agus Rialtóir Airgeadais an aonaid ghnó. Tá na Coistí Bainistíochta Riosca Trádála freagrach as an straitéis riosca trádála a cheapadh de réir Bheartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa agus as comhlíonadh a chinntiú leis an mbeartas céanna agus cinntiú go bhfuil creat éifeachtach rialaithe i bhfeidhm.

Tugann na Coistí Bainistíochta Riosca Trádála tuairisc don GTC. Coimeádann an fheidhm oifige láir i ngach aonad gnó líne tuairiscithe ar leithligh ó fheidhm Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa, atá freagrach as a chinntiú go ndéantar glan-nochtadh an Ghrúpa do ghluaiseachtaí praghsanna tráchtearraí nó praghsanna eile a bhainistiú go cuí de réir Bheartas Bainistíochta Riosca an Ghrúpa. Bíonn oibriúcháin trádála na n-aonad gnó faoi réir athbhreithnithe ag Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi bheartas agus faoi chuspóirí an Ghrúpa maidir le Bainistíocht Riosca féach an Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca ar leathanach 60 agus 61.

Cuntasaíocht fhálaithe Déanann ESB a chuid oibríochtaí a mhaoiniú agus meascán d'iasachtaí agus léasaí airgeadais á n-úsáid, úsáideann sé ionstraimí taisce chun cistí barrachais a infheistiú agus úsáideann sé ionstraimí ráta úis agus airgeadra eachtraigh chun bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí ráta úis agus airgeadra a eascraíonn i ngnáthchúrsa oibríochtaí ó iasachtaí ainmnithe i ndollar na Stát Aontaithe agus steirling, óna chuid fochuideachtaí airgeadra eachtraigh, agus ó sholáthraithe airgeadra eachtraigh a úsáid. Baintear úsáid as cuntasaíocht fhálaithe de bhun IAS 39 i gcomhair fálú ar dhliteanais airgeadra eachtraigh agus rioscaí ó rátaí úis ó dhliteanais reatha agus neamhreatha araon.

Ina theannta sin, téann an Grúpa i mbun idirbhearta áirithe maidir le fálú tráchtearraí chun costais bhreosla a shocrú agus chun ioncam leictreachais a nascadh níos mó le hionchuir bhreosla, áit is féidir. Tá na socruithe sin go léir ainmnithe i gcoibhnis fálaithe, agus i bhformhór mór na gcásanna comhlíontar leo critéir shonracha chuntasaíochta IAS 39 maidir le cuntasaíocht fhálaithe. Cé go gcomhlíontar critéir fhálaithe IAS 39 i dtaobh babhtálacha trasairgeadra, babhtálacha ráta úis, conarthaí malartáin eachtraigh, conarthaí praghas breosla ar aghaidh agus conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh, tá na hionstraimí go léir sainithe mar fhálú sreabhadh airgid de leas tuartha rí-dhóichí, ioncam nó sreabhadh airgid costais oibríochtúil eile. Breathnaítear ar aon díorthaigh idir lámha nach bhfuil sainithe go sonrach mar choibhnis fhálaithe ó thaobh na cuntasaíochta de mar fhálú eacnamaíoch bailí, mar sin féin.

## 19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais, gan forálacha agus dliteanais atá bainteach le fostaithe a áireamh, amhail an 31 Nollaig 2010, agus amhail an 31 Nollaig 2009:

| AN GRÚPA | Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas | | Sócmhainní / (dliteanais) ar láimh ar chostas amúchta | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh le coibhnis fálaithe | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh gan coibhnis fálaithe | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2010 € '000** | 2009 € '000 | **2010 € '000** | 2009 € '000 | **2010 € '000** | 2009 € '000 | **2010 € '000** | 2009 € '000 | **2010 € '000** | 2009 € '000 |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | | | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais | **18,866** | 6,829 | **1,318** | 946 | **-** | - | **-** | - | **20,184** | 7,775 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **497,666** | 548,049 | **-** | - | **497,666** | 548,049 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais neamhreatha** | **18,866** | 6,829 | **1,318** | 946 | **497,666** | 548,049 | **-** | - | **517,850** | 555,824 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | | | | | | |
| Infháltais trádála agus eile | **-** | - | **619,339** | 684,292 | **-** | - | **-** | - | **619,339** | 684,292 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **199,585** | - | **-** | - | **-** | - | **199,585** | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **76,244** | 89,835 | **3,525** | 793 | **79,769** | 90,628 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais reatha** | **-** | - | **818,924** | 684,292 | **76,244** | 89,835 | **3,525** | 793 | **898,693** | 774,920 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | **18,866** | 6,829 | **820,242** | 685,238 | **573,910** | 637,884 | **3,525** | 793 | **1,416,543** | 1,330,744 |
| **DLITEANAIS** | | | | | | | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **-** | - | **3,361,211** | 2,094,900 | **-** | - | **-** | - | **3,361,211** | 2,094,900 |
| Nithe iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **14,820** | 10,706 | **-** | - | **-** | - | **14,820** | 10,706 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **167,802** | 296,965 | **268,138** | - | **435,940** | 296,965 |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais neamhreatha** | **-** | - | **3,376,031** | 2,105,606 | **167,802** | 296,965 | **268,138** | - | **3,811,971** | 2,402,571 |
| **Dliteanais reatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **-** | - | **781,989** | 128,928 | **-** | - | **-** | - | **781,989** | 128,928 |
| Nithe iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **617,669** | 630,139 | **-** | - | **-** | - | **617,669** | 630,139 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **10,595** | 48,929 | **8,116** | - | **18,711** | 48,929 |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais reatha** | **-** | - | **1,399,658** | 759,067 | **10,595** | 48,929 | **8,116** | - | **1,418,369** | 807,996 |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | **-** | - | **4,775,689** | 2,864,673 | **178,397** | 345,894 | **276,254** | - | **5,230,340** | 3,210,567 |
| | | | | | | | | | | |
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | | | | | | | | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | | | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Infheistíochtaí i ngnóthais fochuideachtaí | **-** | - | **72,832** | 72,832 | **-** | - | **-** | - | **72,832** | 72,832 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **-** | - |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais neamhreatha** | **-** | - | **72,832** | 72,832 | **-** | - | **-** | - | **72,832** | 72,832 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | | | | | | |
| Infháltais trádála agus eile | **-** | - | **1,944,374** | 1,088,731 | **-** | - | **-** | - | **1,944,374** | 1,088,731 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **140,902** | - | **-** | - | **-** | - | **140,902** | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **9,763** | 204 | **3,525** | 793 | **13,288** | 997 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais reatha** | **-** | - | **2,085,276** | 1,088,731 | **9,763** | 204 | **3,525** | 793 | **2,098,564** | 1,089,728 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | **-** | - | **2,158,108** | 1,161,563 | **9,763** | 204 | **3,525** | 793 | **2,171,396** | 1,162,560 |
| **DLITEANAIS** | | | | | | | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **-** | - | **2,731,590** | 1,975,149 | **-** | - | **-** | - | **2,731,590** | 1,975,149 |
| Nithe iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **7,414** | 9,124 | **-** | - | **-** | - | **7,414** | 9,124 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **69,004** | 180,813 | **-** | - | **69,004** | 180,813 |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais neamhreatha** | **-** | - | **2,739,004** | 1,984,273 | **69,004** | 180,813 | **-** | - | **2,808,008** | 2,165,086 |
| **Dliteanais reatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **-** | - | **106,326** | 110,172 | **-** | - | **-** | - | **106,326** | 110,172 |
| Nithe iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **1,159,538** | 809,224 | **-** | - | **-** | - | **1,159,538** | 809,224 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **2,548** | 6,409 | **-** | - | **2,548** | 6,409 |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais reatha** | **-** | - | **1,265,864** | 919,396 | **2,548** | 6,409 | **-** | - | **1,268,412** | 925,805 |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | **-** | - | **4,004,868** | 2,903,669 | **71,552** | 187,222 | **-** | - | **4,076,420** | 3,090,891 |

Ní dhéantar anailís ar sholáthairtí ná ar dhliteanais an Ghrúpa a bhaineann le fostaithe sa tábla thuas, ná san anailís bhreise thíos. Áirítear leis sin an dliteanas €896.7 milliún maidir le oibleagáid pinsean amhail 31 Nollaig 2010. Mar atá mínithe i Nóta 22, rinneadh luacháil ar an dliteanas sin de réir Ionstraimí Airgeadais IAS 39: Aitheantas agus Tomhas. Féach Nóta 22, 24 agus 25 le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir leis seo agus le forálacha eile agus dliteanais a bhaineann le fostaithe.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)**

## (b) Maoiniú agus Bainistíocht Leachtachta

Baineann príomhrioscaí leachtachta an Ghrúpa le riachtanais sreabhadh airgid a eascraíonn ó oibriúcháin laethúla, oibleagáidí fiachais ag teacht chun aibíochta agus le maoiniú na gclár infheistíochta caipitil. Déanann feidhm chistíochta an Ghrúpa bainistíocht ar an riosca trí mheascán infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid agus áiseanna tiomnaithe bainc nár tarraingíodh.

Amhail an 31 Nollaig 2010 bhí beagnach €900.0 milliún ar fáil don Ghrúpa in infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid agus saoráidí tiomnaithe bainc, ag cinntiú gur féidir freastal ar éilimh leachtacha de réir mar a theastaíonn. Áirítear leis na saoráidí tiomnaithe bainc saoráid iasachta sindeacáite le cuid mhór institiúidí airgeadais dea-rátaithe chomh maith le saoráidí leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ('EIB').

Díríonn straitéis bainistíochta fiachais an Ghrúpa ar phróifíl phunann fiachais le meascán éagsúil contrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochtaí. Úsáidtear maoiniú struchtúrach neamhiontaofa agus maoiniú iontaofa teoranta nuair is cuí agus an chomhoiriúnacht idir costais mhaoinithe agus maolú riosca á chur san áireamh. Comhlíonann gach áis iasachta na hAchtanna Leictreachais agus na ceanglais reachtúla ábhartha.

Is mar seo a leanas atá próifíl aibíochta shuim tugtha anonn iasachtaí an Ghrúpa agus éaga na n-áiseanna tiomnaithe ábhartha d'iasachtaí bainc nár tarraingíodh:

| | Fiachas Tarraingthe– an Grúpa | | Fiachas Tarraingthe– an Mháthairchuideachta | | Saoráid nár tarraingíodh - An Grúpa agus an Mháthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2010 € M** | 2009 € M | **2010 € M** | 2009 € M | **2010 € M** | 2009 € M |
| **Ag teacht chun aibíochta** | | | | | | |
| I gceann bliain amháin nó níos lú | **782.0** | 128.9 | **106.3** | 110.2 | **208.0** | - |
| Laistigh de bhliain agus dhá bhliain | **84.6** | 56.7 | **71.1** | 37.7 | **-** | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **1,687.4** | 932.2 | **1,646.7** | 880.4 | **499.7** | 589.0 |
| I gceann níos mó ná cúig bliana | **1,589.2** | 1,106.0 | **1,013.8** | 1,057.0 | **40.0** | 375.0 |
| | **4,143.2** | 2,223.8 | **2,837.9** | 2,085.3 | **747.7** | 964.0 |

Sa tábla seo a leanas leagtar amach aibíochtaí conartha na ndliteanas airgeadais (agus sócmhainní cosúil leo), lena n-áirítear na híocaíochtaí úis a bhaineann le hiasachtaí, agus an glansreabhadh airgid nach ndearnadh lascainiú air atá inchurtha i leith ionstraimí airgeadais díorthaigh. Tá iasachtaí ar luach tugtha anonn de€607.2 milliún (2009:€138.5 milliún) agus glansócmhainní ionstraim airgeadais díorthaigh de €181.0 milliún (2009: €479.0 milliún) san áireamh in iarmhéideanna an Ghrúpa lastall ach ní cuid de shócmhainní ná dliteanais na Máthairchuideachta iad. Féach cuid (g) sa nóta seo le haghaidh tuilleadh anailíse ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais an Ghrúpa.

**19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)**

| | Méid tugtha anonn € '000 | Eis-sreabhadh/ (insreabhadh) conartha airgid - glan € '000 | Laistigh de 1 Bhliain € '000 | 1-2 Bhliain € '000 | 2-5 Bliana € '000 | Breis is 5 Bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2010** | | | | | | |
| Léasanna airgeadais | 89,271 | 101,527 | 13,823 | 28,679 | 59,025 | - |
| Iasachtaí iontaofa | 3,792,341 | 4,719,334 | 894,021 | 191,095 | 1,963,426 | 1,670,792 |
| Iasachtaí neamhiontaofa | 261,588 | 353,472 | 17,405 | 17,186 | 51,144 | 267,737 |
| **Iomlán na n-iasachtaí** | 4,143,200 | 5,174,333 | 925,249 | 236,960 | 2,073,595 | 1,938,529 |
| Nithe iníoctha trádála agus eile (gan iarmhéideanna cánach agus rótharraingtí bainc a áireamh) | 583,741 | 583,741 | 568,922 | 4,234 | 10,585 | - |
| Babhtálacha airgeadra | 69,004 | 92,641 | 1,834 | 2,271 | 53,955 | 34,581 |
| Babhtálacha rátaí úis nasctha le boilsciú | 276,254 | 613,611 | 8,320 | 4,462 | 86,012 | 514,817 |
| Babhtálacha rátaí úis | 3,050 | 8,837 | 1,005 | 952 | 2,502 | 4,378 |
| Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh | 103,019 | 130,055 | 6,462 | (24,446) | 18,495 | 129,544 |
| Conarthaí malartáin eachtraigh | 3,324 | 3,337 | 3,337 | - | - | - |
| **Iomlán na ndliteanas** | 5,181,592 | 6,606,555 | 1,515,129 | 224,433 | 2,245,144 | 2,621,849 |
| Conarthaí praghas breosla ar aghaidh | 545,021 | 630,083 | 48,845 | 34,418 | 181,633 | 365,187 |
| Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh | 25,882 | 26,074 | 26,074 | - | - | - |
| Conarthaí malartáin eachtraigh | 6,532 | 6,711 | 2,364 | 3,082 | 1,265 | - |
| **Iomlán na sócmhainní** | 577,435 | 662,868 | 77,283 | 37,500 | 182,898 | 365,187 |
| **Glandliteanas** | 4,604,157 | 5,943,687 | 1,437,846 | 186,933 | 2,062,246 | 2,256,662 |
| | | | | | | |
| **31 Nollaig 2009** | | | | | | |
| Léasanna airgeadais | 97,411 | 114,996 | 13,469 | 13,823 | 87,704 | - |
| Iasachtaí iontaofa | 2,066,325 | 2,446,542 | 19,948 | 105,054 | 1,006,166 | 1,315,374 |
| Iasachtaí neamhiontaofa | 60,092 | 65,872 | 7,983 | 8,127 | 18,078 | 31,684 |
| **Iomlán na n-iasachtaí** | 2,223,828 | 2,627,410 | 41,400 | 127,004 | 1,111,948 | 1,347,058 |
| Rótharraingt bainc | 6,876 | 6,876 | 6,876 | - | - | - |
| Nithe iníoctha trádála agus eile (gan iarmhéideanna cánach a áireamh) | 583,919 | 583,919 | 573,213 | 2,207 | 5,754 | 2,745 |
| Babhtálacha airgeadra | 180,813 | 204,128 | 13,266 | 5,855 | 63,465 | 121,542 |
| Babhtálacha rátaí úis | 2,634 | 2,680 | 3,692 | 1,213 | (1,069) | (1,156) |
| Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh | 142,706 | 170,653 | 29,448 | 458 | 31,196 | 109,551 |
| Conarthaí praghas breosla ar aghaidh | 15,010 | 15,010 | 14,879 | 131 | - | - |
| Conarthaí malartáin eachtraigh | 4,731 | 4,731 | 4,731 | - | - | - |
| **Iomlán na ndliteanas** | 3,160,517 | 3,615,407 | 687,505 | 136,868 | 1,211,294 | 1,579,740 |
| Conarthaí praghas breosla ar aghaidh | 609,573 | 717,395 | 72,220 | 60,014 | 191,291 | 393,870 |
| Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh | 28,109 | 28,109 | 28,109 | - | - | - |
| Conarthaí malartáin eachtraigh | 995 | 1,103 | 132 | 295 | 676 | - |
| **Iomlán na sócmhainní** | 638,677 | 746,607 | 100,461 | 60,309 | 191,967 | 393,870 |
| **Glandliteanas** | 2,521,840 | 2,868,800 | 587,044 | 76,559 | 1,019,327 | 1,185,870 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

### (c) Riosca Creidmheasa

Eascraíonn riosca creidmheasa ó airgead tirim agus coibhéisí airgid, ionstraimí airgeadais díorthaigh agus taiscí le bainc agus institiúidí airgeadais, chomh maith le nochtadh creidmheasa do chustaiméirí mórdhíola agus miondíola lena n-áirítear infháltais gan íoc agus idirbhearta tiomnaithe.

Sócmhainní Airgeadais

| | 2010 | | 2009 | |
|---|---|---|---|---|
| | An Grúpa | An Mháthairchuideachta | An Grúpa | An Mháthairchuideachta |
| | € '000 | € '000 | € '000 | € '000 |
| Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais | **20,184** | **72,832** | 7,775 | 72,832 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **199,585** | **140,902** | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **577,435** | **13,288** | 638,677 | 997 |
| Infháltais trádála agus eile | **619,339** | **1,944,374** | 684,292 | 1,088,731 |
| | **1,416,543** | **2,171,396** | 1,330,744 | 1,162,560 |

Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais Déantar dlúthmhonatóireacht ar riosca creidmheasa ag eascairt ó infheistíochtaí sócmhainní airgeadais, sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús agus caillteanas san áireamh, agus léirítear é sa luach tugtha anonn ag deireadh na bliana.

Riosca creidmheasa bainteach le cistíocht (maidir le hairgead agus ionstraimí díorthaigh)Tá an Grúpa nochta do riosca creidmheasa ó chontrapháirtithe a bhfuil cuntais bhainc aige leo agus a ndéanann sé idirbhearta leo sna margaí airgeadais. Is é beartas an Ghrúpa ná a nochtadh do gach institiúid airgeadais a theorannú ar bhunús rátálacha creidmheasa nach lú ná BBB nó a choibhéis.

Déantar trádáil i ndíorthaigh chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus déantar é sin agus Sonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais arna n-eisiúint faoi choimirce "an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992" á gcomhlíonadh. Léiríonn an tSonraíocht agus na Ceanglais na cineálacha díorthach is féidir le ESB a dhéanamh agus na riachtanais ghaolmhara nach mór do ESB a shásamh maidir le gach contrapháirtí díorthaigh. Déantar gníomhaíochtaí déileála a rialú trí mhandáidí déileála láidre a chur i bhfeidhm le contrapháirtithe. Ní bhíonn ionstraimí díorthaigh ina seilbh ag an nGrúpa nó ní dhéanann sé trádáil iontu do chríocha amhantracha. Bíonn nochtadh, teorainneacha gaolmhara agus comhlíonadh Shonraíocht agus Cheanglais an Aire faoi réir athbhreithnithe agus monatóireachta leanúnaí. Níor fhulaing an Grúpa aon chaillteanais mar thoradh ar mhainneachtain na gcontrapháirtithe sin a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

Riosca creidmheasa tráchtearraí (a bhaineann le díorthaigh) Tá riosca creidmheasa ag an nGrúpa freisin a bhaineann le staideanna tráchtearraí. Eascraíonn siad siúd ó ionstraimí airgeadais díorthaigh a dhéantar chun rioscaí praghsanna fuinnimh agus breosla a fhálú agus déantar iad a bhainistiú de réir Shonraíocht agus Cheanglais an Aire ("An tAcht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992"). Socraíonn an Grúpa teorainneacha riosca creidmheasa contrapháirtí chun nochtadh nár soláthraíodh cúlbhannaí dó a shrianadh. Déantar monatóireacht leanúnach ar ghlan-nochtadh riachtanais chúlbhanna agus ar chomhlíonadh. Éilíonn aonaid ghnó ESB cúlbhannaí, i bhfoirm bannaí agus ráthaíochtaí, ó pháirtithe éagsúla, i bhfoirm Litreacha Creidmheasa go sonrach ó chontrapháirtithe áirithe Conradh Difríochta (CfD) cumhachta. Ba é méid iomlán na gcúlbhannaí ar láimh ag deireadh na bliana ná €192.0 milliún (2009: €244.0 milliún). Mar gheall ar na cúinsí reatha eacnamaíochta, bíonn an Grúpa ar an eolas go háirithe maidir le haon athruithe ar acmhainneacht creidmheasa na gcontrapháirtithe, agus áit a dtarlaíonn athrú den sórt sin glactar na céimeanna oiriúnacha go léir chun seasamh an Ghrúpa a dhaingniú níos mó.

## 19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

Riosca Creidmheasa mórdhíola agus miondíola (a bhaineann le hinfháltais trádála agus eile)
Is féidir infháltais trádála agus eile a roinnt i gcustaiméirí deiridh leictreachais mhiondíola (billeáilte agus neamhbhilleáilte), infháltais a bhaineann le linn SEM, infháltais ó úsáid an chórais, agus infháltais eile (neamhleictreachais).

| | 2010 | | 2009 | |
|---|---|---|---|---|
| | **An Grúpa** | **An Mháthairchuideachta** | An Grúpa | An Mháthairchuideachta |
| | **€ '000** | **€ '000** | € '000 | € '000 |
| Infháltais leictreachais mhiondíola - billeáilte | **74,812** | **63,194** | 91,176 | 85,096 |
| Infháltais leictreachais mhiondíola - neamhbhilleáilte | **189,219** | **145,823** | 205,780 | 163,145 |
| Iomlán na n-infháltais leictreachais mhiondíola | **264,031** | **209,017** | 296,956 | 248,241 |
| Infháltais maidir le linn SEM | **90,231** | **66,363** | 115,245 | 95,781 |
| Infháltais ó úsáid an chórais (neamhbhilleáilte san áireamh) | **135,295** | **26,692** | 88,239 | 25,208 |
| Infháltais leictreachais eile | **35,440** | **30,100** | - | - |
| Iomlán na n-infháltas leictreachais | **524,997** | **332,172** | 500,440 | 369,230 |
| Infháltais trádála - neamhleictreachas | **28,930** | **-** | 23,130 | - |
| Méideanna dlite ó ghnóthais chomhfhiontair | **537** | **-** | 66,319 | 23,033 |
| Infháltais eile | **48,159** | **20,473** | 66,718 | 40,559 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais bhainteacha | **-** | **1,582,542** | - | 628,224 |
| Réamhíocaíochtaí | **16,716** | **9,187** | 27,685 | 27,685 |
| | **619,339** | **1,944,374** | 684,292 | 1,088,731 |

Tá uas-nochtadh creidmheasa an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig leagtha amach thíos. Tá réamhíocaíochtaí de €16.7 milliún (2009: €27.7 milliún) eisiata ón anailís toisc nach mbraitear aon nochtadh creidmheasa maidir leo siúd. I gcás na Máthairchuideachta, eisítear ó na hiarmhéideanna sonraithe freisin méideanna dlite ó ghnóthais fhochuideachta de €1,582.5 milliún (2009: €628.2 milliún).

AN GRÚPA

| | 2010 | | | 2009 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Méid Comhlán Infhaighte** | **Forálacha i leith Lagaithe** | **Glanmhéid Infhaighte** | Méid Comhlán Infhaighte | Forálacha i leith Lagaithe | Glanmhéid Infhaighte |
| | **€ '000** | **€ '000** | **€ '000** | € '000 | € '000 | € '000 |
| Nach bhfuil imithe thar dhlite | **500,178** | **-** | 500,178 | 526,008 | - | 526,008 |
| Imithe thar dháta dlite < 30 lá | **48,273** | **(1,693)** | 46,580 | 52,135 | (3,172) | 48,963 |
| Imithe thar dháta dlite 30 - 120 lá | **39,747** | **(3,640)** | 36,107 | 46,337 | (3,408) | 42,929 |
| Imithe thar dháta dlite > 120 lá | **29,535** | **(18,096)** | 11,439 | 41,482 | (17,565) | 23,917 |
| Imithe thar dháta dlite de bhreis is bliain amháin | **32,597** | **(24,278)** | 8,319 | 27,947 | (13,138) | 14,809 |
| Iomlán | **650,330** | **(47,707)** | 602,623 | 693,909 | (37,283) | 656,626 |

AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA

| | 2010 | | | 2009 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Méid Comhlán Infhaighte** | **Forálacha i leith Lagaithe** | **Glanmhéid Infhaighte** | Méid Comhlán Infhaighte | Forálacha i leith Lagaithe | Glanmhéid Infhaighte |
| | **€ '000** | **€ '000** | **€ '000** | € '000 | € '000 | € '000 |
| Nach bhfuil imithe thar dhlite | **286,195** | **-** | 286,195 | 330,922 | - | 330,922 |
| Imithe thar dháta dlite < 30 lá | **22,877** | **(1,239)** | 21,638 | 30,477 | (2,534) | 27,943 |
| Imithe thar dháta dlite 30 - 120 lá | **32,146** | **(2,851)** | 29,295 | 44,176 | (3,408) | 40,768 |
| Imithe thar dháta dlite > 120 lá | **27,810** | **(17,146)** | 10,664 | 38,263 | (16,536) | 21,727 |
| Imithe thar dháta dlite de bhreis is bliain amháin | **27,230** | **(22,376)** | 4,854 | 22,750 | (11,288) | 11,462 |
| Iomlán | **396,258** | **(43,612)** | 352,646 | 466,588 | (33,766) | 432,822 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

Níl an bhainistíocht ag súil le haon chaillteanas suntasach infháltas nach bhfuil foráil déanta dó mar atá léirithe ar an leathanach roimhe. Mar atá mínithe thíos, ní lagaítear méideanna thar téarma, lena n-áirítear méideanna atá imithe thar an dáta dlite de bhreis is aon bhliain amháin, ach chomh fada is atá fianaise ann gur féidir iad a aisghabháil sa deireadh thiar. Is foráil lagaithe chomhchoiteann seachas ceann ar leith an fhoráil aitheanta agus áirítear í bunaithe ar leibhéal an riosca creidmheasa a bhraitear maidir leis na hiarmhéideanna bunúsacha. Seo a leanas mar a bhí an ghluaiseacht sa lamháltas do lagú i dtaobh infháltais trádála i rith na bliana:

| | AN GRÚPA | | AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2010** | 2009 | **2010** | 2009 |
| | **€ '000** | € '000 | **€ '000** | € '000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | **37,283** | 23,513 | **33,766** | 21,323 |
| Caillteanas lagaithe aitheanta | **32,858** | 31,220 | **32,090** | 29,053 |
| Foráil úsáidte | **(22,434)** | (17,450) | **(22,244)** | (16,610) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | **47,707** | 37,283 | **43,612** | 33,766 |

Infháltais leictreachais mhiondíola Déantar an riosca creidmheasa ar chuntais leictreachais mhiondíola a bhainistiú tríd an monatóireacht leanúnach ar laethanta féichiúnaithe, socrú a dhéanamh i gcomhair cúlbhannaí cuí, agus beartas bailiúcháin atá bunaithe ar acmhainneacht creidmheasa, méid agus fad an fhiachais. Tá an riosca maidir le ESB Electric Ireland comhchruinnithe i gcuntais mhiondíola leictreachais a dúnadh i riaráiste. Ina theannta sin, agus le méadú in iomaíocht curtha san áireamh, féadfaidh custaiméirí áirithe soláthraithe a mhalartú sula nglanann siad a n-iarmhéideanna gan íoc. Tá CER, i gcomhair leis na cuideachtaí ag déanamh iarracht réiteach a aontú ar an bhfeiniméan seo (ar a dtugtar 'debt hopping'). Déantar na cuntais sin a bhainistiú laistigh de bheartas bailiúcháin fiachais an Ghrúpa trí mheascán de leanúint inmheánach fiachais, úsáid gníomhaireachtaí bailiúcháin fiachais agus caingean dlí nuair is gá, lena n-áirítear breithiúnais a fhoilsiú.

Tá an beartas forála lagaithe maidir le hinfháltais leictreachais mhiondíola bunaithe ar thaithí stairiúil ar fhiachais a dhíscríobhadh. Is féidir foráil a dhéanamh i dtaobh iarmhéideanna sonracha áit a bhfuil fianaise maidir le díospóid nó fianaise nach bhfuiltear in ann socrú a dhéanamh. Déantar foráil bhreise ar bhunús punainne chun caillteanais bhreise a shamhlaítear a chlúdach bunaithe ar anailís ar chaillteanais roimhe seo agus ar mheasúnú ar thionchar na gcoinníollacha eacnamaíochta agus saincheisteanna tionscail go háirithe. Ní dhéantar foráil áit nach bhfuil socruithe oiriúnacha aisíocaíochta i bhfeidhm agus áit a bhfuil fianaise ann gur féidir iarmhéideanna a aisghabháil sa deireadh thiar, d'ainneoin go bhféadfadh sé go mbeadh na hiarmhéideanna sin i riaráiste le tamall fada. Coimeádtar cúlbhannaí i bhfoirm éarlaisí slándála ar chuntais custaiméirí nua. Ba é €965,000 (2009: €801,700) an t-iarmhéid miondíola billeáilte aonair ba mhó gan íoc amhail an 31 Nollaig 2010.

Léiríonn infháltais leictreachais neamhbhilleáilte meastacháin ar thomhaltas nach bhfuair sonrasc go fóill. Dírítear rialuithe maidir le hinfháltais ar aisghabháil na méideanna ar tugadh sonrasc dóibh. In 2010, bhain lagú €47.7 milliún le hinfháltais leictreachais. As sin, ba é €138,000 an méid aonair custaiméara ba mhó a díscríobhadh le linn na bliana maidir le custaiméir a chuaigh faoi leachtú le linn na bliana. Tagann infháltais mhiondíola leictreachais chun cinn i bPoblacht na hÉireann den chuid is mó, cé go mbaineann 7% le hioncam Thuaisceart Éireann.

Infháltais linn SEM Déantar riosca creidmheasa maidir le hinfháltais a bhaineann le linn SEM a bhainistiú ag na feidhmeanna Trádála agus Riosca Fuinnimh (ET&R) laistigh de na haonaid ghnó sin atá i mbun trádála leictreachais tríd an linn SEM. Déantar na feidhmeanna sin go léir a imfhálú óna chéile agus coimeádtar na freagrachtaí roinnte idir na feidhmeanna cúloifige, oifige láir agus tuloifige i bhfeidhm i ngach cás. Tá an fheidhm Cúloifige Trádála freagrach as sonraisc a thabhairt do chustaiméirí agus as gach cuntas infhaighte a choimeád. Is í an fhéilire socraithe SEM a rialaíonn na téarmaí íocaíochta le haghaidh gach iarmhéid trádála a bhaineann le gach sruth ioncaim SEM.

Infháltais ó Úsáid an Chórais Tá ioncam a bhaineann le hÚsáid an Chórais i bPoblacht na hÉireann comhdhéanta d'ioncam ó Úsáid Dáileacháin an Chórais (DUoS) agus d'ioncam ó Úsáid Tarchuir an Chórais (TUoS) agus táillí Oibriúcháin agus Cothabhála (O&M) i leith gineadóirí atá nasctha leis an gCóras Dáileacháin. Is é 10 lá gnó na téarmaí creidmheasa i leith DUoS agus tá 13 soláthraí ann faoi láthair. Bailíonn EirGrid an TUoS, agus sonraisctear ioncam ceadaithe an Úinéara Sócmhainní Tarchurtha (TAO) do EirGrid thar 12 ghála míosúla agus gach sonrasc dlite 36 lá gnó tar éis dheireadh na míosa. Eisíodh sonraisc maidir le 67 gineadóir le linn 2010 i leith táillí oibriúcháin agus cothabhála. Is é 20 lá gnó na téarmaí creidmheasa maidir leis na sonraisc sin.

Déantar an riosca creidmheasa maidir le DUoS a bhainistiú trí chuid 7 den Chreat-chomhaontú a d'fhaomh an Coimisiún um Rialú Fuinnimh (CER) an 1 Lúnasa 2002 a agairt. Forálann an chuid sin go soláthródh gach soláthraí slándáil. Sula féidir le soláthraí custaiméir a chlárú ní mór dó comhaontú DUoS a shíniú. Ní mór do na soláthraithe uile urrús a sholáthar de réir chuid 7.2. Déantar riosca creidmheasa DUoS a bhainistiú trí na nósanna imeachta um bailiú tráthúil atá i bhfeidhm agus iad de réir an mhéid arna léiriú i gcuid 6 den Chreat-chomhaontú DuOS, agus trí mhonatóireacht ar laethanta féichiúnaithe chun iad a choinneáil chomh íseal agus is féidir. I gcás go loiceann soláthraí de réir chuid 7 den Chreat-chomhaontú DUoS tá cumhdach urrúis i bhfeidhm le haghaidh gach soláthraí.

**19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)**

Déantar riosca creidmheasa TUoS a bhainistiú trí na nósanna imeachta um bailiú tráthúil atá i bhfeidhm, agus trí mhonatóireacht ar laethanta féichiúnaithe chun iad a choinneáil chomh íseal agus is féidir. Déantar nósanna imeachta maidir le EirGrid d'íoc ioncam TUoS atá dlite do ESB Networks mar TAO a rialú trí Chomhaontú Bonneagair idir EirGrid agus ESB. Ní gnáthchonradh déthaobhach é sin a rinne na páirtithe dá ndeoin féin, ach socrú atá éilithe faoi reachtaíocht agus tá mórán dá théarmaí sonraithe sa reachtaíocht sin. Dá réir sin, meastar go bhfuil an riosca creidmheasa íseal i leith fháltais TUoS. Ba é €26.7 milliún (2009: €30.0 milliún) an méid dlite i leith ioncam TUoS amhail an 31 Nollaig 2010, agus is é an t-iarmhéid infhála is mó i bPoblacht na hÉireann a bhaineann le úsáid an chórais.

Maidir leis an gnó Gréasáin i dTuaisceart na hÉireann a fuarthas le linn na bliana, díorthaítear ioncam go príomha ó tháillí i leith úsáid an chórais dáileacháin, táillí PSO a tabhaíodh ar sholáthraithe leictreachais agus táillí i leith seirbhísí tarchuir a tabhaíodh ar SONI (Oibreoir Córais i dTuaisceart na hÉireann). Maolaítear riosca creidmheasa i leith fáltais ó úsáid an chórais ó sholáthraithe leictreachais le hurrús faighte i bhfoirm taiscí airgid, litreacha creidmheasa nó ráthaíochtaí ó mháthairchuideachtaí. Ach amháin i gcás comhlachtaí poiblí, déantar íocaíochtaí i leith naisc nua nó athruithe sula gcuirtear an obair i gcrích. Is iad na gnáth-théarmaí creidmheasa agus laethanta féichiúnaithe ná faoi 30 lá i leith fáltais ó sholáthraithe leictreachais. Is é €27.4 milliún an t-iarmhéid infhála is mó i leith úsáid an chórais i dTuaisceart na hÉireann amhail 31 Nollaig 2010.

Infháltais trádála agus eile - neamhleictreachais Baineann infháltais trádála (neamhleictreachais) le hiarmhéideanna dlite i leith trádáil neamhleictreachais agus oibríochtaí eile an Ghrúpa. Áiríonn sé méideanna atá dlite i dtaobh oibriúcháin teileachumarsáide, comhairleachta, bainistíocht áiseanna agus oibriúcháin coimhdeacha eile an Ghrúpa. San áireamh in infháltais eile tá réamhíocaíochtaí €16.7 milliún (2009: €27.7 milliún). Ní mheastar go bhfuil an riosca creidmheasa atá ag baint leis na hiarmhéideanna sin suntasach. Is é €1.8 milliún an t-iarmhéid aonair is mó laistigh den chatagóir sin amhail 31 Nollaig 2010 atá dlite ó chuideachta sheachtrach. Ba é €39.1 milliún an t-iarmhéid aonair ba mhó laistigh den chatagóir sin amhail 31 Nollaig 2009 a bhí dlite ó ghnóthas comhfhiontair. Mar atá mínithe i Nóta 12, d'aistríodh an t-iarmhéid sin ina chothromas le linn na bliana.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

#### (d) Bainistíocht Riosca Airgeadra Eachtraigh

Eascraíonn nochtadh airgeadra eachtraigh go príomha ó cheannach breosla agus cumhachta, costais a bhaineann le ollchóiriú riachtanach ar stáisiúin, ceannacháin eile ainmnithe in airgeadraí eachtracha, iasachtaí in airgeadraí eachtracha (lena n-áirítear an láithriú príobháideach mar a chuirtear síos air i Nóta 18) agus infheistíochtaí laistigh de limistéar an euro.

Úsáidtear réamhchonarthaí ceannaigh airgeadra eachtraigh agus babhtálacha trasairgeadra chun luaineacht a eascraíonn ó nochtadh airgeadra eachtraigh a laghdú. Baineann na réamhchonarthaí ceannaigh airgeadra eachtraigh atá i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2010 le sreabhadh airgid tuartha a cheaptar a tharlóidh suas go 15 Nollaig 2023.

Bhí gluaiseacht dhearfach luacha chóir ar chonarthaí airgeadra eachtraigh de€5.0 milliún in 2010 (2009: gluaiseacht dhearfach de €12.0 milliún) as sin aithníodh glanghluaiseacht dhearfach de €0.2 milliún (2009: gluaiseacht dhearfach de €25.5 milliún) sa ráiteas ioncaim agus aithníodh glanghluaiseacht dhiúltach de €5.2 milliún (2009: gluaiseacht dhearfach de €37.5 milliún) go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Áiríonn an méid dearfach atá aitheanta sa ráiteas ioncaim in 2010 gnóthachan de €75.7 milliún (2009: caillteanas de €27.8 milliún) ag eascairt ó bhabhtálacha trasairgeadra atá fritháirithe go hiomlán ag gluaiseachtaí in aistriúchán na n-iasachtaí bunúsacha fálaithe in airgeadra eachtrach ag na rátaí malairte a bhí i réim (féach Nóta 6). Níor aithníodh aon neamhéifeachtúlacht ábhartha maidir le conarthaí airgeadra eachtraigh in 2009 ná 2010.

Ag deireadh na bliana, ba é €4.1 billiún (2009: €2.2 billiún) punann iomlán fiachais ESB, a raibh €3.5 billiún de á choimeád ag an Máthairchuideachta (2009: €2.1 billiún). Ainmníodh an fiachas bunúsach sna hairgeadraí seo a leanas, roimh bhabhtálacha agus ina

**AN GRÚPA**

| | Roimh bhabhtálacha | | Tar éis babhtálacha | |
|---|---|---|---|---|
| | **2010 %** | 2009 % | **2010 %** | 2009 % |
| **Airgeadra** | | | | |
| Euro | **33%** | 46% | **58%** | 89% |
| Dollar na Stát Aontaithe | **24%** | 41% | **0%** | 0% |
| Steirling | **43%** | 13% | **42%** | 11% |
| Iomlán | **100%** | 100% | **100%** | 100% |

**AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA**

| | Roimh bhabhtálacha | | Tar éis babhtálacha | |
|---|---|---|---|---|
| | **2010 %** | 2009 % | **2010 %** | 2009 % |
| **Airgeadra** | | | | |
| Euro | **47%** | 45% | **83%** | 90% |
| Dollar na Stát Aontaithe | **34%** | 43% | **0%** | 0% |
| Steirling | **19%** | 12% | **17%** | 10% |
| Iomlán | **100%** | 100% | **100%** | 100% |

Mar a léirítear thuas, déantar formhór phunann fiachais na Máthairchuideachta a bhabhtáil go euro don phríomhshuim agus don ús araon, dá bhrí sin, laghdaítear nochtadh riosca airgeadra eachtraigh an Ghrúpa. Agus a chuid oibriúcháin eachtracha á mbainistiú aige, bíonn an Grúpa eolach ar iasachtaí a dhéanamh in airgeadraí a mheaitseálann airgeadra feidhmeach an oibriúcháin eachtraigh. Dá bhrí sin, tá cuid shuntasach d'fhiachas ainmnithe i steirling mar thoradh ar éadáil NIE.

Dá mbeadh an euro neartaithe faoi 10% i gcoinne na n-airgeadraí seo a leanas amhail 31 Nollaig bheadh cothromas eile laghdaithe agus tionchar aige ar bhrabús roimh chánachas faoi na méideanna atá leagtha amach lastall. Déantar talamh slán de san anailís seo go bhfanfaidh gach athróg eile, rátaí úis go háirithe, mar an gcéanna. Dá lagódh an euro ag 10% i gcoinne na n-airgeadraí céanna bheadh éifeacht chosúlach ach chontrártha aige, ar an mbunús go bhfanfaidh gach athróg eile mar an gcéanna. Déantar an anailís sin ar an mbunús céanna le haghaidh 2009.

19. **IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)**

| **AN GRÚPA** | **31 Nollaig 2010** | | 31 Nollaig 2009 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Ioncam Cuimsitheach Eile gnóthachan / (caillteanas) € '000** | **Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) € '000** | Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan / (caillteanas) € '000 | Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) € '000 |
| Neartú 10% | | | | |
| Dollar na Stát Aontaithe | **(4,774)** | **1,174** | (4,960) | 1,239 |
| Steirling | **(11,330)** | **(655)** | (18,521) | 901 |
| Franc na hEilvéise | **(4,877)** | **29** | (1,712) | - |
| | | | | |
| Lagú 10% | | | | |
| Dollar na Stát Aontaithe | **5,835** | **(1,434)** | 6,063 | (1,514) |
| Steirling | **13,847** | **800** | 22,637 | (1,101) |
| Franc na hEilvéise | **5,961** | **(35)** | 2,093 | - |

Rinneadh na toimhdí seo a leanas i dtaobh na hanailíse íogaireachta thuas:

- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh nach bhfuil i gcoibhnis fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim;

-ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh ar fálú sreabhadh airgid iad ach ar ioncam cuimsitheach eile;

- déantar athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh atá sainithe mar fhálú glaninfheistíochta ag eascairt ó ghluaiseachtaí sa ráta malairte euro go steirling a thaifeadadh go díreach i gcothromas, agus ní dhéantar aon neamhéifeachtúlacht a thoimhdiú.

Bheadh tionchar na ngluaiseachtaí sin ar an Máthairchuideachta mar an gcéanna den chuid is mó leis an tionchar a bheadh acu ar an nGrúpa.

### (e) Bainistíocht Riosca Rátaí Úis

Is é beartas reatha an Ghrúpa maidir le rátaí úis 50% den phunann fiachais ar a laghad a choimeád ar rátaí úis seasta (nó nasctha le boilsciú), le sprioc 75% ag rátaí úis seasta (nó nasctha le boilsciú). Baintear é sin amach tríd iasachtaí a thógáil go díreach ar rátaí seasta úis nó trí bhabhtálacha rátaí úis. Amhail 31 Nollaig 2010, bhí 65% d'fhiachas an Ghrúpa socraithe go dtí aibíocht nó nasctha le boilsciú (2009: 69%). Is féidir luach cóir na mbabhtálacha rátaí úis a fheiceáil in alt (g).

Maidir le sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais a ghnóthaíonn ioncam, léirítear sa tábla a leanas a rátaí úis éifeachteacha ag dáta an chláir chomhardaithe agus tionchar bhabhtálacha rátaí úis agus trasairgeadra curtha san áireamh:

| | Ráta úis éifeachtúil % | Iomlán € '000 | Laistigh de bhliain amháin € '000 | 1-2 bliana € '000 | 2-5 bliana € '000 | Breis is 5 bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Léasanna airgeadais (ráta seasta úis) | 5.6% | 89,271 | 8,941 | 24,602 | 55,728 | - |
| Iasachtaí láithrithe phríobháidigh (ráta seasta úis) | 5.7% | 1,188,193 | - | - | 531,610 | 656,583 |
| Iasachtaí neamhiontaofa (ráta seasta úis) | 6.6% | 261,590 | 1,796 | 1,665 | 5,126 | 253,003 |
| Iasachtaí fadtéarmacha eile (ráta seasta úis agus ráta úis athraitheach) | 3.8% | 2,604,149 | 771,252 | 58,311 | 1,094,965 | 679,621 |

San áireamh in iasachtaí fadtéarmacha eile tá dliteanais ráta chomhlúthaigh de €2,092.0 milliún (2009: €720.6 milliún). Beidh an phríomhshaoráid ráta chomhlúthaigh i bhfeidhm go dtí dátaí in 2014 agus 2015.

Socraíodh an ráta úis éifeachtúil ar na hiasachtaí láithrithe phríobháidigh agus babhtálacha trasairgeadra á n-úsáid. Socraíodh an ráta úis éifeachtúil ar iasachtaí neamhiontaofa agus babhtálacha rátaí úis á n-úsáid. Mura n-úsáidfí na babhtálacha rátaí úis sin, is é an ráta comhlúthach a bheadh i bhfeidhm ar na hiasachtaí bunúsacha i steirling agus euro amhail 31 Nollaig 2010 ná 2.0%, ar aon dul leis na rátaí úis atá i réim sna limistéir airgid sin ar iasachtaí le fad cosúil. Áirítear babhtálacha nasctha le boilsciú ar leibhéil rátaí úis ainmniúla coibhéiseacha.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa tionchar luaineachtaí gearrthéarmacha ar thuillimh an Ghrúpa a laghdú, agus rioscaí rátaí úis á mbainistiú. Mar sin féin, beidh tionchar ag athruithe buana ar rátaí úis ar thuillimh chomhdhlúite thar thréimhse níos faide. Meastar go ndéanfadh méadú ginearálta de 50 bonnphointe ar rátaí úis amhail an 31 Nollaig cothromas agus brabús roimh chánachas a laghdú ag na méideanna atá léirithe thíos. Déanann an anailís sin talamh slán de go bhfanfaidh na hathróga eile go léir, rátaí airgeadra eachtraigh go háirithe, mar an gcéanna. Déantar an anailís sin ar an mbunús céanna le haghaidh 2009. In 2009 tá glaníogaireacht na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa ar aon dul cuid mhaith. Áirítear le ríomh na bhfigiúirí glaníogaireachta babhtálacha rátaí úis nasctha le boilsciú nach mbaineann le fiachas na Máthairchuideachta.

| | Brabús roimh chánachas | | Ioncam Cuimsitheach Eile | |
|---|---|---|---|---|
| | méadú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € '000 | laghdú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € '000 | Méadú 50bp gnóthachan / (caillteanas) € '000 | Laghdú 50bp gnóthachan / (caillteanas) € '000 |
| **31 Nollaig 2010** | | | | |
| Babhtálacha rátaí úis lena n-áirítear babhtálacha rátaí úis nasctha le boilsciú | 6,948 | (7,638) | 1,848 | (1,848) |
| **31 Nollaig 2009** | | | | |
| Babhtálacha rátaí úis | 2,430 | (2,430) | 6,158 | (6,158) |

Rinneadh na toimhdí seo a leanas i dtaobh na hanailíse íogaireachta thuas:

- ní bhaineann íogaireacht an chláir chomhordaithe do rátaí úis ach le hionstraimí airgeadais díorthaigh, toisc go dtugtar anonn fiachas agus taiscí eile ar chostas amúchta agus mar sin ní athraíonn a luach tugtha anonn nuair a bhíonn gluaiseacht i rátaí úis;
- ríomhtar íogaireacht úis fabhraithe do ghluaiseachtaí i rátaí úis ar ghlan-nochtadh ráta chomhlúthaigh ar fhiachas, taiscí agus ionstraimí díorthaigh;
- déantar talamh slán de go bhfuil feidhm iomlán ag díorthaigh atá sainithe mar fhálú sreabhadh airgid i gcoinne gluaiseachtaí i rátaí úis, déantar taifead iomlán orthu laistigh de chothromas gan aon tionchar ar an ráiteas ioncaim;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh nach bhfuil i gcoibhnis fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim; agus
- déileáiltear leis an ngné comhlúthach d'aon bhabhtáil nó d'aon fhiachas ar ráta comhlúthach amhail is nach bhfuil aon ráta úis socraithe dó cheana féin, mar sin bíonn tionchar ag athrú ar rátaí úis ar feadh tréimhse iomlán 12 mhí don chuid úis fhabhraithe de na ríomhanna íogaireachta.

19. **IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)**

**(f) Bainistíocht Riosca ar Phraghas Tráchtearraí**

Tá tábhacht ag baint le luaineacht na bpraghsanna breosla a theastaíonn do ghníomhaíochtaí giniúna cumhachta an Ghrúpa le blianta beaga anuas agus déanann an Grúpa bainistíocht ar an nochtadh dá bharr do ghluaiseachtaí praghsanna breosla ar bhunús fálaithe roghnaigh. Rinne an Grúpa conarthaí do phraghsanna tráchtearraí ar aghaidh maidir le gás agus gual a cheannach a theastaíonn le haghaidh gníomhaíochtaí giniúna cumhachta - féach alt (g) lastall. Déantar luacháil ar chonarthaí praghsanna breosla ar aghaidh ar bhunús méideanna ar chonradh agus gan íoc, agus ar na praghsanna ar aghaidh ar tháirgí cosúlacha, ar dháta an chláir chomhardaithe, déantar iad a lascainiú áit is gá ar bhunús cuar oiriúnach réamhráta úis.

Dhéanfadh méadú ginearálta 10% ar phraghas gáis agus guail amhail 31 Nollaig cothromas agus brabús roimh chánachas a mhéadú faoi na méideanna atá leagtha amach thíos. Déantar talamh slán de leis an anailís sin go bhfanfaidh gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh go háirithe, mar an gcéanna, agus áirítear leis an tionchar atá ag luach na mbabhtálacha airgeadais atá i bhfeidhm, iad go léir i gcoibhnis éifeachtacha fálaithe amhail an 31 Nollaig 2010. Bheadh éifeacht chomhionann agus chontrártha ag laghdú 10%, ar an mbunús go bhfanfadh gach athróg eile mar an gcéanna.

| AN GRÚPA | **31 Nollaig 2010** | | 31 Nollaig 2009 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Ioncam Cuimsitheach Eile gnóthachan / (caillteanas) € '000** | **Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) € '000** | Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan / (caillteanas) € '000 | Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) € '000 |
| Gnóthachan mar thoradh ar mhéadú i bpraghsanna gáis agus guail | **84,915** | **-** | 91,435 | - |

| AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA | **31 Nollaig 2010** | | 31 Nollaig 2009 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Ioncam Cuimsitheach Eile gnóthachan / (caillteanas) € '000** | **Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) € '000** | Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan / (caillteanas) € '000 | Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) € '000 |
| Gnóthachan mar thoradh ar mhéadú i bpraghsanna gáis agus guail | **5,622** | **-** | 4,856 | - |

Dá dtiocfadh méadú ginearálta 10% ar Phraghas Margaidh Chórais ('SMP') an Mhargaidh Aonair Leictreachais amhail 31 Nollaig dhéanfaí ioncam cuimsitheach eile agus brabús roimh chánachas a laghdú faoin méid atá leagtha amach thíos. Déanann an anailís sin talamh slán de go bhfanfaidh gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh go háirithe, mar an gcéanna, agus áiríonn sé an tionchar atá ag luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá i bhfeidhm. Bheadh éifeacht chomhionann agus chontrártha ag laghdú 10%, ar an mbunús go bhfanfadh gach athróg eile mar an gcéanna.

| AN GRÚPA | **31 Nollaig 2010** | | 31 Nollaig 2009 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Ioncam Cuimsitheach Eile gnóthachan / (caillteanas) € '000** | **Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) € '000** | Ioncam Cuimsitheach Eile gnóthachan / (caillteanas) € '000 | Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) € '000 |
| (Caillteanas) mar thoradh ar mhéadú 10% san SMP | **(39,397)** | **-** | (51,656) | - |

Ní bheadh tionchar suntasach ag gluaiseacht 10% san SMP amhail 31 Nollaig ar ioncam cuimsitheach eile, ná ar bhrabús roimh chánachas, na Máthairchuideachta in 2010 nó 2009.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

### (g) Luach Cóir

Is éard atá i luach cóir ionstraime airgeadais ná an méid a bhféadfaí é a mhalartú dó in idirbheart fad láimhe idir páirtithe eolasacha agus toilteanacha, seachas i ndíolachán éigeantach nó leachtachta. Is é an modh a úsáidtear chun luach cóir ionstraimí airgeadais an Ghrúpa a ríomh ná anailís sreafa airgid lascainithe, ag úsáid ráta mórlascaine agus ag léiriú riosca creidmheasa contrapháirtí. Cuireann an modh sin ar chumas an Ghrúpa an sreabhadh airgid a lascainiú ar ráta comhionann leis na ráta margaidh úis atá i bhfeidhm, ag tógáil san áireamh aibíocht agus corrlach creidmheasa.

I gcás babhtálacha rátaí úis, toisc go n-úsáideann an taobh a íocann agus an taobh a fhaigheann an phríomhshuim bharúlach chéanna, tógann an luach cóir san áireamh na corrlaigh ráta seasta agus chomhlúthaigh agus an ráta margaidh a bhíonn i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

I gcás infháltais agus iníoctha trádála a bhfuil saolré níos lú ná sé mhí acu, meastar go léiríonn an tsuim bharúlach an luacha chóir.

Seo a leanas na luachanna córa i dteannta leis na méideanna tugtha anonn atá léirithe sa chlár comhardaithe:

| **31 Nollaig 2010** | AN GRÚPA | | | AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Luach Ainmniúil | Luach Tugtha Anonn | Luach Cóir | Luach Ainmniúil | Luach Tugtha Anonn | Luach Cóir |
| | € '000 | € '000 | € '000 | € '000 | € '000 | € '000 |
| Fiachas fadtéarmach ar láimh go dtí aibíocht | | 3,280,881 | 3,213,496 | | 2,651,260 | 2,596,464 |
| Dliteanais fhadtéarmacha léasa airgeadais | | 80,330 | 81,821 | | 80,330 | 81,821 |
| Iasachtaí gearrthéarmacha (áirítear léasanna airgeadais) | | 781,989 | 772,120 | | 106,326 | 96,921 |
| Iasachtaí fo-iomlána | | 4,143,200 | 4,067,437 | | 2,837,916 | 2,775,206 |
| Babhtálacha rátaí úis (Fálú sreabhadh airgid): | | | | | | |
| - Dliteanais neamhreatha | 16,631 | 2,003 | 2,003 | - | - | - |
| - Dliteanais reatha | 8,693 | 1,047 | 1,047 | - | - | - |
| Babhtálacha rátaí úis nasctha le boilsciú (fálú sreabhadh airgid): | | | | | | |
| - Dliteanais neamhreatha | 620,206 | 268,138 | 268,138 | - | - | - |
| - Dliteanais reatha | 18,772 | 8,116 | 8,116 | - | - | - |
| Babhtálacha airgeadra (fálú sreabhadh airgid): | | | | | | |
| - Dliteanais neamhreatha | 1,081,660 | 69,004 | 69,004 | 1,081,660 | 69,004 | 69,004 |
| Conarthaí malartáin eachtraigh (nach mbaineann le trádáil SEM): | | | | | | |
| - Sócmhainní reatha | | (6,532) | (6,532) | | (1,831) | (1,831) |
| - Dliteanais reatha | | 566 | 566 | | - | - |
| Conarthaí malartáin eachtraigh (bainteach le trádáil SEM) | | | | | | |
| - Dliteanais neamhreatha | | 183 | 183 | | - | - |
| - Dliteanais reatha | | 2,575 | 2,575 | | 2,548 | 2,548 |
| Conarthaí praghas breosla ar aghaidh: | | | | | | |
| - Sócmhainní neamhreatha | | (497,666) | (497,666) | | - | - |
| - Sócmhainní reatha | | (47,355) | (47,355) | | (11,457) | (11,457) |
| Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh: | | | | | | |
| - Sócmhainní reatha | | (25,882) | (25,882) | | - | - |
| - Dliteanais neamhreatha | | 96,612 | 96,612 | | - | - |
| - Dliteanais reatha | | 6,407 | 6,407 | | - | - |
| Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas | | (18,866) | (18,866) | | - | - |
| Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsean | | 896,702 | 896,702 | | 896,702 | 896,702 |
| Nithe iníoctha trádála agus eile (gan rótharraingtí bainc a áireamh) | | 632,489 | 630,041 | | 1,165,776 | 1,166,952 |
| Infháltais trádála agus eile | | (619,339) | (619,339) | | (1,944,374) | (1,944,374) |
| | | **4,911,402** | **4,833,191** | | **3,014,284** | **2,951,574** |

**19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)**

**Luach córa (ar lean)**

| | AN GRÚPA | | | AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Luach Ainmniúil | Luach Tugtha Anonn | Luach Cóir | Luach Ainmniúil | Luach Tugtha Anonn | Luach Cóir |
| **31 Nollaig 2009** | € '000 | € '000 | € '000 | € '000 | € '000 | € '000 |
| Fiachas fadtéarmach ar láimh go dtí aibíocht | | 2,005,629 | 2,035,124 | | 1,885,878 | 1,907,151 |
| Dliteanais fhadtéarmacha léasa airgeadais | | 89,271 | 93,629 | | 89,271 | 93,629 |
| Iasachtaí gearrthéarmacha (áirítear léasanna airgeadais) | | 128,928 | 134,137 | | 110,172 | 115,090 |
| Iasachtaí fo-iomlána | | 2,223,828 | 2,262,890 | | 2,085,321 | 2,115,870 |
| Rótharraingtí bainc | | 6,876 | 6,876 | | 18,554 | 18,554 |
| Babhtálacha rátaí úis (Fálú sreabhadh airgid): | | | | | | |
| - Dliteanais neamhreatha | 42,737 | 2,634 | 2,634 | - | - | - |
| Babhtálacha airgeadra (fálú sreabhadh airgid): | | | | | | |
| - Dliteanais neamhreatha | 1,081,660 | 180,813 | 180,813 | 1,081,660 | 180,813 | 180,813 |
| Conarthaí malartáin eachtraigh (nach mbaineann le trádáil SEM): | | | | | | |
| - Sócmhainní neamhreatha | | (863) | (863) | | - | - |
| - Sócmhainní reatha | | (132) | (132) | | - | - |
| - Dliteanais reatha | | 656 | 656 | | 251 | 251 |
| Conarthaí malartáin eachtraigh (bainteach le trádáil SEM) | | | | | | |
| - Dliteanais reatha | | 4,075 | 4,075 | | 4,075 | 4,075 |
| Conarthaí praghas breosla ar aghaidh | | | | | | |
| - Sócmhainní neamhreatha | | (537,746) | (537,746) | | - | - |
| - Sócmhainní reatha | | (71,827) | (71,827) | | (997) | (997) |
| - Dliteanais neamhreatha | | 131 | 131 | | - | - |
| - Dliteanais reatha | | 14,879 | 14,879 | | 2,083 | 2,083 |
| Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh | | | | | | |
| - Sócmhainní neamhreatha | | (9,440) | (9,440) | | - | - |
| - Sócmhainní reatha | | (18,669) | (18,669) | | - | - |
| - Dliteanais neamhreatha | | 113,387 | 113,387 | | - | - |
| - Dliteanais reatha | | 29,319 | 29,319 | | - | - |
| Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas | | (6,829) | (6,829) | | - | - |
| Infheistíochtaí eile | | (946) | (946) | | - | - |
| Nithe iníoctha trádála agus eile (gan rótharraingtí bainc a áireamh) | | 633,969 | 632,531 | | 799,794 | 798,500 |
| Infháltais trádála agus eile | | (684,292) | (684,292) | | (1,088,731) | (1,088,731) |
| | | **1,879,823** | **1,917,447** | | **2,001,163** | **2,030,418** |

Ach amháin i gcás babhtálacha rátaí úis nasctha le boilsciú tá an chuid is mó de na hiarmhéideanna díorthaigh atá léirithe sna táblaí thuas sainithe mar fhálú shreabhadh airgid ar ráta úis, riosca airgeadra nó tráchtearraí ag eascairt ó ús, ioncam tuartha rí-dhóichí, nó ó shreabhadh airgid costais oibríochtúil eile.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, agus luachanna córa dearfacha agus diúltacha ionstraimí airgeadais díorthaigh á léirmhíniú, go ndéantar iad a mheaitseáil le hidirbhearta bunúsacha lena mbaineann rioscaí fritháirithe. Socraítear luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh tríd an difríocht a lascainiú idir an praghas conartha ar aghaidh agus an praghas reatha ar aghaidh as aibíocht iarmharach an chonartha agus ráta úis saor ó riosca á úsáid. Déantar luach cóir na nithe iníoctha trádála agus eile agus na hinfháltais trádála agus eile a ríomh ar bhunús luach reatha sreabhadh airgid amach anseo, agus é lascainithe ag an ráta margaidh úis ar an dáta tuairiscithe. Ní bhaineann an luach ainmniúil sa tábla thuas ach leis na hionstraimí airgeadais díorthaigh gan íoc ag deireadh na bliana. Cumasaíonn leibhéal an luacha ainmniúil meastacháin a dhéanamh maidir le húsáid díorthach chun na rioscaí a bhfuil an Grúpa agus an Mháthairchuideachta nochta dóibh a mhaolú.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

### Luach Cóir – Rátaí Lascaine

Tá na rátaí úis a úsáidtear chun lascaine a chur i bhfeidhm ar shreabhadh airgid measta don todhchaí nuair is cuí bunaithe ar chuar toraidh EURIBOR ag an dáta tuairiscithe móide raon difríochta creidmheasa leordhóthanach, agus bhí siad mar a leanas:

| | 2010<br>% | 2009<br>% |
|---|---|---|
| Léasanna | **4.6%** | 3.9% |
| Iasachtaí eile | **6.1%** | 4.7% |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **2.9%** | 3.3% |
| Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsean | **5.9%** | - |
| Nithe iníoctha trádála agus eile | **4.6%** | 4.2% |

De bhrí go bhfuil infháltais trádála agus eile dlite taobh istigh de bhliain amháin agus go bhfuil foráil déanta dóibh sa chás go bhfuil siad lagaithe, meastar go bhfuil a luach tugtha anonn ar aon dul lena luach cóir.

**(1) Babhtálacha rátaí úis** I gcás babhtálacha rátaí úis, cuireann an luach cóir an ráta seasta agus corrlaigh ráta chomhlúthaigh san áireamh, mar aon leis an ráta margaidh atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana. De bhrí go marcáiltear babhtálacha rátaí úis don mhargadh ag deireadh na bliana, ag léiriú a riosca úis contrapháirtí, tá a luach tugtha anonn cothrom lena luach cóir.

Aithníodh €1.0 milliún mar chaillteanais luacha chóir iomlána i rith na bliana maidir le babhtálacha rátaí úis (caillteanais €2.3 milliún in 2009), agus aithníodh iad go léir i gcostais airgeadais sa ráiteas ioncaim (aithníodh iad go léir i gcothromas in 2009). Socraíodh an babhtáil ráta úis ar luach cóir diúltach € 0.4 milliún i rith na bliana.

Is cuid de chaidrimh fálaithe éifeachtacha iad babhtálacha rátaí úis ESB. Is éard a dhéanann an fálú sin ná na híocaíochtaí rátaí úis ar an bhfiachas thar a shaolré a shocrú.

**(ii) Babhtálacha rátaí úis nasctha le boilsciú** Fuarthas babhtálacha rátaí úis mar éadáil i gcaitheamh na bliana a raibh luach cóir €272.5 milliún acu nuair a fuarthas iad mar chuid de cheannach gnólachta NIE. Tugadh aitheantas i ndiaidh na héadála sna costais airgeadais sa ráiteas ioncaim do ghluaiseachtaí a raibh luach cóir diúltach €7.1 milliún acu.

Ní thagann babhtálacha rátaí úis nasctha le boilsciú faoi chuntasaíocht fálaithe faoi IAS 39. Bíonn tionchar ar a luach cóir ag ghluaiseachtaí coibhneasta i rátaí úis agus ag ionchais mhargaidh maidir le gluaiseachtaí san innéacs praghsanna do thomhaltóirí (RPI) sa todhchaí sa Ríocht Aontaithe.

**(iii) Babhtálacha airgeadra** Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí sa mhalartán eachtrach agus ag rátaí úis ar luach cóir na mbabhtálacha airgeadra. Rangaítear babhtálacha airgeadra ESB go príomha mar fhálú sreabhadh airgid agus baineann siad, den chuid is mó, le babhtálacha tras-airgeadra a dhéantar maidir leis an bhfiachas láithrithe phríobháidigh, a bhfuil cur síos air i Nóta 18. Rachadh i mbun na mbabhtálacha tras-airgeadra seo chun ús ar Dhollair SA agus ar Steirling agus ar aisíocaíochtaí príomhaí ar an mbunfhiachas a mhalartú go Euro, rud a fhálaíonn an riosca ar na híocaíochtaí sin thar na tréimhsí go aibíocht ó 2010 go 2023.

I dteannta conarthaí airgeadra eachtraigh ar aghaidh a glacadh leo maidir le hiasachtaí an Ghrúpa, tá an Grúpa tar éis glacadh le conarthaí airgeadra eachtraigh maidir le ceannach linnte agus breosla ab éigean a cheannach (atá i ndollar SAM agus i bpuint steirling) agus maidir le costais ollchóirithe stáisiún cumhachta amach anseo (atá i bhfrancanna na hEilvéise). Tá aibíochtaí a théann chomh fada le 2015 ag na conarthaí seo. Aithníodh gluaiseachtaí dearfacha €6.9 milliún mar na luacha chóir iomlána i rith na bliana (gluaiseachtaí diúltacha €7.2 milliún in 2009) i leith a leithéid de chonarthaí malartáin eachtraigh a raibh €6.4 milliún díobh aitheanta go díreach i gcothromas (€4.0 milliún in 2009) agus €0.5 milliún aitheanta sa ráiteas ioncaim (€3.2 milliún in 2009).

## 19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

### (h) Ordlathas Luacha Chóir

Déanann an tábla thíos anailís ar ionstraimí airgeadais arna n-iompar ag luach cóir, trí mhodh luachála. Tá sainmhíniú tugtha mar seo a leanas ar na leibhéil éagsúla a bhaineann le hionstraimí airgeadais arna sealbhú ag an nGrúpa:

- Leibhéal 2 : ionchuir, seachas praghsanna luaite neamhchoigeartaithe i margaí gníomhacha do shócmhainní agus dliteanais chomhionanna, atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (.i. mar phraghsanna) nó go hindíreach (.i. díorthaithe ó phraghsanna)

-Leibhéal 3: ionchuir don tsócmhainn nó dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite)

**GRÚPA - 31 Nollaig 2010**

| | Leibhéal 2<br>€ '000 | Leibhéal 3<br>€ '000 | **Iomlán<br>€ '000** |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | | | |
| Conarthaí malartáin eachtraigh | 6,532 | - | **6,532** |
| Conarthaí praghas breosla ar aghaidh | 11,457 | 533,564 | **545,021** |
| Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh | - | 25,882 | **25,882** |
| Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas | - | 18,866 | **18,866** |
| | 17,989 | 578,312 | **596,301** |
| **Dliteanais** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | | | |
| Babhtálacha airgeadra | 69,004 | - | **69,004** |
| Babhtálacha rátaí úis | 3,050 | - | **3,050** |
| Babhtálacha rátaí úis nasctha le boilsciú | - | 276,254 | **276,254** |
| Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh | - | 103,019 | **103,019** |
| Conarthaí malartáin eachtraigh | 3,324 | - | **3,324** |
| | 75,378 | 379,273 | **454,651** |
| **Glan (dliteanais) / sócmhainn** | **(57,389)** | **199,039** | **141,650** |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

### (h) Ordlathas Luacha Chóir (ar lean)

**GRÚPA - 31 Nollaig 2009**

| | Leibhéal 2<br>€ '000 | Leibhéal 3<br>€ '000 | Iomlán<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | | | |
| Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh | - | 28,109 | **28,109** |
| Conarthaí malartáin eachtraigh | 995 | - | **995** |
| Conarthaí praghas breosla ar aghaidh | 996 | 608,577 | **609,573** |
| Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas | 4,329 | 2,500 | **6,829** |
| | 6,320 | 639,186 | **645,506** |
| **Dliteanais** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | | | |
| Babhtálacha airgeadra | 180,813 | - | **180,813** |
| Babhtálacha rátaí úis | 2,634 | - | **2,634** |
| Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh | - | 142,706 | **142,706** |
| Conarthaí malartáin eachtraigh | 4,731 | - | **4,731** |
| Conarthaí praghas breosla ar aghaidh | 2,308 | 12,702 | **15,010** |
| | 190,486 | 155,408 | **345,894** |
| **Glan (dliteanas) / sócmhainn** | **(184,166)** | **483,778** | **299,612** |

| **An Mháthairchuideachta - 31 Nollaig 2010** | Leibhéal 2<br>€ '000 | Leibhéal 3<br>€ '000 | Iomlán<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | | | |
| Conarthaí malartáin eachtraigh | 1,831 | - | **1,831** |
| Conarthaí praghas breosla ar aghaidh | 11,457 | - | **11,457** |
| | 13,288 | - | **13,288** |
| **Dliteanais** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | | | |
| Babhtálacha airgeadra | 69,004 | - | **69,004** |
| Conarthaí malartáin eachtraigh | 2,548 | - | **2,548** |
| | 71,552 | - | **71,552** |
| **Glan (dliteanas)** | (58,264) | - | **(58,264)** |

| **An Mháthairchuideachta - 31 Nollaig 2009** | Leibhéal 2<br>€ '000 | Leibhéal 3<br>€ '000 | Iomlán<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | | | |
| Conarthaí praghas breosla ar aghaidh | 997 | - | **997** |
| **Dliteanais** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | | | |
| Babhtálacha airgeadra | 180,813 | - | **180,813** |
| Conarthaí malartáin eachtraigh | 4,326 | - | **4,326** |
| Conarthaí praghas breosla ar aghaidh | 2,083 | - | **2,083** |
| | 187,222 | - | **187,222** |
| **Glan (dliteanas)** | **(186,225)** | **-** | **(186,225)** |

19. **IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)**

**(h) Ordlathas Luacha Chóir (ar lean)**

Léiríonn an tábla seo a leanas réiteach ó iarmhéideanna tosaigh 1 Eanáir 2010 go dtí iarmhéideanna deireadh bliana i gcomhair toisí luacha chóir ar Leibhéal 3 den ordlathas luacha chóir:

| **AN GRÚPA** | Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas €'000 | Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh €'000 | Conarthaí praghas breosla ar aghaidh €'000 | Babhtálacha rátaí úis nasctha le boilsciú €'000 | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 2,500 | (114,597) | 595,875 | - | **483,778** |
| Aistrithe isteach ó leibhéal 2 | 4,329 | - | - | - | **4,329** |
| Ceannacháin | 10,547 | - | - | - | **10,547** |
| Faighte i rith na bliana | - | - | - | (272,505) | **(272,505)** |
| Gnóthachain nó caillteanais iomlána | | | | | |
| -i mbrabús nó i gcaillteanas | 1,490 | - | - | (7,121) | **(5,631)** |
| i gcothromas | - | 78,360 | (140,138) | - | **(61,778)** |
| Socraíochtaí | - | (40,900) | 77,827 | - | **36,927** |
| Gluaiseachtaí aistriúchán | - | - | - | 3,372 | **3,372** |
| **Iarmhéid deiridh - glan** | 18,866 | (77,137) | 533,564 | (276,254) | **199,039** |

Iompraítear ag luach cóir sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas. Bíonn an luach cóir bunaithe ar an ráiteas luachála cistí is déanaí atá ar fáil, nuair is cuí. Maidir le hinfheistíochtaí neamhspleácha, tá an modheolaíocht luachála a úsáidtear ag teacht le Treoirlínte Luachála Caipitil Fiontair agus Cothromais Phríobháidigh Idirnáisiúnta arna bhforbairt ag roinnt cumainn caipitil fiontair idirnáisiúnta. De bhrí go dteastaíonn teicnící luachála bunaithe ar mhúnla chuige seo, mar aon le roinnt ionchur neamh-inbhraite, tá gach sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas rangaithe mar infheistíochtaí ar leibhéal 3 sa bhliain reatha. Maidir le roinnt infheistíochtaí a rangaíodh roimhe seo mar infheistíochtaí leibhéal 2 tá siad athrangaithe mar leibhéal 3 in 2010, tar éis leibhéal na n-ionchur neamh-inbhraite a úsáideadh lena luacháil a chur san áireamh, lena n-áirítear boinn tuisceana maidir le feidhmiú sa todhchaí.

Baineann conarthaí praghas breosla ar aghaidh agus conarthaí praghas leictreachais atá ag leibhéal 3 san ordlathas luacha chóir le conarthaí fadtéarmacha a bhfuil a gcuid luachálacha bunaithe ar roinnt toimhdí praghas ar aghaidh, agus ag a bhfuil ionchuir neamh-inbhraite, lena n-áirítear leictreachas ar aghaidh toimhdithe, ionchuir charbóin agus gháis do thréimhsí níos fadtéarmaí.

**(i) Nithe Iníoctha Fadtéarmacha**

Is cuid de mhaoiniú fadtéarmach an Ghrúpa iad €€14.8 milliún de nithe iníoctha fadtéarmacha (2009: €10.7 milliún).

**(j) Bainistíocht Caipitil**

Measann an Grúpa go gcuimsíonn a chaipiteal cothromas, stoc caipitil, tuillimh coinnithe agus fálú sreabhadh airgid, cúlchistí athluachála agus cúlchistí eile. Nochtar gluaiseachtaí i dtuillimh coinnithe agus fálú sreabhadh airgid agus cúlchistí athluachála i rith na bliana i ráiteas ioncaim chuimsitheach an Ghrúpa faoi athruithe ar chothromas sna ráitis airgeadais seo. Teastaíonn cead ó scairshealbhóirí i gcomhair aon athruithe ar chomhdhéanamh an stoic chaipitil. Tá sé de chuspóir ag an nGrúpa gineadh láidir sreabhadh airgid, cumhdach úis agus cóimheasa giarála a chothú chomh maith le maoiniú a dhéanamh ar na leibhéil infheistíochta caipitil agus fáis a bhí mar sprioc ina straitéis 2020.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 20. SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS CHÁNACH IARCHURTHA

### AN GRÚPA

| | 2010<br>€ '000 | 2009<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní neamhinláimhsithe | **3,330** | 2,681 |
| Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsean | **112,087** | - |
| Dliteanas pinsin | **-** | 64,463 |
| Soláthairtí | **13,975** | 16,332 |
| Caillteanais chánach ar aghaidh | **10,110** | 3,959 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **13,381** | 25,132 |
| **Iomlán** | **152,883** | 112,567 |
| | | |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | **760,254** | 370,902 |
| Soláthairtí | **844** | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **81,039** | 86,425 |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | **1,180** | 1,180 |
| **Iomlán** | **843,317** | 458,507 |
| **Glandliteanas cánach iarchurtha** | **(690,434)** | (345,940) |

20. **SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS CHÁNACH IARCHURTHA (ar lean)**

Is mar seo a leanas a bhí na ghluaiseachtaí i ndifríochtaí sealadacha don Ghrúpa:

| | Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2009 € '000 | Aitheanta in Ioncam 2009 € '000 | Aitheanta i gCothromas 2009 € '000 | Aistrithe isteach ar éadáil € '000 | Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2009 € '000 | Aitheanta in ioncam 2010 € '000 | Aitheanta i gcothromas 2010 € '000 | Aistrithe isteach ar éadáil € '000 | Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2010 € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní neamhinláimhsithe | 462 | 2,219 | - | - | 2,681 | **649** | **-** | **-** | **3,330** |
| Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsean | - | - | - | - | - | **112,087** | **-** | **-** | **112,087** |
| Dliteanas pinsin | 38,375 | 26,088 | - | - | 64,463 | **(64,463)** | **-** | **-** | **-** |
| Soláthairtí | 19,589 | (3,257) | - | - | 16,332 | **(2,357)** | **-** | **-** | **13,975** |
| Caillteanais chánach ar aghaidh | 2,853 | 1,106 | - | - | 3,959 | **6,151** | **-** | **-** | **10,110** |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 15,919 | - | 9,213 | - | 25,132 | **-** | **(11,751)** | **-** | **13,381** |
| **Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha** | 77,198 | 26,156 | 9,213 | - | 112,567 | **52,067** | **(11,751)** | **-** | **152,883** |
| **Dliteanais** | | | | | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní neamhinláimhsithe | 323,119 | 15,181 | 21,436 | 11,167 | 370,903 | **34,452** | **-** | **354,899** | **760,254** |
| Sochair Fostaithe | 2,981 | (2,981) | - | - | - | **-** | **-** | **-** | **-** |
| Soláthairtí | 354 | (354) | - | - | - | **844** | **-** | **-** | **844** |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 13,861 | - | 68,626 | 3,937 | 86,424 | **-** | **(5,385)** | **-** | **81,039** |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | 1,180 | - | - | - | 1,180 | **-** | **-** | **-** | **1,180** |
| **Iomlán na ndliteanas cánach iarchurtha** | 341,495 | 11,846 | 90,062 | 15,104 | 458,507 | **35,296** | **(5,385)** | **354,899** | **843,317** |
| **Glan (dliteanas) cánach iarchurtha / sócmhainn don bhliain** | (264,297) | 14,310 | (80,849) | (15,104) | (345,940) | **16,771** | **(6,366)** | **(354,899)** | **(690,434)** |

Ní aithnítear na sócmhainní cánach iarchurtha seo a leanas sa chlár comhardaithe mar ní dócha go réadófar iad amach anseo:

| | **2010 € '000** | 2009 € '000 |
|---|---|---|
| Caillteanais chaipitil réadaithe | **1,453** | 963 |
| Caillteanais chaipitil neamhréadaithe | **5,834** | 7,156 |

Ní thugtar dáta éaga maidir leis an tráth is féidir caillteanais chánach sa Ghrúpa a úsáid.

Ní dhearnadh foráil maidir le cáin iarchurtha i gcás cúlchistí neamhíoctha ó fhochuideachtaí agus comhfhiontair an Ghrúpa thar lear de bhrí nach dóigh linn go ndéanfar na chúlchistí sin a dháileadh le linn na tréimhse seo amach romhainn. Ní dhearnadh soláthar ach oiread maidir le cáin iarchurtha dá bhforáiltear i ndáil le cúlchistí neamhíoctha comhfhiontar an Ghrúpa, mar nach dóigh linn faoi láthair go gceadófar na cúlchistí sin a dháileadh. Ba é an luach iomlán a bhí ar chúlchistí neamhíoctha carnacha de chomhlaigh, comhfhiontair agus fochuideachtaí thar lear ná €82.6 milliún (2009: €164.4 milliún).

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

20. **SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS CHÁNACH IARCHURTHA (ar lean)**

| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | 2010<br>€ '000 | 2009<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Dliteanas pinsin | **-** | 64,464 |
| Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsean | **112,087** | - |
| Soláthairtí | **12,642** | 15,747 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | 5,621 |
| **Iomlán** | **124,729** | 85,832 |
| | | |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra & trealamh | **368,934** | 333,608 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **510** | - |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | **1,180** | 1,180 |
| **Iomlán** | **370,624** | 334,788 |
| **Glandliteanas cánach iarchurtha** | **(245,895)** | (248,956) |

Is mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Mháthairchuideachta:

| | Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2009<br>€ '000 | Aitheanta in Ioncam 2009<br>€ '000 | Aitheanta i gCothromas 2009<br>€ '000 | Iarmhéideanna Cánach scríofa i ndáil le diúscairtí<br>€ '000 | Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2009<br>€ '000 | Aitheanta in ioncam 2010<br>€ '000 | Aitheanta i gcothromas 2010<br>€ '000 | Iarmhéideanna Cánach díscríofa i ndáil le diúscairtí<br>€ '000 | Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2010<br>€ '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | | | | | | |
| Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsean | - | - | - | - | - | **112,087** | **-** | **-** | **112,087** |
| Dliteanas pinsin | 38,375 | 26,089 | - | - | 64,464 | **(64,464)** | **-** | **-** | **-** |
| Soláthairtí | 19,678 | (3,931) | - | - | 15,747 | **(3,105)** | **-** | **-** | **12,642** |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 5,635 | - | (14) | - | 5,621 | **-** | **(5,621)** | **-** | **-** |
| **Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha** | 63,688 | 22,158 | (14) | - | 85,832 | **44,518** | **(5,621)** | **-** | **124,729** |
| | | | | | | | | | |
| **Dliteanais** | | | | | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 319,624 | 13,984 | - | - | 333,608 | **35,326** | **-** | **-** | **368,934** |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | - | - | - | - | - | **-** | **510** | **-** | **510** |
| Sochair scoir | 2,981 | (2,981) | - | - | - | **-** | **-** | **-** | **-** |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | 1,180 | - | - | - | 1,180 | **-** | **-** | **-** | **1,180** |
| **Iomlán na ndliteanas cánach iarchurtha** | 323,785 | 11,003 | - | - | 334,788 | **35,326** | **510** | **-** | **370,624** |
| **Glan (dliteanas) cánach iarchurtha / sócmhainn don bhliain** | (260,097) | 11,155 | (14) | - | (248,956) | **9,192** | **(6,131)** | **-** | **(245,895)** |

## 21. DLITEANAIS PHINSIN

Oibríonn an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin do bhaill foirne i bPoblacht na hÉireann agus, tar éis dó gnó NIE a fháil i mí na Nollag 2010, i dTuaisceart Éireann. Tá na socruithe pinsin i leith na foirne i bPoblacht na hÉireann, lena n-áirítear fostaithe ESB ar iasacht thar lear, leagtha amach in ailt (a) agus (b) thíos. Tá cur síos in alt (c) thíos ar na socruithe pinsin i leith na foirne i dTuaisceart Éireann.

### (a) An Máthairchuideachta agus an Grúpa - Poblacht na hÉireann

**(i) Táille Eisceachtúil Pinsin**

Faoi mar a mhínítear i míreanna (iii) agus (iv) thíos, rinneadh Comhaontú Pinsin ('an Comhaontú') idir ESB agus baill na Scéime Aoisliúntais Fostaithe Ginearálta ('an Scéim') i mí Iúil 2010, agus a dhaingnigh Bord ESB go foirmiúil é ar 20 Deireadh Fómhair 2010. Rinne an Comhaontú soiléiriú ar nádúr agus ar scála oibleagáidí pinsean ESB, agus chuir sé faisnéis bhreise ar fáil le chur in iúl na breithiúnais a bhí riachtanach chun cinneadh a dhéanamh faoi mhodh cuntasaíochta na Scéime faoi IAS 19 Sochair d'Fhostaithe. Dá réir sin, athraíodh modh cuntasaíochta na Scéime ó dáta éifeachtach an Chomhaontaithe (20 Deireadh Fómhair 2010), agus is é sin is cúis le táille pinsin eisceachtúil na bliana reatha.

| | 2010<br>€ '000 | 2009<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Glanchaillteanais achtúireacha neamhshonraithe go dtí 20 Deireadh Fómhair 2010 | **1,649,383** | - |
| Deireadh a chur le haitheantas a thabhairt do dhliteanais i leith sochair shainithe | **(2,217,000)** | - |
| Glanthionchar aisiompú na hoibleagáide sochair shainithe ar 20 Deireadh Fómhair, 2010 | **(567,617)** | - |
| Soláthar le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin amach anseo a bhfuil an chuideachta tiomanta dóibh faoin Chomhaontú Pinsean (Nóta 22) | **897,135** | - |
| An táille eisceachtúil pinsin iomlán (Nóta 7) | **329,518** | - |

**(ii) An Modh Cuntasaíochta a bhíodh ann maidir le Scéim Aoisliúntais Ghinearálta Fostaithe ESB ('an Scéim')** Maoinítear pinsin formhór na bhfostaithe i ngnó an leictreachais trí scéim ranníocaíochtaí pinsin ar a dtugtar Scéim Aoisliúntais Ghinearálta Fostaithe ESB. Tá an ciste dílsithe in iontaobhaithe ainmnithe ag ESB agus a chuid ball chun leasa na bhfostaithe agus a gcuid cleithiúnaithe agus iadsan amháin.

Cé go gcuirtear síos sách mion sna rialacháin a rialaíonn an Scéim ar na sochair atá le cur ar fáil, leagann siad síos na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill atá ag íoc isteach sa scéim freisin. Níl an méid sin ag teacht le gnáthchur chuige sochair sainithe 'iarmhéid an chostais' ina mbíonn ar an bhfostóir fuílleach sin na ranníocaíochtaí a íoc a bhíonn ag teastáil chun na sochair a mhaoiniú. Rud eile, riamh bhí ranníocaíochtaí ESB agus na mball araon seasta ar feadh tréimhsí fada, faoi na rialacháin. Ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan comhaontú na heagraíochta sin.

Léiríonn an méid sin nach sampla tipiciúil den chur chuige sochair sainithe í an Scéim agus nach raibh sí amhlaidh riamh. In ainneoin an méid sin, nuair a aistríodh í go dtí IFRS tugadh cuntas uirthi mar scéim shochair shainithe chun críocha tuairiscithe faoi IAS 19. Ba é tuairim an Bhoird agus an breith sin á tabhairt aige, cé nár scéim tipiciúil an Scéim ina nglactar cothromaíocht costais, agus bíodh is nach raibh aon dualgas dlíthiúil ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochar a chinntiú dá mbeadh easnamh ann, mar sin féin chreid siad go raibh oibleagáid ann cheana féin ann de réir bhrí an IAS 19 a bhí bunaithe ar an gcleachtas a bhí ann leis na blianta in imthosca den sórt sin.

Bhain an Grúpa úsáid as an gcur chuige conaireach faoi IAS 19 trínar féidir gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a chur siar agus a aithint sa ráiteas ioncaim de réir a chéile thar mheán-shaolré oibre ualaithe atá fanta ag comhaltaí gníomhacha na Scéime, chun clár comhardaithe tosaigh a réiteach an 1 Eanáir ar aistriú chuig IFRS.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**21 DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)**

**(iii) Comhaontú Pinsin 2010 ('an Comhaontú')** Críochnaíodh an luacháil achtúireach is déanaí ar an Scéim ar 31 Nollaig 2008. Bhí dliteanais na Scéime €1,957 milliún níos mó ná luach na sócmhainní ar dháta na luachála sin. Déanann Rialacháin Scéime foráil sa chás go mbeadh easnamh á thuairisciú de bhun luachála achtúirí, go rachaidh ESB i gcomhairle leis an Achtúire, na hIontaobhaithe agus le Coiste Aoisliúntais na Scéime. Cuireadh tús le cainteanna dá thoradh sin idir an chuideachta agus ionadaithe na bhfostaithe i rith 2009 d'fhonn seasamh airgeadais na Scéime a chinntiú, agus cuireadh bailchríoch orthu in 2010.

Rinne an chuideachta chomhaontú i rith na bliana le Grúpa Ceardchumann ESB (a bhí ag gníomhú thar cheann bhaill na Scéime) chun leasú a dhéanamh ar na socruithe pinsin laistigh den chuideachta. I mí Iúil 2010 fhaomh baill na Scéime na moltaí a bhí comhaontaithe ag an chuideachta agus ag an nGrúpa Ceardchumainn. Dhaingnigh Bord ESB iad ar 20 Deireadh Fómhair, 2010, agus is féidir glacadh leis an dáta mar dháta feidhmithe an Chomhaontaithe.

Leagadh amach an Comhaontú le feabhas a chur ar an staid airgeadais na Scéime, go príomha trí aghaidh a thabhairt ar dhliteanais na Scéime agus iad a laghdú, agus freisin trí mhéadú a dhéanamh de réir a chéile ar líon sócmhainní na scéime a choinnítear in infheistíochtaí a bhfuil riosca níos ísle ag baint leo, ionas go laghdófar an baol go dtitfidh sócmhainní na Scéime faoi mar a tharla in 2008 (nuair a tharla caillteanas achtúireach€1.6 billiún ar shócmhainní na Scéime), rud ba chúis leis an easnamh achtúireach a tuairiscíodh ar 31 Nollaig 2008.

Ar phríomhghnéithe an Comhaontú sin tá tabhairt isteach múnla pinsin maidir le Meántuilleamh Athluacháilte Ghairm Bheatha (CARE) i gcomhair na sochar a tuilltear tar éis 1 Eanáir 2012, agus cosc ar mhéadaithe pinsean agus pá, deireadh a chur leis an nasc a bhíodh ann idir méaduithe tuarastail agus pinsin, agus go gcuirfear tástáil sócmhainneachta i bhfeidhm i ndáil le haon mhéaduithe pinsin na todhchaí. Ní dhearnadh aon athrú ar na rátaí ranníocaíochta a bhí socraithe don fhostóir agus do na fostaithe. Faoin gcomhaontú seo cuirfidh ESB suim airgid aonuaire isteach sa Scéim ar 1 Eanáir 2010, a mbeidh luacháil comhaontaithe €591.0 milliún aici chun críocha achtúireacha. Faoi mar a mhínítear i Nóta 22 thíos, is é luach cothrom na ranníocaíochta caipitil seo arna ríomh de réir riachtanais IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas ná€638.4 milliún ag 20 Deireadh Fómhair 2010. Déanfar é seo a íoc thar tréimhse 12 bhliain, agus éascóidh sé sócmhainní na scéime a shaoradh ó bhaol. Tá sé socruithe faoin gComhaontú nach mbeidh daoine nua in ann clárú sa scéim.

**(iv) Athrú sa modh cuntasaíochta**

Rinne an Comhaontú soiléiriú ar nádúr agus ar scála oibleagáidí pinsean ESB, agus chuir sé faisnéis bhreise ar fáil le mar bhunús i gcomhair na breithiúnas atá riachtanach chun cinneadh a dhéanamh faoi mhodh oiriúnach cuntasaíochta don Scéim faoi IAS 19. Sonraíonn an Comhaontú má léiríonn luacháil achtúireach sa todhchaí barrachas go n-úsáidfear é sin chun tuilleadh laghduithe a dhéanamh ar rioscaí na Scéime, le cois na suimeanna a chuir ESB isteach sa Scéim chun na críche sin faoin gComhaontú. Má nochtann luacháil achtúireach easnamh, faoi mar a luadh i (iii) beidh ar ESB faoi Rialacháin na Scéime dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, leis na hIontaobhaithe agus le Achtúire na Scéime le féachaint an gá an Scéim a leasú. D'ainneoin an ceanglais seo faoi na Rialacháin, níl sé ar intinn ag ESB íocaíochtaí breise a dhéanamh leis an Scéim chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa todhchaí, is cuma cad iad na cúinsí, seachas ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh go rialta ar ráta seasta, suas le 16.4% de thuarastal inphinsin, faoi mar a shonraítear i Rialacháin reatha na Scéime.

Toisc nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ar ESB maoiniú a dhéanamh ar aon easnamh dá n-eascródh ceann sa Scéim, seachas na tiomantais sin atá ann faoi láthair, is é tuairim an Bhoird gur ceart glacadh leis gur scéim ranníocaíochtaí sainithe faoi réir bhrí CCI 19 í an scéim seachas scéim shochair shainithe, mar a bhíodh roimhe seo, agus é sin ón dáta ar dhaingnigh na páirtithe ábhartha an Comhaontú (20 Deireadh Fómhair 2010).

Dá réir sin glactar leis gur scéim shochair shainithe faoi réir bhrí IAS 19 an Scéim go dtí dáta éifeachtach an Chomhaontaithe (20 Deireadh Fómhair 2010), agus mar scéim ranníocaíochta sainithe ina dhiaidh sin. Cuireadh deireadh leis an aitheantas a bhí a thabhairt don dliteanas sochair carnach shainithe suas go dtí 20 Deireadh Fómhair, 2010, agus mar a bhí ag an am sin, faoi mar atá leagtha amach thíos. Ag an am céanna rinneadh soláthar i gcomhair dliteanais an Ghrúpa a d'eascair ón gComhaontú. Féach ar Nóta 22 chun tuilleadh faisnéise a fháil.

D'íoc ESB € 13.5 milliún leis an Scéim sa tréimhse ó 20 Deireadh Fómhair, 2010 go 31 Nollaig 2010, agus bhain €9.2 milliún den mhéid sin le seirbhísí atá ann faoi láthair agus déantar é a nochtadh mar costas ranníocaíochtaí sainithe pinsin i Nóta 7 de na ráitis airgeadais seo, agus bhain €4.3 milliún le seirbhís san am atá thart, agus is cuid é d'íocaíocht i leith an dliteanais i dtaca le hoibleagáid pinsin a nochtar i Nóta 22.

**(v) Toimhdí Airgeadais**

Ar na príomhbhoinn tuisceana a úsáideadh chun na dliteanais IAS 19 a ríomh ar 20 Deireadh Fómhair 2010 agus 31 Nollaig 2009 bhí:

| | 20 Deireadh Fómhair 2010 | 31 Nollaig 2009 |
|---|---|---|
| Ráta úis arna chur i bhfeidhm ar dhliteanais lascaine | **4.55%** | 5.80% |
| Boilsciú praghsanna | **2.00%** | 2.00% |
| Ráta méadaithe de thuarastail inphinsin | **3.00%** | 3.00% |
| Ráta méadaithe de phinsin atá á n-íoc | **1.90%** | 3.00% |
| Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean | **7.50%** | 7.50% |

Ba é 4.55% an ráta lascaine a úsáideadh chun an dliteanas pinsin a ríomh ar dháta feidhmithe an Chomhaontaithe (31 Nollaig 2009: (5.8%) Socraíodh é seo trí thagairt do thorthaí an mhargaidh amhail an dáta ar bhannaí corparáideacha den scoth. Bhí airgeadra agus téarma na mbannaí corparáideacha ar aon dul le hairgeadra agus le téarma measta na n-oibleagáidí sochair iar-fhostaíochta.

## 21 DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

### Toimhdí maidir le Mortlaíocht

Tá na toimhdí maidir le hionchas saoil ag am scoir leagtha amach thíos: Tá na toimhdí bunaithe ar thháblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus áirítear liúntas d'fheabhsúcháin sa todhchaí ar ionchas saoil leo.

| | 20 Deireadh Fómhair 2010 | | 31 Nollaig 2009 | |
|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Fir | Mná |
| | Blianta | Blianta | Blianta | Blianta |
| Pinsinéirí na todhchaí atá 45 bliana d'aois faoi láthair (ionchas saoil ag 65 bliana d'aois) | **22.8** | **24.8** | 22.8 | 24.8 |
| Pinsinéirí reatha atá 65 bliain d'aois | **21.6** | **23.7** | 21.6 | 23.7 |

### Sócmhainní an Plean

Is iad seo a leanas leithdháiltí sócmhainní an phlean ar 20 Deireadh Fómhair, 2010 agus ar 31 Nollaig 2009:

| Catagóir Sócmhainne | 20 Deireadh Fómhair 2010 | 31 Nollaig 2009 |
|---|---|---|
| Cothromais | **72%** | 71% |
| Bannaí | **10%** | 11% |
| Eastát réadach agus bonneagar | **12%** | 12% |
| Airgead tirim agus eile | **6%** | 6% |
| | **100%** | 100% |

Is é 65% an sprioc fadtéarmach straitéiseach maidir le leithdháileadh sócmhainní chothromais.

Chun an ráta toraidh ionchais fadtéarmach ar thoimhdí sócmhainní a fhorbairt, bhreithnigh an Bord leibhéal reatha na dtorthaí ionchais ar infheistíochtaí gan riosca (go príomha bannaí rialtais), leibhéal stairiúil na préimhe riosca a bhaineann le haicmí eile sócmhainní ina mbíonn an punann infheistithe agus na hionchais maidir le torthaí gach aicme sócmhainne amach anseo. Rinneadh ualú ansin ar thoradh ionchais gach aicme sócmhainne bunaithe ar sprioc fadtéarmach maidir le leithdháileadh sócmhainní chun an ráta toraidh fadtéarmach a fhorbairt don phórtfóilió ar bhonn tuisceana faoi na sócmhainní. Ba é an toradh a bhí ar seo ná ráta ceann téarma fada 7.5% ar 20 Deireadh Fómhair, 2010 (31 Nollaig 2009: 7.5%)

Is mar seo a leanas a chinntear na suimeanna a aithnítear sa chlár comhardaithe mar chuid de shochair fhadtéarmacha fostaithe:

| | 20 Deireadh Fómhair 2010 € '000 | 31 Nollaig 2009 € '000 | 31 Nollaig 2008 € '000 | 31 Nollaig 2007 € '000 | 31 Nollaig 2006 € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach reatha na n-oibleagáidí maoinithe | **5,206,000** | 5,008,691 | 5,004,681 | 5,182,466 | 5,416,310 |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | **(2,989,000)** | (2,824,000) | (2,438,000) | (3,830,027) | (3,784,262) |
| Easnamh do phlean maoinithe | **2,217,000** | 2,184,691 | 2,566,681 | 1,352,439 | 1,632,048 |
| Glanchaillteanais achtúireacha neamh-aitheanta | **(1,649,383)** | (1,668,984) | (2,259,676) | (1,026,746) | (1,304,286) |
| Glandliteanas | **567,617** | 515,707 | 307,005 | 325,693 | 327,762 |
| **Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas taithí** | **2010** | 2009 | 2008 | 2007 | 2006 |
| An difríocht idir an toradh ionchais agus an toradh iarbhír ar shócmhainní na Scéime: | | | | | |
| Méid (€ '000) | **30,700** | 240,237 | (1,624,769) | (154,377) | 230,832 |
| Céatadán de shócmhainní na scéime | **1.0%** | 8.5% | (66.6%) | (4.0%) | 6.1% |
| Gnóthachain/(caillteanais) taithí ar dhliteanais na scéime: | | | | | |
| Méid (€ '000) | **800,000** | 378,732 | (140,092) | 144,027 | (181,920) |
| Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime | **15.4%** | (7.6%) | 2.8% | (2.8%) | 3.4% |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

21 **DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)**

| | 20 Deireadh Fómhair 2010 € '000 | 31 Nollaig 2009 € '000 |
|---|---|---|
| **Athruithe ar oibleagáid sochair** | | |
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | **5,008,691** | 5,004,681 |
| Gluaiseacht i mbliain/i dtréimhse: | | |
| Costas seirbhíse reatha | **21,287** | 29,844 |
| Costas úis | **213,138** | 289,744 |
| Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean | **21,691** | 32,224 |
| (Gnóthachan) / caillteanas achtúireach - tionchar na n-athruithe toimhdean | **(730,501)** | 145,557 |
| (Gnóthachan) / caillteanas achtúireach - (gnóthachan) / caillteanas taithí | **800,000** | (378,732) |
| Sochair íoctha | **(169,512)** | (217,943) |
| Costas ciorraithe | **26,252** | 74,313 |
| Costas seirbhíse roimhe seo | **14,954** | 29,003 |
| **Oibleagáid sochair ag 20 Deireadh Fómhair 2010 / ag 31 Nollaig 2009** | **5,206,000** | 5,008,691 |
| **Athrú ar shócmhainní an phlean** | | |
| Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana | **2,824,000** | 2,438,000 |
| Gluaiseacht i mbliain/i dtréimhse: | | |
| Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean | **155,314** | 190,376 |
| Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha | **30,695** | 240,237 |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra | **126,812** | 141,106 |
| Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean | **21,691** | 32,224 |
| Sochair íoctha | **(169,512)** | (217,943) |
| **Luach cóir shócmhainní an phlean an 20 Deireadh Fómhair 2010 / 31 Nollaig 2009** | **2,989,000** | 2,824,000 |
| **Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean don tréimhse dár críoch 20 Deireadh Fómhair 2010 / don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009** | **(32,309)** | 381,990 |

Is mar seo a leanas atá an anailís ar na suimeanna a aithnítear sa ráiteas ioncaim mar chuid de tháille sochair na bhfostaithe:

| | 20 Deireadh Fómhair 2010 € '000 | 31 Nollaig 2009 € '000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | **21,287** | 29,844 |
| Costas ciorraithe | **26,252** | 74,313 |
| Costas seirbhíse roimhe seo | **14,954** | 29,002 |
| Caillteanais achtúireacha aitheanta i rith na tréimhse / bliana | **58,406** | 117,281 |
| Toradh ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin | **(155,314)** | (190,376) |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | **213,137** | 289,744 |
| **Táille iomlán maidir le sochar sainithe go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2010 / 31 Nollaig 2009) (Nóta 7)** | **178,722** | 349,808 |

## 21 DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

### (b) Scéim Phinsin Ranníocaíochtaí Sainithe ESB - Poblacht na hÉireann

Feidhmíonn ESB scéim ranníocaíochtaí sainithe faofa freisin, ar a dtugtar Scéim Phinsin Ranníocaíochtaí Sainithe ESB (Scéim Pinsean Fochuideachtaí ESB roimhe seo), i gcomhair fostaithe fochuideachtaí ESB (seachas NIE) agus, ón 1 Samhain 2010, foireann oibre nua na máthairchuideachta. Is iad na baill agus an fostóir a íocann na ranníocaíochtaí, ar rátaí seasta. Léiríonn na sochair a fhaightear ag am scoir ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhain leis na sochair a cheannach ag an am. Déantar sochair báis a árachú ar bhonn grúpa agus is féidir iad a íoc i bhfoirm cnapshuime agus nó pinsin marthanóra. Coinnítear sócmhainní na scéime i gciste iontaobhaí-riartha ar leith. Léiriú ar ranníocaíocht shainithe an fhostóra é an muirear pinsin don bhliain, agus b'ionann é agus €7.2 milliún (2009: €5.0 milliún).

### (c) Scéim Pinsean Northern Ireland Electricity

Is comhaltaí de Scéim Pinsean Northern Ireland Electricity ('Scéim NIE') iad formhór na bhfostaithe in Northern Ireland Electricity Limited agus sna fochuideachtaí ('NIE'). Tá dhá chuid anseo: 'Roghanna', socrú ceannacháin airgid trína meaitseálann an fostóir ranníocaíochtaí na mball suas go dtí uasmhéid de 6% den tuarastal, agus 'Fócas' a sholáthraíonn sochair atá bunaithe ar thuarastal inphinsin ar scor nó ar fhágáil seirbhíse níos luaithe. Tá sócmhainní na Scéime NIE ar láimh faoi iontaobhas agus iad infheistithe ag na hiontaobhaithe ar chomhairle na mbainisteoirí infheistíochta gairmiúla.

Toimhdí Airgeadais

Tá luacháil na Scéime NIE a dhéanann achtúirí neamhspleácha chun críche nochtadh IAS 19 bunaithe ar na toimhdí seo a leanas:

| | Ag 31 Nollaig 2010 |
|---|---|
| Ráta úis arna chur i bhfeidhm ar dhliteanais lascaine | 5.60% |
| Boilsciú praghsanna (CPI sa Ríocht Aontaithe) | 2.45% |
| Ráta méadaithe de thuarastail inphinsin | 3.85% |
| Ráta méadaithe de phinsin atá á n-íoc | 2.45% |

Is é 5.6% an ráta lascaine a úsáideadh chun an dliteanas pinsin a ríomh an 31 Nollaig 2010 ná 5.6%. Socraíodh é seo trí thagairt do thorthaí an mhargaidh amhail an dáta ar bhannaí corparáideacha den scoth. Bhí airgeadra agus téarma na mbannaí corparáideacha ar aon dul le hairgeadra agus le téarma measta na n-oibleagáidí sochair iar-fhostaíochta.

Toimhdí maidir le Mortlaíocht

Tá na toimhdí a bhaineann le hionchas saoil nuair a théann na baill ar scor leagtha amach thíos: Tá na toimhdí bunaithe ar thháblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus áirítear liúntas d'fheabhsúcháin sa todhchaí ar ionchas saoil leo.

| | Ag 31 Nollaig 2010 | |
|---|---|---|
| | Fir | Mná |
| | Blianta | Blianta |
| Pinsinéirí reatha ag 60 bliain d'aois | 25.0 | 27.7 |
| Pinsinéirí na todhchaí at 40 bliana d'aois faoi láthair (ionchas saoil ag 65 bliana d'aois) | 26.7 | 29.4 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 21. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

Dliteanais agus sócmhainní pinsin

Is iad na sócmhainní agus na dliteanais sa chuid Fócas de Scéim NIE, agus na rátaí ionchais aischuir ná:

| | Ag 31 Nollaig 2010 € '000 | Ráta ionchais aischuir % |
|---|---|---|
| Cothromais | **397,063** | 7.40% |
| Bannaí | **634,397** | 4.60% |
| Eile | **2,562** | 4.20% |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | **1,034,022** | |
| Luach reatha na n-oibleagáidí maoinithe | **(1,021,324)** | |
| **Barrachas Glan** | **12,698** | |

Tá an ráta fáltais ionchais ar chothromais bunaithe ar na torthaí ionchais airmheán sa bhfadtéarma. Tomhaistear an ráta fáltais ionchais ar bhannaí go díreach ó na torthaí iarbhír margaidh do bhannaí corparáideacha agus céiseanna na Ríochta Aontaithe. Cuimsíonn sócmhainní eile iarmhéideanna airgid agus infheistíochtaí eile. Tomhaistear an ráta fáltais ionchais na sócmhainní seo go díreach ó rátaí úis ghearrthéarmacha an mhargaidh.

Meastar go bhfuil an barrachas pinsin ag 31 Nollaig 2010 a mheastar a bheith ar aon dul leis an staid ag 21 Nollaig 2010 (an dáta ar éadáil an Grúpa gnóthas NIE). Tá an difríocht idir luach tugtha anonn an bharrachais ar an 31 Nollaig 2010 mar atá leagtha amach thuas agus luach an bharrachais ag an 21 Nollaig 2010 mar a nochtadh i Nóta 12 (c) inchurtha go hiomlán i leith ghluaiseacht i ráta malairte eachtraí. Dá bharr seo, níor aithníodh aon chostais tréimhse i leith na tréimhse tar éis éadáil ghnóthas NIE, os rud é gur fabhraíodh iad seo roimh na héadála. Tá an barrachas pinsin cáilithe chun a bheith ainmnithe mar shócmhainn de réir IAS 19 agus IFRIC 14 Teorainn ar shócmhainn sochair sainithe, íosriachtanais maoinithe agus an idirghníomhú eatarthu.

## 22. DLITEANAIS MAIDIR LE HOIBLEAGÁID PINSEAN AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE

| | Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsean €000 | Dliteanais Athstruchtúraithe €'000 | Eile € '000 | Dliteanais iomlán a bhaineann le fostaithe € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **AN GRÚPA** | | | | |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2010** | - | 141,150 | 56,180 | **197,330** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Muirear ar an ráiteas ioncaim | 897,135 | 23,398 | 21,208 | **44,606** |
| Éadálacha | - | 517 | - | **517** |
| In úsáid i rith na bliana | (6,433) | (58,048) | (30,095) | **(88,143)** |
| Muirear airgeadais | 6,000 | 3,092 | - | **3,092** |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2010** | **896,702** | 110,109 | 47,293 | **157,402** |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamh-reatha | 808,231 | 81,899 | - | **81,899** |
| Dliteanais reatha | 88,471 | 28,210 | 47,293 | **75,503** |
| **Iomlán** | **896,702** | 110,109 | 47,293 | **157,402** |
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | | | | |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2010** | - | 141,150 | 46,725 | **187,875** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Muirear ar an ráiteas ioncaim | 897,135 | 23,398 | 20,998 | **44,396** |
| In úsáid i rith na bliana | (6,433) | (58,048) | (27,771) | **(85,819)** |
| Muirear airgeadais | 6,000 | 3,092 | - | **3,092** |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2010** | **896,702** | 109,592 | 39,952 | **149,544** |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamh-reatha | 808,231 | 81,899 | - | **81,899** |
| Dliteanais reatha | 88,471 | 27,693 | 39,952 | **67,645** |
| **Iomlán** | **896,702** | 109,592 | 39,952 | **149,544** |

**Dliteanas i leith oibleagáid pinsin** I rith na bliana tháinig an chuideachta ar chomhaontú le Grúpa Ceardchumann ESB leasú a dhéanamh ar shocruithe pinsin laistigh den chuideachta. Mar a mhínítear i nóta 21, tá an soiléiriú seo i gComhaontú thiomantais na cuideachta maidir le maoiniú ar an Scéim Aoisliúntais Fostóirí Ginearálta ESB amach anseo tar éis cóireáil cuntasaíochta na Scéime a athrú. Dheimhnigh an Comhaontú oibleagáidí áirithe de chuid na cuideachta dá n-éilítear foráil ar leith.

Faoin gComhaontú, rinne an chuideachta tiomantas suim airgid eisceachtúil a chur isteach sa Scéim. Íocfar an t-airgead seo thar thréimhse 12 bliana. Is é luach cóir na ranníocaíochta caipitil seo arna ríomh faoi théarmaí IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas ná € milliún ag dáta feidhmithe an Chomhaontaithe (20 Deireadh Fómhair 2010). Ina theannta sin aontaíodh go mbeidh na rátaí ranníocaíochta don Scéim do fhostóir agus d'fhostaithe araon gan athrú. Cuimsíonn an ráta reatha ranníocaíochta ón bhfostóir ranníocaíocht i leith seirbhíse roimhe seo. Ba é luach cóir ranníocaíochtaí na todhchaí don Scéim i leith seirbhíse roimhe seo amhail dáta an Chomhaontaithe (20 Deireadh Fómhair 2010) ná €206.8 milliún. Íocfar é seo thar an saol seirbhíse atá fanta ag baill gníomhacha reatha na Scéime. Ar deireadh, leanfaidh an chuideachta ag déanamh ranníocaíochtaí pinsin i leith na mbaill foirne a d'fhág an chuideachta faoi thionscnaimh téarfa dheonaigh atá caite, ach nach bhfuil aois scoir bainte amach acu fós. Ba é an luach cóir tiomantas seo na cuideachta don todhchaí an 20 Deireadh Fómhair, 2010 ná €51.9 milliún.

**Dliteanais Athstruchtúraithe**l s ionann an fhoráil seo agus an costas a mheastar a bheadh le híocaíochtaí iarscoir a chur ar fáil d'iarfhostaithe, seachas na suimeanna a thagann faoin scéim pinsean. Tá dliteanais san áireamh ann a bhaineann le fostaithe a d'fhág faoi thionscnaimh téarfa dheonaigh cheana, chomh maith le dliteanais i ndáil le hiarfhostaithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar chuid d'oibleagáidí eile dlí nó chuiditheacha iarscoir a d'fhéadfadh a bheith ann. Meastar go scaoilfear na dliteanais sin go hábhartha faoin mbliain 2021.

**Eile** De réir cheanglais IAS 19, tá foráil déanta maidir le dliteanais luach saothair na bhfostaithe, lena n-áirítear laethanta saoire fabhraithe, bónais agus socruithe roinnte brabúis.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 23. NITHE INÍOCTHA TRÁDÁLA AGUS EILE

| | AN GRÚPA | | AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2010** | 2009 | **2010** | 2009 |
| | **€ '000** | € '000 | **€ '000** | € '000 |
| **Nithe iníoctha reatha:** | | | | |
| Rótharraingt bainc | **-** | 6,876 | **-** | 18,554 |
| Íocaíochtaí dul chun cinn ar obair atá idir lámha | **40,845** | 3,129 | **49** | - |
| Nithe iníoctha trádála | **336,906** | 309,462 | **244,617** | 251,213 |
| Nithe iníoctha eile | **32,013** | 192,224 | **23,033** | 179,893 |
| Cánacha fostaíochta | **17,998** | 20,876 | **15,552** | 20,924 |
| Cáin bhreisluacha | **30,750** | 29,174 | **18,880** | 16,030 |
| Fabhruithe | **128,616** | 56,373 | **36,540** | 14,075 |
| Suimeanna dlite do ghnóthais fochuideachta | **-** | - | **819,812** | 304,345 |
| Ús fabhraithe ar iasachtaí | **30,541** | 12,025 | **1,055** | 4,190 |
| | **617,669** | 630,139 | **1,159,538** | 809,224 |

| | **2010** | 2009 | **2010** | 2009 |
|---|---|---|---|---|
| | **€ '000** | € '000 | **€ '000** | € '000 |
| **Nithe neamh-reatha iníoctha:** | | | | |
| Nithe iníoctha eile | **14,820** | 10,706 | **7,414** | 9,124 |

## 24. IONCAM IARCHURTHA AGUS DEONTAIS RIALTAIS

### (a) AN GRÚPA

| | Liúntais Astaíochtaí € '000 | Ranníocaíochtaí Soláthair agus Eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2009** | - | 687,433 | **687,433** |
| Infhaighte | 132,784 | 73,928 | **206,712** |
| Éadálacha | 3,844 | - | **3,844** |
| Amúchta chuig an ráiteas ioncaim | (137,373) | (30,199) | **(167,572)** |
| Difríochtaí aistriúcháin | 745 | - | **745** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2009** | - | 731,162 | **731,162** |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2010** | - | 731,162 | **731,162** |
| Infhaighte | 120,189 | 918 | **121,107** |
| Amúchta chuig an ráiteas ioncaim | (113,743) | (32,864) | **(146,607)** |
| Difríochtaí aistriúcháin | 305 | - | **305** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2010** | 6,751 | 699,216 | **705,967** |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | |
| Dliteanais neamh-reatha | 6,751 | 659,883 | **666,634** |
| Dliteanais reatha | - | 39,333 | **39,333** |
| **Iomlán** | 6,751 | 699,216 | **705,967** |

### (b) AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA

| | Liúntais Astaíochtaí € '000 | Ranníocaíochtaí Soláthair agus Eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2009** | - | 671,051 | **671,051** |
| Infhaighte | 122,012 | 78,353 | **200,365** |
| Amúchta chuig an ráiteas ioncaim | (122,012) | (29,789) | **(151,801)** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2009** | - | 719,615 | **719,615** |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2010** | - | 719,615 | **719,615** |
| Infhaighte | 100,085 | - | **100,085** |
| Amúchta chuig an ráiteas ioncaim | (93,333) | (32,417) | **(125,750)** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2010** | 6,752 | 687,198 | **693,950** |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | |
| Dliteanais neamh-reatha | 6,752 | 654,713 | **661,465** |
| Dliteanais reatha | - | 32,485 | **32,485** |
| **Iomlán** | 6,752 | 687,198 | **693,950** |

Taifeadtar na liúntais astaíochtaí a fuarthas i rith na bliana mar shócmhainní inláimhsithe agus mar ioncam iarchurtha araon. Is é luach an mhargaidh nuair a fhaightear iad a luaitear leo agus amúchtar iad chuig an ráiteas ioncaim ar bhonn na n-astaíochtaí iarbhír i rith na bliana. B'fhiú €2.8 milliún na lamháltais astaíochta a fuarthas i rith 2009 maidir le gléasra a bhí á thógáil, sa Mháthairchuideachta agus sa Ghrúpa, agus cuireadh i gcoinne costas na maoine, gléasra agus trealaimh iad seachas a bheith amúchta don ráiteas ioncaim.

Sa mhéid is go sáraíonn luach na lamháltais astaíochtaí a fuarthas i rith na bliana luach an mhargaidh ar astaíochtaí carbóin, aithnítear an barrachas seo laistigh d'ioncam iarchurtha, seachas é a bheith amúchta don ráiteas ioncaim sa bhliain reatha, agus úsáidtear é i gcoinne chostas na lamháltais astaíochtaí a bheidh á bhfáil sna blianta amach romhainn.

Taifeadtar ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha a fuarthas roimh Iúil 2009 mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad ar bhunús atá comhsheasmhach le beartas dímheasa na sócmhainní iomchuí. Tá ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha a fuarthas tar éis an 1 Iúil 2009 inaitheanta go hiomlán ar chríoch na seirbhísí arna soláthar sa ráiteas ioncaim mar ioncam.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 25. SOLÁTHAIRTÍ

### (a) AN GRÚPA

| | Stáisiún Cumhachta costais dúnta € '000 | Astaíochtaí forálacha € '000 | Lacáiste do chustaiméirí agus forálacha eile € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2009** | 252,154 | 198,624 | 345,305 | **796,083** |
| Muirear ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| - Astaíochtaí | - | 132,987 | - | **132,987** |
| - Dlí | - | - | 1,139 | **1,139** |
| - Dúnadh stáisiúin | 8,117 | - | - | **8,117** |
| Aistrithe chuig dliteanas pinsin | (25,766) | - | - | **(25,766)** |
| Éadálacha | 1,720 | 11,472 | - | **13,192** |
| Arna úsáid sa bhliain | (27,597) | (196,775) | (295,580) | **(519,952)** |
| Muirear airgeadais | 9,916 | - | 2,498 | **12,414** |
| Difríochtaí aistriúcháin | 59 | 1,639 | - | **1,698** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2009** | 218,603 | 147,947 | 53,362 | **419,912** |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2010** | 218,603 | 147,947 | 53,362 | **419,912** |
| Muirear ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| - Astaíochtaí | - | 120,635 | - | **120,635** |
| - Dlí | - | - | 2,984 | **2,984** |
| - Dúnadh stáisiúin | 1,380 | - | - | **1,380** |
| Aistrithe chuig dliteanas pinsin | (15,035) | - | - | **(15,035)** |
| Aistrithe ó nithe iníoctha trádála agus eile | - | - | 14,265 | **14,265** |
| Éadálacha | - | - | 11,130 | **11,130** |
| Arna úsáid sa bhliain | (18,079) | (147,935) | (4,156) | **(170,170)** |
| Muirear airgeadais | 5,803 | - | 1,784 | **7,587** |
| Difríochtaí aistriúcháin | 101 | 492 | - | **593** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2010** | 192,773 | 121,139 | 79,369 | **393,281** |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamh-reatha | 188,471 | - | 52,997 | **241,468** |
| Dliteanais reatha | 4,302 | 121,139 | 26,372 | **151,813** |
| **Iomlán** | 192,773 | 121,139 | 79,369 | **393,281** |

## 25. FORÁLACHA (AR LEAN)

### (b) AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA

| | Stáisiún Cumhachta costais dúnta € '000 | Astaíochtaí forálacha € '000 | Lacáiste do chustaiméirí agus forálacha eile € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2009** | 251,762 | 178,997 | 345,291 | **776,050** |
| Muirear ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| - Astaíochtaí | - | 111,401 | - | **111,401** |
| - Dlí | - | - | 1,101 | **1,101** |
| - Dúnadh stáisiúin | 7,937 | - | - | **7,937** |
| Aistrithe chuig dliteanas pinsin | (25,766) | - | - | **(25,766)** |
| Arna úsáid sa bhliain | (27,597) | (175,491) | (295,528) | **(498,616)** |
| Muirear airgeadais | 9,916 | - | 2,498 | **12,414** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2009** | 216,252 | 114,907 | 53,362 | **384,521** |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2010** | 216,252 | 114,907 | 53,362 | **384,521** |
| Muirear ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| - Astaíochtaí | - | 92,439 | - | **92,439** |
| - Dlí | - | - | 2,984 | **2,984** |
| - Dúnadh stáisiúin | 1,300 | - | - | **1,300** |
| Aistrithe chuig dliteanas pinsin | (15,035) | - | - | **(15,035)** |
| Aistrithe ó nithe iníoctha trádála agus eile | - | - | 14,265 | **14,265** |
| Arna úsáid sa bhliain | (18,078) | (114,453) | (4,156) | **(136,687)** |
| Muirear airgeadais | 5,803 | - | 1,784 | **7,587** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2010** | 190,242 | 92,893 | 68,239 | **351,374** |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamh-reatha | 185,940 | - | 42,413 | **228,353** |
| Dliteanais reatha | 4,302 | 92,893 | 25,826 | **123,021** |
| **Iomlán** | 190,242 | 92,893 | 68,239 | **351,374** |

**Costais a bhain le Dúnadh Stáisiún Cumhachta** Léiríonn an fhoráil de €192.8 milliún (2009: €218.6 milliún) an 31 Nollaig 2010 do dhúnadh stáisiúin luach reatha an mheastacháin reatha de chostais stáisiúin ghiniúna a dhúnadh ag deireadh a saolré úsáideach eacnamaíochta. Téann dáta dúnta ionchais i gcás formhór na stáisiún giniúna suas chomh fada leis an mbliain 2026. Ós rud é gur ar bhonn lascaine a luaitear na costais, cuirtear muirear maoinithe san áireamh sa ráiteas ioncaim agus cuirtear leis an bhforáil é gach bliain. Déantar athscrúdú ar an bhforáil do dhúnadh stáisiún cumhachta gach bliain agus ath-ríomhtar an dliteanas de réir na dátaí reatha a mheastar a dhúnfar stáisiún. Tá costais maidir leis na stáisiúin a bhaint anuas go fisiciúil agus costais a bhaineann le scor foirne na stáisiún nuair a dhúntar iad san áireamh le costais dúnta. Tá roinnt éiginnteachtaí a mbeadh tionchar acu ar ríomh na forála do dhúnadh stáisiún, lena n-áirítear tionchar rialála, cruinneas na suirbhéanna suímh, éilliú gan choinne, tionchar mhalairt teicneolaíochta agus athruithe sa ráta lascaine. Tá an meastachán is fearr maidir leis an tionchar airgeadais a bheadh ag na nithe éiginnte sin déanta ag an nGrúpa agus an fhoráil á ríomh ach d'fhéadfadh athrú ábhartha amach anseo ar aon toimhde díobh sin tionchar ábhartha a imirt ar ríomh na forála.

**Soláthairtí astaíochta** De réir fhorálacha scéim trádála astaíochtaí $CO_2$ na hEorpa, aithnítear foráil chun an dliteanas maidir le hastaíochtaí iarbhír i rith na bliana a chlúdach. Faoin scéim sin, deonaíonn an t-údarás iomchuí lamháltais astaíochtaí ag tús gach bliana a chlúdaíonn céatadán de na hastaíochtaí ionchais i rith na bliana (Féach Nóta 11 sócmhainní neamhinláimhsithe). Cuirtear na lamháltais sin, maille le haon lamháltais bhreise a cheannaítear i rith na bliana, ar ais chuig an Údarás iomchuí atá i mbun na scéime laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana sin, ag teacht leis na hastaíochtaí $CO_2$ iarbhír i rith na bliana. Is ionann an fhoráil ag deireadh na bliana agus an oibleagáid lamháltais astaíochtaí atá cothrom leis na hastaíochtaí iarbhír a chur ar ais ag deireadh na bliana. Áirítear an dualgas sin de réir shuim tugtha anonn na lamháltas astaíochtaí $CO_2$ caipitlithe chomh maith le luach an mhargaidh aon lamháltas breise a theastaíonn chun dliteanas dheireadh na bliana a shásamh.

**Lacáiste do chustaiméirí agus forálacha eile** Baineann foráil lacáiste chustaiméir de €300 milliún an 1 Eanáir 2009 le híocaíocht a bhí dlite ó ESB do gach custaiméir leictreachais in Éirinn, chun maolú a dhéanamh ar an ngá méadú a dhéanamh ar tharaifí leictreachais in 2008/2009 mar gheall ar luaineacht i bpraghsanna breosla. Íocadh an chuid is mó de seo i rith 2009.

Meastacháin stuama atá i gceist le forálacha eile maidir le dliteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn nó gan teacht chun cinn do thríú páirtithe i ndáil le héilimh a cuireadh in iúl nó a ndearnadh foráil ina leith ag deireadh na bliana. De réir ghnáthchleachtas tráchtála, tá meastachán maidir le dliteanais a tabhaíodh ach nár cuireadh in iúl go fóill san áireamh san fhoráil ag deireadh na bliana.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 26. CEANGALTAIS AGUS TEAGMHAIS

### (a) Oibleagáidí léasa oibriúcháin

| Seo a leanas mar a bhí tiomantais iomlána faoi léasanna oibriúcháin nárbh fhéidir a chur ar ceal: | 2010<br>€ '000 | 2009<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | **11,525** | 9,742 |
| Tar éis bliain amháin ach laistigh de cúig bliana | **35,687** | 32,895 |
| Tar éis cúig bliana | **111,457** | 82,532 |
| **Iomlán iníoctha** | **158,669** | 125,169 |

Baineann léasanna oibriúcháin atá iníoctha leis an nGrúpa de ghnáth le talamh agus foirgnimh ar cíos. Bunaítear na costais léasanna seo ar luach an mhargaidh oscailte agus de ghnáth bíonn siad faoi réir athbhreithnithe cíosa, gach cúig bliana ar an meán. Ní chuireann téarmaí na léasanna oibriúcháin aon srianta suntasacha ná srianta neamhghnácha ar an nGrúpa.

### (b) Ceangaltais chaipitil

| | 2010<br>€ '000 | 2009<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Ar chonradh le haghaidh | **276,580** | 235,776 |

San áireamh i gceangaltais chaipitil 2010 thuas, tá tiomantas a bhaineann leis an gciste VantagePoint. D'fhéadfadh comhpháirtithe an Ghrúpa sa chiste VantagePoint iarraidh air infheistíocht bhreise de €7.2 milliún a dhéanamh sa chiste (2009:€9.3 milliún).

| **Sciar de cheangaltais chaipitil i leith comhfhiontar** | 2010<br>€ '000 | 2009<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Ar chonradh le haghaidh | **472** | 4,839 |

Baineann na conarthaí seo le conradh tógála réamhdhéanta le húsaid, conarthaí éagsúla idircheangailte, conarthaí fadtréimhseacha cothabhála agus roinnt conarthaí comhairleoireachta atá déanta ag Marchwood Power Limited.

### (c) Ceangaltais maidir le conarthaí breosla

Tá roinnt socruithe i bhfeidhm maidir le gás a sholáthar go fadtéarmach ar feadh tréimhsí éagsúla suas go dtí an bhliain 2020. Déantar foráil sna socruithe sin d'athruithe praghsála ag teacht le hathruithe ar tháscairí ionsuite sa mhargadh fuinnimh. Nuair is cuí, tá díorthaigh leabaithe scartha agus luach curtha orthu de réir IAS 39.

## 27. IDIRBHEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

**Comhlachtaí Leath-Stáit** Dála aonán eile, déanann ESB gnó sa ghnáthshlí le comhlachtaí státurraithe eile ar nós Bord Gáis agus Bord na Móna. Déantar comhaontuithe idir ESB agus Bord na Móna maidir le socruithe fadtéarmacha chun móin a cheannach do na Stáisiúin Lár Tíre.

**Bainc faoi úinéireacht stáit in Éirinn** Sa ghnáthshlí, bíonn idirbhearta ag ESB le bainc áirithe in Éirinn arna rialú go hiomlán nó go páirteach ag rialtas na hÉireann. Tá gach idirbheart de chuid ESB le bainc den chineál seo ar ghnáth-théarmaí tráchtála. Ní raibh aon comhchruinniú ábhartha iasachtaí ag ESB le haon bhanc den chineál seo i rith na bliana ná an 31 Nollaig 2010. Bhí an chuid is mó den airgead tirim agus cóibhéisí airgid mar a nochtadh i nóta 16 i dtaisce le bainc den chineál sin.

**Leasanna Chomhaltaí an Bhoird** Seachas na leithroinntí a aontaíodh faoi ESOP, ní raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Bhoird in ESB ná i bhfochuideachtaí dá chuid ag aon tráth i rith na bliana.

**Gnóthais fochuideachtaí** I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010, cheannaigh Máthairchuideachta ESB seirbhísí innealtóireachta, comhairleoireachta agus seirbhísí eile lena n-áirítear seirbhísí cíosa, de €88.2 milliún (2009: €98.2 milliún) óna fhochuideachtaí.

I rith na bliana, bhí díolacháin €71.1 milliún (2009: €60.7 milliún) ag Máthairchuideachta ESB d'fhochuideachtaí. Is le seirbhísí bainistíochta is mó a bhaineann na díolacháin sin, agus le muirir leictreachais ar nós muirir as an gcóras a úsáid agus le díolacháin leictreachais. I rith na bliana, ní raibh aon díolacháin maoine ag Máthairchuideachta ESB (2009: díolacháin le luach glan leabhair de €24.1 milliún) ná gléasra agus innealra (2009: díolacháin le luach glan leabhair de €7.0 milliún d'fhochuideachtaí.

I rith na bliana, fuair Máthairchuideachta ESB ús €12.1 milliún (2009: €9.9 milliún) ó fhochuideachtaí agus d'íoc sí ús €7.3 milliún (2009: €1.4 milliún) le fochuideachtaí ar iasachtaí idirchuideachtaí.

An 31 Nollaig 2010, bhí suimeanna iníoctha de €818.9 milliún (2009: €304.3 milliún) ag Máthairchuideachta ESB lena fhochuideachtaí. Baineann na suimeanna iníoctha seo den chuid is mó le suimeanna a bhí ar taisce d'fhochuideachtaí , fiach a d'ardaigh ESB Finance Limited tugtha ar iasacht ar ais chuig Máthairchuideachta ESB do riachtanais caipitil oibre agus caiteachais caipitiúil, chomh maith le seirbhísí comhairleoireachta agus innealtóireachta.

An 31 Nollaig 2010, bhí iarmhéideanna infhaighte de €1,582.5 milliún (2009: €628.2 milliún) ag Máthairchuideachta ESB óna fhochuideachtaí. Is le seirbhísí bainistíochta, iasachtaí d'fhochuideachtaí, lena n-áirítear iasachtaí a bhaineann le héadáil NIE, le muirir leictreachais ar nós muirir as an gcóras a úsáid, agus le díolacháin leictreachais is mó a bhaineann na hinfháltais sin.

An 31 Nollaig 2010, bhí suimeanna infhaighte ó na fhochuideachtaí, maidir le cothromas agus ranníocaíochtaí caipitiúla, de €72.8 milliún (2009: €72.8 milliún) ag Máthairchuideachta ESB.

An 21 Nollaig 2010, chuir an Grúpa éadáil gnó an ghréasáin leictreachais i dTuaisceart na hÉireann i gcrích ('NIE') (féach nóta 12). I rith na tréimhse go dtí 21 Nollaig 2010, rinne cuideachtaí ESB Group ceannacháin arbh fhiú €37.1 milliún iad ó na cuideachtaí NIE a éadáladh. Bhain siad seo le táillí úsáid an chórais agus le táillí naisc gréasáin. Bhí gach idirbheart réamh-éadála idir ESB Group agus aonáin NIE a fuarthas in 2010 fháil idir an Ghrúpa BSL agus an eintiteas NIE a fuarthas i 2010 ar bhonn neamhthuilleamaíoch agus níor bhain siad leis an éadáil.

**Comhfhiontair** Chuir an Grúpa seirbhísí ar fáil i rith na bliana do Garvagh Glebe Power Limited agus do dhá chomhfhiontar eile, Bizkaia Energia SL agus Corby Power Limited.

Chuir ESB seirbhísí ar fáil do Bizkaia Energia SL i rith na bliana ag luach €6.0 milliún (2009:€6.2 milliún).

Cuireadh seirbhísí arbh fhiú €3.9 milliún (2009: €3.9 milliún) iad ar fáil do Corby Power Limited. Níor cuireadh aon seirbhísí ar fáil do Marchwood Power Limited (2009: €0.2 milliún). Cuireadh maoiniú caipitil arbh fhiú €0.7 milliún (2009: €5.9 milliún) é ar fáil do Marchwood Power Limited i rith na bliana. Tugann sé seo, in éineacht le costais maoinithe €2.8 milliún (2009: tada), an méid maoinithe caipitil iomlán ón nGrúpa go Marchwood Power Limited go €42.6 milliún (2009: €39.1 milliún). I rith na bliana, aistríodh an maoiniú caipitil seo go infheistíocht cothromais sa chuideachta (féach Nóta 12: Infheistíochtaí Sócmhainní Airgeadais).

An 14 Nollaig 2010, d'athraigh Garvagh Glebe Power Limited ó chomhfhiontar go fochuideachta iomlán de chuid ESB Group, leis an nGrúpa ag fáil an scair comhionannais 50% a bhí fanta sa chuideachta.

Sula bhfuarthas Garvagh Glebe Limited mar fhochuideachta iomlán, chuir ESB seirbhísí ar fáil do Garvagh Glebe Power Limited dar luach €2.7 milliún (2008: €12.9 milliún).

| **Príomhchúiteamh bainistíochta** | **2010**<br>**€ '000** | 2009<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile d'fhostaithe | **3,385** | 3,934 |
| Sochair iar-fhostaíochta | **354** | 550 |
| | **3,739** | 4,484 |

Is ionann luach saothair na príomhbhainistíochta a nochtar thuas agus an luach saothair do na daoine sin a bhfuil údarás agus freagracht acu as gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Cuimsíonn siad seo luach saothair na gComhaltaí Boird agus feidhmeannaigh shinsearacha.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 28. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS

Bíonn gá le líon suntasach breithiúnas agus meastachán ar thoimhdí agus ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú. Téann siad sin i bhfeidhm ar an ioncam agus ar an gcaiteachas a luaitear sa ráiteas ioncaim agus ar an luacháil ar shócmhainní agus ar dhliteanais a luaitear sa chlár comhardaithe. Bíonn meastacháin agus breithiúnais den sórt sin bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar thosca eile lena n-áirítear meastacháin maidir lena bhfuil i ndán a mheastar a bheith réasúnach i gcúinsí an cháis agus a bhíonn faoi réir ag athbhreithniú seasta.

Ba chóir a thabhairt ar aird go bhféadann athraitheas maidir le toimhdí nó meastacháin áirithe tionchar ábhartha, suntasach a bheith aige ar na torthaí a thuairiscítear. Áirítear iad seo a leanas orthu sin, ach níl siad teoranta do:

(a) An luach cóir, de réir IFRS 3 Teaglaim Ghnó, d'fháltais agus aon cháilmheas gaolmhar, mar a shonraítear i Nóta 12.

(b) Costais a theastóidh amach anseo chun forálacha reatha agus dliteanais maidir le fostaithe a shocrú, mar shampla an dliteanas maidir le hoibleagáid pinsin, costais maidir le stáisiúin chumhachta a dhúnadh agus oibleagáidí iarfhostaíochta. Nochtar na dliteanais sin i Nótaí 22 agus 25.

(c) Áireamh ar roinnt sócmhainní, dliteanais, ioncaim agus costais ag deireadh na bliana a mbíonn gá le meastachán agus breithiúnas ar leith mar gheall orthu, ina measc an ríomh ar ioncam leictreachais gan bille agus féichiúnaithe, an luacháil ar stoc breosla, costas an bhreosla a ídíodh, saolré fónaimh na sócmhainní seasta agus fabhruithe maidir le hearraí a fuarthas nó le hobair a rinneadh agus nach bhfuarthas sonraisc ó sholáthraithe ina leith go fóill. Déantar meastacháin maidir leis na míreanna sin de réir bheartais chuntasaíochta an Ghrúpa agus de réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta reatha.

(d) Mar a thuairiscítear i nóta 19 alt (h), tá luacháil ionstraimí airgeadais ar leith bunaithe ar roinnt fachtóirí agus boinn tuisceana dhaorbhreithiúnacha, agus ní gá go bhfuil siad seo bunaithe ar ionchur nach de bharr riachtanais atá bunaithe ar ionchur inbhraite. Táthar tar éis iad seo a aicmiú ionstraimí airgeadais leibhéal 3, faoi réir bhrí CTAI 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtadh. I rith na bliana, fuair an Grúpa, mar chuid d'éadáil NIE, babhtálacha rátaí úis nasctha le boilsciú ag a bhfuil ré os cionn 20 bliana, a cuireadh le punann reatha an Ghrúpa d'ionstraimí airgeadais ag leibhéal 3.

(e) Cuireann ESB seirbhísí ar fáil d'os cionn 1.3 milliún duine agus gnó, ar théarmaí creidmheasa go príomha. Tá a fhios ag an saol nach n-íocfar fiachais faoi leith atá dlite do ESB trí mhainneachtain roinnt custaiméirí. Úsáidtear meastacháin, bunaithe ar thaithí stairiúil, chun leibhéal na bhfiachas a chreidtear nach mbaileofar a chinneadh. Tá fachtóirí mar staid reatha gheilleagar na hÉireann agus ceisteanna áirithe tionscail san áireamh sna meastacháin sin. Féach Nóta 19 alt (c) chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le próifíl agus aosú trádála agus infháltais eile agus i leith an liúntais um laghdú trádála agus infháltais eile.

## 29. ESB ESOP TRUSTEE LIMITED

Rinne ESB ionchorprú ar ESB ESOP Trustee Limited i gcaitheamh 1, le hinfheistíocht €1, mar iontaobhaí le Employee Share Ownership Trust (ESOT)(Iontaobhas Úinéireachta Scaireanna Fostaithe ESB) agus Scéim Roinnte Brabúis Ceadaithe ESB (APSS). Faoi théarmaí chruthú BSL ESOP Trustee Limited, níl ar chumas BSL ná de cheart aige smacht a chur i bhfeidhm ar shócmhainní ná bainistíocht na cuideachta. Iontaobhaí proifisiúnta neamhspleách atá ina chathaoirleach ar an gcuideachta iontaobhais, mar aon le ceathrar stiúrthóirí thar ceann fostaithe BSL agus beirt stiúrthóirí thar ceann na Cuideachta. Dá réir sin tá sriantaí diana ann a chuireann bac suntasach ar fheidhmiú cearta BSL ar shócmhainní agus bainistíocht na cuideachta. De réir Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus ar leithligh CCI 27, ní dhéantar cuntais ESB ESOP Trustee Limited a chomhdhlúthú le torthaí Ghrúpa BSL.

## 30. NA RÁITIS AIRGEADAIS A FHORMHEAS

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhormheas an 23 Márta 2011

## 31. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTA, CHOMHFHIONTAIR AGUS CHOMHLAIGH

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Scair an Ghrúpa % | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| **Gnóthais fochuideachta** | | | |
| ESB Energy International Ltd. (ESB International Ltd. mar a bhí) | * | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESBI Engineering & Facility Management Ltd. | * | 100 | Innealtóireacht |
| ESBI Engineering Overseas Ltd. | * | 100 | Innealtóireacht |
| ESBI Contracting Ltd. | * | 100 | Conraitheoireacht |
| ESBI Consultants Ltd. | * | 100 | Comhairleacht |
| ESBI Computing Ltd. | * | 100 | Seirbhísí ríomhairí |
| ESB International Ltd. (ESB Ireland Holdings Ltd. mar a bhí) | * | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESBII Technology and Construction Ltd. | * | 100 | Giniúint cumhachta |
| Elfinance Ltd. | * | 100 | Creidmheas custaiméirí |
| ESB International Investments Ltd. | * | 100 | Infheistíochtaí idirnáisiúnta |
| ESBI Contracts Engineering Ltd. | * | 100 | Conraitheoireacht |
| ESB Financial Enterprises Ltd. | * | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB Independent Energy Ltd. | * | 100 | Díolacháin leictreachais |
| ESB Independent Energy NI Ltd. | * | 100 | Díolacháin leictreachais |
| ESB Contracts Ltd. | * | 100 | Conraitheoireacht |
| Canal Construction Ltd | ** | 100 | Tógáil |
| ESB Power Generation Holding Company Ltd. | * | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| Gort Windfarms Ltd. | * | 100 | Giniúint Cumhachta Gaoithe |
| Crockahenny Wind Farm Ltd. | * | 75 | Giniúint Cumhachta Gaoithe |
| Utilities O&M Services Ltd. | 58- 86 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. | 100 | Seirbhísí oibriúcháin agus cothabhála |
| Hibernian Wind Power Ltd. | * | 100 | Giniúint Cumhachta Gaoithe |
| ESB Retail Ltd. | * | 100 | Díolachán fearas leictreach |
| ESB Telecoms Ltd. | * | 100 | Teileachumarsáid |
| Facility Management Espana S.L. | **** | 100 | Bainistíocht saoráide |
| ESBI Engineering UK Ltd | ***** | 100 | Innealtóireacht agus comhairleoireacht ghinearálta agus Inealltóireacht |
| Electricity Supply Board Services B.V. | Symphony House<br>Block D13<br>Pusat Dagangan<br>Dana 1<br>Jalan PJU 1A/46<br>43701 Petaling<br>Jaya<br>An Mhalaeisia | 100 | Bainistíocht saoráide |
| Bord Soláthair an Leictreachais International Investments B.V. | Strawinskylaan<br>3105<br>7ú Urlár,<br>1077 ZX<br>Amstardam,<br>An Ísiltír. | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| Coolkeeragh ESB Ltd. | 2 Bóthar Electra<br>Maydown<br>Doire, BT47 6 UL | 100 | Giniúint cumhachta |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 31. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTA, CHOMHFHIONTAIR AGUS CHOMHLAIGH (Ar lean)

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Scair an Ghrúpa % | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| ESBII UK Ltd. | ***** | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESBI Luxembourg S.A. | 65 Boulevard Grand Duchesse Charlotte L-1391 Lucsamburg | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| Power Generation Technology Snd. Bhd. | 10ú Urlár Wisma Havela Thakardos No 1 Jalan Raja Laut 50350 Kuala Lumpur An Mhalaeisia | 100 | Giniúint cumhachta |
| Facility Management UK Ltd. | ***** | 100 | Bainistíocht saoráide |
| ESBI Georgia Ltd. | 39 Gamsakhurdia Ave Suite 42 Tbilisi Georgia | 100 | Bainistíocht tarchurtha |
| Marchwood Power Development Ltd. | ***** | 100 | Giniúint cumhachta |
| Menloe Two Ltd. | ** | 100 | Léasú airgeadais |
| Menloe Investments Ltd. | ** | 100 | Léasú airgeadais |
| Centrum Power Ltd. | ***** | 100 | Giniúint cumhachta |
| Asturias Generation de Electricidad S.L. | Calle Uria, No 50-4, Oviedo 33001, Asturias, An Spáinn. | 100 | Giniúint cumhachta |
| Mountain Lodge Power Ltd. | * | 85.9 | Giniúint cumhachta |
| Tullynahaw Power Ltd. | * | 100 | Giniúint cumhachta |
| Boleywind Ltd. | * | 100 | Giniúint cumhachta |
| Blackwind Ltd. | * | 100 | Giniúint cumhachta |
| Kobai Ltd. | * | 100 | Giniúint cumhachta |
| Orliven Ltd. | * | 100 | Giniúint cumhachta |
| Cappawhite Ltd. | * | 100 | Giniúint cumhachta |
| Waterfern Ltd. | * | 100 | Giniúint cumhachta |
| Seltan One Ltd. | * | 100 | Giniúint cumhachta |
| Hunter's Hill Wind Farm Ltd. | ****** | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Wind Development Ltd. | ** | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Wind Development UK Ltd. | ***** | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Commercial Properties Ltd. | * | 100 | Bainistíocht maoine |
| Crockagarran Windfarm Ltd. | ****** | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm Ltd. | ***** | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm Holdings Ltd. | ***** | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm Holdings 2 Ltd. | ***** | 100 | Giniúint cumhachta |
| Devon Wind Power Ltd. | ***** | 100 | Giniúint cumhachta |
| Synergen Power Ltd | Gléasra Cumhachta Bóthar Theach Pigeon, An Rinn Baile Átha Cliath 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Novusmodus GP Ltd | ** | 100 | Infheistíocht i dteicneolaíocht ghlan |

**31. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTA, CHOMHFHIONTAIR AGUS CHOMHLAIGH (Ar lean)**

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Scair an Ghrúpa % | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| Airvolution Energy Ltd. (UK) | 58 Coinagehall Street, Helston, Cornwall, TR13 BEL | 90 | Giniúint cumhachta |
| ESB Networks Ltd | ** | 100 | Dáileachán Cumhachta |
| ESB 1927 Properties Ltd. | ** | 100 | Bainistíocht maoine |
| ESBI Carbon Solutions Ltd. | * | 100 | Laghdú ar astaíochtaí carbóin |
| ESB Independent Generation Trading Ltd | * | 100 | Trádáil leictreachais agus gáis |
| ESBI Energía España S.L. | **** | 100 | Forbairt gnó |
| Carrington Power Ltd. | ***** | 85 | Giniúint cumhachta |
| ESB NI Ltd | ******* | 100 | Dáileachán Cumhachta |
| Northern Ireland Electricity Ltd | ******* | 100 | Dáileachán Cumhachta |
| NIE Powerteam Ltd | ******* | 100 | Innealtóireacht |
| Capital Pensions Management Ltd | ******* | 100 | Ciste pinsin agus árachais |
| Powerteam Electrical Services Ltd | ******* | 100 | Innealtóireacht |
| Powerteam Electrical Services (UK) Ltd | ******* | 100 | Innealtóireacht |
| ESB Finance Ltd | ** | 100 | Airgeadas |
| Cambrian Renewable Energy Ltd | ***** | 100 | Giniúint cumhachta |
| EC02 Cambrian Ltd | ***** | 100 | Giniúint cumhachta |
| Curryfree Wind Farm Ltd | ****** | 100 | Giniúint cumhachta |
| Mount Eagle Wind Farm Ltd | * | 100 | Giniúint cumhachta |
| Garvagh Glebe Power Ltd. | * | 100 | Giniúint cumhachta |
| **Gnóthas fochuideachta neamhrialaithe** | | | |
| ESB ESOP Trustee Ltd. | 43 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2 | 100 | Scéim Scairshealbhóireachta Foirne |
| **Gnóthas fochuideachta de chuid Corby Power Ltd.** | | | |
| CPL Operations Ltd. | *** | 50 | Bainistíocht saoráide |
| **Gnóthais chomhfhiontair** | | | |
| Corby Power Ltd. | *** | 50 | Giniúint cumhachta |
| Bizkaia Energia S.L. | **** | 50 | Giniúint cumhachta |
| Marchwood Power Ltd. | Oceanic Way, Marchwood Industrial Estate Marchwood Southampton Hampshire SO40 4BD. | 50 | Giniúint cumhachta |

* Cúirt Stiabhna, 18-21 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
** 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.
*** Mitchell Road, Phoenix Parkway, Corby, Northamptonshire N17 1Q7
**** Poligono Industrial de Boroa , Insula A. I-1, 48340 Amorebieta, an Spáinn
***** Tricor Suite 52/54 Gracechurch Street, Londain EC3V OEH
****** 2 Bóthar Electra, Maydown, Doire BT47 6 UL
******* 120 Bóthar Malone, Béal Feirste, BT9 5HT
Is é 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 príomh-láthair oibre ESB.

## Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird maidir le Comhlíonadh i leith an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin Chomhphobal na hEorpa (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 (I.R. Líon 388 de 2002)

**Réamhrá**

Bhí téarmaí íocaíochtaí i rith na bliana 2010 faoi réir ag dhá phíosa reachtaíochta:

- An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 (I.R. Uimh. 388 de 2002) chun comhrac i gcoinne íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála. Baineann na Rialacháin sin le conarthaí maidir le hearraí agus seirbhísí a sholáthraigh soláthraithe atá bunaithe san AE do ESB.

**Ráiteas faoi chleachtais íocaíochta lena n-áirítear gnáth-thréimhsí íocaíochta**

Tá polasaí ag ESB gach sonrasc soláthraí nach bhfuil díospóid faoi a íoc taobh istigh de na téarmaí íocaíochta a aontaítear. Glan in aghaidh na míosa na téarmaí caighdeánacha a shonraítear sa ghnáthordú ceannacháin. D'fhéadfadh téarmaí íocaíochta eile a bheith i gceist i gcás gur aontaíodh conradh ar leith leis an soláthraí.

**Comhlíonadh na reachtaíochta**

Comhlíonann ESB gach coinníoll atá air faoin reachtaíocht maidir le híocaíochtaí le soláthraithe seachtracha taobh istigh den AE i ngach bealach ábhartha.

**Nósanna imeachta agus rialuithe i bhfeidhm**


Tá rialuithe inmheánacha airgeadais cuí i bhfeidhm lena n-áirítear róil agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir. Ní féidir leis na nósanna imeachta seo ach cinnteacht réasúnta agus ní cinnteacht iomlán a thabhairt maidir le neamhchomhlíonadh ábhartha na reachtaíochta.

**Sonraí maidir le híocaíocht úis don bhliain 2010**

Nuair a fhaigheann ESB éileamh ó sholáthraí, tá sé de bheartas ag ESB an t-ús atá dlite maidir le híocaíochta déanacha a íoc. Rinneadh dhá íocaíocht den chineál sin i leith íocaíochtaí déanacha i rith na bliana arbh fhiú €5,500 iad (2009: €tada).



**Lochlann Quinn**
Cathaoirleach



**Pádraig McManus**
Príomhfheidhmeannach

23 Márta 2011

# GLUAIS

**Meántuilleamh Athluacháilte Ghairm Bheatha (CARE):** Is éard atá sa Mheántuilleamh Athluacháilte Ghairm Bheatha (CARE) ná cineál socraithe pinsin. Sa scéim seo déantar sochar fabhraithe gach bliana a mheaitseáil le tuilleamh gach bliana seachas le tuilleamh na mblianta deireanacha. Déanfar an figiúr maidir le tuilleamh a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an IPT seachas leis an ardú iarbhír i dtuilleamh. I gcás ESB, déanfar teidlíochtaí pinsin maidir le seirbhís a dhéanfar ó 1 Eanáir 2012 ar aghaidh a mheas ar bhealach a bheidh ar aon dul leis an Meántuilleamh Athluacháilte Ghairm Bheatha. Nascfar teidlíochtaí pinsin carntha a thuilltear go dtí 31 Nollaig 2011 le tuarastal inphinsin iarbhír mar a bheidh ar an dáta sin (agus tabharfar cothrom le dáta iad ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an IPT).

**Laghduithe Astaíochtaí Deimhnithe (CERanna):** Is éard atá sna Laghduithe Astaíochtaí Deimhnithe (CERanna) ná ionstraimí a eisítear faoi Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta na Náisiún Aontaithe i gcomhair tionscadal atá faofa agus fíoraithe maidir le laghdú gás ceaptha teasa a chuirtear ar bun i dtíortha i mbéal forbartha. Ceadaíonn Prótacal Kyoto go n-úsáidfí CERanna chun spriocanna náisiúnta agus corparáideacha maidir le laghdú gás ceaptha teasa a shásamh.

**Cumas nasctha conraithe (MIC):** Is éard atá i gcumas nasctha ná an lód leictreachais iomlán dá ndearadh an nasc sin. Déantar an cumas a thomhas i gcileavoltaimpéir (kVAanna). Tá cileavoltaimpéar cosúil le cileavata. Tugtar Uaschumas Iompórtála (MIC) ar an leibhéal cumais i gcomhair custaiméirí. Tá gréasán ESB deartha chun soláthar leictreachais atá faoi réir MIC sainithe a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Déanann custaiméirí gnó comhaontú le ESB Networks faoin leibhéal sin de réir na riachtanas atá acu féin.

**Conarthaí le haghaidh Difríochta (CfDanna):** Is éard atá i gconradh le haghaidh difríochta ná conradh idir dhá pháirtí, ceannaitheoir agus díoltóir, a leagann síos go n-íocfaidh an ceannaitheoir leis an díoltóir an difríocht idir luach reatha sócmhainne agus a luach ag am an chonartha. Má bhíonn difríocht dhiúltach ann íocann an díoltóir an ceannaitheoir. I gcás ESB, déantar conarthaí le haghaidh difríochtaí maidir le díolacháin agus ceannacháin leictreachais a bhaineann le meicníocht linn leictreachais mhórdhíola an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEM) in Éirinn. Cuireann sé seo ar a gcumas siúd a cheannaíonn nó a dhíolann leictreachas ar bhonn mórdhíola ar an SEM an t-ioncam nó an costas a bhaineann leis an leictreachas sin a shocrú roimh ré. Féadfaidh a leithéid de chonarthaí le haghaidh difríochtaí a bheith neamhthreoraithe, is é sin le rá, go bhféadfadh ESB ceann a dhéanamh i ngnáthchúrsa an ghnó d'fhonn socrú a dhéanamh faoi phraghas díola nó ceannaigh leictreachais mhórdhíola a dhéantar tríd an SEM, nó a bhfuil tacaíocht nó Treoir PSO acu.

**Tionscnamh Cúl Green:** Leagann an plean Cúl Glas spriocanna uaillmhianacha amach i gcomhair Pháirc an Chrócaigh, ós í sin an t-ionad spóirt is mó éilimh in Éirinn, chun laghdú mór a dhéanamh i rith na sé bliana atá romhainn ar an lorg carbóin atá aici.

**Caighdeán Domhanda Chumann na nIonad Teagmhála do Chustaiméirí:** Léiríonn príomhphrionsabail agus treoirlínte an Cumann na nIonad Teagmhála do Chustaiméirí an chur chuige is déanaí, atá dírithe ar an gcustaiméir, arna ghlacadh ag oibreoirí in ionaid teagmhála faoi láthair.

**Sócmhainní an chórais dáileacháin:** Is iad seo na gréasáin ísealvoltais, meánvoltais agus voltais 38k a úsáidtear de ghnáth chun leictreachas a dháileadh ón eangach tarchurtha chuig áitribh na gcustaiméirí beaga agus meánmhéide. Is le ESB Networks an gréasán agus is é a oibríonn é.

**Draoi Fuinnimh:** Gléas baile de chuid ESB Electric Ireland is ea an Draoi Fuinnimh a iniúchann éifeachtacht fuinnimh. Cuireann an Draoi Fuinnimh sraith ceisteanna agus nuair a fhreagraítear iad sin forbraíonn sé moltaí faoi leith do gach teach.

**GCC:** Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as réimse leathan gníomhaíochtaí ceadúnaithe, forfheidhmithe, monatóireachta agus measúnaithe a bhaineann le cosaint an chomhshaoil.

**ESB Electric Ireland:** Is é ESB Electric Ireland an t-aon ghnó miondíola amháin atá ag ESB anois agus cuimsíonn sé ESB Independent Energy (ESBIE) Customer Supply agus Energy Solutions a bhíodh mar ghnóthais neamhspleácha aige roimhe seo.

**Clár HALO ESB i gcomhair Scoileanna/ Clár HALO ESB:** Soláthraíonn HALO réiteach do gach riachtanas fuinnimh bhaile, ó insliú do ballaí go shuiteáil painéil ghréine ar do dhíon, agus fiú amháin bolgáin atá tíosach ar fhuinneamh a chur in áit na mbolgán atá agat. Tá HALO le fáil ar fud na tíre ag gach custaiméir de chuid ESB.

**Scéim STA an AE:** Is í Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (STA an AE), ar a dtugtar Córas an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí freisin, an scéim trádála astaíochtaí

ilnáisiúnta is mó ar domhan. Cuireadh tús léi in 2005 agus tá sí ina crann taca mór ag beartais aeráide an AE. Clúdaíonn STA an AE níos mó ná 10,000 fearas mórscála sna hearnálacha tionscail agus fuinnimh faoi láthair, atá freagrach as beagnach leath d'astaíochtaí $CO_2$ an AE agus as 40% dá astaíochtaí gáis cheaptha teasa.

**Próiseas Gheata 3:** Tagraíonn Tionscnamh Gheata Tairisceana 3 don tríú babhta de thairiscintí nasctha atá á n-eisiúint faoi láthair do ghineadóirí faoin gCur Chuige Grúp-Phróiseála. Féadfar iarratais ar naisc leis an ngreille a mheasúnú go straitéiseach de thoradh an Cur Chuige Grúp-Phróiseála agus ba é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh a chuir tús leis an gcóras seo in 2004. Cuireann sé ar chumas Oibreoirí an Chórais (EirGrid agus ESB Networks) iarratais a chur tríd an gcóras ina ngrúpaí nó ina mbaisceanna ar a dtugtar 'Geataí'.

**Clár Fuinnimh na Scoileanna Glasa:** Is clár idirnáisiúnta oideachais agus dámhachtainí comhshaoil iad na Scoileanna Glasa a chuireann gníomhaíocht fhadtéarmach na scoile uile ar son an chomhshaoil chun cinn agus a thugann aitheantas di.

**Córas tarchurtha Ardvoltais:** Is éard atá sa ghreille tarchurtha ná gréasán ardvoltais a tharchuireann an leictreachais ar an mórchóir ó ghineadóirí móra ar fud na tíre chuig custaiméirí an-mhóra nó chuig an ngréasán dáileacháin áitiúil. Tá an gréasán á oibriú ag EirGrid, ach is leis ESB Networks é.

**Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS):** Is iad seo na Caighdeáin, na Léirmhínithe agus an Creat atá bunaithe ar phrionsabail atá glactha leo ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta (IASB).

**Gortuithe ar Cailleadh Am Leo:** Is éard atá i gceist le díobháil den sórt sin ná díobháil a bhaineann le hobair ar chúis í go mbeadh duine as láthair ar feadh lae oibre amháin nó níos mó, ag comhaireamh ón lá tar éis na díobhála, sula bhfilleann an té sin ar ghnáthobair nó ar obair shrianta.

**Mircosoft SharePoint**: Ardán gréasáin atá forbartha ag Microsoft a bhfuil an-éileamh air. Cuireann sé ar chumas daoine bainistiú a dhéanamh ar thairseacha agus ar láithreáin ghréasáin inlín, ar dhoiciméid agus ar chomhaid, ar spásanna comhoibrithe, ar uirlisí um líonrú sóisialta, ar uirlisiú faisnéise gnó, ar chomhtháthú próiseas/faisnéise agus ar shocruithe forbartha ag tríú páirtithe.

**Tionscadal Iarfheistithe Comhshaoil Ghob na Muine:** Tionscadal infheistíochta caipitiúil é seo ar stáisiún guail Ghob na Muine chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí Ocsaíde Nítriúl (NOx) agus Ocsaíde Sulfair (SOx) chun rialacháin nua an AE a chomhlíonadh.

**Straitéis um Fhorbairt na hEangaí Náisiúnta (Eangach 25):** Is é Eangach 25 plean EirGrid chun an gréasán tarchurtha leictreachais a fhorbairt agus a uasghrádú idir seo agus 2025 agus cuirfidh sé ar chumas na hÉireann a sprioc a bhaint amach maidir le 40% athnuaiteáin a bheith aici faoi 2020. Tá mórchuid oibre i gceist leis an bplean seo lena n-áirítear tógáil 1,150 km de línte cumhachta nua agus uasghrádú a dhéanamh ar 2,300 km de línte atá ann cheana féin sa chaoi go mbeidh an tEangach leictreachais dhá oiread níos mó ná mar atá sí inniu.

**Maoiniú NER300:** Is maoiniú é seo a chuir Coimisiún an AE ar fáil a bhfuil sé mar aidhm aige infheisteoirí a spreagadh san earnáil phríobháideach agus i mBallstáit an AE chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail taispeántais íseal-charbóin tráchtála.

**Fuinneamh Mara:** Is éard atá i bhFuinneamh Mara ná an fuinneamh atá i dtonnta mara a fhéadfar leas a bhaint astu chun leictreachas a ghiniúint.

**OHSAS 18001:** Is córas cáilíochta é seo a bhfuil creidiúnú seachtrach faighte aige chun tacú le bainistiú sábháilteachta sa chuideachta.

**Tréimhse Athbhreithnithe maidir le Rialú Praghsanna (PR2):** Maireann tréimhsí rialála ar feadh 5 bliana agus baineann an tAthbhreithniú ar Rialú Praghsanna (PR2) leis an tréimhse ó 2006 go 2010 agus leagann sé amach iomlán an ioncaim rialaithe atá ceadaithe i rith na tréimhse sin faoi mar atá cinnte ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER).

**Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO):** Is éard atá i gconarthaí tacaíochta ná conarthaí le haghaidh difríochtaí a dtugann an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) treoir do ESB Power Generation iad a thairiscint lena ndíol do sholáthraithe incháilithe chun deis a thabhairt dóibh líon suntasach leictreachais a cheannach ar phraghas mórdhíola seasta má theastaíonn a leithéid uathu. Is féidir aon ghnóthachain nó chaillteanais a bhíonn ag ESB Power Generation nuair a réitítear na conarthaí sin gach bliain a fháil ar ais sa deireadh thiar tríd an PSO.

**I.R. 542:** Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht Úsáide-Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009.

**Réimeas ceadúnaithe um rialú comhtháite ar thruailliú:** Is córas ceadúnaithe é seo a chuirtear i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí mórscála tionsclaíocha agus talmhaíochta áirithe faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, lena dtugtar éifeacht do reachtaíocht an AE maidir le rialú gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a dhéanamh.

**An Margadh Aonair Leictreachais:** Is éard atá sa Mhargadh Aonair Leictreachais (SEM) ná margadh

leictreachais mórdhíola ag feidhmiú i dtuaisceart agus i ndeisceart na hÉireann araon ina gcuirtear na hacmhainní go léir le chéile.

**Trialacha ar Iompar Daoine maidir le Méadrú Cliste:** Roghnaítear breis agus 4,000 custaiméir le bheith páirteach sna trialacha is mó ar domhan faoi iompar daoine maidir le Méadrú Cliste. Bíonn méadair chliste suiteáilte ag na custaiméirí sin a chuireann faisnéis ar fáil dóibh níos minice faoin leictreachais atá á úsáid acu agus faoina chostas.

**An tÚdarás Fuinnimh Inmharthana:** Bhunaigh an rialtas Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), ar a dtugtaí Ionad Fuinnimh na hÉireann ar dtús, sa bhliain 2002 mar údarás náisiúnta fuinnimh na hÉireann.

**An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER):** Is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) an comhlacht neamhspleách atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar rialú earnáil fuinnimh na hÉireann.

**An Clár PR3:** Maireann tréimhsí rialála ar feadh 5 bliana agus baineann an tAthbhreithniú ar Rialú Praghsanna (PR3) leis an tréimhse ó 2011 go 2015 agus leagann sé amach iomlán an ioncaim rialaithe atá ceadaithe i rith na tréimhse sin faoi mar atá cinnte ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER).

**'An Treochlár i dtreo Dílrialaithe':** D'fhógair an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh a chinneadh faoi dhírialú mhargadh miondíola leictreachais na hÉireann, agus faoi dheireadh a chur le rialáil praghsanna miondíola do chustaiméirí sna trí mhargadh gnó, Ollúsáideoirí Fuinnimh, Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide agus na coinníollacha a bhainfidh le dírialú an mhargaidh chónaithe.

**Punann Neamhrialaithe:** Cuimsíonn an Punann Neamhrialaithe stáisiúin ghiniúna leictreachais agus feirmeacha gaoithe atá á bhfeidhmiú ag ESB Independent Generation. Is iad sin stáisiúin chumhachta Chúil Chaorach agus Dublin Bay Power (Synergen), a oibríonn sa Mhargadh Aonair Leictreachais, 235 MW de ghiniúint gaoithe sa SEM agus sa Ríocht Aontaithe mar aon le scaireanna ESB i Marchwood CCGT agus Corby CCGT sa Ríocht Aontaithe, Amorebieta CCGT sa Spáinn agus CCGT Rousch sa Phacastáin.

**Teicneolaíocht na dTonn:** Is iad sin teicneolaíochtaí giniúna a bhaineann leas as an bhfuinneamh atá i dtonnta na mara agus a úsáideann é chun leictreachas a ghiniúint.




Ceannáras ESB
27 Sráid Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
Éire
t: + 353 (0)1 676 5831
www.esb.ie

PRN A11/0713